# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA DO PHOIST

# 2015

# Clár Ábhair


**Réamhfhocal ón Taoiseach, Eanna Ó Coinnigh, T.D.** 4

**Réamhrá an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton, T.D.** 6

**Nuashonrú ar Chúig Chuspóir Straitéiseacha an Phlean Gníomhaíochta do Phoist** 8

**Achoimre Feidhmiúcháin** 9

**1. Tógáil ar an Athchóiriú agus Toradh na hOibre a Mheas** 16

**2. Athchóirithe Suaiteacha** 30

**2.1 An Feachtas Náisiúnta Tallainne** 30

**2.2 Acmhainneacht Réigiúnach a Sheachadadh** 38

**2.3 Mol Nuálaíochta Fuinnimh na hEorpa** 42

**2.4 Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann** 49

**2.5 Gníomhaíocht Fhiontraíoch a Mhéadú** 52

**2.6 Maoin Intleachtúil san Fhiontraíocht** 54

**3. Dlús a chur faoi na hAthchóirithe Suaiteacha atá luaite i bPleananna Gníomhaíochta 2013 & 2014** 57

**3.1 Athrú Céime Déantúsaíochta** 57

**3.2 Mol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte** 59

**3.3 Creat Iomaíoch d'Olltiomsú Sonraí** 60

**3.4 Winning Abroad** 62

**3.5 Seirbhís Chomhtháite Iarratais ar Cheadúnú** 63

**3.6 Oifigí Fiontair Áitiúil** 64

**3.7 Trádáil Ar Líne** 65

**3.8 JobsPlus** 67

**4. Fás a Mhaoiniú** 68

**4.1 Forfheidhmiú Éifeachtach chun an Méid Tairbhí is féidir a Sholáthar do FBManna** 70

**4.2 Cumarsáid – Cuir leis an tuiscint atá ag FBManna agus ag Fiontraithe ar thacaíochtaí** 72

4.3 Rannpháirtíocht le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta 73

4.4 Líonra OFÁanna – Forbairt Acmhainn Fiontar 74

4.5 An Raon Roghanna Maoinithe do FBManna a Éagsúlú 74

4.6 Tionchar Beartas, Measúnú agus Foghlaim 76

4.7 Creidmheas Trádála agus Íocaíochtaí Prasa 77

5. Gníomhachtú Daoine Dífhostaithe a Mhéadú 82

6. Cothú an Fháis san Fhiontraíocht Éireannach agus san Infheistíocht Dhíreach Choigríche in Éirinn 87

7. Fiontraíocht 97

7.1 Dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an Ráiteas Beartais Náisiúnta ar an bhFiontraíocht 97

7.2 Tionól na nGnólachtaí Nuathionscanta – 5 Lá – 5 Chathair – 5 Thionscal 102

8. Iomaíochas 108

8.1 Níos éasca gnó a dhéanamh 109

8.2 An feachtas i dtreo an iomaíochais a institiúidiú 113

8.3 Infheistíocht i mBonneagar chun tacú leis an bhFás Fostaíochta 114

8.4 Táirgiúlacht ar leibhéal na gnólachta a fheabhsú 116

8.5 Tacú leis an iomaíochas le Freagracht Shóisialta Chorparáideach 118

8.6 Costas ar dhul i mbun gnó a laghdú 119

8.7 Rialáil le haghaidh todhchaí níos fearr 122

9. Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht 125

10. An Geilleagar Intíre a Spreagadh 130

10.1 Agraibhia 131

10.2 Cúrsaí mara 135

10.3 Turasóireacht 136

10.4 Miondíol 137

10.5 Tógáil agus Tithíocht 141

11. Foinsí nua fáis 146

11.1 Aosú Cliste 146

11.2 Díolacháin a fhás tríd an gCeannaireacht sa Dearadh 147

11.3 Forbairtí i Seirbhísí Airgeadais 149

11.4 Idirlíon na nEarraí 150

11.5 Déantúsaíocht Nuálaíoch / Ard-Déantúsaíocht 150

11.6 An Geilleagar Glas 152

11.7 An Institiúid Náisiúnta um Bithphróiseáil Taighde agus Teagaisc 153

Iarscríbhinn 1. Athbhreithnithe chun bonn eolais a chur faoi Fhorbairt Beartais amach anseo 155

Iarscríbhinn 2. Uaillmhianta straitéiseacha, Samplaí de mhéadracht tionchair, agus Nascálacha Gníomhaíochta 157

Gluais na dTéarmaí 174

# Réamhfhocal ón Taoiseach, Eanna Ó Coinnigh, T.D.



Tuigeann baill an Rialtais seo go n-athraítear saol an duine ó bhonn nuair a fhaigheann sé post nua – ábhar misnigh don duine, don teaghlach agus don phobal a bhíonn ann. Chomh maith leis sin, is ionann é agus an comhartha is sofheicthe dá bhfuil ann de théarnamh geilleagrach.

Chuireamar tús leis an bpróiseas a bhain le hullmhú an Phlean Gníomhaíochta do Phoist in 2012, trí na céimeanna riachtanacha ar fad d'fhonn tacú le fiontar i gcruthú agus i gcothabháil post a leagan amach. Tá an plean ag oibriú.

Tá gach cuma ar an scéal go n-éireoidh linn ár sprioc de 100,000 post breise a chruthú faoi 2016 a shárú – tá 80,000 post cruthaithe cheana féin. Tá sé ráite agam gurb é an sprioc atá agam don bhliain reatha 40,000 post breise a chruthú. Agus tá sprioc eile fós againn – go mbeidh 2.1 milliún duine fostaithe faoi 2018 – 2 bhliain níos túisce ná an sprioc a sonraíodh ó thús – rud a chiallaíonn go mbeidh na poist ar fad a cailleadh i rith na géarchéime geilleagraí cruthaithe an athuair.

Tá an ráta dífhostaíochta laghdaithe 15.1% go dtí 10.6%, agus creidim, tríd an bplean do phoist a leanúint, gur féidir linn a bheith ag súil go mbeidh an ráta dífhostaíochta faoi bhun 10% faoi dheireadh na bliana.

D'fhonn ár bhfís de gheilleagar níos cobhsaí agus níos rathúla a chomhlíonadh, ní mór dúinn leanúint lenár spriocanna eile a fhorbairt: ár gcumas iomaíochais a athshlánú, níos mó infheistíocht dhíreach choigríoch a mhealladh, níos mó fiontraithe Éireannacha a spreagadh chun dul sa seans, rochtain FMB ar airgeadas a fheabhsú, mar aon le spriocanna eile nach iad a bhrú chun cinn.

Déanfaimid tréaniarracht a chinntiú go n-éireoidh linn in 2015 bonn daingean a chur faoin téarnamh geilleagrach trí dhíriú ar dhlús a chur faoi chúrsaí fostaíochta in Éirinn.

Cuirfidh go leor de na gníomhaíochtaí sa Phlean seo leis an obair thábhachtach atá curtha i gcrích againn ó 2012 i leith, i réimsí éagsúla dála oideachais agus scileanna, forbairt thionscal na hÉireann agus IDC, agus earnálacha intíre, na hearnálacha miondíola agus tógála ina measc.

Ach tá gá le gníomhaíochtaí suntasacha nua chomh maith. Tosaíocht amháin atá againn i mbliana ná Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann a bhunú agus dlús a chur faoi obair na Corparáide. Cuirfimid na moltaí ciallmhara ar fad a fhaigheann muid a chabhróidh linn geilleagar níos láidre a bhunú san áireamh trí leanúint le smaointe maithe a lorg agus a chur i bhfeidhm as measc na bhfoinsí ar fad atá ar fáil. Cabhróidh an obair atá ar bun againn le Líonra Domhanda na hÉireann agus lenár gcomhpháirtithe tionscail linn gníomhaíochtaí tairbheacha a aithint ar fud an gheilleagair trí chéile.

Is cuid den chlár oibre cothaithe fiontar, cothaithe post atá sonraithe againn dúinn féin an Plean Gníomhaíochta.

San Earrach seolfaimid mórstraitéis mhaicreacnamaíoch nuashonraithe, straitéis a bhfuil sé mar aidhm léi dlús a chur faoin ngeilleagar, fostaíocht a chruthú agus airgeadas poiblí a bhainistiú go freagrach. Chomh maith leis sin, sonróimid plean caipitil mheántréimhsigh atá deartha le déileáil le scroigeanna geilleagracha agus sóisialta atá ag teacht chun solais, scroigeanna a d'fhéadfadh bac a chur ar an ngeilleagar.

Táimid ag leanúint leis an obair ar straitéis náisiúnta fiontar agus ar straitéis scileanna a fhorbairt. Agus is gearr go gcuirfear straitéis nua a bhfuil sé mar aidhm léi dlús a chur faoi Earnáil na Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta os comhair an Rialtais.

Chomh maith leis sin, leagfaimid béim ar leith inár gcuid oibre in 2015 ar fhorbairt réigiúnach, gníomhachtú meántréimhseach mhargadh an tsaothair agus athchóiriú an chórais leasa, d'fhonn a chinntiú go mbeidh fiúntas ag baint leis an obair atá ar bun, mar aon leis na straitéisí a bhaineann le roinnt earnálacha sonracha eile.

Tá tréaniarracht déanta ag an Rialtas seo bonn cobhsaí a chur faoin ngeilleagar agus faoi mhargadh an tsaothair an athuair. Tuigimid nach mbeadh gach a bhfuil déanta againn déanta gan an diongbháilteacht atá léirithe ag muintir na hÉireann geilleagar na tíre a chur ina cheart arís.

Táim an-dóchasach faoina bhfuil i ndán don tír seo, do phobal na tíre, agus faoin méid is féidir linn a chur i gcrích i rith na bliana.

Táimid ar an mbóthar ceart, tá an meon aigne ceart againn agus táimid ag dul sa treo ceart.

Is ionann an Plean Gníomhaíochta do Phoist seo agus deis bonn láidir a chur faoi fhorbairt inbhuanaithe gnó agus post, forbairt a chuirfidh go mór le staid na tíre sna blianta amach romhainn.

Dearbhú atá sa Phlean seo freisin ar thús áite a bheith á thabhairt ag an Rialtas trí chéile do chruthú post.

Eanna Ó Coinnigh, T.D.

Taoiseach

Eanáir 2015

# Réamhrá an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton, T.D.



Nuair a sheol mé an chéad Phlean Gníomhaíochta do Phoist i gcomhar leis an Taoiseach agus leis an Tánaiste i mí Feabhra 2012, bhí an ráta dífhostaíochta cothrom le 15.1%. Spreag an smaoineamh go bhféadfadh ár ngeilleagar tacú le fostaíocht a chruthú do 100,000 duine breise faoin mbliain 2016 neart ceisteanna, agus bhí go leor daoine in amhras maidir leis an bhféidearthacht a bhain lena leithéid a bhaint amach. Ach ba é sin an uaillmhian a shocraíomar dúinn féin mar go rabhamar dóchasach go n-éireodh leis an Rialtas, i gcomhpháirt leis an tionscal agus le hoibrithe, an cor chun donais a d'eascair as na cinntí beartais a rinneadh le blianta beaga anuas a iompú droim ar ais.

Ní raibh na figiúirí a luamar ceart, dála an scéil, ach ní rud diúltach ba ea é sin. De bhrí go raibh fiontraithe, bainisteoirí agus oibrithe Éireannacha meáite ar dhlús a chur an athuair faoi gheilleagar na hÉireann, tá dul chun cinn suntasach déanta againn agus gach cuma ar an scéal go mbainfimid amach na spriocanna a shonraíomar níos túisce ná mar a shíleamar. Tá 100,000 post breise cruthaithe cheana féin san earnáil phríobháideach, ach de bhrí go bhfuil poist á gcailleadh go leanúnach san earnáil phoiblí, is 80,000 post breise atá cruthaithe i ndáiríre ó chuireamar tús leis an bpróiseas bliantúil seo.

Cúis dóchais ar leith iad na cúiseanna atá leis an ardú atá ag teacht ar na figiúirí seo. Is poist lánaimseartha iad na poist bhreise ar fad nach mór. Tá méadú tagtha ar an líon post i ngach réigiún. Tá forbairt ag teacht ar phoist atá ag brath ar an earnáil intíre - na hearnálacha tógála agus miondíola mar shampla. Thuig mé nuair a cuireadh tús le próiseas an Phlean Gníomhaíochta go mbeadh sé riachtanach díriú ar na hearnálacha onnmhairithe ar dtús agus go mbainfeadh tábhacht ar leith lenár n-acmhainn iomaíochais ar an ardán idirnáisiúnta.

Is é atá mar thoradh ar an tuiscint sin, agus ar na beartais a bhí mar bhonn léi, gur bliain éachtach do ÚFT agus do Fiontraíocht Éireann ba ea 2014. D'éirigh leo 15,000 post nua breise a chruthú, poist atá ag tacú leis an líon céanna post i seirbhísí tacaíochta agus in earnálacha gaolmhara. Tá tionchar dáiríre aige seo ar an tír trí chéile. Díol suntais is ea gur chruthaigh Fiontraíocht Éireann – a bhfuil cuideachtaí onnmhairithe faoi úinéireacht Éireannach faoina cúram – breis is 8,000 de na poist nua sin. Ciallaíonn sé seo go bhfuil ról lárnach ag cuideachtaí Éireannacha inár dtéarnamh geilleagrach, iad ag obair i dteannta lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta. Is mar seo ba chóir dó a bheith.

Ag féachaint chun cinn, sílim gurb iad cuideachtaí beaga Éireannacha a chruthóidh formhór na bpost nua - FBManna a bhíonn freagrach as beagnach dhá thrian de na poist nua i ngeilleagar atá ag fás a chruthú.

Ainneoin an dul chun cinn, áfach, ní mór bonn daingean a chur faoin téarnamh geilleagrach. Is féidir linn, agus creidim go n-éireoidh linn, ráta lánfhostaíochta a bhaint amach faoi 2018 - ach chun é sin a chinntiú ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil na beartais chuí á bhforbairt againn. Is iad beartais dá leithéid a bheidh mar bhonn lenár n-iomaíochas ar an ardán idirnáisiúnta a chinntiú, agus a chinntiú chomh maith go mbeidh ár dtaighde agus nuálaíocht ar thús cadhnaíochta, agus níos tábhachtaí ná sin, lena chinntiú go mbeidh an Rialtas ag tacú, seachas

a mhalairt, le fiontraithe poist a chruthú a n-eascraíonn ioncam cánach astu, ioncam cánach a chuireann ar ár gcumas infheistiú i seirbhísí riachtanacha.

Tá béim á leagan sa Phlean Gníomhaíochta seo ar iomaíochas agus ar réimsí a bhfuil poitéinseal ag baint leo, fuinneamh agus maoin intleachtúil mar shampla, ach tá béim ar leith ar níos mó gnólachtaí nuathionscanta a bhunú agus cur chuige nua a bhunú chun tacú le forbairt réigiúnach chothrom. Táimid diongbháilte go mbainfidh gach réigiún tairbhe as an téarnamh seo agus beidh sraith gníomhaíochtaí á bhfógairt againn sna seachtainí agus sna míonna amach romhainn d'fhonn a chinntiú go gcuirfear an sprioc seo i gcrích.

Gné nua eile den phlean i mbliana iad na bearta measúnachta tionchair. Ciallaíonn sé seo gur féidir gach gníomhaíocht a thomhas i gcoinne critéir chuspóireacha cosúil le díolachán nó onnmhairí méadaithe, feabhas ar sholáthar scileanna, agus breis gnólachtaí nuathionscanta mar shampla. Éascóidh an cur chuige nua seo tuilleadh coigeartaithe a dhéanamh ar phróiseas an Phlean Gníomhaíochta agus idirghabhálacha beartais níos spriocdhírithe agus níos mó tionchair a éascú.

I ndeireadh na dála, tá na struchtúir mhaoirseachta chéanna i bhfeidhm, struchtúir atá riachtanach lena chinntiú go mbeidh rath ar an bPlean Gníomhaíochta. Faoi stiúir an Taoisigh, tá ár Ranna i mbun Comhchathaoirleachta ar chomhlacht forfheidhmithe a fhoilsíonn cártaí tuairisce ráithiúla maidir leis an dul chun cinn atá déanta bunaithe ar na Gníomhaíochtaí sonraithe. Leanfar leis an nós seo mar gur bealach é lena chinntiú go bhfuil gach tiomantas á rianú, go bhfuil gach gníomhaíocht agus úinéir cuntasach agus ar deireadh, go n-éireoidh linn formhór na dtascanna atá sonraithe a chur i gcrích laistigh den scála ama atá sonraithe. Gan an tiomantas seo ón Taoiseach agus óna oifig, bheadh baol ann nach mbeadh sa Phlean Gníomhaíochta ach plean eile fágtha i leataobh. Níl an plean seo caite i leataobh agus tá torthaí an phlean le feiceáil ag cách.

Agus is torthaí iad atá mar bhonn lena chur ina luí orainn gur chóir iarracht níos fearr fós a dhéanamh agus níos mó a chur i gcrích mar gur léir dúinn go bhfuil dea-thoradh ar an gcur chuige atá á chleachtadh againn.

Richard Bruton, T.D.

An tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta

Eanáir 2015

# Nuashonrú ar Chúig Chuspóir Straitéiseacha an Phlean Gníomhaíochta do Phoist

Tá cúig chuspóir straitéiseacha uileghabhálacha (féach thíos) luaite leis an bPlean Gníomhaíochta do Phoist (PGP), cuspóirí atá le cur i gcrích trí chéimeanna éagsúla na sraithe ilbhliantúla. Tá léargas le fáil anseo thíos ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le gach ceann de na cuspóirí seo thar thréimhse na chéad trí phlean bhliantúla atá curtha i bhfeidhm go dtí seo. Tá Plean 2015 deartha ar shlí a chinnteoidh go mbeidh dul chun cinn mar is cuí á dhéanamh i ndáil leis an gcúig chuspóir straitéiseacha.

### Cúig Uaillmhian Straitéiseacha an Phlean Gníomhaíochta do Phoist

1. Tacú le 100,000 post breise faoi 2016
2. A chinntiú go mbeidh Éire i measc an 5 tír is fearr chomh fada is a bhaineann le hiomaíochas idirnáisiúnta
3. An geilleagar intíre a spreagadh agus fostaíocht a chruthú in earnáil atá ag trádáil go háitiúil
4. Foinse dhúchasach fáis a fhorbairt a chuirfidh le cion cuideachtaí Éireannacha den mhargadh onnmhairithe
5. Braislí den chéad scoth a fhorbairt i bpríomhearnálacha deise

**Anuas air sin, tá rogha scéalta le fáil fud fad an Phlean seo a léiríonn an tslí a chabhraigh gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm ag an Rialtas mar chuid de phróiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist le daoine agus le gnólachtaí fás agus forbairt a dhéanamh. Tá na scéalta seo le fáil sna boscaí gorma sa cháipéis.**

# Achoimre Feidhmiúcháin

Tá dul chun cinn suntasach déanta ó 2011 anonn maidir le geilleagar na hÉireann a athstruchtúrú agus a athrú agus an tslí a dtacaíonn muid le gnó agus le cruthú post in Éirinn a athchóiriú.

Tá próiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist (PGP) i bhfeidhm don cheathrú bliain as a chéile anois, agus is léir tionchar a bheith ag an bpróiseas go fóill. Tá beagnach 80,000 duine breise ag obair anois i gcomparáid leis an uair a seoladh an chéad Phlean Gníomhaíochta do Phoist in 2012. Ní raibh na leibhéil d'onnmhairí dúchasacha agus d'infheistíocht dhíreach choigríoch riamh chomh hard is atá faoi láthair. Táimid anois rangaithe sa 15ú háit sa rangú idirnáisiúnta iomaíochais[1]. Tá an ráta dífhostaíochta laghdaithe ó 15.1% ag tús 2012 go dtí faoi bhun 10.6% ag deireadh 2014.

Le cois an dul chun cinn atá déanta ar fheidhmíocht iomaíochais agus ar chruthú post, tá airgeadas poiblí cobhsaithe agus tá an córas baincéireachta á athstruchtúrú ar bhonn leanúnach. D'éirigh go breá leis na bainc intíre i dtástálacha struis an AE in 2014 agus bunaíodh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ). Is ceannródaí í Éire anois i measc a piaraí, agus é tuartha ag an CAI go mbeidh na rátaí fáis is láidre i limistéar an euro le tabhairt faoi deara in Éirinn in 2015[2].

In 2012, 2013 agus 2014, thuairiscíomar go mionsonraithe, ar bhonn ráithiúil, ar fhorfheidhmiú na mbeart sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist, bearta a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le hathrú ó bhonn an gheilleagair, feidhmiú beart a raibh ráta ratha de bhreis is 90% luaite leis. Rinne an ECFE athbhreithniú ar phróiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist ag tús 2014 agus cinneadh gurb ionann an próiseas agus ionstraim thábhachtach d'athchóiriú institiúideach agus do chinntiú go mbeidh cur chuige comhbheartaithe an Rialtais maidir le déileáil le hathchóiriú agus leis an dúshlán fostaíochta á chur i gcrích.

Níor chóir, áfach, deis ar bith a ligean le sruth agus ní mór dúinn tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh más mian linn na spriocanna uaillmhianacha atá luaite le próiseas athchóirithe an Phlean Gníomhaíochta do Phoist a bhaint amach, déileáil leis an dúshlán fostaíochta agus tacú leis an nGeilleagar Nua a bheidh bunaithe ar nuálaíocht fiontar, teicneolaíocht agus daoine oilte.

Cloch mhíle ar leith a bheidh ann má chruthaítear 100,000 post breise faoin mbliain 2016 agus táimid dóchasach go n-éireoidh linn é seo a dhéanamh. Anuas air sin, ní mór dúinn sprioc níos dúshlánaí fós a shonrú don tír – is mian linn na poist ar fad a cailleadh i rith na géarchéime geilleagraí a chruthú an athuair agus a chinntiú go mbeidh 2.1 milliún duine fostaithe faoin mbliain 2018. Is céim eile chun cinn i gcomhthéacs na sprice meántréimhsí seo d'Éirinn a chomhlíonadh é Plean Gníomhaíochta do Phoist 2015.

Tá téamaí Phlean Gníomhaíochta do Phoist na bliana reatha ag cur leis na hathchóirithe a bhí luaite leis na réimsí iomaíochais, nuálaíochta agus fiontraíochta sna blianta roimhe seo agus ag cothú foinsí nua d'fhás an gheilleagair.

Is chun tionchair shonracha a bhaineann le poist, onnmhairithe agus gnólachtaí nuathionscanta, dul i bhfód ar an margadh agus nuálaíocht, éifeachtúlacht idirghníomhaíocht an phobail leis an earnáil gnó, airgeadais agus rochtain ar thallann, a chur i gcrích atá na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí atá sonraithe sa Phlean seo deartha. I measc ár

[1] Bliainiris Iomaíochas Domhanda IFB 2014

[2] CAI, Ionchas Eacnamaíochta Domhanda, Deireadh Fómhair 2015

bpríomhchuspóirí tá a chinntiú go bhfuil soláthar cuí airgeadais ar fáil chun fás a spreagadh, iomaíochas a fheabhsú, ró-oifigiúlachas a laghdú, díolachán agus onnmhairí a mhéadú agus an geilleagar intíre a spreagadh trí fhostaíocht áitiúil sna hearnálacha tógála agus miondíola, turasóireachta, fáilteachais agus talmhaíochta agus bia. Tá gníomhaíochtaí sonracha ann a bhfuil sé mar aidhm leo soláthar scileanna a fheabhsú agus gníomhachtú daoine dífhostaithe a mhéadú. Tá sé mar aidhm leis na gníomhaíochtaí sonraithe bearta athchóirithe a leathnú d'fhonn fiontraíocht a spreagadh i réimsí uile an gheilleagair agus na sochaí. Cuirfimid tuilleadh gníomhaíochtaí fós i gcrích chun táirgiúlacht ar leibhéal gnólachta a fheabhsú agus leibhéil taighde, nuálaíochta agus forbairt teicneolaíochta a mhéadú chun tairbhe an fhiontair.

Tá tús áite á thabhairt go fóill ag an Rialtas don ró-oifigiúlachas a laghdú, idirghníomhaíochtaí an phobail le fiontair a shruthlíniú agus éifeachtúlacht seirbhíse a fheabhsú, agus tá raon beart sonraithe chomh maith céanna a bhfuil sé mar aidhm leo an bealach a dhéantar gnó a éascú. Chomh maith leis sin, is mian linn an rochtain atá ar dheiseanna soláthair ó gach roinn agus gach gníomhaireacht rialtais a bhfuil baint acu le fiontair a mhéadú.  Tá tuilleadh tionscnamh fós sonraithe againn a bhfuil sé mar aidhm leo an costas a bhaineann le gnó a dhéanamh a laghdú. Chomh fada is a bhaineann le rochtain ar airgeadas, tá raon beart forbartha againn atá dírithe ar a chinntiú go bhfuil an raon táirgí airgeadais is gá ag gnóthaí chun dlús a chur faoi dhíolachán, onnmhairí agus poist amach anseo.

Príomhghné den phróiseas seo é rannpháirtíocht leis an bhfiontar agus lenár gComhpháirtithe Tionscail. Táimid tar éis dul i gcomhairle le, agus ceisteanna dúshlánacha a fhreagairt, ó raon leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (CNI), fiontraithe agus an earnáil fiontar go ginearálta, i gcomhar le comhlachtaí ionadaíocha agus ceardchumainn. Leanfaimid orainn ag obair le Fóram na gComhpháirtithe Tionscail in 2015 chun na hAthchóirithe Suaiteacha a sheachadadh.

Lena chois sin, sa bhliain amach romhainn, seolfaidh an Rialtas Beartas Fiontar agus Ráiteas Straitéise nua don tréimhse idir seo agus 2025, ina sonrófar an fhís atá ann don fhorbairt fiontar sa tréimhse sin agus é mar aidhm lánfhostaíocht a chinntiú, agus na príomhthacaíochtaí agus bearta timpeallacht ghnó atá le cur i gcrích d'fhonn a chinntiú go mbeidh fiontair atá bunaithe in Éirinn i measc na bhfiontar is nuálaíche, is táirgiúla, is iomaíche agus is fiontraí ar domhan. Tá straitéis le teacht i ndiaidh na Straitéise don Eolaíocht, don Teicneolaíocht agus don Nuálaíocht á forbairt chomh maith, arb éard a bheidh inti an creat don treo straitéiseach a bheidh mar bhonn le seachadadh agus tacú le taighde éifeachtach a rachaidh chun tairbhe, chomh mór agus is féidir, do gheilleagar agus do shochaí na hÉireann. Tríd is tríd, áirítear na straitéisí nuashonraithe meántréimhseacha geilleagracha agus cruthaithe post i raon réimsí éagsúla in 2015, lena n-áirítear:

- Mórstraitéis mhaicreacnamaíoch nuashonraithe a thacóidh le dlús a chur faoin ngeilleagair, lánfhostaíocht a chruthú agus airgeadas poiblí a chothromú, straitéis atá le foilsiú san Earrach;
- Plean caipitil mheántréimhsigh atá deartha le déileáil le scroigeanna geilleagracha agus sóisialta éiritheacha, scroigeanna a d'fhéadfadh bac a chur ar an téarnamh.
- Straitéis chun fás geilleagrach feabhsaithe a mhaoiniú, agus lena chinntiú gur féidir an t-éileamh ar chreidmheas a bheidh ag gnóthaí atá ag fás a sholáthar;
- Straitéis náisiúnta fiontar;
- Straitéis náisiúnta scileanna;
- Straitéis náisiúnta eitlíochta;

- Straitéis chun dlús a chur faoi Earnáil na Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta;
- Straitéis nuashonraithe dírithe ar ghníomhachtú meántréimhseach mhargadh an tsaothair agus athchóiriú an chórais leasa;
- Straitéis mheántréimhseach do chúram luathbhlianta agus aois scoile d'fhonn tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe tuismitheoirí i margadh an tsaothair; agus
- Straitéis mheántréimhseach gnó talmhaíochta.

## Athchóirithe Suaiteacha

Is ionann Athchóirithe Suaiteacha agus tionscadail scoite faoi scáth chreat PGP. Glactar leis nach gá go mbeadh a leithéid de thionscadail ag teacht le gnáthstruchtúir agus go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar raon earnálacha, agus dá réir sin, go bhféadfaidís cur ar chumas na hÉireann fás féinchothabhálach a threorú nó a fhorbairt. Seo a leanas an sé Athchóiriú Suaiteacha nua atá le cur chun cinn in 2015:

### Tallann Náisiúnta a Aimsiú

Is ar infhostaitheacht foghlaimeoirí a neartú agus rannpháirtíocht fostóra ag gach leibhéal a fheabhsú a bheidh an t-athchóiriú seo dírithe, trí thairbhe a bhaint as tionscnaimh chomhoibríocha maoinithe d'fhonn a chinntiú go mbeidh an soláthar scileanna ag freagairt don éileamh agus é mar aidhm tacú leis an nGeilleagar Nua. Méadófar an líon céimithe TFC ardoideachais 60% idir 2015 agus 2018, i gcomhréir le hacmhainní a bheith ar fáil, agus tá sé beartaithe go mbeidh 74% den éileamh á chomhlíonadh ag soláthar intíre in 2018. Soláthrófar campaí samhraidh teicneolaíochta agus 1,250 spás breise TFC do mhic léinn in 2015. Díreofar ar 13,800 céimí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice gach bliain idir seo agus 2018 (méadú ó 10,200 in 2011), bunófar bearta nua chun foinsí tallainne ar ardchaighdeán a mhealladh agus a choimeád, agus cinnteofar go mbainfidh gach duine tairbhe as an obair atá á déanamh, agus go mbeidh áit mhaireachtála agus oibre atá mealltach á soláthar againn.

### Poitéinseal Réigiúnach a Sheachadadh

Áireofar anseo Tionscnaimh Iomaíochais Maoinithe ar fiú suas le €25 milliún iad, tionscnaimh a bheidh dírithe ar chomhoibriú nuálach a spreagadh d'fhonn tacú le fiontraíocht agus nuálaíocht sna réigiúin, agus tairbhe á baint as buntáiste iomaíoch réigiúnach san am céanna. Cuirfimid dlús faoin infreastruchtúr riachtanach geilleagrach agus na réitigh mhaoine riachtanach chun infheistíocht a mhealladh.

### Mol Nuálaíochta Fuinnimh na hEorpa

Mar chuid den athchóiriú seo soláthrófar siopa ilfhreastail a chinnteoidh go mbeidh Éire ar thús cadhnaíochta i réimse na nuálaíochta agus chomh fada is a bhaineann le hinfheistíocht shoghluaiste i dtaighde dírithe ar fhuinneamh, seirbhísí bainistíochta, teicneolaíochtaí agus réitigh a mhealladh, agus dlús a chur faoi éifeachtúlacht fuinnimh sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha agus é mar aidhm iomaíochas a fheabhsú.

### Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

Áirítear san athchóiriú seo maoiniú giarála ar fiú €800 milliún é, chun iasachtaí struchtúrtha agus raon táirgí nua a sholáthar d'fhiontair ar fud na tíre trí idirghabhálaithe reatha agus nua i margaí airgeadais na hÉireann sa 24 mí amach romhainn.

### Gníomhaíocht Fhiontraíoch a Mhéadú

Trí dhlús a chur faoi fhorfheidhmiú na ngníomhaíochtaí sa Ráiteas Beartais nua ar Fhiontraíocht Náisiúnta éireoidh linn an tionchar a bheidh ag gnólachtaí nuathionscanta ar phoist in Éirinn a dhúbailt sna cúig bliana amach romhainn, ón bhfigiúr reatha de 93,000. Méadófar an líon gnólachtaí nuathionscanta, ráta marthanais agus acmhainn gnólachtaí nuathionscanta fás de réir scála, fás 25% i ngach cás.

### Maoin Intleachtúil san Fhiontraíocht

Áirítear san athchóiriú seo dúbailt an líon paitinní, dearthaí tionsclaíocha cláraithe agus gníomhaíochtaí bainistíochta IP eile gnólachtaí. Is é an cuspóir atá ann an chéad áit san AE a bhaint amach tríd an tacaíocht atá ar fáil do ghnólachtaí a fheabhsú, dlús a chur faoi thráchtálú trí Fiontraíocht Éireann (FÉ) / Knowledge Transfer Ireland (KTI) agus Bosca Forbartha Eolais a bhunú d'fhonn a chinntiú go bhfuil an timpeallacht cánach chomh hoiriúnach agus is féidir do na fiontair nuálaíocha atá lonnaithe anseo. Áireofar 130 teicneolaíocht ábhartha ar bhonn tráchtála aistrithe chuig fiontar agus 35 mac-chuideachta nua san athchóiriú seo.

## Príomhghníomhachtaí agus Príomhthionchair Eile

### Dlús a chur faoi Chruthú Post

Tá FÉ agus GFT Éireann i mbun tús a chur le straitéisí uaillmhianacha nua a bhfuil sé mar aidhm leo dlús a chur faoi chruthú post, infheistíocht, fiontraíocht agus onnmhairí in Éirinn. In 2015, díreoidh Fiontraíocht Éireann ar 13,000 post nua lánaimseartha a chruthú i gcliantghnólachtaí. Díreoidh GFT Éireann ar 14,700 post nua a chruthú. Beidh iarmhairtí tábhachtacha ag cruthú na bpost nua i ngnólachtaí gníomhaireacht-tacaithe ar earnálacha eile sa gheilleagar trí chaiteachas ar ábhair agus ar sheirbhísí Éireannacha. Meastar go dtacaíonn gach post díreach a chruthaítear i ngnólachtaí gníomhaireacht-tacaithe go hindíreach le post eile sa gheilleagar trí chéile, agus ar an tslí sin, go gcuireann a leithéid go mór leis an bpríomhsprioc - lánfhostaíocht a chinntiú faoi 2018. Cinnteoidh fás leantach sna hearnálacha tógála, miondíola agus turasóireachta go mbainfear an sprioc de 100,000 duine breise a bheith ag obair faoi 2016 amach a luaithe agus is féidir in 2015.

### Díolachán agus Onnmhairí a Mhéadú

Tá an téarnamh atá tugtha faoi deara ó 2011 i leith bunaithe ar bheartas comhfhiosach a bhfuil dlús á chur faoi fhás onnmhairí ar fud an gheilleagair mar bhonn leis mar aon le tacú le fiontair rathúla lonnaithe in Éirinn atá ag feidhmiú i margaí idirnáisiúnta. Díreoidh Fiontraíocht Éireann trína chláir agus trína líonra oifige thar lear ar chliaint tacaíochta d'fhonn luach €19 billiún in onnmhairí a bhaint amach in 2015.

Díreoidh GFT Éireann ar 170 tionscadal infheistíochta nua a mhealladh i dtreo na hÉireann agus díreoidh FÉ ar 5 thionscadal bia IDC. Leathnófar an Clár Faoisimh Sannaí Speisialta go dtí 2017

agus déanfar iarracht níos mó spéise a chruthú sa mhéid atá á thairiscint againn. Oibreoidh GFT Éireann agus FÉ chun €30 milliún breise de mhaoiniú a fháil trí chonarthaí fosholáthair agus foinsithe a bheidh á gcur ar fáil ag gnólachtaí bunaithe in Éirinn d'fhochuideachtaí coigríocha in 2015, ag cur leis an dul chun cinn atá déanta ó 2011 i leith.

Soláthrófar breis is 300 clár saincheaptha meantóireachta d'fhonn tacú le fiontair atá ag fás. Reáchtálfar clár de 18 misin trádála agus imeacht thar lear faoi stiúir airí in 2015.

## An Geilleagar Intíre a Spreagadh trí fhostaíocht áitiúil

Cuirfear raon beart i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh an rath céanna atá le sonrú sna margaí idirnáisiúnta le sonrú sa gheilleagar intíre agus go n-éireoidh le gach réigiún a bpoitéinseal a bhaint amach. Tá tionchar ag an earnáil agraibhia ar gach cuid den tír agus beidh tionchar díreach ag na spriocanna uaillmhianacha atá sonraithe in Fómhar Bia 2020 (FH2020) ar infheistíocht ar leibhéal feirme agus i bpróiseáil bia a mbeidh tionchar díreach aici ar ionchais fostaíochta i gceantair thuaithe mar aon le spreagthach suntasach a sholáthar do gheilleagair áitiúla. Tacóidh FÉ le 28 infheistíocht shuntasach sa tionscal bia, lena n-áirítear cúig infheistíocht ó ilnáisiúntaigh choigríocha. Cabhróidh an Ciste um Iomaíochas Bia le táirgiúlacht agus le fostaíocht san earnáil próiseála bia a fheabhsú. D'fhonn tacú le fiontraíocht cuirfear tionscnamh nua Food Works i bhfeidhm chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta sna réigiúin. Tacófar le gnóthaí áitiúla láithreacht ar líne a bhunú dóibh féin agus dul san iomaíocht chun gnó nua áitiúil a mhealladh agus trí onnmhairiú trí 2,000 dearbhán trádála ar líne a sholáthar, a mbeidh 1,450 acu á soláthar in 2015.

Chomh fada is a bhaineann leis an earnáil turasóireachta, tarraingeoimid aird ar Éire ar bhonn idirnáisiúnta agus é mar sprioc againn 7.7 milliún turasóir as thar lear a mhealladh in 2015 agus Plean Gníomhaíochta Turasóireachta nua a ullmhú chun gníomhaíochtaí sonracha a leagan amach a bheidh mar bhonn leis na cuspóirí beartais atá sonraithe i mbeartas turasóireachta an Rialtais a chomhlíonadh – "People Place and Policy - Growing Tourism to 2025" . Is é an sprioc atá luaite sa Ráiteas Beartais an leibhéal fostaíochta san earnáil a mhéadú go dtí 250,000 agus ioncam as thar lear a mhéadú chuig €5 billiún faoi 2025. Forbrófar branda nua do Dheisceart, Oirthear agus Lár na Tíre ag cur leis an rath a tugadh faoi deara go dtí seo i gcomhthéacs Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus cuirfear Scéim Víosa na Breataine-na hÉireann i bhfeidhm d'fhonn rochtain cuairteoirí ó mhargaí nua agus éiritheacha a éascú.

## Gníomhachtú Daoine Dífhostaithe a Mhéadú

Is é atá mar aidhm leis an straitéis *Pathways to Work* a chinntiú go beidh ladghú ar an líon daoine atá ag brath ar íocaíochtaí cuardaitheora poist agus go háirithe na daoine a bhfuil íocaíochtaí cuardaitheora poist á bhfáil go fadtréimhseach acu mar thoradh ar an méadú san fhostaíocht cruthaithe ag na gníomhaíochtaí sonraithe faoin bPlean seo. I measc na gcuspóirí atá le cur i gcrích in 2015 tá an Chairt Gníomhaíochtaithe Fostaíochta agus Óige a rolladh amach, tús a chur leis an gcur chuige bainistíochta nua d'fhostóirí, JobPath, a rolladh amach, leanúint leis na tionscnaimh Ráthaíochta don Aos Óg a rolladh amach, agus Díbhinn Filleadh ar an Obair a bhunú.

## Gníomhaíocht Fhiontraíoch a Mhéadú

Athchóiriú suntasach a cuireadh i gcrích in 2014 ba ea seoladh na nOifigí Fiontair Áitiúil (OFÁanna). In 2015 beidh straitéisí agus cuspóirí uaillmhianacha agus stuama ag OFÁanna do

ghnólachtaí nuathionscanta, rannpháirtíochtaí fiontair agus tacaíochtaí ionas gur siopaí ilfhreastail éifeachtacha a bheidh iontu d'fhaisnéis agus do thacaíochtaí fiontair agus chomh maith leis sin seolfar Clár Comhpháirtíochta Fiontar. Soláthrófar maoiniú breise d'fhiontraithe nuair a sheolfar an Scéim Aisíocaíochtaí Gnólachtaí Nuathionscanta d'Fhiontraithe (SURE) in 2015. Cuirfimid leis an rath a bhí ar na cláir dámhachtainí in 2014, cláir cosúil le Fiontraí Óg Éireann na Bliana agus tionscnaimh a reáchtáladh faoin Straitéis Náisiúnta Fiontraíochta. Tacófar le 130 fiontraí nua tríd an gClár New Frontiers, agus le 185 Gnólacht Nuathionscanta Iomaíoch agus Ardacmhainne. Léireofar níos mó uaillmhéine fós i ndáil le cuideachtaí atá dírithe ar onnmhairiú a bhunú agus bearta a chinnteoidh go n-éireoidh níos fearr fós leis an bhfás de réir scála.

## Iomaíochas

Cuirfear bearta sonracha i gcrích in 2015 a mbeidh sé mar aidhm leo an t-ualach riaracháin a bhaineann le breis is milliún go leith idirghníomhaíocht gnó a laghdú trí, mar shampla, níos mó úsáide a bhaint as TFC, reachtaíocht as dáta a chúlghairm, agus a chinntiú go mbeidh tuiscint níos fearr ar dhea-chleachtas sláinte agus sábháilteachta. I measc na bhfeabhsuithe a bheidh le tabhairt faoi deara in 2015 beidh rolladh amach dlí cuideachta nua a bheidh mar bhonn leis an ualach riaracháin a bhaineann le clárú cuideachtaí agus córas comhdúcháin a laghdú, an Coimisiún nua um Chaidreamh san Ionad Oibre, comhpháirtithe iontaofa chun ceadúnais oibre a eisiúint, agus an tSeirbhís Chomhtháite Iarratais ar Cheadúnú.

In 2015 tacófar le 945 rannpháirtí a bheidh ag tabhairt faoi chúrsaí Bainistíochta Forbartha FÉ. Tacófar le 100 gnólacht atá páirteach sa scéim Platform for Growth agus cuirfear leis an líon céimithe atá ag tabhairt faoin gclár Fás Idirnáisiúnta. Leanfar le béim a leagan ar ár n-iomaíochas a mhonatóiriú agus a fheabhsú d'fhonn a chinntiú go mbeimid san áireamh i measc na 5 thír is fearr go hidirnáisiúnta, ag díriú go háirithe ar na réimsí ar tharraing an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais aird orthu mar na réimsí a mbeidh an tionchar is mó ar ghnó acu. Cuirfear tús le forfheidmiú phlean leathanbhanda ardluais an Rialtais in 2015. Cuirfear an córas náisiúnta postchóid i bhfeidhm, rud a chiallóidh go mbeidh sé níos éasca tabhairt faoi r-thráchtáil idir gnóthaí agus tomhaltóirí. Tá Tacaíochtaí Coigilte Fuinnimh ar fiú €39 milliún iad á gcur ar fáil do ghnó in 2015 agus molfar d'údaráis áitiúla a bheith cúramach agus Rátaí Bliantúla ar Luacháil á roghnú acu, rátaí a úsáidfear chun rátaí tráchtála a ríomh.

## Leibhéil Taighde, Forbartha & Nuálaíochta (RD&I) a Mhéadú

Tacófar le fiontair agus le heagraíochtaí poiblí taighde €150 milliún a aimsiú i maoiniú taighde ón AE faoi Horizon 2020 in 2015 mar chuid den sprioc náisiúnta foriomlán de €1.25 billiún thar thréimhse iomlán Horizon 2020. Leanfar leis an gclár infheistíochta €245 milliún leis an tionscal in Ionaid Taighde SFI ar fud na tíre. Tá sé mar aidhm againn an líon fiontar a bhfuil tionscadail ghníomhacha T&F acu i bpunanna GFT agus FÉ, agus an líon mac-chuideachtaí agus ceadúnas atá ag eascairt as an mbonn taighde a mhéadú.

## Sreabhadh Maoiniú Cuí chuig FBManna a Mhéadú

Ó 2011 i leith, is dírithe ar thacú le FBManna a bhí beartas an Rialtais, ag gach céim den timthriall gnó, d'fhonn rochtain a fháil ar raon níos leithne roghanna airgeadais ó fhoinsí bainc agus neamhbhainc. Tá fianaise ann anois ar fheabhas a bheith tagtha ar shreabhadh maoiniú cuí chuig FMBanna. Tá an ráta diúltaithe creidmheasa laghdaithe go suntasach agus tá méadú le tabhairt faoi deara in iasachtú nua ó bhainc san earnáil FMB. Tá feabhas suntasach tagtha ar

ghlacadh le roghanna airgeadais neamhbhainc atá urraithe ag an Stát. Tá an tóir atá ag FMBanna ar iasachtaíocht nua réasúnta íseal fós ach tá athrú dearfach le sonrú in infheistíochtaí nua.

In 2015, leanfar le hiarrachtaí chun bearta atá bunaithe cheana féin a threisiú agus beidh sraith chomhbheartaithe tionscnamh ann chun dlús a chur faoin dul chun cinn seo sna réimsí bainc agus neamhbhainc.

Agus an geilleagar ag tabhairt aghaidh ar thréimhse nua fáis, tá deis ann anois dul i ngleic le baic thimthriallacha agus struchtúrtha a bhaineann le maoiniú na hearnála FMB agus an riachtanas leanúnach atá le híocaíochtaí prasa. Éileoidh sé seo cur chuige soiléir a bheidh dírithe ar an méid tairbhe agus is féidir a bheith á baint ag FMBanna as tírdhreach athraitheach airgeadais na hÉireann agus glacadh le gníomhaíochtaí a bheidh mar bhonn le córas airgeadais níos éagsúla agus níos iomaíche a fhorbairt, córas a mbeidh an acmhainn aige poitéinseal fáis FMBanna na hÉireann a mhaoiniú.

Buntáiste breise a bheidh i mbunú Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann chun infhaighteacht airgeadais do FMBanna in 2015 a fheabhsú.

## Cur Chuige Nua maidir le Tionchar a Mheas

Agus PGP 2015 á fhorbairt againn tá creat measúnachta bunaithe againn chun cuspóirí agus gníomhaíochtaí PGP a nascadh le tionchair, agus creat a sholáthraíonn eolas níos fearr maidir le treo an dul chun cinn agus a chabhraíonn lena chinntiú go gcuireann gníomhaíochtaí, ar bhealach éifeachtach, leis an gcuspóir uileghabhálach - fostaíocht a chruthú.

Tá tús á chur againn le monatóireacht níos grinne ar thionchair chun feidhmíocht a thomhas agus chun réimsí deise a thástáil i gcoinne tagarmharc idirnáisiúnta sna réimsí seo a leanas - cruthú post, gnólachtaí nuathionscanta, dul i bhfód ar an margadh, nuálaíocht, éifeachtúlacht idirphlé na hearnála poiblí le fiontair, iomaíochas costais, airgeadas agus infheistíocht agus rochtain ar thallann. Tá gníomhaíochtaí leagtha amach ag gach gníomhaireacht agus roinn d'fhonn cur leis na príomhtháscairí atá luaite mar chuid den Phlean Gníomhaíochta do Phoist.

Tá sé mar aidhm leis na hathchóirithe agus leis na tionscnaimh seo go mbeadh sé níos éasca gnó a dhéanamh agus poist a chruthú i ngach cuid den tír agus táimid meáite, trí na gníomhaíochtaí seo, na coinníollacha atá riachtanach chun an sprioc go mbeadh 100,000 duine breise ag obair faoi 2016 a chomhlíonadh agus cur leis an gcuspóir níos fadtréimhsí - go mbeadh 2.1 milliún duine ag obair in 2018.

# 1. Tógáil ar an Athchóiriú agus Toradh na hOibre a Mheas

Is é seo an ceathrú plean sa tsraith Pleananna Gníomhaíochta do Phoist a tionscnaíodh in 2012, agus tógann sé ar na ceachtanna a foghlaimíodh as na pleananna a tháinig roimhe. Tá torthaí na gníomhaíochta comhbheartaithe maidir le cruthú post le sonrú:

- 26,800 duine breise ag obair le 12 mhí anuas;
- 80,000 duine breise ag obair ó seoladh an Plean Gníomhaíochta do Phoist;
- Tá fás le sonrú i ngach réigiún den tír, agus i mbeagnach gach earnáil den gheilleagar;
- Tá feidhmíocht láidir le sonrú go háirithe i réigiúin ina raibh an dífhostaíocht go mór i réim san am atá caite, amhail an tOirdheisceart – a bhfuil fócas úr cruthaithe ag an Rialtas ina leith trí bhíthin an Phlean Gníomhaíochta don Oirdheisceart de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Is san Oirdheisceart a tháinig an laghdú ba mhó sa Stát ar an dífhostaíocht; agus
- Tá borradh fós faoi onnmhairí, agus tá méadú 10 faoin gcéad tagtha ar onnmhairí seirbhísí sna chéad naoi mí de 2014 agus méadú 2 faoin gcéad ar onnmhairí earraí, ag leanúint ar aghaidh ó fheidhmíocht láidir in 2011, 2012 agus 2013.

Is é aidhm an Phlean Gníomhaíochta do Phoist na dálaí a chruthú chun tacú le forás geilleagrach agus cruthú post, a bheidh faoi stiúir na hearnála príobháidí agus a bheidh dírithe ar an onnmhairiú. Tá an próiseas a bhaineann leis na Pleananna Gníomhaíochta do Phoist a ullmhú agus a chur chun feidhme ina chuid de chur i bhfeidhm athruithe agus athchóirithe institiúideacha suntasacha in Éirinn ar fud an chórais fostaíochta, oiliúna agus forbartha geilleagraí. Mar a shonraigh an ECFE[3] san athbhreithniú a rinne sin in 2014 ar an bPlean Gníomhaíochta do Phoist:

*"Is é an chur chuige nua is suntasaí atá sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist i gcomhthéacs bheartas poiblí na hÉireann ná sásra comhordaithe lena gcinntítear tacaíocht pholaitiúil agus maoirsiú polaitiúil ardleibhéil, rannpháirtíocht uile-rialtais agus leagan síos spriocanna ráithiúla atá bunaithe ar chóras monatóireachta láidir. Céimeanna tábhachtacha is ea iad sin i dtreo aghaidh a thabhairt ar bhearnaí fadbhunaithe lena mbaintear an bonn d'fhorfheidhmiú beartais."*

Mar sin féin, mar a chuir an ECFE in iúl freisin, tá an scóip ann chun tuilleadh a dhéanamh. Go dtí go mbeidh an lánfhostaíocht bainte amach againn, ní mór dúinn a thuilleadh a dhéanamh. Sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2015 seo, tugtar aghaidh ar an dúshlán sin. Dírítear isteach ann ar bhearta lena n-imreofar tionchar, agus a bhfuil méadracht ag gabháil leo ar féidir í a thomhas agus a rianú. Cuirtear béim láidir ann ar fhostóirí a spreagadh chun a gcuid a dhéanamh sa chóras fostaíochta agus scileanna d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar na riachtanais a bheidh ag an ngeilleagar amach anseo. Leagtar béim ann ar an tábhacht a bhaineann le spreagadh na táirgiúlachta, na hinfheistíochta agus an fháis in earnálacha intíre an gheilleagair chun cabhrú le dul i ngleic le dúshlán na fostaíochta, mar a leagtar amach sa Ráiteas ar Thosaíochtaí Rialtais 2014-2016.

[3] ECFE, Plean Gníomhaíochta na hÉireann do Phoist: Réamh-Athbhreithniú, Aibreán 2014

Sa Phlean seo, cuirtear an clár oibre airgeadais don fhiontar chun cinn ó cheann ina mbaintear bacainní ar an rochtain ar mhaoiniú go dtí ceann ina gcinntítear go bhfuil an meascán ceart táirgí airgeadais ar fáil againn chun freastal ar riachtanais na ngnólachtaí atá dírithe ar fhás, go háirithe trí Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann.

Tógtar sa Phlean ar na leasuithe móra a cuireadh i bhfeidhm ó 2013 i leith. Airítear ar na réimsí iomadúla ina ndearna an Rialtas athchóiriú:

- i réimse na fiontraíochta, seoladh na nOifigí Fiontar Áitiúil agus seoladh an chomórtais "Fiontraí Óg is Fearr na hÉireann";
- feabhas ar sholáthar scileanna trí sheoladh SOLAS, Boird Oideachais agus Oiliúna, cláir 'Momentum', scéimeanna dreasachta fostaíochta ar nós JobsPlus agus dúbailt a dhéanamh ar ardscileanna mar chuid den dara Plean Gníomhaíochta i leith Scileanna TFC;
- baill foirne nua in oifigí thar lear de chuid Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann i margaí ardfháis agus margaí éiritheacha;
- seoladh Scéime Víosa na Breataine-na hÉireann do thurasóirí agus do thaistealaithe gnó;
- cur i gcrích an chláir leathanbhanda 100Mbps le haghaidh scoileanna;
- seoladh Tairsí Sonraí Oscailte i gcomhair rochtana ar bhunachair sonraí de chuid na hearnála poiblí;
- seoladh Ciste Éifeachtúlachta Fuinnimh agus bearta eile amhail caighdeáin a ardú maidir le haisfheistiú tithe; agus
- mórthionscnaimh straitéiseacha a chur chun feidhme in earnálacha tábhachtacha chun borradh a chur faoi phoist agus onnmhairí san earnáil agraibhia trí Fhómhar Bia 2020, tionscnaimh turasóireachta ar nós Thóstal Éireann, an Fóram Miondíola nua agus earnálacha eile.

Bhí tionchar ag na hathchóirithe sin ar an acmhainn agus an acmhainneacht maidir le cruthú post sa gheilleagar, ach tá tuilleadh fós le déanamh againn chun an sprioc 100,000 post a bhaint amach faoi 2016. Dar leis an Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh de chuid na Príomhoifige Staidrimh, sa tríú ráithe de 2014, agus na figiúirí coigeartaithe ar bhonn séasúir, bhí 1,916,900 duine fostaithe, méadú 27,000 ar an mbliain roimhe sin (thart ar 2,300 post in aghaidh na míosa), agus méadú beagnach 80,000 ó R1 2012 nuair a seoladh an Plean Gníomhaíochta.

I dtéarmaí na sprice um Éirinn a bheith ar an tír bheag is fearr le bheith i mbun gnó inti, tá dul chun cinn á dhéanamh againn fós mar thír i leith ár n-iomaíochas idirnáisiúnta a fheabhsú. Ó 2011 i leith, tá feabhas tagtha ar rangú iomaíochais idirnáisiúnta na hÉireann i dtuarascálacha iomaíochta na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Fhorbairt Bainistíochta (IFB) agus an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda araon – ón 24ú háit go dtí an 15ú háit i mBliainiris Iomaíochas Domhanda an IFB, agus ón 29ú háit go dtí an 25ú háit i dTuarascáil an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda um Iomaíochas Domhanda. Sa tuarascáil “Doing Business 2015” ón mBanc Domhanda, tá Éire sa 13ú háit as 189 dtír. Sa tuarascáil *“Observatory on Europe” - Improving European Integration and Competitiveness for Growth*, tuairiscítear go bhfuil Éire sa 5ú háit i

measc 28 mBallstát an AE ó thaobh iomaíochais, dhá áit chun cinn ó rangú na bliana 2013. Ina theannta sin, tá Éire san 11ú háit san Innéacs Nuálaíochta Domhanda 2014[4].

Maidir le fostaíocht arna tacú ag Gníomhaireachtaí Fiontraíochta, tháinig méadú 5 faoin gcéad ar líon iomlán na bpost buan i gcuideachtaí a fhaigheann cúnamh ó Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann san earnáil tionsclaíocha agus in earnáil na seirbhísí go dtí os cionn 350,000 in 2014. Tá sé sin ag teacht leis an treocht fáis san fhostaíocht ó 2011 i leith.

Bhí borradh faoin Infheistíocht Dhíreach Choigríche in 2014: d'éirigh le GFT Éireann 197 n-infheistíocht a fháil agus thuairiscigh sé glanmhéadú 7,131 ar líon na bpost i gcliaintghnólachtaí. Léirítear i bhfigiúirí GFT Éireann gur tháinig 45 faoin gcéad de na hinfheistíochtaí ó chuideachtaí a bhí ag infheistiú in Éirinn den chéad uair, agus aird mhór ag infheisteoirí nua go fóill ar a bhfuil le tairiscint ag Éirinn i dtaobh luacha ar airgid. Tá Ráiteas Beartais an Rialtais ar an Infheistíocht Dhíreach Choigríche a foilsíodh in 2014 ceaptha lena chinntiú go mbeidh tairiscint infheistíochta isteach na hÉireann fós tarraingteach agus iomaíoch agus muid ag féachaint chun cinn. Tá an threocht fhadtéarmach maidir le meath ar cheannacháin fosholáthair sa gheilleagar ag fochuideachtaí coigríche iompaithe ar a cúl agus tá borradh faoin gcomhcheangal.

I dtaobh earraí dúchasacha á dtrádáil ar bhonn idirnáisiúnta, bhain onnmhairí amach buaicphointe nua €18 billiún in 2014 agus bhí borradh faoi chruthú fostaíochta agus faoi chuideachtaí nuathionscanta freisin. Ar an gcaoi chéanna, meastar gur bhain onnmhairí agraibhia amach buaicphointe nua de bheagnach €11 billiún.

D'éirigh go maith le tionscal na Turasóireachta freisin in 2014 agus bhí méadú 8.6 faoin gcéad le sonrú ar chuairteanna a thug daoine iasachta ar Éirinn sa chéad aon mhí dhéag de 2014 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2013.

Foilsíodh an Ráiteas Beartais Náisiúnta ar Fhiontraíocht in Éirinn in 2014, lena bhfuil sé ina aidhm tacú le cruthú 93,000 post breise ó chuideachtaí nuathionscanta sna cúig bliana amach romhainn.

## Uaillmhian Straitéiseach um Ghníomhaireachtaí Fiontair

Tá Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann ag tabhairt faoi fheachtais straitéiseacha nua chun tacú le fiontraíocht agus le hinfheistíocht sa gheilleagar sna blianta amach romhainn.

Tá straitéis Fhiontraíocht Éireann dírithe ar an oiread post is féidir a chruthú i ngnólachtaí Éireannacha. Soláthraítear inti fís don fhiontraíocht in Éirinn don bhliain 2020 agus leagtar síos na cuspóirí straitéiseacha, na tionscnaimh agus na gníomhaíochtaí a bheidh á gcur ar fáil ag Fiontraíocht Éireann faoi 2016. Cuirfear leis an mborradh faoin bhfostaíocht laistigh de chuideachtaí a dtacaíonn Fiontraíocht Éireann leo de bharr méadú ar an éileamh domhanda ar tháirgí agus seirbhísí Éireannacha. Beidh Fiontraíocht Éireann i gceannas ar fheachtas chun cur le honnmhairí a gcliantchuideachtaí, trína spreagfar méadú suntasach ar an bhfostaíocht sna cuideachtaí sin. Tá cliaint na gníomhaireachta scaipthe ar fud na tíre agus dá bhrí sin beidh tionchar dearfach ag gníomhaíochtaí Fhiontraíocht Éireann ar an rathúnas i ngach réigiún in Éirinn.

Beidh Fiontraíocht Éireann ag obair le húinéirí gnó uaillmhianacha, cumasacha, ar fud réimse na forbartha gnó, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

---

[4] Ollscoil Cornell, INSEAD, agus an EDMI (2014): An tInnéacs Nuálaíochta Domhanda 2014: The Human Factor In Innovation, Fontainebleau, Ithaca, agus an Ghinéiv.

- An fhiontraíocht a chur chun cinn – tuilleadh gnólachtaí nua a bhunú agus an acmhainneacht fáis iomlán a bhaint amach;
- An nuálaíocht a spreagadh trí leas a bhaint as taighde agus nuálaíocht státchistithe d'fhonn a bheith chun tosaigh ó thaobh na hiomaíochta;
- Gnó ar scála idirnáisiúnta a chothú, a chuirfidh onnmhairí chun cinn agus a thacóidh le straitéisí fáis idirnáisiúnta; agus
- Buntáiste iomaíoch sa todhchaí a chothú.

Is ann freisin dóibh seo a leanas:

- Líonra tacaíochta nua chun an fhiontraíocht a chothú, ag obair trí Oifigí Fiontar Áitiúil ar an leibhéal réigiúnach, d'fhonn iadsan a bhfuil fonn fiontraíochta orthu a spreagadh chun cúnamh a éileamh agus cur le ráta cruthaithe gnólachtaí nua;
- Fócas as an nua ar an gcomhoibriú idir an saol acadúil agus an saol gnó, d'fhonn an tairbhe tráchtála is fearr is féidir a bhaint as an taighde státchistithe;
- Mórfheachtas atá dírithe ar fhás an mhargaidh onnmhairí, lena n-áirítear leathnú a dhéanamh ar an ardán onnmhairí atá ag Fiontraíocht Éireann cheana féin, ag díriú ar na margaí is mó fáis sa todhchaí; agus
- Príomhthionscnaimh earnála in earnálacha ardfháis, amhail bia, monarú, bogearraí, seirbhísí arna dtrádáil ar bhonn idirnáisiúnta agus an fhoirgníocht, a fhágfaidh go mbeidh punann trádála níos éagsúlaithe ag cliaint Fhiontraíocht Éireann, agus go gcothófar fáltais ar onnmhairí mar aon leis an bhfás geilleagrach agus méadú ar líon na bpost san fhadtéarma.

Tá an Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) ina cuid lárnach de straitéis forbartha geilleagraí na hÉireann, agus is amhlaidh a bheidh san am atá le teacht. Cuireann gnólachtaí faoi úinéireacht choigríche go mór le honnmhairí na hÉireann, le poist, le caiteachas i ngeilleagar na hÉireann agus le cistí an Stáit. Tá ról lárnach ag an IDC maidir le forbairt na n-earnálacha 'nua' a spreagadh in Éirinn, maidir le feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht i leith an taighde, na forbartha agus na nuála agus dlús a chur le baint amach na tairsí criticiúla laistigh d'earnálacha.

Tá straitéis dhá shnáithe ag GFT Éireann: (a) cuideachtaí nua a mhealladh, agus (b) cuideachtaí atá ann cheana féin a chothú agus cuidiú leo fás. Bíonn tionscnaimh bheartais fiontraíochta dírithe ar thacú le cuideachtaí atá ann cheana féin maidir leo féin a leathnú, a athrú agus a éagsúlú d'fhonn cur le tábhacht straitéiseach na n-oibríochtaí Éireannacha ina gcuid máthairchorparáidí. Ar dhá cheann de ghnéithe tábhachtacha na straitéise 'Fís 2020' de chuid GFT Éireann, bhí claochlú cuideachtaí a chur chun cinn chun a chinntiú go gcoinneofaí níos mó post agus chun díriú go háirithe ar an bhfás sna seirbhísí ina mbíonn go leor fostaithe de dhíth, as a dtagann cruthú tapa post.

Ionas go n-éireoidh le hÉirinn infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh, ní mór díriú ar an iomaíochas náisiúnta. Gnéithe tábhachtacha a chuir leis na torthaí láidre sna blianta atá caite is ea díriú ar earnálacha fáis agus samhlacha gnó ar leith, iomaíochas méadaithe agus feabhas ar ár gcáil idirnáisiúnta.

## Toradh na hOibre a Mheas

Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuilimid ag díriú ar na gníomhaíochtaí cearta chun ár n-uaillmhianta agus na torthaí atá uainn a bhaint amach. San athbhreithniú a rinne an ECFE le

déanaí ar phróiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist, tugadh ar aird an acmhainneacht áireamh níos fearr a dhéanadh ar spriocanna a bhaineann le gníomhaíochtaí sonracha agus táscairí feidhmíochta bunaithe ar thorthaí chun diagnóisic fíor-ama a sholáthar maidir leis an dul chun cinn i dtreo chuspóirí an Phlean Gníomhaíochta a bhaint amach, lena n-áirítear faoi na hAthchóirithe Suaiteacha atá leagtha síos ann. Táimid tar éis forbairt ar dhéanamh ar chreat ina nasctar cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta le beartais agus torthaí chun léargas níos fearr a thabhairt ar an dul chun cinn agus a chinntiú go bhfuil a lán gníomhaíochtaí ag cur go héifeachtach leis na cuspóirí uileghabhálacha sin.

Tá roinnt dúshlán suntasach i gceist i dtaobh measúnacht a dhéanamh ar thionchar an Phlean Gníomhaíochta. Ar an gcéad dul síos, is tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil aga moille idir bearta beartais sonracha a chur chun feidhme agus feabhas a chur ar chúrsaí fostaíochta. Ar an dara dul síos, i gcás go leor de na gníomhaíochtaí is deacair gaol cúisíoch líneach a bhunú idir beartais shonracha agus tionchair ar leith mar go bhfuil scata gníomhaíochtaí a bhfuil gaol acu le chéile, ar fud réimse leathan earnálacha agus saincheisteanna. Airítear leis na gníomhaíochtaí sin idir chinn thábhachtacha agus chinn níos lú nó cinn a bhfuil feidhm tacaíochta acu, agus beidh idir thionchar díreach agus thionchar indíreach i gceist leo.

I measc na ndúshlán eile, tá idirdhealú a dhéanamh idir an cion a dhéanann gach gníomhaíocht ar leith nó gach sraith gníomhaíochtaí agus tionchar na ngnéithe geilleagracha seachtracha ar chúrsaí fostaíochta in Éirinn a chinneadh astu féin. É sin ráite, agus an Plean Gníomhaíochta do Phoist 2015 á ullmhú againn bhí ar ár gcumas creat measúnachta a leabú ann lena ndéantar ceangal idir na gníomhaíochtaí atá sa Phlean Gníomhaíochta agus a dtionchar, agus lena dtugtar léargas níos fearr ar an dul chun cinn agus lena gcuidítear a chinntiú go bhfuil na gníomhaíochtaí ag cur go héifeachtach leis an gcuspóir uileghabhálach um fheabhas a chur ar chúrsaí fostaíochta.


## An Creat Measúnachta

Tá forbairt déanta ar liosta de dheich dtionchar rannchuidithe lenar féidir gníomhaíochtaí a cheangal. Is nithiúil agus is inmheasta iad na tionchair sin agus beidh siad ina gcúnamh maidir le measúnacht a dhéanamh ar thionchar an Phlean Gníomhaíochta nuair a bheidh sé curtha chun feidhme. Is é cuspóir an Phlean Gníomhaíochta do Phoist cur le líon na ndaoine atá fostaithe, arna thomhas ag an Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh de chuid na Príomhoifige Staidrimh. Is féidir an sprioc sin a bhaint amach trí thionchar na ngníomhaíochtaí éagsúla atá leagtha síos sa Phlean Gníomhaíochta, i.e.:

1. Cuirtear leis an díolachán nó le honnmhairí dá mbarr;
2. Tugtar spreagadh don gheilleagar intíre (miondíol, tógáil, turasóireacht, an earnáil agraibhia);
3. Cuirtear feabhas ar sholáthar scileanna;
4. Cuirtear le gníomhachtú na ndaoine dífhostaithe;
5. Méadaítear an leibhéal fiontraíochta / cuideachtaí nuathionscanta;
6. Cuirtear leis an táirgiúlacht ar leibhéal gnólachta;
7. Cuirtear feabhas ar an leibhéal TFN;
8. Fágtar níos éasca é a bheith i mbun gnó (lena n-áirítear leordhóthanacht an bhonneagair gheilleagraigh);

9. Laghdaítear an costas a bhaineann le bheith i mbun gnó; agus
10. Cuirtear feabhas ar an bhfáil atá ar shásraí cistiúcháin do FBManna.

Léirítear i dtaighde idirnáisiúnta go mbaineann tábhacht lárnach leis an tsamhail loighce a bhíonn ag measúnacht fiontair. Dá bhrí sin, tá na deich dtionchar sin nasctha le cúig uaillmhian straitéiseacha an Phlean Gníomhaíochta tríd an tsamhail loighce seo a leanas:




Trí chreatsamhlacha loighce, cuirtear uirlis phraiticiúil ar fáil chun cur síos a dhéanamh ar a bhfuiltear ar intinn a bhaint amach trí mheán an Phlean Gníomhaíochta agus conas a bhfuil sé ceaptha é a bhaint amach. Is éard atá i gceist leis an tsamhail loighic soiléiriú a dhéanamh ar chuspóirí an chláir, táscairí a roghnú, modh measúnachta iomchuí a roghnú bunaithe ar shrianta an chláir agus, ina dteanntá sin, cúisíocht a bhunú d'fhonn glantionchar an chur chuige a chinneadh[5]. Is nithiúil agus is inmheasta iad na deich dtionchar sa Phlean Gníomhaíochta agus beidh siad ina gcúnamh maidir le measúnacht a dhéanamh ar thionchar an Phlean nuair a bheidh sé curtha chun feidhme.  Déantar méadracht tagarmharcála a chomhlánú le sonraí tábhachtacha ó na suirbhéanna bliantúla de chuid na nGníomhaireachtaí Fiontraíochta, amhail fostaíocht, caiteachas, díolachán, onnmhairí, breisluach, líon na n-onnmhaireoirí nua, an sciar den aschur arna onnmhairiú ag gnólachtaí dúchasacha, agus na haschuir ó ghoradáin/luasairí, srl. (Féach Iarscríbhinn 2).

## Feidhmíocht Reatha: Díolachán agus Onnmhairí

D'ainneoin dálaí dúshlánacha sa mhargadh domhanda, tá feabhas seasta tagtha ar fheidhmíocht fhoriomlán trádála na hÉireann ó 2011 ar aghaidh. Tá luach glan na n-onnmhairí

[5] Framework for the Evaluation of Enterprise Supports (2011), Forfás

fós ag cur leis an bhforás geilleagrach foriomlán. Tá roinnt laigí struchtúracha a leanfaimid ar aghaidh ag dul i ngleic leo fós mar chuid de phróiseas an Phlean Gníomhaíochta, lena n-áirítear éagsúlú a dhéanamh ar ár mbonn onnmhairí, ár spriocmhargaí agus ar na foinsí infheistíochta isteach atá againn, ionas gur féidir linn iomaíochas fadtéarmach níos inbhuanaithe a chinntiú. Tá onnmhairí dúchasacha ar leibhéal níos airde ná mar a bhí riamh roimhe seo, tar éis méadú d'aon trian a bheith tagtha orthu thar an tréimhse 2010 go 2013. Measann Fiontraíocht Éireann go bhféadfadh luach na n-onnmhairí €18 billiún a shárú don bhliain 2014, ó €17.1 billiún in 2013 agus €16.2 billiún in 2012. Tá onnmhairí go dtí tíortha BRIC beagnach dúbailte go dtí €1 billiún ó 2009. Tá dlús an onnmhairithe a dhéanann na gnólachtaí dúchasacha méadaithe freisin ó 45 faoin gcéad in 2010 go dtí 51 faoin gcéad in 2013. Tháinig méadú 3.1 faoin gcéad ar líon na ngnólachtaí a bhí i mbun onnmhairithe in 2013, agus measann FÉ gur tháinig méadú 18 faoin gcéad ar líon na n-onnmhaireoirí ó 2009 i leith. Den chéad uair in 2013, sháraigh onnmhairí seirbhísí na honnmhairí earraí, rud a d'fhág go raibh punann trádála níos cothroime againn. Baineann tábhacht le leathnú breise isteach i margaí nua i dtaobh na hathléimneachta agus ní mór dúinn cur leis an dul chun cinn atá déanta againn go dtí seo maidir le treisiú na nasc trádála leis na geilleagair i mbéal forbartha is tábhachtaí ar domhan; mar shampla, tháinig méadú ar an sciar dár n-onnmhairí bia chun na hÁise go dtí 7 faoin gcéad in 2013 ó 4.3 faoin gcéad in 2010. Ar an gcaoi chéanna, tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag GFT Éireann maidir le héagsúlú na margaí foinse le haghaidh infheistíochta, agus bhain sé amach 20 faoin gcéad de na hinfheistíochtaí úrnua ó mhargaí ardfháis agus ó mhargaí éiritheacha in 2014. Ina theannta sin, tá an méid a chuireann an turasóireacht ón iasacht le honnmhairí na hÉireann (gan táillí eitleáin san áireamh) méadaithe ó €2.98 billiún in 2011 go dtí €3.8 billiún in 2013. Bhí an fheidhmíocht in 2014 an-láidir freisin; léiríodh sna figiúirí i gcomhair an chéad 9 mí den bhliain gur cuireadh 9.3 faoin gcéad leis an bhfás ioncaim ó chuairteoirí ón iasacht.

Spriocanna Roghnaithe don bhliain 2015:

- Onnmhairí dúchasacha a mhéadú go dtí €19 billiún do 2015;
- Cur i gcrích an chláir um 18 gcinn de mhisin agus imeachtaí trádála thar lear faoi stiúir aire;
- Díriú ar bhreis is 700 cuideachta chun rannpháirtíocht shuntasach a bheith acu le Rannóg na nOnnmhaireoirí Féideartha de chuid Fhiontraíocht Éireann;
- Sainchláir mheantóireachta le haghaidh breis agus 300 cliant de chuid Fhiontraíocht Éireann;
- €4 mhilliún i gcistiú breise a sholáthar do mhargaí ardfháis agus do mhargaí éiritheacha;
- 170 tionscadal infheistíochta IDC nua a ghnóthú mar aon le cúig thionscadal IDC bia; agus
- Spriocanna nua mar chuid de Straitéis GFT Éireann don bhliain 2019.

## Feidhmíocht Reatha: An Geilleagar Intíre (miondíol, tógáil, turasóireacht, an earnáil agraibhia)

Tá feabhas ag teacht ar an bhfeidhmíocht maidir le poist a chruthú sa gheilleagar intíre faoi láthair, agus léirítear i sonraí na Príomhoifige Staidrimh gur sa gheilleagar intíre a bhí roinnt de na méaduithe fostaíochta ba mhó. Tháinig méadú 8.6 faoin gcéad ar líon na gcuairteanna a thug turasóirí iasachta ar an tír sa chéad 11 mhí de 2014 agus meastar go mbeidh an toradh don bhliain ina hiomláine cothrom le 7.3 milliún cuairteoir, méadú ó 6.2 milliún cuairteoir in

2011. Beidh fás láidir seasta ag teastáil chun an sprioc 7.7 milliún cuairteoir iasachta a bhaint amach in 2015. Tá borradh faoin ngníomhaíocht foirgníochta arís, agus léiríodh in Innéacs na mBainisteoirí Ceannaigh i gcomhair earnáil na Foirgníochta, Nollaig 2014, ó Bhanc Ulaidh go raibh fás le sonrú san earnáil sin don séú mí déag as a chéile. Tá borradh faoin ngníomhaíocht foirgníochta anois san earnáil chónaithe, san earnáil tráchtála agus in earnáil na hinnealtóireachta sibhialta, cé nach mór an dul chun cinn sin a chothú chun spriocanna an Rialtais mar atá in 'Foirgníocht 2020' a bhaint amach. Baineadh amach uasluach nua €10 billiún maidir le honnmhairí agraibhia in 2013, agus is lasmuigh den Ríocht Aontaithe a díoladh 58 faoin gcéad de na honnmhairí. Táthar á thuar go mbainfear amach luach €11 billiún ina leith in 2014, chun tosaigh ar na spriocanna atá leagtha síos in 'Fómhar Bia 2020'. Le trí bliana anuas, cuireadh stop leis an laghdú fadtéarmach ar cheannacháin fosholáthair ag fochuideachtaí coigríche in Éirinn. Tá méadú 26 faoin gcéad agus 12 faoin gcéad faoi seach ó 2011 agus 2013 tagtha ar cheannacháin amhábhar Éireannach agus seirbhísí Éireannacha ag cliaint iasachta de chuid FÉ, GFT Éireann agus Údarás na Gaeltachta le chéile. Ina theannta sin, tá méadú 8 faoin gcéad tagtha ar an gcaiteachas párolla a dhéanann fochuideachtaí coigríche in Éirinn sa tréimhse idir 2011 agus 2013.

Spriocanna Roghnaithe don bhliain 2015:

- Feidhmiú iomlán 2,000 dearbhán trádála ar líne (1,450 in 2015);
- €30 milliún a chur le luach an díolacháin um fhoinsiú domhanda le corparáidí ilnáisiúnta ag cliantchuideachtaí FÉ;
- Tacú le 28 n-infheistíocht shuntasacha i dtionscal an bhia agus na dí, a mbeidh cúig cinn díobh ina dtionscadail IDC;
- Tús a chur le Clár Forbartha Iarchéime nua a mbeidh sé ina sprioc aige deichniúr céimithe a chur ar fáil d’earnáil na FBManna Bia;
- Aonaid tithíochta sóisialta nua a thógáil; agus
- Sprioc 7.7 milliún don bhliain 2015 maidir le líon na dturasóirí iasachta, agus 250,000 duine a bheith fostaithe in 2025.

## Feidhmíocht Reatha: Soláthar Scileanna

Tá an iomaíocht idir tíortha dírithe den chuid is mó ar ardscileanna TFC, anailísíochta agus innealtóireachta a fhorbairt agus a mhealladh. Táimid tiomanta don dul chun cinn a chothú maidir le freastal ar an éileamh ar scileanna TFC trí chur leis an soláthar céimithe sa tír seo, agus is é an sprioc atá leagtha síos do 2018 go mbeadh 74 faoin gcéad de riachtanais soláthair na hearnála á gcomhlíonadh trí aschur níos mó ónár n-earnáil ardoideachais. Tháinig méadú 75 faoin gcéad ar líon na ndaoine a chláraigh i gcomhair printíseachta i gceirdeanna a bhaineann leis an bhfoirgníocht idir Meitheamh 2013 agus Meitheamh 2014. Tá an Rialtas tiomanta don phrintíseacht a leathnú go dtí réimsí nua agus is air sin a bheidh obair na Comhairle Printíseachta dírithe sna blianta atá romhainn. Tá éilimh leanúnach ar sholáthar breise i roinnt réimsí, agus gá leis, agus is ar na réimsí sin a ndíreofar sa rannpháirtíocht idir an ÚAO agus institiúidí ardoideachais. Tosaíocht ar leith de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna is ea Straitéis Náisiúnta Oideachais i dtaobh Teangacha Iasachta a chur chun feidhme, agus tá béim á leagan aici freisin ar an eolaíocht agus an mhatamaitic, mar aon le feasacht i leith tharraingteacht na ngairmeacha ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic).

Spriocanna Roghnaithe don bhliain 2015:

- Áiteanna a chur ar fáil faoin dara leagan den chlár 'Momentum';
- Gairm tograí a fhorfheidhmiú le haghaidh chúrsaí Springboard;
- Cláir Tiontaithe TFC Leibhéal 8 a fhorfheidhmiú;
- Cláir Tiontaithe TFC Skillnets a fhorfheidhmiú;
- 400 oibrí deonach faighte don chlár Smart Futures;
- Freastal ar éileamh na bhfostóirí ar cheadanna fostaíochta san earnáil TFC, ceadanna a mheastar go mbeidh 2,000 díobh á n-éileamh;
- Infheistíocht a dhéanamh in 1,250 áit bhreise sa bhliain chun an sprioc a bhaint amach maidir le freastal ar 74 faoin gcéad den éileamh trí bhíthin an tsoláthair intíre faoi 2018;
- Díriú ar 13,800 céimí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice in aghaidh na bliana faoi 2018 (suas ó 10,200 in 2011);
- Sprioc a leagan síos go mbeidh 4,500 mac léinn Erasmus sa bhliain ann faoi 2020 (+50 faoin gcéad);
- Sprioc an AE maidir leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil de 15 faoin gcéad a bhaint amach faoi 2020; agus
- Gairmeacha nua um printíseachtaí agus chúrsaí oiliúna in 2015.

## Feidhmíocht Reatha: Gníomhachtú na nDaoine Dífhostaithe

Ar an macraileibhéal, tá feidhmíocht láidir ag Éirinn ó thaobh gníomhachtaithe agus is ag dul i bhfeabhas atá sí. Tháinig méadú bliantúil ar an bhfostaíocht arb ionann é agus 1.5 faoi gcéad nó 27,700 duine in aghaidh na bliana go dtí an tríú ráithe de 2014, méadú a d'fhág go raibh 1,916,900 duine fostaithe faoi sin. Ag an am céanna, tá níos mó ná 100,000 duine imithe ón mBeochlár chun glacadh le poist. Tá an dífhostaíocht laghdaithe óna uasphointe 15.1 faoin gcéad le linn na géarchéime go dtí 10.6 faoin gcéad ag deireadh na bliana 2014 agus, rud is ríthábhachtach, tá dlús faoin laghdú sin. Tá ag éirí le tionscnaimh an Rialtais faoi 'Bealaí Chun na hOibre' maidir le cur ar a gcumas do lucht cuardaigh fostaíochta filleadh ar an obair. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh á chinntiú go bhfuil dreasachtaí oibre leordhóthanacha ar fud an gheilleagair má táimid chun tacú le lucht cuardaigh fostaíochta, agus go háirithe leo siúd atá dífhostaithe le fada, chun dul san iomaíocht le haghaidh deiseanna fostaíochta agus glacadh leo. Má bhíonn drochdhearadh ar thacaíochtaí ioncaim leasa shóisialaigh, is féidir go bhfágfaidís deacair é ag daoine dífhostaithe filleadh ar an obair. Le tabhairt isteach na scéime JobsPlus agus an tionscnaimh Springboard, cur chun feidhme an chláir 'Momentum' agus le feidhmiú scéimeanna ar nós Gateway agus Tús, mar aon leis an athchóiriú ar an gclár Fostaíochta Pobail, léirítear diongbháilteacht an Rialtais i leith aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na dífhostaíochta fadtéarmaí. De bharr JobPath a bheith á chur chun feidhme le linn na bliana 2015, tiocfaidh méadú breise nach beag ar an leibhéal acmhainní a chuirfear ar fáil chun cabhrú le tacaíocht a thabhairt do lucht cuardaigh fostaíochta atá as obair le fada chun filleadh ar an obair. D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta, tá an óg-dhífhostaíocht fós ina cúis shuntasach imní. Dá réir sin, i rith 2015 beidh an Rialtas ag leanúint ag aghaidh le forfheidhmiú Ráthaíocht na hÉireann don Aos Óg lena n-áirítear díriú ar áiteanna nua agus ar thionscnaimh nua.

Spriocanna Roghnaithe don bhliain 2015:

- 100,000 duine breise ag obair faoi 2016 (lena n-áirítear 40,000 post in 2015);

- 2.1 milliún duine ag obair in 2018;
- Bealaí Chun na hOibre 2015 agus an mhéadracht atá ann a chur chun feidhme; agus
- Tús a chur le sraith nua JobsPlus do dhaoine óga faoin Ráthaíocht don Aos Óg.

## Feidhmíocht Reatha: Leibhéal na Fiontraíochta / na gCuideachtaí Nuathionscanta

Cé go bhfuil an teacht aniar atá le sonrú inár n-earnáil onnmhairithe ar cheann de na láidreachtaí is mó sa gheilleagar ó thosaigh an cúlú, ní fhágann sé sin nach gá forbairt a dhéanamh ar bhonn fiontair leathan, a bheidh níos inbhuanaithe. Is é an dúshlán atá le sárú againn anois borradh a chur faoi earnálacha nua, leathnú isteach i margaí nua agus táirgí nua a chur ar fáil. Chuige sin, beidh timpeallacht fiontraíochta de dhíth ina dtacófar, i measc rudaí eile, le leibhéil feabhsaithe fiontraíochta agus leis an dul chun cinn atá á dhéanamh. In 2014, ag tógáil ar thuarascáil an Fhóraim Fiontraíochta, d'fhoilsigh an Rialtas an Ráiteas Beartais Náisiúnta ar Fhiontraíocht in Éirinn. Sonraítear sa tuarascáil sin roinnt de na príomhghníomhaíochtaí láithreacha chun tacú le huaillmhian an Rialtais agus deimhnítear inti an tiomantas chun leanúint ag sainaithint cineálacha cur chuige nua trína bhfeabhsófar agus trína neartófar córas foriomlán fiontraíochta na hÉireann agus trína gcruthófar poist mar thoradh deireadh.

Spriocanna Roghnaithe don bhliain 2015:

- Forbairt ghnó agus tacaíochtaí airgeadais a chur ar fáil do 185 ghnólacht nuathionscanta a bhfuil gealladh fúthu agus atá ag céim luath forbartha;
- Tacú le 130 Fiontraí nua tríd an gClár 'New Frontiers';
- Cur chun cinn a dhéanamh ar bhunú cuideachtaí seachthairbheacha a mheasann Fiontraíocht Éireann go bhfuil gealladh mór fúthu; agus
- 6 Chiste Tosaithe Iomaíocha a sheoladh chun tacú le 85 ghnólacht nuathionscanta.

## Feidhmíocht Reatha: Táirgiúlacht ar Leibhéal Gnólachta

Cé gur tháinig feabhas mór ar fheidhmíocht reatha i dtéarmaí leibhéil táirgiúlachta na hÉireann idir 2008 agus 2013, tharla cuid mhaith den dul chun cinn a rinne Éire i rith na tréimhse sin de bharr athruithe ar chomhdhéanamh na fostaíochta in Éirinn le linn an chúlaithe eacnamaíochta (mar shampla, laghdú ar líon na ndaoine a bhí fostaithe san earnáil foirgníochta, ina mbíonn a lán oibrithe de dhíth), seachas fás táirgiúlachta ar bhonn leathan. Mar sin féin, tugann sé misneach dúinn a thabhairt faoi deara go bhfuil Éire ar cheann den bheagán tíortha a ndearnadh tagarmharcáil orthu inar léiríodh táirgiúlacht ar fud na dtosca ar fad ó 2010 i leith, rud a thugann le fios a fhuinniúil is atá geilleagar san fhadtéarma i dtaobh na teicneolaíochta. Tá raon dúshlán nach mór dul i ngleic leo sa bhaile lena chinntiú go mbeidh ar chumas na hÉireann an leas is fearr a bhaint as a cumas táirgiúlachta, amhail feabhas a chur ar na leibhéil laga fáis maidir le stoc glanchaipitil, go háirithe i ndáil leis an infheistíocht in innealra agus i dtrealamh.

Spriocanna Roghnaithe don bhliain 2015:

- Tacú le 945 rannpháirtí ar Chláir Forbartha Bainisteoireachta. 190 cuideachta bia a bheith ag fáil tacaíochta ón gclár Déantúsaíochta Barainní agus 120 cliant bia a bheith sa Chlár Ceannaireachta i gcomhair Fáis (L4G);
- GFT Éireann/Tacú le hathrú agus feabhas ar tháirgiúlacht le cistiú €1.5 milliún;

- Tacú le 115 ghnólacht san iomlán ar fud na leibhéal agus na ngníomhaíochtaí ar fad, trí na Cláir LeanStart, LeanPlus agus LeanTransform;
- Deontas um Threalamh Caipitil Déantúsaíochta a chur ar fáil, faoina soláthrófar suas le €250,000;
- Treoirchlár 'Platform 4 Growth' ar líne ina mbeidh 100 gnólacht páirteach; agus
- An clár 'Innovation 4 Growth' a chur ar fáil do 15 chuideachta.

## Feidhmíocht Reatha: Leibhéil Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (TFN)

Sa tréimhse deich mbliana nó mar sin atá díreach imithe tharainn, tá leathnú mór tagtha ar thiomantas na hÉireann do thaighde, forbairt agus nuálaíocht, i dtaobh an leibhéil infheistíochta agus na n-acmhainní daonna a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíocht TFN araon. Tá an caiteachas gnó ar TFN agus líon na ngnólachtaí dúchasacha agus na ngnólachtaí iasachta atá gníomhach sa TFN ag dul i méid ó 2011 i leith. Gné ríthábhachtach den nuálaíocht is ea na daoine, agus tá méadú 15 faoin gcéad agus 18 faoin gcéad faoi seach tagtha ar líon na dtaighdeoirí i ngnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach agus i ngnólachtaí dúchasacha in Éirinn, go dtí 11,980 agus 9,650 idir 2011 agus 2013, agus tá tuilleadh dul chun cinn ag teastáil chun tagarmharcanna idirnáisiúnta a bhaint amach. Ar fud an AE, tá Éire amuigh chun tosaigh i dtaobh an táscaire ar thionchar geilleagrach na nuálaíochta[6], lena ndéantar tomhas ar rath geilleagrach na nuálaíochta san fhostaíocht i ngníomhaíochtaí dlútheolais, ar an méid a chuireann na táirgí ardteicneolaíochta agus meánteicneolaíochta arna n-onnmhairiú leis an gcomhardú trádála, ar onnmhairí seirbhísí dlútheolais, ar dhíolachán de bharr gníomhaíochtaí nuálaíochta agus ar ioncam ceadúnais agus paitinne ó theicneolaíochtaí a dhíol thar lear. Mar sin féin, cé go bhfuil dul chun cinn maith déanta ag Éirinn i dtreo cur lena cuid cumas eolaíochta, tá an cumas nuálaíochta foriomlán níos laige ná mar atá amhlaidh sna tíortha beaga ardstádais de chuid an ECFE atá amuigh chun tosaigh, amhail an Danmhairg, an tSualainn agus an Eilvéis.

Spriocanna Roghnaithe don bhliain 2015:

- €150 milliún i gcistiú taighde a bhaint amach d'Éirinn faoi chlár 'Fís 2020' an AE in 2015;
- Cuir le líon na dtaighdeoirí san fhiontraíocht ionas go mbeidh sé ag teacht le tagarmharcanna idirnáisiúnta; agus
- É a bheith ina sprioc líon na bpaitinní agus na dtrádmharcanna a dhúbailt, mar aon leis an bhfeidhmíocht dearaidh chláraithe.

## Feidhmíocht Reatha: A Éasca is atá sé bheith i mBun Gnó (lena n-áirítear leordhóthanacht an bhonneagair gheilleagraigh)

Is rí-mhaith mar a fheidhmíonn Éire sa rangú idirnáisiúnta i dtaobh a éasca is atá sé bheith i mbun gnó. De réir an ECFE 32, tá Éire sa chéad áit i dtaobh a éasca is atá sé cánacha a íoc, agus is maith mar a fheidhmíonn sí maidir le cosaint d'infheisteoirí agus gnó a thosú. Tá eisiúint ceadanna oibre i measc na réimsí ina bhfuil feabhas le sonrú. Ar an gcaoi chéanna, tá laghdú tagtha ar an aga feithimh le haghaidh éisteachta sa Chúirt Oibreachais agus ar an aga feithimh le haghaidh éisteachta ag an mBinse Achomhairc Fostaíochta. Is lag, áfach, í ár bhfeidhmíocht maidir le déileáil le ceadanna foirgníochta, leictreachas a fháil, conarthaí a fhorfheidhmiú, an

---

[6] Scórchlár an Choimisiúin Eorpaigh um Nuálaíocht san Aontas 2013

dócmhainneacht a réiteach, creidmheas a fháil, agus maoin a chlárú. Sa chás gurb ann don acmhainneacht le haghaidh iomaíocht níos fearr in aon mhargadh ar leith, ba chóir go gcuirfeadh beartais na hÉireann iomaíocht den sórt sin chun cinn seachas bac a chur uirthi.

Tá feidhmíocht lag na hÉireann maidir leis an lucht dlí (atá féinrialaithe den chuid is mó go dtí seo) le sonrú i ndrochscóir i ndáil le comhoibriú idirghairmiúil, ballraíocht éigeantach dlísheomraí, agus rialacháin maidir le formáid ghnó. I bhfianaise an chláir comhdhlúthaithe buiséid atá fós ar bun, d'fhéadfadh an tearc-infheistíocht sa bhonneagar a bheith ina toisc theorantach maidir le fás táirgiúlachta amach anseo. Leagtar béim air i bPleananna Gníomhaíochta roimhe seo gurb amhlaidh, d'ainneoin infheistíochtaí suntasacha a bheith déanta ag Éirinn i mbonneagar le blianta beaga anuas, gur gá tuilleadh infheistíochta a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh ár mbonneagar riachtanach in ann tacú le téarnamh geilleagrach agus le fás fiontair. Tá sé sonraithe sa Tuarascáil Iomaíochais ón bhFóram Eacnamaíoch Domhanda go bhfuil Éire sa 28ú háit i dtaobh bonneagar iompair. Gan infheistíocht chuí sa bhonneagar iompair agus in easnaimh sna seirbhísí, déanfaidh an brú sin dochar leanúnach dár n-iomaíochas, beidh droch-thionchar aige ar cháilíocht na beatha agus bainfidh sé de tharraingteacht ár gcathracha i dtaobh infheistíocht dhíreach choigríche. I bpríomhréimsí bonneagair eile amhail an chéad ghlúin eile den leathanbhanda, tá infheistíocht shuntasach tráchtála á déanamh anois, agus tá tuilleadh infheistíochta beartaithe i ndáil le seirbhísí líne seasta ardluais agus leathanbhanda móibíleach a sholáthar. Tá tiomantas tugtha ag an Rialtas i leith réiteach bunaithe ar shnáithín a chur i bhfeidhm i gceantair nach bhfuil aon chás tráchtála le haghaidh infheistíochta iontu.

Spriocanna Roghnaithe don bhliain 2015:

- In 2015, eiseofar tairiscint ar sheachadadh leathanbhanda ardluais chuig na codanna uile d'Éirinn nach féidir freastal orthu trí mheán oibreoirí tráchtála; agus
- €3.6 milliún a infheistiú faoin gClár Caipitil Poiblí in 2015 chun poist dhíreacha agus poist indíreacha a chruthú, agus áit iontach a dhéanamh d'Éirinn i dtaobh daoine a bheith ag cur fúthu agus ag obair inti.

## Feidhmíocht Reatha: An Costas a bhaineann le bheith i mBun Gnó

Tá feabhas tagtha ar bhonn costais na hÉireann thar réimse méadrachta le roinnt blianta anuas a fhágann gurb iomaíche iad gnólachtaí Éireannacha ar bhonn idirnáisiúnta agus go bhfuil Éire ina háit níos tarraingtí i leith bunú oibríochtaí ag gnólachtaí. In ainneoin na bhfeabhsúchán sin, tá an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais fós ag tabhairt fógra nach bhfuil bonn costais na hÉireann i gcomhréir le háiteanna eile lena mbímid san iomaíocht i gcomhair trádála agus infheistíochta agus go bhfuil sraith brúnna costais aníos ag teacht chun cinn. Tá fócas ar leith ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar thosca costais a bhfuil tionchar ag cúrsaí intíre orthu sa mhargadh saothair, san earnáil fuinnimh agus sa mhargadh réadmhaoine toisc go bhféadfadh ardú tapa praghsanna drochthionchar a bheith aige i dtaobh praghsanna agus ionchais pá ar fud an gheilleagair ar fad. D'fhéadfadh droch-chora mar sin i dtaobh costais gach ceann de na gnóthachain iomaíochais ar caitheadh dua leo le déanaí a chur i mbaol. Ní mór dúinn ár n-iarrachtaí a choinneáil ar bun chun áit a bhaint amach i measc na chéad cúig thír i dtaobh an iomaíochais.

Spriocanna Roghnaithe don bhliain 2015:

- Céimeanna chun an rómhaorlathas a laghdú maidir le níos mó ná leath milliún idirghníomhaíocht ghnó in 2015;

- Údarás Rialála nua um Sheirbhísí Dlí chun dul i mbun oibre;
- €39 milliún i dtacaíochtaí ón Státchiste chun gníomhaíochtaí spárála fuinnimh a spreagadh a thuilleadh;
- An Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh a chur i bhfeidhm; agus
- Dul chun cinn tapa a dhéanamh maidir leis an mBille Luachála (Leasú).

## Feidhmíocht Reatha: Creidmheas agus Infheistíocht i gcomhair an Fháis

Má bhíonn srian ar shreabhadh an chistithe i ngeilleagar, déantar dochar don timpeallacht fiontraíochta agus cuirtear srian ar chumas gnólachtaí a gcuid oibríochtaí a leathnú. Tuairiscíonn an Banc Ceannais[7] go bhfuil méadú tagtha ar iasachtaí nua comhlána bliantúlaithe a dhéantar le FBManna ó €1.9 billiún (Iúil go Nollaig 2013) go €2.1 billiún (Eanáir go Meitheamh 2014), arb ionann é agus méadú níos mó ná 10 faoin gcéad. D'ainneoin feabhsuithe le déanaí, ní mór aird a thabhairt go fóill ar réimse an chreidmheasa d'fhiontair i bhfianaise na huaillmhéine atá leagtha amach maidir le forbairt a dhéanamh ar chóras airgeadais níos éagsúlaithe agus níos iomaíche, trína bhféadfaí maoiniú a dhéanamh ar acmhainneacht fáis FBManna na hÉireann. Mura gcuirtear srian leo, beidh na coinníollacha creidmheasa sriantacha agus ualach mór an fhiachais chorparáidigh ina mbac ar fhás agus ar fhostaíocht. Is é sin an fáth gur leag an Rialtas béim mhór ar fheabhas a chur ar infhaighteacht tionscnamh, idir chinn de chuid na mbanc agus chinn nach mbaineann leis na bainc, chun tacú le ról na hearnála FBM inár dtéarnamh geilleagrach. Bhí fiach oidhreachta, éiginnteacht i dtaobh an gheilleagair agus creimeadh caipitil i measc na ndúshlán a bhí le sárú ag FBManna le blianta beaga a bheadh tar éis cur isteach ar infheistíocht agus ar fhás. Mar sin féin, trí shásraí láidre tacaíochta atá á dtairiscint anois ar an leibhéal áitiúil ag an líonra LEO agus ar bhonn lárnach ag Fiontraíocht Éireann don earnáil FBM intíre, tá creat cuimsitheach i bhfeidhm anois chun gach deis a chur ar fáil do FBManna inmharthana, inbhuanaithe chun rochtain a fháil ar an gcistiú atá de dhíth orthu, cibé an é maoiniú bainc, soláthar cothromais nó tacaíocht caipitil fiontair atá i gceist.

Spriocanna Roghnaithe don bhliain 2015:

- €800 milliún a chur ar fáil thar thréimhse 2 bhliain trí CBSÉ;
- Athchóiriú a dhéanamh ar Scéimeanna Ráthaíochta Creidmheasa agus Scéimeanna Micreamhaoinithe do FBManna agus iad a chur cinn; agus
- An Uirlis FBM ar Líne a thaispeáint ag 10 n-imeacht ar fud na tíre, cur le líon carnach na n-úsáideoirí uathúla, agus méadú ar an bhfeasacht i leith na huirlise a bhaint amach.

## Monatóireacht a Dhéanamh ar Dhul Chun Cinn agus ar Thoradh na hOibre

Tá an méid sin ar fad ag tógáil ar an athchóiriú agus an obair a bhí i bPleananna roimhe seo. Leis sin, tá ceangal díreach á chruthú againn idir an ghníomhaíocht faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist agus torthaí intomhaiste, sa chaoi is go mbeidh an uaillmhian is fearr is féidir againn agus go gcuirfear chun cinn í, agus go gcuirfear in iúl intinn an Rialtais a bheith tiomanta i gcónaí do shaothrú gan staonadh na lánfhostaíochta agus an rathúnais níos fearr do chách. Sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2015, táthar ag bogadh i dtreo monatóireachta

[7] Tuarascáil Margaidh an Bhainc Ceannais um FBManna don dara leath de 2014

agus measúnachta níos dlúithe fós a dhéanamh ar thionchar na mbeart éagsúil atá áirithe sa Phlean i dtaobh tacú le poist, mar a mhol an ECFE. Tugtar samplaí in Iarscríbhinn 2 de na príomhchineálacha méadrachta bonnlíne ar fud na réimsí tionchair a chuireann le cuspóirí straitéiseacha foriomlána an Phlean.

# 2. Athchóirithe Suaiteacha

## 2.1 An Feachtas Náisiúnta Tallainne

- **Athrú Céime sa leibhéal rannpháirtíochta idir an córas oideachais agus oiliúna agus fostóirí chun na scileanna a theastaíonn chun an Geilleagar Nua a bhunú a sheachadadh.**
- **Foinsí tallainne den chéad scoth a mhealladh agus a choimeád, a chinntiú go bhfuil tuarastal maith luaite le poist agus go bhfuil áit mhealltach le maireachtáil agus le hoibriú inti á cruthú.**
- **Méadú 60% sa líon céimithe ardoideachais TFC, agus 74% den éileamh á chomhlíonadh trí sholáthar intíre in 2018. 1,250 áit bhreis TFC a sholáthar do mhic léinn in 2015.**
- **Chomh maith leis sin, díreofar ar 13,800 céimí bliantúil eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice faoi 2018 (méadú 10,200 i gcomparáid le 2011).**

Beidh buntáiste iomaíoch na hÉireann i margaí idirnáisiúnta, mar aon le hiomaíochas ár réigiún, ag brath níos mó agus níos mó ar infhaighteacht scileanna den chéad scoth ag gach leibhéal. Tá dea-cháil ar Éirinn sa réimse seo cheana féin ach ní mór cumas freagrúlachta i leith riachtanas athraitheach na sochaí agus fostóirí a léiriú ar bhonn leanúnach.

Tá an tAthchóiriú Suaiteach seo á rolladh amach i gcomhthéacs an athchóirithe shuntasaigh atá ar bun san earnáil oideachais agus oiliúna d'fhonn córas níos dinimiciúla, níos freagrúla agus ar ardchaighdeán a chinntiú. Is í an sprioc atá luaite le 2015 agus níos faide anonn a chinntiú go mbíonn infhaighteacht scileanna ar ardchaighdeán ag gach leibhéal, infhostaitheacht feabhsaithe foghlaimeoirí, agus rannpháirtíocht shuntasach idir an córas oideachais agus oiliúna agus fostóirí mar thoradh ar na hathchóirithe seo. San áireamh anseo beidh cur chuige comhtháite i ndáil le tionscnaimh iomaíocha agus chomhoibritheacha maoinithe sna cláir éagsúla lena n-áirítear Springboard agus Momentum, Printíseachtaí, Skillnets agus comhaltachtaí taighde ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

Bhí tionchar suntasach ag infheistíocht phoiblí in oideachas agus oiliúint ó na 1960idí i leith ar fhorbairt shóisialta agus gheilleagrach na hÉireann. Chomh maith leis, bhí an infheistíocht sin mar bhonn leis an ngné agus leagáid uathúil díolacháin a cruthaíodh in Éirinn le blianta fada anuas agus go dtí an lá inniu ann fiú: Is minic go mbíonn Éire liostaithe go hard sna ranguithe idirnáisiúnta tallainne agus scileanna. Leagfaidh Plean Gníomhaíochta do Phoist 2015 béim leantach ar an tábhacht a bhaineann le leibhéil scileanna mar ghné lárnach de sheasamh iomaíochais na hÉireann chomh fada is a bhaineann le hinfheistíocht agus le trádáil dhomhanda. Fianaise ann féin ar thionchar a bheith ag an gcur chuige sin is ea go bhfuil Éire rangaithe sa chéad áit ar domhan chomh fada is a bhaineann le hinfhaighteacht scileanna agus rangaithe sa cheathrú háit ar domhan chomh fada is a bhaineann le caighdeán a córais oideachais.

Tá breis is millún duine ag tabhairt faoin oideachas go lánaimseartha in Éirinn, lena n-áirítear breis is 211,000 mac léinn atá cláraithe ar chúrsaí tríú leibhéil in ollscoileanna agus in institiúidí teicneolaíochta ar fud na hÉireann. D'éirigh leis an gcóras oideachais agus oiliúna freagairt go héifeachtach don éileamh méadaithe atá tugtha faoi deara le blianta beaga anuas: sna sé bliana roimh 2014, d'éirigh leis an gcóras ardoideachais 25,000 spás breise a sholáthar.

Tá an soláthar príomhshrutha oideachais agus oiliúna ailínithe go héifeachtach le riachtanais scileanna gheilleagar na hÉireann. Tá breis is 60,000, nó 29% de mhic léinn ardoideachais cláraithe ar chúrsaí Eolaíochta agus Innealtóireachta agus tá breis is 50,000 mac léinn ardoideachais cláraithe ar chúrsaí sna hEolaíochtaí Sóisialta, lena n-áirítear Gnó agus Dlí, arb ionann é sin agus 25% den líon iomlán mac léinn atá cláraithe. Chomh maith leis sin, d'fhreagair an córas do na riachtanais scileanna sna hearnálacha ardfháis, lena n-áirítear méadú 50% san aschur céimithe ó chláir ardleibhéil TFC idir 2008 agus 2013.

Is ceachtanna iad seo, áfach, atá foghlamtha ar fud an domhain freisin. Deir an ECFE gurb ionann scileanna agus airgeadra nua domhanda gheilleagair an 21ú hAois, agus tá béim shuntasach leagtha ag a lán tíortha ar fhorbairt agus ar infheistíocht caipitil dhaonna in oideachas agus oiliúint, a bpróifíl scileanna, táirgiúlachta agus mealltachta d'infheisteoirí idirnáisiúnta a fheabhsú.

Is i gcoinne an chúlra dhomhanda seo a rachaidh Éire in iomaíocht chun tallann a fhorbairt agus a mhealladh sna blianta amach romhainn. Chuige sin, bainfidh fíorthábhacht le leibhéal láidir infheistíochta a chothú chun tacú le torthaí ar ardchaighdeáin i dtéarmaí scileanna chun iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann a chothú.

Ní leis an gcóras oideachais agus oiliúna amháin a bhaineann beartais chun tacú le tallann agus chun úsáid éifeachtach scileanna a chinntiú. Breathnaítear chun cinn go dtí 2020 i Ráiteas Beartais IDC a foilsíodh le déanaí agus áirítear tallann agus áiteanna mealltacha le maireachtáil agus le hoibriú iontu mar phríomhghnéithe i gcomhthéacs na leibhéal reatha de chruthú post IDC a chothú agus a fhorbairt i mblianta deireanacha an chéid. Sa lá atá inniu ann is comórtas domhanda an comórtas chun tallann a aimsiú, agus tá foinsí tallainne i bhfad níos soghluaiste ná mar a bhí. Is den tábhacht é go leanfadh muid orainn ag cothú tallainne d'fhonn na riachtanas atá ag geilleagar forbartha a chomhlíonadh. Is ionann an cohórt tallainne in Éirinn a chothú agus a bheith in ann an tallann riachtanach a fhorbairt, a mhealladh agus a chothú, agus a chinntiú go bhfuil luach saothair á fháil ar an obair atá ar bun. Cuirfidh Feachtas Náisiúnta Tallainne a dhéileálann go cuimsitheach le gach gné den soláthar tallainne le cáil dhearfach na hÉireann ar fud an domhain maidir le caighdeán na ndaoine mar aon le hÉirinn a bhunú mar mhol tallainne.

Is é atá mar aidhm leis an bhFeachtas Náisiúnta Tallainne iarracht a dhéanamh seasamh láidir idirnáisiúnta na hÉireann a chothú, na scileanna cearta a sheachadadh d'fhonn a chinntiú go bhfuil seasamh láidir ag cuideachtaí Éireannacha ar mhargaí idirnáisiúnta, agus a chinntiú gurb iad fiontraithe ardtallainne a bheidh taobh thiar de na fiontair a fhorbrófar amach anseo, agus go mbeidh ról lárnach acu chomh maith céanna inár dtairiscint IDC. Chomh maith leis sin, tá an Rialtas tiomanta do théarnamh geilleagrach a leathnú agus a threisiú d'fhonn tionchar dearfach a imirt ar theaghlaigh agus ar phobail ar fud na tíre. Cinntíonn sé seo ar fad go mbeidh sraith gníomhaíochtaí á forbairt ar fud chóras an rialtais - idir oideachas, gníomhachtú, taighde agus an timpeallacht ghnó níos leithne.

Ach ní éireoidh leis an Rialtas ann féin ár n-uaillmhianta ardleibhéil a sheachadadh. Beidh ról lárnach ag rannpháirtíocht ghníomhach agus chothaithe ar rath an Athchóirithe Shuaitigh, agus ar fhorbairt comhpháirtíochtaí láidre, idir an córas oideachais agus oiliúna agus fostóirí ag leibhéal náisiúnta agus réigiúnach.

I measc na bpríomhghnéithe tá Straitéis Náisiúnta Scileanna nua a fhorbairt, printíseachtaí a fhorbairt in earnálacha geilleagracha nua agus dlús a chur faoi sheachadadh Phlean Gníomhaíochta TFC, lena n-áirítear soláthar intíre scileanna ardleibhéil TFC a ardú. Chomh maith leis sin, áirítear ann cláir dírithe ar fhostóirí do dhaoine dífhostaithe faoi Chláir Athghairme Springboard/TFC agus Momentum trí rannpháirtíocht agus comhoibriú leanúnach

idir institiúidí agus fostóirí oideachais agus oiliúna ag leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, agus Straitéis nua um Theangacha Iasachta san Oideachas.

Soláthróidh forbairt na Straitéise Náisiúnta Scileanna nua creat chun freagairtí comhtháite a thuiscint agus a sholáthar i ndáil le riachtanais athraitheacha scileanna na sochaí agus an gheilleagair ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta agus a chinntiú go bhfuil na scileanna cearta ag daoine aonair chun lánpháirt a ghlacadh sa tsochaí agus a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach.

Áireofar gach leibhéal den chóras oideachais agus oiliúna anseo, agus leagfar béim ar leith ar shineirge idir na hearnálacha ardoideachais agus breisoideachais. Cuirfear leis na hathchóirithe atá déanta go dtí seo, lena n-áirítear líonra láidir d'Institiúidí Ardoideachais agus soláthróirí breisoideachais rannpháirteacha a fhorbairt a bheidh in ann riachtanais chaipitil dhaonna na hÉireann a chomhlíonadh i réimsí éagsúla scileanna agus meicníochtaí oiriúnacha a fhorbairt d'fhonn oibriú leis an tionscal chun ailíniú sholáthar OOB agus AO le riachtanais réigiúnacha agus náisiúnta scileanna a chinntiú.

Bhain fíorthábhacht le comhoibriú suntasach idir fostóirí agus an córas oideachais agus oiliúna i ndáil le freagairtí a fhorbairt do riachtanais scileanna, thar raon réimsí lena n-áirítear TFC, anailísíocht sonraí, díolachán idirnáisiúnta, innealtóireacht agus fiontraíocht i dtionscnaimh cosúil le Plean Gníomhaíochta Scileanna TFC, Springboard agus Momentum. Baineann fíorthábhacht le socruithe soiléire chun fostóirí, gníomhaireachtaí forbartha fiontar agus an córas oideachais agus oiliúna a nascadh chun dlús a chur faoi rannpháirtíocht i réimsí cosúil le: ionchur fostóirí i bhforbairt an tsoláthair oideachais agus oiliúna, deiseanna oiriúnacha agus inbhuanaithe socrúcháin oibre a chruthú agus printíseachtaí a fhorbairt in earnálacha geilleagracha nua.

Is ionann diaspóra na hÉireann agus foinse phoitéinsiúil shaibhir scileanna agus tallainne. Beidh ról tábhachtach ag rannpháirtíocht le diaspóra na hÉireann i bhforbairt Beartas Diaspóra mar bhealach chun aird eisimirceach agus an diaspóra trí chéile a tharraingt ar dheiseanna a bheidh ar fáil dóibh filleadh ar Éirinn agus a scileanna agus a saineolas a úsáid agus cur le foinse tallainne na hÉireann san am céanna.

## Soláthar Scileanna TFC a Mhéadú

Foilsíodh Plean Gníomhaíochta nua Scileanna TFC - forbartha ag an Rialtas, ag an tionscal agus ag an gcóras oideachais - i Márta 2014, plean atá ag cur leis an gcéad Phlean Gníomhaíochta TFC a cuireadh i dtoll a chéile in 2012. Is é atá mar aidhm leis an bplean seo a chinntiú go mbeidh fostóirí in ann a riachtanais scileanna TFC a aimsiú in Éirinn, trí mheascán de sholáthar intíre agus inimirce oilte (ó laistigh den AE agus trí chóras leasaithe na gceadúnas fostaíochta). Is í an sprioc atá ann, faoi 2018, go mbeidh 74% den soláthar ag teacht ó chóras oideachais na hÉireann.

Tá Grúpa Stiúrtha Ardleibhéil ar Scileanna TFC, faoi chomhchathaoirleacht oifigeach sinsearach ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, grúpa a raibh ionadaithe sinsearacha fiontair agus oideachais páirteach ann freisin, freagrach as monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh an Phlean Gníomhaíochta.

Tá iarrachtaí suntasacha ar bun chun foinse tallainne TFC na hÉireann a fheabhsú. Ó 2008 anonn, tá méadú 50% tugtha faoi deara san aschur bliantúil céimithe ar chláir TFC ón gcóras ardoideachais. Tá gníomhaíochtaí ar bun chun soláthar príomhshrutha a mhéadú, trí áiteanna breise dreasachtaithe a sholáthar. Méadófar an líon céimithe TFC ardoideachais 60% idir 2015 agus 2018, i gcomhréir leis na hacmhainní a bheidh ar fáil. Is é atá mar aidhm againn 1,250 áit bhreise a dhreasachtú ar chláir TFC Leibhéal 8 gach bliain, d'fhonn an sprioc uaillmhianach de

74% d'éileamh a chomhlíonadh trí sholáthar intíre faoi 2018. Is ionann é seo agus bealach eile cur lenár sprioc chun aschur príomhshrutha TFC a dhúbailt idir 2012-2018. In 2014/15, cuireadh thart ar 660 áit bhreise ar fáil. Chomh maith leis sin, díreoimid ar 13,800 céimí bliantúil eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice faoi 2018 (méadú 10,200 i gcomparáid le 2011).

Is cuid lárnach d'fhreagairt oideachais agus oiliúna an chórais do riachtanais scileanna TFC í uasoiliúint spriocdhírithe, agus soláthraítear breis is 7,000 áit TFC ar chláir athoiliúna trí Springboard agus cúrsaí athghairme Scileanna TFC. Is cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha iad seo a forbraíodh i gcomhpháirt leis an tionscadal agus a bhfuil tréimhse socrúcháin oibre san áireamh iontu. Ainneoin rátaí arda fostaíochta a bheith luaite le céimithe na gclár seo (67% de chéimithe i mbun fostaíochta laistigh de 6 mhí), éiríonn líon réasúnta ard daoine as na cúrsaí seo freisin. Tá an tÚdarás um Ard-Oideachas i mbun scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le coinneáil ar chúrsaí TFC, agus tá tionscadal taighde sa réimse seo á mhaoiniú ag an bhFóram Náisiúnta um Fheabhas an Teagaisc agus na Foghlama in ardoideachas.

Príomhchuspóir is ea cur le feasacht mac léinn ionchasach ar ghairmeacha TFC. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le rannpháirtíocht ETIM i scoileanna a mhéadú – tá méadú 74% tugtha faoi deara sa líon mac léinn atá ag tabhairt faoin scrúdú ardleibhéil matamaitice don Ardteistiméireacht ó 2011 anonn.

Tá feachtas dírithe ar láithreán gréasáin nua – www.ictworks.ie – á chómhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Údarás um Ard-Oideachas - a tharraingeoidh aird mac léinn agus a dteaghlach ar dheiseanna fostaíochta agus ar chláir TFC roimh spriocdháta 2015 an CAO. Chomh maith leis sin, tacóidh ÚAO le húsáid áiseanna tríú leibhéal lasmuigh d'am téarma chun tuilleadh feasachta agus spéise sa teicneolaíocht, eolaíocht agus innealtóireacht a chothú i measc daoine óga.

Tá cláir eile bunaithe, Smart Futures, mar shampla, ach d'fhéadfadh príomhról a bheith ag an tionscal freisin, lena n-áirítear trí fhorbairt agus rannpháirtíocht i gclár uchtaigh-scoile mar atá molta sa Phlean Gníomhaíochta Scileanna TFC agus trí aird a tharraingt ar rólchuspaí baineanna sa tionscal d'fhonn dlús a chur faoi rannpháirtíocht na mban i gcúrsaí TFC agus fostaíocht san earnáil. De réir an Phlean Gníomhaíochta, geallann an Rialtas éileamh fostóirí ar cheadúnais fostaíochta san earnáil TFC a chomhlíonadh, agus táthar ag súil go mbeidh 2,000 ceadúnas ann faoi 2015. Leanfaimid orainn le foinse tallainne láidir TFC a chothú agus cuirfimid Éire chun cinn mar ionad a bhfuil Scileanna ardleibhéil TFC le fáil ann. Chomh maith leis sin, beidh rannpháirtíocht réamhghníomhach againn leis an diaspóra mar chuid dár mBeartas Diaspóra chun aird a tharraingt ar dheiseanna fostaíochta atá le fáil anseo, san earnáil TFC san áireamh. Tá anailís déanta againn ar Phleananna Gníomhaíochta a cuireadh i dtoll a chéile roimhe seo d'fhonn a chinntiú go sroicheann gach duine a phoitéinseal iomlán agus go bhfaigheann gach duine deis cur ar an mbealach is fearr is féidir leis, leis an tsochaí agus le téarnamh agus fás na hÉireann.

Ainneoin gur léir farasbarr soláthair a bheith i margadh an tsaothair, agus go bhfuil rátaí dífhostaíochta fós an-ard, is léir ó na táscairí i margadh an tsaothair feabhas a bheith ag teacht ar chúrsaí agus méadú go leanúnach a bheith ag teacht ar éileamh fostóirí, le breis is 100,000 post fógartha ar láithreán gréasáin an Rialtais JobsIreland.ie in 2014 agus tá sé tugtha le fios freisin ag an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí ganntanas a bheith le sonrú i roinnt sainréimsí scileanna.

Seo a leanas na cuspóirí atá le cur i gcrích in 2015:

- Na scileanna a theastaíonn le tacú leis an nGeilleagar Nua is mian linn a chruthú a bheidh bunaithe ar Nuálaíocht agus Teicneolaíocht Fiontar a sheachadadh;
- Infhaighteacht foghlaimeoirí a threisiú agus rannpháirtíocht idir an córas oideachais agus oiliúna agus fostóirí a fheabhsú d'fhonn scileanna ar ardchaighdeán a sheachadadh;
- Foinsí tallainne den chéad scoth a mhealladh agus a choimeád, lena n-áirítear trí bhainistíocht éifeachtach córas agus tionscnamh ceadúnas oibre chun daoine ardoilte as ar fud an domhain a mhealladh;
- A chinntiú go bhfuil tuarastal maith luaite le poist;
- A chinntiú go bhfuil áit mhealltach le maireachtáil agus le hoibriú inti á cruthú;
- Printíseachtaí nua a fhorbairt mar fhreagairt ar mholtaí ó phríomhearnálacha an gheilleagair. Meastar go bhfuil riachtanas fadtéarmach ar an meán de idir 3,500 agus 4,000 clárú bliantúil ag an ngeilleagar sna ceirdeanna reatha printíseachta, ceirdeanna tógála agus neamhthógála san áireamh. Tá geallta ag an Rialtas cur leis na réimsí a bhfuil printíseachtaí luaite leo agus is ar an aidhm seo a bheidh obair na Comhairle Printíseachta dírithe sna blianta amach romhainn;
- Straitéis um Theangacha Iasachta san Oideachas a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú;
- Próifíl réigiúnach faoi mhargadh an tsaothair a fhoilsiú agus é mar aidhm na scileanna atá ar fáil a nascadh ar bhealach níos éifeachtaí le riachtanais fostóirí; agus
- An Plean Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna a fhoilsiú.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Athrú Céime i rannpháirtíocht fostóra chun cur leis na scileanna a bheidh ar fáil don Gheilleagar Nua. | |
|---|---|
| 1 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Náisiúnta Scileanna agus Straitéis nua a fhoilsiú in 2015.<br>**(ROS)** |
| 2 | Timthriall 2 de phróiseas an Phlé Straitéisigh do 2015 a fhorfheidhmiú faoi chreat feidhmíochta ardoideachais 2014-2016, lena n-áirítear monatóireacht ar mhéadracht feidhmíochta do scileanna, scileanna aitheanta ag SRST san áireamh agus athrú céime a bhaint amach i rannpháirtíocht fiontair in institiúidí ardoideachais.<br>**(ÚAO)** |
| 3 | Trí chomhoibriú treisithe idir an Rialtas, an córas oideachais agus an tionscal mar chuid den chuspóir a bhaineann lena chinntiú go mbeidh Éire i measc na n-áiteanna is meallta ar domhan chomh fada is a bhaineann le scileanna agus infhaighteacht TFC, na príomhghníomhaíochtaí ó Phlean Gníomhaíochta Scileanna TFC 2014-2018 a fhorfheidhmiú.<br>**(ÚAO, IAOanna, Fostóirí)** |
| 4 | 1,250 áit bhreise ar chláir TFC Leibhéal 8 a dhreasú in 2015.<br>**(ROS, ÚAO, IAOanna)** |
| 5 | Clár a dhearadh agus a fhorfheidhmiú bunaithe ar thairseach gréasáin amháin, trí thionscail |

| | |
|---|---|
| | agus gníomhaireachtaí a bheith ag obair i dteannta a chéile, chun tallann theicniúil idirnáisiúnta a mhealladh.<br><br>**(RPFN, FÉ/GFT)** |
| **6** | Cur leis an gcomhoibriú agus leis an rannpháirtíocht idir soláthraithe fiontar agus ardoideachais chun cláir Athghairme TFC Leibhéal 8 atá san áireamh i gclár Springboard 2015 a rolladh amach.<br><br>**(IAOanna, ÚAO, Fostóirí)** |
| **7** | Ionchur an tionscail in ábhar clár, soláthar socrúcháin oibre agus cur chun cinn chláir TFC mar chuid d'fhorfheidhmiú Chláir Athghairme TFC Skillnets a fheabhsú.<br><br>**(Skillnets)** |
| **8** | Dlús a chur faoi chomhoibriú idir an rialtas, an tionscal agus an earnáil oideachais trí Smart Futures agus é mar aidhm aird a tharraingt ar dheiseanna gairme ETIM do mhic léinn iar-bhunscoile, ar aon dul le straitéis chomhaontaithe 2014-16.<br><br>**(FEÉ)** |
| **9** | Tacú le hinstitiúidí Campaí Samhraidh Ríomhaireachta a sholáthar d'fhonn mic léinn dara leibhéal a spreagadh chun smaoineamh ar ghairmeacha beatha a aimsiú dóibh féin san earnáil TFC. Tá institiúidí ardoideachais ag leanúint ag tacú le Coder Dojo trí spás, tacaíochtaí riaracháin agus meantóireacht a sholáthar. San áireamh sna critéir ratha atá luaite leis an ngníomhaíocht seo tá tacú le líon sonrach campaí samhraidh bliantúla ag raon institiúidí ardoideachais agus cúrsaí a bhaineann le TFC a thairiscint.<br><br>**(ÚAO)** |
| **10** | An líon dámhachtainí faoi Chlár Fostaíocht-Bhunaithe CTÉ a chothú chun deiseanna a sholáthar do mhic léinn MSc agus PhD tabhairt faoi eispéireas 'comhoideachais' bunaithe ar thaighde agus forbairt scileanna le linn dóibh a bheith fostaithe agus lonnaithe i gcuideachta nó in eagraíocht phoiblí.<br><br>**(CTÉ)** |
| **11** | Leanúint leis an gcéim phíolótach den Chlár Iarchéime um Chleachtas Gairmiúil a fhorfheidhmiú d'fhonn deiseanna a thabhairt do chéimithe scileanna trasdisciplíneacha a fhorbairt in earnálacha ETIM-bhunaithe agus dlús a chur faoi rannpháirtíocht fostóirí chun a chinntiú go bhfaigheann céimithe fostaíocht.<br><br>**(ÚAO, IAOanna, Fostóirí)** |
| **12** | Cur leis an bhfoinse taighdeoirí atá réidh le poist a líonadh sa tionscal in Éirinn.<br><br>**(FEÉ)** |
| **13** | Glao ar thógraí 2015 do chúrsaí Springboard a rolladh amach, agus béim ar leith á leagan ar réimsí tosaíochta aitheanta ag SRST lena n-áirítear TFC; na hearnálacha teicneolaíochta míochaine agus biteicneolaíochta; scileanna a chuirfidh ar chumas fiontar trádáil a dhéanamh go hidirnáisiúnta; seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta (SAI); fiontraíocht agus gnólacht nuathionscanta.<br><br>**(IAOanna, ÚAO, Fostóirí)** |

| | |
|---|---|
| **14** | Plean Seirbhíse comhtháite Breisoideachais agus Oiliúna (OOB) 2015 a fhoilsiú, plean ina n-áirítear soláthar chun freastal ar na riachtanais scileanna OOB aitheanta i dtuarascálacha agus i staidéir earnála.<br>**(SOLAS)** |
| **15** | Soláthar a spriocdhíriú chun riachtanais fostóirí réigiúnacha a chomhlíonadh, aitheanta trí phróifíl réigiúnach mhargadh an tsaothair agus trí rannpháirtíocht áitiúil agus réigiúnach fostóirí.<br>**(SOLAS,BOOanna, IAOanna)** |
| **16** | Printíseachtaí nua a fhorbairt mar fhreagairt ar mholtaí ó phríomhearnálacha an gheilleagair.<br>**(ROS, SOLAS, ÚAO, Comhairle Printíseachta, Comhlachtaí Fostóirí agus Oideachais)** |
| **17** | An soláthar áiteanna faoin dara atriall de Momentum a fhorfheidhmiú.<br>**(ROS)** |
| **18** | Machnamh a dhéanamh maidir le 3ú atriall de Momentum a sholáthar le hionchur láidir fostóirí a sholáthróidh áiteanna breise oideachais agus oiliúna do dhaoine dífhostaithe.<br>**(ROS, SOLAS)** |
| **19** | An branda *Skills to Work* a chur chun cinn agus tacú le forbairt an bhranda sin chun an tuiscint atá ag daoine ar na roghanna athoiliúna atá ann do chuardaitheoirí poist a fheabhsú.<br>**(ROS,RCS, R/Taoisigh, SOLAS, ÚAO, Skillnets)** |
| **20** | Tús a chur le forbairt agus le forfheidhmiú na Straitéise um Theangacha Iasachta san Oideachas.<br>**(ROS)** |
| **21** | An suirbhé náisiúnta fostóirí de thorthaí ardoideachais agus breisoideachais a fhoilsiú.<br>**(ROS, ÚAO, SOLAS, DCCÉ)** |
| **22** | Dlús a chur faoi athrú curaclaim i gcomhthéacs chéimniú isteach athchóiriú na Sraithe Sóisearaí agus beidh an tSonraíocht nua do Bhéarla á forfheidhmiú ó Mheán Fómhair 2014 ar aghaidh.<br>**(ROS)** |
| **23** | An cur chuige nua bainistíochta cuntas a rolladh amach d'fhostóirí faoi Bhealaí chun na hOibre:<br>▪ Acmhainn ghairmiúil bainistíochta cuntas agus díolacháin a bhunú laistigh de Intreo a bheidh dírithe ar fhostóirí<br>▪ Bainisteoir cuntas ainmnithe a chur ar fáil d'fhostóirí a bhfuil líon mór daoine fostaithe acu agus an 'chairt fostóirí' a fhorfheidhmiú<br>**(RCS)** |
| **24** | Athbhreithniú a dhéanamh ar an tslí a bhféadfadh an clár Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe cur le hinniúlachtaí agus coimeád fostaíochta i gcuideachtaí lonnaithe in Éirinn a fhorbairt.<br>**(NSAI)** |
| | |

| | |
|---|---|
| **Tallann den chéad scoth a mhealladh go hÉirinn, lena n-áirítear ár nEisimircigh agus Diaspóra** | |
| **25** | Leanúint le forfheidhmiú Scéim Víosa na Breataine-na hÉireann chun deis taistil chuig agus mórthimpeall an chomhlimistéir taistil idir Éire agus an Ríocht Aontaithe, chun críche turasóireachta agus gnó, ar víosa singil a cheadú.<br>**(R/Dlí, SEIÉ)** |
| **26** | Leanúint lena chinntiú go n-éiríonn le fostóirí Ceadúnais Fostaíochta a fháil do na scileanna ríthábhachtacha a theastaíonn uathu, scileanna TFC san áireamh.<br>**(RPFN)** |
| **27** | Scéim Chlárúcháin na gComhpháirtithe Iontaofa do Cheadúnais Fostaíochta a thionscnamh, scéim a mbeidh cead ag gach fostóir incháilithe iarratas a dhéanamh uirthi.<br>**(RPFN)** |
| **28** | Clár Taighde Ollúnachta 2015 a fhorfheidhmiú chun acmhainní taighde den chéad scoth i bpríomhréimsí deise a mhealladh go hÉirinn.<br>**(FEÉ)** |
| **A chinntiú go bhfuil tuarastal maith luaite le poist** | |
| **29** | Dlús a chur faoin bPlean Athchóirithe Cánach a fógraíodh i mBuiséad 2015 faoi réir dóthain spáis fhioscaigh a bheith ar fáil don Rialtas.<br>**(R/Airgeadais)** |
| **30** | An Coimisiún um Pá Íseal (LPC) a bhunú le tabhairt faoi anailís agus moladh a dhéanamh maidir le leibhéal cuí an íosphá náisiúnta.<br>**(RPFN, An Coimisiún um Pá Íseal)** |
| **31** | Staidéar a dhéanamh ar leitheadúlacht conarthaí náid uaireanta (CNU) agus conarthaí íseal-uaireanta (conarthaí 8 n-uair an chloig nó níos lú sa tseachtain (CÍU)) i measc fostóirí Éireannacha agus a dtionchar ar fhostaithe, agus moltaí beartas a chur faoi bhráid an Rialtais.<br>**(RPFN)** |
| **32** | Leanúint leis an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) a rolladh amach.<br>**(RCPRÁ)** |
| **Áit mhealltach le maireachtáil agus le hoibriú inti a sholáthar** | |
| **33** | Infheistiú in infreastruchtúr oideachais, sláinte, cirt, áineasa agus infreastruchtúr sóisialta eile, mar chuid den Chlár Caipitil Phoiblí ar fiú €3.619 billiún é in 2015 agus é mar aidhm a chinntiú gur áit bhreá í Éire le bheith ag maireachtáil agus ag obair inti (mar atá sonraithe i Roinn 8.4 thíos).<br>**(ROS, R/Sláinte, R/Dlí, RITS, REOG)** |

## 2.2 - Acmhainneacht Réigiúnach a Sheachadadh

**Fógrófar ciste suntasach réigiúnach ar fiú suas le €25 milliún i maoiniú iomaíoch é chun tacú le tionscnaimh réigiúnacha.**

Is é atá mar aidhm leis an bPlean Gníomhaíochta do Phoist tacú le fás fiontar agus cruthú post i ngach réigiún sa tír. Ní mór dlús a chur faoin dul chun cinn atá á dhéanamh sna réigiúin – agus go háirithe sna réigiúin sin a bhfuil na leibhéil is airde dífhostaíochta iontu - trí thacaíochtaí spriocdhírithe d'fhiontar agus do chruthú post. Baineann tábhacht le réigiúin bhríomhara agus iomaíocha, ní hamháin ó pheirspictíocht gheilleagrach, ach ó thaobh dhearcadh na sochaí chomh maith céanna. Tacaíonn fás ar bhonn geilleagrach na réigiún le comhtháthú sóisialta mar aon le deiseanna a sholáthar do dhaoine óga go háirithe chun deis a thabhairt dóibh leanúint ag maireachtáil agus ag cónaí ina bpobail áitiúla. Tá an poitéinseal ag rannpháirtíocht dhíreach leis an diaspóra ar leibhéal áitiúil deiseanna infheistíochta agus fostaíochta a chruthú sa phobal áitiúil. Beidh ról lárnach aige seo i bhforbairt Bheartas Diaspóra na hÉireann.

Is é atá mar aidhm leis an Athchóiriú Suaiteach seo an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as poitéinseal cruthaithe post gach réigiún. Soláthróidh sé maoiniú nua chun tacú le fiontar sna réigiúin agus déanfaidh sé iarracht cistí reatha a ghiaráil agus a oiriúint chun díriú ar thionscnaimh a chuireann ar chumas réigiún a bpoitéinseal iomlán fostaíochta a bhaint amach. Fógrófar ciste suntasach réigiúnach ar fiú suas le €25 milliún i maoiniú iomaíoch é chun tacú le tionscnaimh réigiúnacha trí Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus na OFÁanna go háirithe.

Faoi Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2014, d'fhorbair an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta creat chun straitéisí réigiúnacha fiontar a ullmhú. Is ionann an creat seo agus eiseamláir do ghníomhaíocht chomhordaithe i gcomhlachtaí poiblí agus i measc páirtithe leasmhara eile agus é mar aidhm an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as poitéinseal gach réigiún d'fhonn tacú le forbairt fiontar agus cruthú post, bunaithe ar láidreachtaí agus ar shócmhainní an réigiúin. Cuireadh an teimpléad i bhfeidhm i réigiún an Láir Tíre i dtreo dheireadh 2014, próiseas arb éard a bheidh mar thoradh air Straitéis Réigiúnach Fiontar don Lár Tíre a fhoilsiú agus a fhorfheidhmiú go luath in 2015. Cuirfear tús le straitéisí cosúla do na réigiúin eile i rith na bliana, ar bhonn céimnithe, agus áireofar iontu gníomhaíochtaí sonracha mar chuid d'obair Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, na OFÁanna, Údarás na Gaeltachta agus comhlachtaí poiblí eile gníomhach i ngach réigiún chun dlús a chur faoi fhás fiontar agus cruthú post. Sa chomhthéacs seo, déanfaidh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Fiontraíocht Éireann iniúchadh ar an mbealach is fearr chun feabhas a chur ar líonra na nIonad Fiontar Pobail agus é mar aidhm tacú le cruthú post ar bhonn réigiúnach.

Forbrófar branda agus féiniúlacht nua turasóireachta do Dheisceart, Oirthear agus Lár na Tíre in 2015 - bunaithe ar bhuntáiste comparáideach an cheantair in oidhreacht thógtha agus chultúrtha - agus leanfar ag cur le cruthú post sna réigiún seo freisin.

D'fhonn tacú le forbairt gheilleagrach agus pobail, faoi Acht Rialtais Áitiúil 2014, forbróidh gach Údarás Áitiúil Pleananna Áitiúla Geilleagracha agus Pobail faoi dheireadh 2015. Tacóidh na Straitéisí Réigiúnacha Fiontar le breis béime a chur ar fhorbairt gheilleagrach ag leibhéal an Údaráis Áitiúil faoi na Pleananna seo, mar aon le cur leis na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Geilleagracha atá le forbairt ag na Comhthionóil Réigiúnacha.

Deis a bheidh sa mhéadú ar an mbéim tacú leis na réigiúin béim athnuaite a leagan freisin ar fhorbairt áitiúil agus tuaithe agus é mar aidhm cur chuige reatha Údarás na Gaeltachta maidir le forbairt réigiúnach agus tuaithe a fheabhsú. Leanfaidh Údarás na Gaeltachta le clár atá

dírithe ar infheistíocht sna ceantair Ghaeltachta a mhéadú. Foilsíodh Tuarascáil an Choimisiún um Fhorbairt Gheilleagrach Ceantar Tuaithe (CEDRA) in 2014. Leanfar le hathbhreithniú a dhéanamh agus le dlús a chur faoi mholtaí na tuarascála trí Choiste ardleibhéil Idir-Rannach, trí Chriosanna Forbartha don Fhorbairt Gheilleagrach a bhunú ar bhonn píolótach freisin. Chomh maith leis sin, cuirfear tús le Clár Forbartha Tuaithe nua 2014-2020 a fhorfheidhmiú in 2015, i ndiaidh an Chláir a chomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach.

Tá aird tarraingthe ag rannpháirtíocht dhíreach le páirtithe leasmhara tionscail agus fiontraíochta ar shuntas soláthar leathanbhanda d'fhás geilleagrach, nuálaíocht agus fiontraíocht in ionaid réigiúnacha. I mí na Samhna 2014, d'fhoilsigh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha léarscáileanna ar líne ar a sonraítear na háiteanna a mbeidh rochtain leathanbhanda ardluais á seachadadh ag soláthraithe tráchtála chucu faoi dheireadh 2016. Infheisteoidh an Stát sna ceantair a bheidh fágtha gan leathanbhanda d'fhonn a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach teach, scoil agus baile in Éirinn ar leathanbhanda ardluais. Meastar go dteastóidh idirghabháil dhíreach Stáit ó thart ar 600,000 teach agus 100,000 gnó chun rochtain ar leathanbhanda ardluais a sholáthar dóibh. In 2015, eiseofar tairiscint chun leathanbhanda ardluais a sheachadadh chuig gach ceantar in Éirinn nach féidir le hoibreoirí tráchtála freastal orthu, i ndiaidh próiseas comhairliúcháin phoiblí faoin tasc léarscáilithe agus iarratas ar fhaomhadh Státchabhair AE a sholáthar.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Tacú le Fiontar ar Leibhéal Réigiúnach | |
|---|---|
| **34** | Sraith Straitéisí Réigiúnacha Fiontar a fhorbairt agus a fhoilsiú, bunaithe ar chomhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara ar leibhéal réigiúnach agus ar anailís ar láidreachtaí gach réigiún, ag tosú le foilsiú straitéisí do réigiún Lár na Tíre agus do réigiún an Oirdheiscirt.<br>Áireofar sna straitéisí sraith gníomhaíochtaí agus spriocanna sonracha atá le seachadadh ag raon comhlachtaí poiblí chun tacú le fás fiontar agus le cruthú post sna réigiúin, straitéisí a bheidh ag cur leis na Pleananna reachtúla atá le forbairt mar chuid d'athchóiriú an Rialtais Áitiúil.<br>**(RPFN, FÉ, GFT, Ranna agus comhlachtaí poiblí ábhartha eile)** |
| **35** | Suas le €25 milliún a imfhálú le haghaidh cistí réigiúnacha iomaíocha d'fhonn tacú leis na straitéisí Réigiúnacha Fiontar.<br>**(RPFN, FÉ, GFT, OFÁanna)** |
| **36** | Cur leis an rath atá bainte amach go dtí seo leis na Cistí Féidearthachta Iomaíocha agus 4 chiste spriocdhírithe a sheoladh i rith na bliana san Iarthar, sa Lár Tíre, san Oirthear Láir, agus ciste earnála amháin.<br>**(FÉ)** |
| **37** | Branda turasóireachta agus féiniúlacht turasóireachta a fhorbairt do Dheisceart, Oirthear agus Lár na Tíre in Éirinn, a chabhróidh chun an bonn sócmhainní a fhorbairt agus aird an domhain mhóir a tharraingt ar an réigiún bunaithe ar a bhuntáiste comparáideach in oidhreacht thógtha agus chultúrtha.<br>**(Fáilte Ireland)** |
| **38** | Pleananna Áitiúla Forbartha Fiontar a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú do gach ceann den 31 |

| | |
|---|---|
| | Oifig Fiontair Áitiúil, agus spriocanna a shonrú chun tacú le fiontraíocht, fás fiontar agus cruthú post.<br><br>**(OFÁanna, FÉ, ÚÁanna)** |
| **39** | Íosmhéid de 500 post nua a fhorbairt agus leanúint ag tacú le poist atá cruthaithe cheana féin i gcliantchuideachtaí sa Ghaeltacht, lena n-áirítear trí thacaíochtaí d'aonaid iar-thaighde/réamhthráchtálaithe sna hEolaíochtaí Beatha, Seirbhísí Tacaíochta Bia agus Gnó agus earnálacha na bhFiontar Cruthaitheach, agus tacú go leanúnach le tionscnaimh forbartha pobail.<br><br>**(ÚnaG)** |
| **40** | Beidh Pleananna Forbartha Fiontar Bliantúla do gach ceantar Gaeltachta á n-ullmhú agus á bhforfheidhmiú, agus sonrófar spriocanna chun tacú le fiontraíocht, fás fiontar agus cruthú post.<br><br>**(ÚnaG)** |
| **41** | Trí Chomhthionól Réigiúnacha nua a bhunú.<br><br>**(RCPRÁ)** |
| **42** | Tús le cur ag Comhthionóil Réigiúnacha le Straitéisí Geilleagracha Spásúla réigiúnacha a ullmhú.<br><br>**(RCPRÁ)** |
| **43** | Cuirfidh Údarás na Gaeltachta bearta i bhfeidhm chun tacú le forbairt gnó luathchéime agus leagfar béim ar leith ar bhuntáiste comparáideach réigiúnach in earnálacha sonracha, lena n-áirítear turasóireacht chultúrtha, teicneolaíocht closamhairc agus dhigiteach, acmhainní muirí, déantúsaíocht nideoige, bia & deochanna agus seirbhísí cruthaitheacha teangabhunaithe.<br><br>**(ÚnaG)** |
| **44** | I ndiaidh an dul chun cinn a rinneadh i mBaile Átha Luain, Port Láirge agus Leitir Ceanainn in 2014, leanúint le clár a mbeidh sé mar aidhm leis ionaid shonracha a aithint nach bhfuil réitigh mhaoine á soláthar ag an earnáil phríobháideach iontu faoi láthair, d'fhonn cabhrú le tacú le Infheistíocht Dhíreach Choigríoch a mhealladh/a lonnú sna hionaid seo.<br><br>**(GFT)** |
| **45** | Leanúint leis an iarracht chun Infheistíocht Dhíreach Choigríoch a mhealladh chuig ceantair lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus de Chorcaigh.<br><br>**(GFT)** |
| **46** | Cur leis an straitéis rathúil a raibh sé mar aidhm léi réitigh mhaoine a sholáthar in ionaid réigiúnacha, trí leanúint le clár tógála agus athchóirithe a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le hInfheistíocht Dhíreach Choigríoch & Dhúchasach in ionaid réigiúnacha/tuaithe a mhealladh/a fhorbairt sa Ghaeltacht.<br><br>**(ÚnaG)** |
| **47** | Go mbeadh soláthar á spriocdhíriú ag BOOanna agus institiúidí ardoideachais chun riachtanais fostóirí áitiúla agus réigiúnacha a chomhlíonadh, riachtanais aitheanta trí phróifíl réigiúnach mhargadh an tsaothair agus trí rannpháirtíocht áitiúil agus réigiúnach fostóirí. |

| | |
|---|---|
| | **(SOLAS,BOOanna, IAOanna)** |
| **Tacaíocht d'Fhorbairt Áitiúil agus Tuaithe** | |
| **48** | Cuirfidh gach Údarás Áitiúil Plean comhtháite i dtoll a chéile, chun dlús a chur faoi fhorbairt gheilleagrach agus forbairt áitiúil agus pobail ina cheantar féin. **(RCPRÁ, Údaráis Áitiúla, Coiste FPÁanna)** |
| **49** | Clár Forbartha Tuaithe nua 2014-2020 a fhorfheidhmiú i ndiaidh an Chláir a chomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach. **(RTBM)** |
| **50** | Leanúint le moltaí thuarascáil CEDRA a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm agus é mar aidhm dlús a chur faoi fhorbairt tuaithe, lena n-áirítear trí Chriosanna Forbartha don Fhorbairt Gheilleagrach a bhunú ar bhonn píolótach. **(RCPRÁ)** |
| **51** | Leanúint leis an gClár Forbartha Pobail Áitiúil (Clár FPÁ) a fhorfheidhmiú ar bhonn idirthréimhseach ag feitheamh ar rolladh amach an chláir atá le teacht ina ionad, an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), clár a leagfaidh béim ar leith ar ghníomhachtú an phobail, cuimsiú sóisialta agus forbairt pobail, agus san am céanna díriú ar agus tús áite a thabhairt dóibh siúd lena mbaineann an deacracht is mó maidir le dul i bhfeidhm orthu. **(RCPRÁ, FPÁanna, Pobal)** |
| **Leathanbhanda Ardluais a Sheachadadh** | |
| **52** | An tairiscint maidir le seachadadh leathanbhanda ardluais chuig na ceantair ar fad in Éirinn nach bhfuil oibreoirí tráchtála in ann freastal orthu a eisiúint. **(RCFAN)** |

## 2.3 Mol Nuálaíochta Fuinnimh na hEorpa

**Beidh Éire aitheanta mar Mhol Nuálaíochta Fuinnimh na hEorpa faoi 2020 trí ghníomhaíocht spriocdhírithe agus chomhordaithe curtha i gcrích ag comhpháirtíocht nua taighde agus tionscail.**

Is ionann fuinneamh agus réimse a bhfuil deiseanna suntasacha don fhás geilleagrach agus do chruthú post in Éirinn luaite leis. Tá acmhainní suntasacha d'fhuinneamh glan in Éirinn, mar aon le hearnáil láidir TFC, cultúr nuálach agus fiontraíoch, agus bonn fiontar. Is buntáiste é scála na tíre freisin a chiallaíonn gur féidir teicneolaíochtaí nua a rolladh amach, san eangach leictreachais mar shampla, ag scála atá beag go leor chun dul chun cinn a dhéanamh go luath ach atá, san am céanna, mór go leor chun léargas a thabhairt ar réitigh nua a mbeidh spéis ag an domhan mór iontu.

Cuirfidh forbairt na hÉireann mar Mhol Nuálaíochta Fuinnimh na hEorpa leis na láidreachtaí reatha agus le hathrú ar na margaí idirnáisiúnta fuinnimh, agus é mar aidhm bainistíocht nua eangach chliste agus fuinnimh, réitigh stórála agus rialaithe a fhorbairt sa slabhra breisluacha do mhargaí idirnáisiúnta agus iarracht a dhéanamh an méid tairbhe is féidir a bhaint as deiseanna déantúsaíochta gaolmhara. Is ionad mealltach idirnáisiúnta í Éire do ghníomhaíocht teicneolaíochta ardoilte agus tá níos mó imreoirí ann anois a d'fhéadfadh cur ar chumas na hÉireann ról ceannródaíoch a ghlacadh chuici féin maidir le forbairt seirbhísí nua fuinnimh.

Tá sé mar aidhm leis an Athchóiriú Suaiteach seo fís, comhtháiteacht agus féiniúlacht a thabhairt d'fhiontar fuinnimh agus do phoitéinseal cruthaithe post na hÉireann. Beidh cur chuige agus tiomantas beartas uile-Rialtais á sheachadadh ag an Athchóiriú Suaiteach ar mhaithe le tairbhe a bhaint as na deiseanna geilleagracha a eascraíonn as an bhforbairt chuig sochaí ísealcharbóin idir an mheántréimhse agus an fhadtréimhse. Tá sé beartaithe go mbeadh rochtain shoiléir ar sheirbhísí, ar an tírdhreach taighde agus ar réitigh rialála á sholáthar do nuálaithe.

Chomh maith leis sin, cruthófar brandáil d'earnáil fiontar fuinnimh na hÉireann chomh fada is a bhaineann le táirgí, seirbhísí agus réitigh a onnmhairiú agus IDC a mhealladh. Tarraingeoidh sé aird ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag Éire chomh fada is a bhaineann le teicneolaíochtaí nua a imlonnú, ar cuid thábhachtach den bhrandáil é, agus cruthóidh sé margaí luatha d'earnálacha éiritheacha.

Trí bheith ag obair le RPFN, FÉ agus GFT Éireann, tá na réimsí fáis a bhfuil an poitéinseal is mó d'Éirinn luaite leo aitheanta ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, réimsí a mheallfaidh fiontair shuntasacha phríobháideacha agus infheistíocht chuig Éire i dtéarmaí deiseanna a bheidh fréamhaithe sa slabhra soláthair fuinneamh inmharthana.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc na réimsí a bhfuil ag éirí go maith leo faoi láthair:

- Ardéifeachtacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus sa tionscal, fréamhaithe i gcaighdeáin ISO, le go leor Clanna lonnaithe in Éirinn aitheanta mar cheannródaithe, agus gréasán sláintiúil comhairleach agus saineolaithe. Tá de bhuntáiste ag Éire gur féidir léi dul chun cinn a dhéanamh go luath, ó tharla baint a bheith aici le caighdeáin idirnáisiúnta a fhorbairt;

- Tá buntáiste nádúrtha ag Éire in earnálacha nua a bhaineann le fuinneamh a chuireann ar ár gcumas teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus a fheabhsú beagnach 10 mbliana chun cinn ar thíortha eile. Tá raon scileanna innealtóireachta, TFC agus seirbhísí, saineolas agus táirgí forbartha in Éirinn ar léir níos mó tóir a bheith orthu ar leibhéal idirnáisiúnta de réir a chéile;
- Is in Éirinn atá ceann de phríomhchuideachtaí teicneolaíochta na cruinne lonnaithe, agus tá tugtha le fios ag go leor cuideachtaí go mbaineann suntas ar leith le teicneolaíochtaí nua a fhorbairt chun freastal ar an earnáil fuinnimh mar ghné dá straitéisí fáis atá anois ag díriú ar réimsí a bhaineann le fuinneamh. Agus iarracht ar bun ag na cuideachtaí seo a dtáirgí sa réimse seo a fhorbairt, is baile nádúrtha í Éire dá ngníomhaíochtaí taighde, nuálaíochta agus taispeántais;
- Is ann d'earnáil intíre bhríomhar fiontar freisin a bhfuil táirgí nua den chéad scoth á forbairt aici, teicneolaíochtaí rialaithe cliste fuinnimh agus monatóireachta mar shampla;
- Forbairtí suntasacha a bhaineann le fuinneamh cosúil leis an líon suntasach ionad sonraí ar príomhúsáideoirí fuinnimh iad a bhfuil dintiúir ghlasa acu agus an rath a bhí orainn in Olltiomsú Sonraí agus anailísíocht sonraí;
- Comhtháthú eangaí foinsí in-athnuaite, le comhchodanna gaolmhara den 'eangach chliste'. Tá aird an domhain ar Éirinn anois ó tharla ceann de na leibhéil is airde ar domhan d'fhoinsí in-athnuaite a bheith comhtháite aici i gcóras aonair agus foinsí in-athnuaite a bheith comhtháthaithe inár gcóras cumhachta ag ráta níos tapa ná aon chóras cumhachta mórscála eile ar domhan. Beidh éileamh ag daoine eile amach anseo ar an saineolas agus ar na teicneolaíochtaí atá in úsáid againn inniu;
- Dlús suntasach a chur faoi thionscnaimh dírithe ar an bpobal áitiúil, cosúil le Dún Dealgan 2020, agus líonra Phobail Fuinneamh Inmharthana atá á dtreorú ag údaráis áitiúla nó ag tionscnóirí áitiúla eile. Is iondúil go mbíonn a leithéid de thionscnaimh dírithe ar chaipiteal daonna agus ar mhúnlaí áitiúla seachadta a fhorbairt agus ar ardteicneolaíocht a imlonnú;
- 'Moil' agus 'braislí' dírithe ar theicneolaíocht, Energy@Cork, Smart-Eco Hub (Dún Dealgan-An tIúr) mar shampla agus braislí suímh cosúil leis an gcampas nua Nuálaíochta in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Crios Glas an Atlantaigh Thuaidh atá cruthaithe ag BSL;
- Tá struchtúr atá simplí le riar agus éifeachtach d'oibreoirí líonraí leictreachais á thairiscint ag Éire, agus tá na líonraí tarchuir á mbainistiú ag Eirgrid agus tá na líonraí dáileacháin á mbainistiú ag ESB Networks. Tá Ervia anois freagrach as gás agus uisce. Tá na trí chuideachta tiomanta do chur chuige oscailte agus forásach i ndáil le nuálaíocht. Tá an-tóir ag gnóthaí idirnáisiúnta atá i mbun táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt ar an gcur chuige oscailte seo maidir le nuálaíocht agus is buntáiste suntasach é seo do chuideachtaí teicneolaíocht-bhunaithe níos lú in Éirinn; agus
- Tá tacaíocht luaite le cur leis an líon gníomhaíochtaí taighde, nuálaíochta agus taispeántacha sa chóras poiblí taighde agus fuinnimh sna réimsí tosaíochta éagsúla a bhfuil aird tarraingthe orthu sa Straitéis um Beartú Tosaíochtaí Taighde arb ionann í agus ár Straitéis Chliste Speisialtóireachta do Thaighde agus Nuálaíocht.

Forbraíodh an tAthchóiriú Suaiteach seo nuair a bhí forbairtí suntasacha ar bun nó nuair a bhí súil le forbairtí suntasacha sa réimse beartas seo ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí don Pháipéar Beartais Fuinnimh nua, a

seoladh i mBealtaine 2014, fuarthas breis is 1,200 freagairt mar shampla. Is ionann an líon sin freagairtí agus fianaise ar an méid spéise atá sa bhealach is fearr chun beartas fuinnimh a roghnú amach anseo. Dréachtófar an páipéar sa chéad leath de 2015 agus tá sé mar aidhm Páipéar Bán um Beartas Fuinnimh deiridh a fhoilsiú faoi Mheán Fómhair.

D'fhonn an phlé a threorú, tarraingíodh aird ar shé réimse beartais:

Tosaíocht 1: Saoránaigh Fuinnimh a Chumasú

Tosaíocht 2: Margaí agus Rialáil

Tosaíocht 3: Infreastruchtúr Riachtanach Fuinnimh a Phleanáil agus a Fhorfheidhmiú

Tosaíocht 4: Meascán Cothrom agus Slán Fuinnimh a Chinntiú

Tosaíocht 5: An Córas Fuinnimh a chur ar fhorbairt ar Bhealach Inmharthana

Tosaíocht 6: Deis Gheilleagrach a Threorú

Baineann suntas ar leith leis an tosaíocht deiridh thuasluaite, chomh fada is a bhaineann le hAthchóiriú Suaiteach an Mhoil Nuálaíochta Fuinnimh, ó tharla go bhfuil sé dírithe ar an mbealach is féidir le beartas fuinnimh cur le hinfheistíocht mhéadaithe, nuálaíocht, cruthú post agus forbairt gheilleagrach gan bac a chur ar na fachtóirí tábhachtacha a bhfuil tús áite tugtha ag an Rialtas dóibh i gcomhthéacs téarnamh geilleagrach agus sóisialta.

Lena chois sin, tá Grúpa Straitéise nua um Thaighde Fuinnimh RCFAN ag obair i gcomhréir le próiseas an Pháipéir Bháin um Beartas Fuinnimh agus é mar aidhm forfheidhmiú straitéise agus treochlár do thaighde fuinnimh in Éirinn a fhorbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na straitéise agus an treochláir. San áireamh san obair seo tá comhairliúchán forleathan le páirtithe leasmhara ón tionscal agus ón earnáil acadúil agus é mar aidhm straitéis taighde a fhorbairt d'Éirinn.

Chomh maith leis sin, tá Grúpa nua um Thograí Taighde Straitéiseacha Horizon 2020 bunaithe ag an Rialtas chun deiseanna suntasacha maoinithe AE do ghnóthaí agus do thaighdeoirí in Éirinn a aithint agus tacú le hiarratais a d'fhéadfadh buntáistí suntasacha a chruthú d'Éirinn i réimsí éagsúla, an earnáil fuinnimh ina measc. I measc chomhaltaí an Ghrúpa tá foireann thiomnaithe d'fheidhmeannaigh agus d'oifigigh shinsearacha ó Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais a bhfuil ról lárnach acu i maoiniú taighde a sholáthar. Tá an Grúpa dírithe go háirithe ar dheiseanna a aithint agus iarratais ar mhaoiniú AE do thionscadail mhórscála a mbaineann luach straitéiseach leo a ullmhú, rud a chuirfidh ar chumas na hÉireann an sprioc uaillmhianach náisiúnta de mhaoiniú AE ar fiú €1.25 billiún é a fháil a chomhlíonadh. In 2015, táthar ag súil go bhfoilseoidh an tAontas Eorpach Plean Straitéiseach um Theicneolaíocht Fuinnimh (SET), 2015-2017, plean atá dírithe ar tháirgeadh agus ar úsáid fuinnimh a athrú. D'fhéadfadh ról lárnach a bheith ag Éire i sprioc an AE - ceannaireacht dhomhanda i dtáirgeadh réiteach teicneolaíoch fuinnimh - a bhaint amach.

Cuirfidh an tAthchóiriú Suaiteach seo le dul chun cinn na hÉireann agus an AE maidir le geilleagar agus sochaí ísealcharbóin a chinntiú a bheidh bunaithe ar thaighde, pleanáil éifeachtach straitéiseach agus béim a leagan ar ghníomhaíocht thráthúil agus oiriúnach.

Áirítear i measc na dtáirgí agus na seirbhísí ar féidir le hÉirinn ceannaireacht dhomhanda a bhaint amach iontu:

- Teicneolaíochtaí a cheadaíonn comhtháthú fuinneamh in-athnuaite ar scála mór;
- Gairis agus teicneolaíochtaí Eangach Cliste a chiallaíonn go mbíonn níos mó smachta ag tomhaltóirí ar an méid fuinnimh atá á úsáid acu;

- Táirgí a thacaíonn le coinbhéirseacht leictreachais, teasa agus iompair ar bhealaí fíor-éifeachtacha; agus
- Saineolas airgeadais agus dlí chun bealaí nua chun gnó a dhéanamh i dtionscal athraithe a bhainistiú.

Cothóidh an tAthchóiriú Suaiteach seo comhoibriú, mar aon le tacú le forbairt réiteach níos mó agus níos láidre chun dlús a chur faoi nuálaíocht agus iomaíocht ar bhonn idirnáisiúnta a éascú mar aon le coinníollacha do chomhoibriú a chruthú trí léargas láidir polaitiúil agus sainordú do nuálaíocht a riar thar ceann na ngníomhaithe poiblí.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Mol Nuálaíochta Fuinnimh | |
|---|---|
| **53** | Coiste Idir-Rannach nua a bhunú chun dlús a chur faoi fhorbairt na hÉireann mar Mhol Nuálaíochta Fuinnimh na hEorpa, agus chun pointe fócais a sholáthar d'idirchaidreamh le páirtithe leasmhara.<br>**(RPFN, RCFAN, RCPRÁ, RTBM agus Gníomhaireachtaí ábhartha)** |
| **54** | Éire a chur chun cinn mar Mhol Nuálaíochta Fuinnimh na hÉireann, mol a bheidh bunaithe ar thaighde agus ar nuálaíocht den scoth, agus ar ghníomhaíochtaí taispeántais agus fiontar. Feachtas spriocdhírithe a fhorbairt d'fhonn cur leis an tuiscint atá ag an bpobal idirnáisiúnta ar na deiseanna atá ann chun táirgí fuinnimh ceannródaíocha a fhorbairt sna cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn nó atá díreach tagtha go hÉirinn.<br>**(SEAI, GFT, FÉ, FEÉ)** |
| **55** | Tairseach chomhtháite ilfhreastail de shócmhainní agus infreastruchtúr náisiúnta fuinnimh, fiontair agus tionscnóirí atá dírithe ar fhuinneamh agus gníomhaíochtaí taighde a chruthú.<br>**(SEAI)** |
| **56** | Dlús a chur faoi thionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo tairbhe a bhaint as na deiseanna ar fad atá luaite i dtuarascáil SEAI/FÉ/GFR ar Dheiseanna Slabhra Soláthair Fuinnimh d'Éirinn. GFT, FÉ, FEÉ agus SEAI ag obair le fiontair dhúchasacha agus idirnáisiúnta sa slabhra breisluacha fuinnimh chun a ngníomhaíochtaí in Éirinn a fhorbairt. Áireofar anseo ilnáisiúntaigh TFC atá lonnaithe in Éirinn cheana féin a bheith ag bunú gníomhaíochtaí nua nó breise fuinnimh, cuideachtaí ilnáisiúnta fuinnimh a mhealladh chun gníomhaíochtaí taighde, nuálaíochta agus taispeántais a lonnú in Éirinn, agus cuideachtaí dúchasacha, cuideachtaí TFC agus fuinnimh, a bheith ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí taispeántais agus a bheith i mbun táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt do mhargaí idirnáisiúnta.<br>**(SEAI, GFT, FÉ, FEÉ)** |
| **57** | Córas oscailte um Thaighde Nuálaíochta Fuinnimh a fhorbairt idir eagraíochtaí poiblí taighde agus fiontar, chun nasc a chruthú idir gníomhaíocht ábhartha taighde agus nuálaíochta atá ar bun sa chóras taighde phoiblí in Éirinn cheana féin.<br>Dlús a chur faoi na nithe seo a leanas go háirithe:<br>▪ Mórchomhpháirtíochtaí taighde IAO/Tionscail trí úsáid a bhaint mar shampla as cláir Chomhpháirtíochta agus Spokes FEÉ;<br>▪ Iarratais chomhoibritheacha idirnáisiúnta taighde trí Horizon 2020 agus scéimeanna na Stát Aontaithe/na hÉireann;<br>▪ Taighdeoirí fuinnimh aitheanta a earcú le teacht chun oibre in IAOanna Éireannacha trí thairbhe a bhaint, mar shampla, as scéim Ollúnachta Taighde FEÉ;<br>▪ Comhoibriú idir Ionaid Taighde ábhartha agus an Tionscal in Éirinn e.g. Fuinneamh, TFC, Geo-eolaíochtaí etc. trí thairbhe a bhaint as scéim Spokes FEÉ;<br>▪ Socrúcháin oibre a eagrú do thaighdeoirí IAOanna i dtionscail ábhartha fuinnimh trí thairbhe a bhaint as Comhaltacht Thionsclaíoch FEÉ mar shampla; agus<br>▪ Tairiscint shuntasach amháin, ar a laghad, a fhorbairt sa réimse Fuinnimh do Horizon 2020 e.g. i ndáil le hinfreastruchtúr / binse tástála / taispeántóir a bheadh in úsáid go |

| | |
|---|---|
| | náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.<br><br>**(FEÉ, IAOanna, FÉ, GFT, SEAI)** |
| **58** | Dlús a chur faoi thráchtálú taighde agus teicneolaíochtaí trí naisc níos fearr le fiontar agus fiontraithe.<br><br>**(FÉ, FEÉ, SEAI)** |
| **59** | 'Eangach Chliste Nuálaíochta' na hÉireann a chur chun cinn, agus bealach éifeachtach rochtana ar na seirbhísí atá oiriúnach dá riachtanais a sholáthar do chuideachtaí agus d'fhiontraithe. Éascóidh sé seo comhoibriú forleathan i measc an raon gníomhaireachtaí agus ranna ar dócha go mbeidh ról acu in earnáil faoi leith.<br><br>**(SEAI, FEÉ, GFT, FÉ)** |
| **60** | An Earnáil Phoiblí (scoileanna agus ospidéil san áireamh) a úsáid mar eiseamláirí de Bhainistíocht Chliste Fuinnimh, agus spriocanna a shonrú chun coigilteas a bhaint amach trí éifeachtúlacht fuinnimh, monatóireacht agus rialú. Lena chois sin, go ndéanfadh comhlachtaí poiblí athbhreithniú ar an tslí is fearr is féidir le treoirlínte agus le rialacháin beartas tacú le héifeachtúlacht fuinnimh agus a chinntiú gur féidir teicneolaíochtaí agus réitigh nua a chur in oiriúint do chomhthéacs na hÉireann gan mórán moille.<br><br>**(SEAI, RCFAN, RCPRÁ)** |
| **61** | Lena chois sin, go ndéanfadh comhlachtaí poiblí athbhreithniú ar an tslí is fearr is féidir le treoirlínte agus le rialacháin beartas tacú le héifeachtúlacht fuinnimh agus a chinntiú gur féidir teicneolaíochtaí agus réitigh nua a chur in oiriúint do chomhthéacs na hÉireann gan mórán moille.<br><br>**(SEAI, RCFAN, RCPRÁ)** |
| **62** | Cur le húsáid teicneolaíochtaí agus réiteach éifeachtúlachta fuinnimh i bhfiontair déantúsaíochta agus seirbhísí in Éirinn, ag cur leis an rath a bhí ar eiseamláirí agus ar thionscadail taispeántais go dáta, chun ceannaireacht a bhunú i mbainistíocht fuinnimh agus ráta méadaithe glactha ISO agus caighdeáin a bhaineann le fuinneamh i ndearadh tógála agus bainistíocht fuinnimh a chur chun cinn.<br><br>**(SEAI, FÉ, GFT)** |
| **63** | Cúig thogra bhreise a fhorbairt do Thaighde Nuálaíochta do Ghnóthais Bheaga (SBIR) nó gníomhaíochtaí cosúla binse tástála do sholáthar nuálach a bhaineann le fuinneamh, ag cur leis an rath a bhí ar SEAI/FÉ/SBIR i ndáil le muirearú ilúsáideora leictreachais in 2014.<br><br>**(SEAI, FÉ)** |
| **64** | Ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta um Beartú Tosaíochtaí Taighde, moltaí oiriúnacha earnála fuinnimh a sholáthar lena meas i gcomhthéacs na Straitéise nua Náisiúnta Eolaíochta, Teicneolaíochta & Nuálaíochta. Soláthróidh an cur chuige ceann go ceann an poitéinseal is láidre don earnáil taighde cur le tosaíochtaí beartas fuinnimh náisiúnta agus le cruthú post sa gheilleagar trí chéile trí tháirgí, próisis agus réitigh nuálacha tráchtála a fhorbairt.<br><br>**(RCFAN, FEÉ, ÚAO, SEAI, FÉ)** |
| **65** | Mar chuid de Ghníomhaíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí dlús a chur faoin sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh 33% a bhaint amach don Earnáil Phoiblí, oibriú le |

| | |
|---|---|
| | heagraíochtaí na hearnála poiblí a bhfuil caiteachas bliantúil fuinnimh €500,000 nó níos mó luaite leo, chun dul chuig an margadh chun réitigh a aithint a bhfuil sé mar aidhm leo seirbhísí laghdaithe fuinnimh a sheachadadh.<br>**(RCFAN, Comhlachtaí Poiblí)** |

## 2.4 Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

**Sa 24 mí amach romhainn tabharfar €800 milliún breise ar iasacht do FBManna tríd an CBSÉ nua.**

Is ionann bunú Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) agus mórthionscnamh beartais a sholáthróidh, ar an gcéad dul síos, suas le €800 milliún i maoiniú breise don earnáil FBM sa tréimhse i ndiaidh a bunaithe. Is mar chuideachta stráitéiseach maoinithe FBM a bheidh CBSÉ ag feidhmiú, agus is í an aidhm a bheidh aici rochtain ar mhaoiniú a éascú do FBManna Éireannacha trí na nithe seo a leanas a sholáthar:

- Creidmheas breise dírithe ar FBManna go háirithe ar tháirgí solúbtha a mbeidh tréimhse aibíochta níos faide agus solúbthacht maidir le haisíocaíocht caipitil luaite leo, faoi réir faomhadh creidmheasa;
- Deis a thabhairt d'iontrálaithe nua rochtain margaidh a fháil ar mhargadh iasachta FBM, rud a bheidh mar bhonn le hiomaíochas a chruthú;
- Foirmeacha nua creidmheasa i margadh na hÉireann; agus
- Maoiniú ar chostas níos ísle nach mór d'iasachtóirí comhpháirtíochta éifeacht an chostais níos ísle sin a chur ar aghaidh chuig FBManna.

Cabhróidh na gnéithe seo ar fad le timpeallacht níos dinimiciúla agus níos iomaíche a chruthú do mhaoiniú FBM. Soláthróidh meascán de thionacht níos faide agus coinníollacha níos fearr mar aon le praghsáil níos ísle rochtain do FMBanna ar chaipteal intleachtúil a thacóidh lena bhforbairt fhadtéarmach, a spreagfaidh infheistíocht mhéadaithe i bhfás, agus a chruthóidh deiseanna fostaíochta breise. Cinnteoidh foirmeacha nua creidmheasa CBSÉ go mbeidh níos mó acmhainne ag FBManna agus, níos mó dreasachta, chun infheistíochtaí a dhéanamh bunaithe ar shreabhadh airgid atá níos oiriúnaí dá riachtanais ghnó. Tá suntas ar leith leis an gcineál seo maoinithe i dtíortha a bhfuil earnálacha láidre agus dinimicúla FBM iontu agus tá sé riachtanach, bunaithe ar pheirspictíocht fáis agus fostaíochta, go mbeidh tacaíocht den chineál céanna ar fáil d'earnáil FBM na hÉireann.

Chomh maith leis sin, déanfaidh CBSÉ iarracht déileáil le ceisteanna éilimh a bhaineann le maoiniú FBM. Trí mhaoiniú ar chostas níos ísle a chinntiú, mar aon le tionacht níos faide agus coinníollacha níos solúbtha a bheith luaite leis an aonán nua seo, cruthófar éifeacht thábhachtach ‘comharthaíochta’ i ndáil le haon éileamh ‘folaigh’ ar airgeadas ó FBManna. Chomh maith leis sin, is beart tábhachtach cothaithe muiníne laistigh den earnáil FBM a bheidh ann. Anuas air sin, cabhróidh sé chun leibhéil feasachta maidir le hinfhaighteacht maoinithe a d'fhéadfadh níos mó iasachtaithe poitéinsiúla a spreagadh chun iarratas a dhéanamh ar chistí.

Cuirfear maoiniú CBSÉ ar fáil do FBManna trí iasachtóirí speisialtóra bainc agus neamhbhainc. Is múnla rathúil agus éifeachtach chun FBManna ar fud na hEorpa a mhaoiniú é cistí fadtéarmacha a bheith á gcur ar fáil ag institiúidí airgeadais spreagtha (nó stát-tacaithe), trí sholáthraithe airgeadais thúslíne (nó traidisiúnta). Is é sin an múnla a úsáideann KfW (banc spreagtha na Gearmáine) agus ICO (Banc Infheistíochta Stáit na Spáinne) mar shampla le tacú le maoiniú a n-earnálacha FBM faoi seach. Seo a leanas na chéad chomhpháirtithe maoinithe atá ag CBSÉ:

- An Banc Eorpach Infheistíochta (BEI);

- Kreditanstalt fur Wiederaufbau (KfW); agus
- An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP).

Tá maoiniú fadtéarmach á sholáthar ag triúr comhpháirtithe do CBSÉ ag rátaí tarraingteacha chun tacú le maoiniú FBManna Éireannacha. Déanfaidh CBSÉ iarracht a mhaoiniú a dháileadh ar iasachtóirí éagsúla mar iarracht a punann iasachtóirí thúslíne a éagsúlú agus dlús a chur faoi iomaíochas sa mhargadh.

Trí mhaoiniú cobhsaí ísealchostais a sholáthar do gach institiúid cháilitheach (iontrálaithe nua san áireamh) ba chóir go n-éireodh le CBSÉ dlús a chur faoi iomaíochas sa mhargadh airgeadais FBM, margadh atá plódaithe faoi láthair.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an institiúid nua mórdhíola iasachtaithe seo feidhmiú mar phríomhdhreasacht d'iontrálaithe nua margaidh, lena n-áirítear institiúidí airgeadais bainc agus neamhbhainc faoi úinéireacht choigríoch, tairbhe a bhaint as iasachtú FBM. Go deimhin, ó bunaíodh é i Meán Fómhair 2014, tá CBSÉ ag obair le roinnt institiúidí airgeadais neamhbhainc (cosúil le soláthraithe léasaithe agus lascainithe sonrasc) chun táirgí malartacha a fhorbairt d'earnáil FBM na hÉireann d'fhonn rogha níos fearr a sholáthar agus iomaíochas a fheabhsú. Is cuid lárnach de chreat airgeadais na tíre í CBSÉ. Cuirfidh an cur chuige nuálach seo chun FBManna a mhaoiniú le poitéinseal fadtéarmach na hearnála dlús a chur faoi fhás geilleagrach agus cruthú post in Éirinn. I bhfianaise phoitéinseal CBSÉ an soláthar agus an t-éileamh ar chreidmheas a fheabhsú, beidh fíorthábhacht le forfheidhmiú éifeachtach an phlean gnó agus na gnéithe gaolmhara oibríochtúla i rith 2015. Feidhmeoidh CBSÉ agus Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ), ciste atá nuabhunaithe, chomh fada is a bhaineann le maoiniú FBM, mar institiúidí cumasúcháin, ag obair le gníomhaithe poiblí agus príobháideacha chun tionchar na dtionscnamh reatha a threisiú agus, áit ar cuí, bearta nua a fhorbairt. Mar a tugadh le fios i mBuiséad 2015, beidh ról lárnach ag CBSÉ agus CISÉ, ag obair i ndlúthchomhar le Fiontraíocht Éireann, i dtáirgí agus ardáin airgeadais a fhorbairt a bhaineann le Straitéis Airgeadais nua, chomhtháite d'Onnmhairiú, straitéis atá á comhordú ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Os a choinne sin, tá an poitéinseal ag na príomhinstitiúidí airgeadais seo infheistíocht bhreise ón earnáil phríobháideach a ghiaráil sa gheilleagar, an earnáil FBM san áireamh.

Mar chuid den tuairisciú ar mhaoiniú FBM a bheidh á dhéanamh ag Grúpa Comhlachtaí Stáit na FBManna, roinnfear an t-eolas is déanaí maidir leis an maoiniú CBSÉ atá á chur ar fáil don earnáil leis an gCoiste Comh-Aireachta um Théarnamh Geilleagrach agus Poist de réir mar a bheidh plean gnó na corparáide á chur i bhfeidhm i rith 2015.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | |
|---|---|
| **66** | Plean Gnó CBSÉ d'iasachtú FBM a fhorfheidhmiú i rith 2015, lena n-áirítear clocha míle suntasacha atá sonraithe i bplean CBSÉ a chomhlíonadh: iasachtú tosaigh do FBManna agus rolladh amach táirgí i Ráithe 1 2015; iasachtóirí nua neamhbhainc a thabhairt chuig an margadh i Ráithe 2 / Ráithe 3 2015; agus píblíne banc eile agus iasachtóirí neamhbhainc a thabhairt ar bord faoi Ráithe 4 2015 agus níos faide anonn.<br>**(CBSÉ)** |
| **67** | Cur le rolladh amach táirgí don earnáil onnmhairithe mar chuid de Straitéis Airgeadais nua d'Onnmhairiú.<br>**(CBSÉ)** |
| **68** | Obair a dhéanamh chun an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa athbhreithnithe a ailíniú le hoibríochtaí CBSÉ.<br>**(RPFN, R/Airgeadais, CBSÉ)** |

## 2.5 Gníomhaíocht Fhiontraíoch a Mhéadú

**Tionchar na ngnólachtaí nuathionscanta in Éirinn a dhúbailt as seo go ceann cúig bliana, ón 93,000 gnólacht atá bunaithe cheana féin.**

Foilsíodh Ráiteas Beartais Náisiúnta an Rialtais ar Fhiontraíocht in Éirinn i mí Dheireadh Fómhair 2014, arb ionann é agus an chéad uair ar fhoilsigh Rialtas na hÉireann straitéis chuimsitheach náisiúnta ar fhiontraíocht. Is í an phríomhsprioc atá luaite sa phlean gur chóir tionchar na ngnólachtaí nuathionscanta in Éirinn a dhúbailt sna cúig bliana amach romhainn, ón 93,000 gnólacht atá bunaithe cheana féin. Ní mór dúinn na nithe seo a leanas a chur i gcrích d'fhonn é sin a chinntiú:

- An líon gnólachtaí nuathionscanta a mhéadú 25% - arb ionann é sin agus 3,000 níos mó gnólachtaí nuathionscanta sa bhliain;
- An ráta marthanais sna chéad chúig bliana a mhéadú 25% - 1,800 níos mó gnólacht fós ag feidhmiú sa bhliain; agus
- Acmhainn gnólachtaí nuathionscanta fás de réir scála a mhéadú 25%.

Is í fís an Rialtais go mbeadh Éire i measc na náisiún is fiontraíche ar domhan agus go nglacfaí le hÉirinn mar thimpeallacht den chéad scoth chun gnó a bhunú agus a fhorbairt inti. D'fhonn na huaillmhéine sin a chur i gcrích, feabhsóimid na príomhghnéithe idircheangail a bhfuil tionchar acu ar fhiontraíocht agus arb ionann iad agus cuid de ghréasán fiontraíochta na hÉireann. Is iad seo:

- Cultúr, caipiteal daonna agus oideachas;
- An timpeallacht ghnó agus tacaíochtaí gnó;
- Nuálaíocht;
- Rochtain ar airgeadas;
- Líonraí agus meantóireacht; agus
- Rochtain ar mhargaí.

Ní bheidh tionchar suntasach ag aon idirghabháil beartais amháin ar an gcreat fiontraíochta, dá réir sin trí ghníomhaíochtaí éagsúla a áireamh i dteannta a chéile cruthófar sinéirge níos fearr. Tá sé mar aidhm leis an Ráiteas Náisiúnta Fiontraíochta uileghabhálach gach réimse de bheartas Rialtais a bhaineann leis an réimse fiontraíochta a chomhordú chun dlús a chur faoina leithéid de shineirge. Grúpa Forfheidhmiúcháin idir-rannaigh/idirghníomhaireachta a bheidh freagrach as seachadadh agus as maoirseacht na ngníomhaíochtaí atá sonraithe sa Ráiteas Beartais ar Fhiontraíocht Náisiúnta. Tá mionsonraí maidir leis na gníomhaíochtaí beachta atá le cur i bhfeidhm liostaithe sa chaibidil Fiontraíochta (Caibidil 7).

## Gníomhaíochtaí 2015

| Stráitéis Náisiúnta Fiontraíochta | |
|---|---|
| **69** | Grúpa Forfheidhmiúcháin idir-rannaigh/idirghníomhaíochta faoi chathaoirleacht RPFN a bheidh freagrach as an Ráiteas Beartais ar Fhiontraíocht Náisiúnta a fhorbairt. **(RPFN)** |

## 2.6 Maoin Intleachtúil san Fhiontraíocht

- **Feidhmíocht na hÉireann i réimse na Maoine Intleachtúla a dhúbailt ionas go mbeidh Éire i measc na dtíortha is fearr san Eoraip ó thaobh feidhmíochta de sa réimse seo faoi 2018**
- **Réimeas cánach bunaithe ar ioncam ar a dtugtar 'Bosca Forbartha Eolais' a bhunú do shócmhainní doláimhsithe**

### Caipiteal Eolasbhunaithe

Príomhfhoinse d'fhás fiontair agus d'iomaíochas amach anseo, a mbeidh poitéinseal cruthaithe post d'Éirinn ann chomh maith, a bheidh sa leibhéal infheistíochta i gcaipiteal eolasbhunaithe a mhéadú. Is ionann sonraí RPFN agus fianaise go bhfuil 7% de dhíolachán gnólachtaí dúchasacha bunaithe ar tháirgí agus seirbhísí anois, céatadán atá faoi bhun na dtagarmharcanna idirnáisiúnta. Beidh ról lárnach ag bainistíocht na maoine intleachtúla agus na n-acmhainní saothraithe laistigh de ghnólachtaí ar fud earnálacha uile an bhoinn fiontair ar an iarracht a dhéanfar déileáil leis an mbearna seo.

Is léir ó tháscairí idirnáisiúnta maidir le bainistíocht sócmhainní intleachtúla go bhfuil deis ann d'Éirinn cur lena feidhmíocht sa réimse seo agus, dá réir sin, cur lena feidhmíocht nuálaíochta trí chéile. I láthair na huaire tá iarratais na hÉireann ar phaitinní in aghaidh an bhilliúin OTI (CCP) cothrom le 1.53, figiúr atá faoi bhun iomaitheoirí Eorpacha cosúil leis an Danmhairg, an Fhionlainn agus an tSualainn a bhfuil OTI in aghaidh an bhilliúin de idir 2.55 agus 2.97 luaite leo. Chomh fada is a bhaineann le Trádmharcanna Pobail in aghaidh an bhilliúin tá feidhmíocht OTI na hÉireann beagán níos fearr - 5.46 in aghaidh an bhilliúin OTI agus is é 5.91 an meán Eorpach[8]. Táimid ar gcúl i gcomparáid le tíortha eile i ndáil le dearthaí pobail a chlárú - 1.28 in aghaidh an bhilliúin OTI i gcomparáid leis an Danmhairg ag 8.14 agus an Fhionlainn ag 4.78 in aghaidh an bhilliúin OTI. Ní mór dúinn an líon gnólachtaí gníomhacha TFN a mhéadú, a chinntiú go bhfuil níos mó MI á gcruthú agus á mbainistiú in Éirinn, an líon paitinní, ceadúnas agus mac-chuideachtaí ónár mbonn taighde a mhéadú agus dlús a chur faoin gcéatadán díolachán i bhfiontair ó tháirgí nua agus ó nuálaíochtaí seirbhíse.

Ní mór beartais agus tacaíochtaí MI a fhorbairt d'fhonn a chinntiú go bhfuil na coinníollacha comhshaoil agus na tacaíochtaí gnólachta atá i bhfeidhm oiriúnach agus iomaíoch d'fhonn tacú le gnólachtaí bunaithe in Éirinn páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí MI a mbeidh infreastruchtúr bunaithe ar nuálaíocht, lena n-áirítear sonraí oiriúnach don fheidhm san áireamh ann (féach Roinn 3.3 thíos).

In 2014 seoladh Knowledge Transfer Ireland arb ionann é agus céim shuntasach chun dlús a chur faoi thráchtálú, agus i ndeireadh na dála poist a chruthú, bunaithe ar smaointe a forbraíodh trí thaighde maoinithe go poiblí. Is í an phríomhsheirbhís atá á tairiscint tairseach gréasáin a chuireann ar chumas cuideachtaí saineolaithe, ionaid taighde agus deiseanna ceadúnaithe teicneolaíochta a aithint a rachaidh chun tairbhe a ngnó.

Chomh maith leis sin, ba chóir go dtacódh an timpeallacht níos leithne MI le gnólachtaí chun torthaí iomaíocha idirnáisiúnta a bhaint as a ngníomhaíocht MI agus gníomhaíocht TFN agus

[8] Scórchlár Feidhmíochta um Thaighde agus Nuálaíocht 2014 an Choimisiúin Eorpaigh (2014)

MI a mhealladh go hÉirinn. Tá tús curtha ag RPFN le staidéar a bhfuil sé mar aidhm leis teacht ar an mbealach is fearr chun tacú leis an ngníomhaíocht bunaithe ar Mhaoin Intleachtúil an bhoinn ghnólachta in Éirinn a fheabhsú, staidéar a mbeidh maoirseacht á déanamh ag Grúpa Comhairleach MI air, grúpa ar a mbeidh ionadaithe ón tionscal agus ó ghníomhaireachtaí éagsúla.

## Bosca Forbartha Eolais

Is ionann Buiséad 2015 agus Treochlár chun mealltacht na hÉireann mar cheann scríbe do na cuideachtaí is fearr agus is rathúla ar domhan a threisiú. Tá ról lárnach ag ár gcóras iomaíoch cáin chorparáide agus níor ceistíodh agus ní cheisteofar riamh an ráta cánach 12.5%. Is ionann an Treochlár agus freagairt don timpeallacht athraitheach idirnáisiúnta agus cinnteoidh sé go leanfaimid orainn le cuideachtaí a mbeidh poist á dtairiscint acu a mhealladh agus a choimeád.

Áirítear sa Treochlár céimeanna d'fhonn a chinntiú gur áit níos mealltaí fós a bheidh in Éirinn do chuideachtaí chun maoin intleachtúil a fhorbairt inti. Tá an méid céanna nó níos mó fiú á infheistiú ag cuideachtaí anois i gcaipiteal eolasbhunaithe ná mar atá i gcaipiteal fisiceach cosúil le trealamh agus innealra. Dá réir sin, tá sé beartaithe ag an Rialtas réimeas cánach bunaithe ar ioncam ar a dtugtar 'Bosca Forbartha Eolais' a bhunú do shócmhainní doláimhsithe in 2015. Beidh cosúlacht idir é agus na boscaí paitinní agus nuálaíochta atá forbartha le fada i dtíortha atá in iomaíocht linn d'infheistíocht dhíreach choigríoch agus beidh sé ag teacht leis na paraiméadair chomhaontaithe idirnáisiúnta atá luaite le hiomaíocht chóir chánach.

Mar chuid de phróiseas comhairliúcháin phoiblí baileofar tuairimí maidir leis an tslí ba chóir an Bosca Forbartha Eolais a riar. Tá sé beartaithe go mbeidh an Bosca Forbartha Eolais i measc an scothghrúpa agus á reáchtáil ag ráta cánach íseal a bheidh iomaíoch agus inmharthana. Beidh ról lárnach ag an ngné seo de mhaoin intleachtúil in infheistíocht dhíreach choigríoch a mhealladh go hÉirinn amach anseo.

Tá ceithre cholún luaite faoin Athchóiriú Suaiteach seo:

1. A chinntiú go mbeidh an timpeallacht is fearr cruthaithe in Éirinn chun MI a chruthú agus a bhainistiú;
2. A chinntiú go mbeidh tacaíochtaí agus comhairle ar leibhéal gnólachta ar fáil chun MI a bhainistiú agus a thráchtálú, MI a bheidh iomaíoch agus a fhreastalóidh ar riachtanais fiontair;
3. Leanúint le dlús a chur faoi thráchtálú MI ó thaighde maoinithe go poiblí agus a chinntiú go bhfuil 130 teicneolaíocht tráchtáil-ábhartha á n-aistriú chuig an tionscal mar aon le 35 mac-chuideachta nua in 2015; agus
4. Tríd an mBosca Forbartha Eolais ár n-iomaíochas idirnáisiúnta in MI a chinntiú.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Maoin Intleachtúil | |
|---|---|
| 70 | Dlús a chur faoi na príomh-mholtaí ón staidéar RPFN maidir leis an tslí is fearr chun tacú leis an ngníomhaíocht bunaithe ar Mhaoin Intleachtúil an bhoinn ghnólachta in Éirinn a fheabhsú, agus faoin mbealach is fearr lena chinntiú go bhfuil tacaíochtaí ar leibhéal gnólachta iomaíoch |

| | |
|---|---|
| | agus oiriúnach. **(RPFN, FÉ, GFT, FEÉ)** |
| **71** | Leanúint ag tacú le gníomhaíocht MI e.g. paitinniú, dearthaí tionsclaíocha laistigh de ghnólachtaí. **(FÉ)** |
| **72** | Siompóisiam Náisiúnta um Aistriú Eolais a reáchtáil. **(FÉ/KTI)** |
| **73** | Comhaontaithe Comhpháirtíochta le hEagraíochtaí Feidhmiúcháin Tionscail-Taighde a sheachadadh lena n-áirítear Treoirleabhar, Crann Cinnteoireachta don tionscal agus sraith de Chomhaontuithe Comhpháirtíochta Eiseamláireacha. **(FÉ/KTI)** |
| **74** | Tuarascáil idirnáisiúnta tagarmhairc maidir le hAistriú Eolais a fhoilsiú. **(FÉ/KTI)** |
| **75** | Moltaí tosaigh a athbhreithniú agus a dhéanamh chun an Prótacal um Maoin Intleachtúil náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn léargas a thabhairt ar athruithe leanúnacha ar an timpeallacht taighde thionscail-acadúil agus d'fhonn a chinntiú go mbeidh an Prótacal ábhartha mar cháipéis bheo laistigh den tionscal. **(FÉ/KTI)** |
| **76** | Togra a fhorbairt do thacaíocht agus d'fhorbairt leanúnach an Chórais náisiúnta um Aistriú Teicneolaíochta. **(FÉ/KTI)** |
| **77** | Trí shraith tacaíochtaí tráchtálaithe agus teicneolaíochta Knowledge Transfer Ireland (KTI) agus Fiontraíocht Éireann, tráchtálú éifeachtach agus aistriú éifeachtach aschur taighde a mbaineann tábhacht gheilleagrach leo chuig an tionscal a chinntiú d'fhonn fiontair reatha agus nua a fhorbairt lena n-áirítear 130 teicneolaíocht a mbaineann ábharthacht tráchtálaithe leo a aistriú chuig an tionscal agus 35 mac-chuideachta nua. **(FÉ/KTI)** |
| **78** | Réimeas cánach bunaithe ar ioncam ar a dtugtar "Bosca Forbartha Eolais" a bhunú do shócmhainní doláimhsithe in 2015 i ndiaidh comhairliúchán poiblí faoin gceist a chur i gcrích i rith 2015. **(R/Airgeadais)** |

# 3. Dlús a chur faoi na hAthchóirithe Suaiteacha atá luaite i bPleananna Gníomhaíochta 2013 & 2014

Ba i bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2013 a bunaíodh na hAthchóirithe Suaiteacha, tionscadail shuntasacha a éilíonn comhoibriú tras-Rialtais a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar fhiontar agus ar phoist in achar gairid ama. Leanadh leis an gcoincheap agus leis an gcur chuige in 2014 agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar gach tionscadal le dhá bhliain anuas.

I gcásanna áirithe spreag na tionscadail gníomhaíocht nua a bhfuil ról lárnach aici anois sa chóras beartas (e.g. tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo trádáil ar líne agus éifeachtúlacht fuinnimh a spreagadh). Táthar ag leanúint le hAthchóiriú Suaiteach Scileanna TFC mar phríomhghné d'Athchóiriú Suaiteach an Fheachtais Náisiúnta Tallainne in 2015 (féach ar an roinn thuasluaite).

Tá eolas le fáil sa roinn seo maidir leis an gcaoi a bhfuiltear ag leanúint le hocht n-athchóiriú shonracha a rolladh amach, eadhon: Athrú Céime Déantúsaíochta, Mol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte, Creat Iomaíoch d'Olltiomsú Sonraí, Winning Abroad, Córas Comhtháite Iarratais ar Cheadúnú, Oifigí Fiontair Áitiúil, Trádáil Ar Líne, agus JobsPlus.

## 3.1 Athrú Céime Déantúsaíochta

### Gníomhaíocht 2015: Maoiniú breise de €1.5 milliún do Chlár Athrú Céime Déantúsaíochta GFT.

Is í an uaillmhian atá luaite leis an gclár déantúsaíochta mar a sonraíodh in 2014, fás fostaíochta de 40,000 a bhaint amach agus a chinntiú faoi 2020 go mbeidh cáil dhomhanda ar Éire mar ionad a bhfuil ag éirí go maith leis an tionscal déantúsaíochta ann agus ionad arb ionann an déantúsaíocht ann agus cion suntasach den ghníomhaíocht gheilleagrach. Seo a leanas na tréithe atá luaite lenár n-uaillmhian do dhéantúsaíocht in Éirinn:

- Go bhfuil déantúsaíocht dírithe ar an gcustaiméir – solúbtha, sofhreagrach agus comhoibríoch;
- Go bhfuil ról suntasach ag daoine – daoine ildisciplíneacha agus ardoilte a bhfuil cumas ar leith acu cuma shimplí a chur ar rudaí casta;
- Ionad atá nuálaíoch maidir le forbairt táirgí agus próisis déantúsaíochta – tairbhe a bhaint as teicneolaíochtaí ceannródaíocha; agus
- Ionad a bhfuil suntas ar leith le caighdeán ann i ngach oibríocht gnó - arna léiriú trí dhifreáil agus cumas cruthaithe in earnálacha a bhfuil béim ar leith ar rialáil iontu.

Seoladh Athrú Céime Náisiúnta sa Déantúsaíocht in 2014 d'fhonn cabhrú chun ról lárnach sa chomhthéacs idirnáisiúnta a bhaint amach d'earnáil déantúsaíochta na hÉireann agus iomaíochas, táirgiúlacht agus nuálaíocht a fheabhsú; naisc leis an gcustaiméir a fheabhsú agus margaí nua a fhorbairt; agus páirt a ghlacadh i mbealaí nua oibre. D'aithin an *Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí*, ó chomhairliúcháin a dhéanamh le cuideachtaí, éileamh suntasach a bheith ar cheirdeanna oilte déantúsaíochta d'earnálacha cosúil le bia, feistí leighis,

innealtóireacht agus Cógaisíocht/Bithchógaisíocht, agus ar phrintíseachtaí/cúrsaí oiliúna foirmiúla ar leibhéal oibríoch, teicneoirí déantúsaíochta, oibreoirí meaisín déantúsaíochta, printíseach praiticiúil innealtóireachta (dul ar aghaidh go dtí leibhéal 8), teicneolaithe polaiméire, agus uirliseoirí.

Samhlaítear san Athrú Céime Náisiúnta go mbeidh sraith tacaíochtaí á seachadadh atá curtha in oiriúint do riachtanais shonracha gnólacht ar leith, ag brath ar an gcéim forbartha nó an cuspóir straitéiseach, agus beag beann ar úinéireacht agus/nó scála. Soláthróidh RPFN breis maoinithe chun an líon oibríochtaí déantúsaíochta a mhéadú ar féidir leo a ngníomhaíochtaí a athrú agus poist a chothú amach anseo.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Athrú Céime Déantúsaíochta | |
|---|---|
| **79** | In 2015 seolfaidh GFT clár nua chun tacú le hathrú agus le feabhas táirgiúlachta san earnáil agus tá maoiniú ar fiú €1.5 milliún é curtha ar fáil do 2015.<br>**(GFT)** |
| **80** | I ndáil leis an gcreat do ghnólachtaí déantúsaíochta in Éirinn a threisiú, athbhreithniú a dhéanamh ar an tionscnamh píolótach lársraithe atá bunaithe ar an gcohórt cuideachtaí Innealtóireachta agus an dara cohórt d'fhiontair a roghnú do thionscnamh in 2015.<br>**(FÉ)** |
| **81** | Mar chuid d'Athchóiriú Suaiteach an *Fheachtais Náisiúnta Tallainne* (féach thuas), Printíseachtaí nua a fhorbairt mar fhreagairt ar thograí ó phríomhearnálacha sa gheilleagar.<br>**(ROS, SOLAS, ÚAO, Comhairle Printíseachta, Comhlachtaí Fostóirí agus Oideachais)** |
| **82** | Tacóidh FÉ le 115 gnólacht ag leibhéil éagsúla agus bainteach le gníomhaíochtaí éagsúla, trí na Cláir LeanStart, LeanPlus agus LeanTransform.<br>**(FÉ)** |
| **83** | Seolfaidh FÉ Deontas um Threalamh Caipitil Déantúsaíochta a sholáthróidh suas le €250,000 trí dheontas a sholáthar do FBManna incháilithe chun trealamh caipitil a cheannach (faoi réir chritéir luach ar airgead), trealamh a chuirfidh dlús faoi tháirgiúlacht agus faoi fhostaíocht.<br>**(FÉ)** |
| **84** | Forbróidh FÉ agus GFT straitéis a mbeidh sé mar aidhm léi earnálacha gnó eitlíochta na hÉireann a fhorbairt.  Príomhchuid den straitéis is ea go mbeidh tionscnamh SC21 á rolladh amach do 18 fo-sholáthraí eile.<br>**(FÉ/GFT)** |

Féach ar Roinn 11.5 - Déantúsaíocht Nuálach / Ard-déantúsaíocht freisin.

## 3.2 Mol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte

### Gníomhaíocht 2015: Aird náisiúnta a tharraingt ar an Mol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte.

Is é atá mar aidhm leis an Mol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte (MNNS) dlús a chur faoi chomhoibriú idir an córas sláinte agus fiontair chun buntáiste a chruthú do na hearnálcha sláinte agus fiontair. Seo a leanas na haidhmeanna:

- Deis a thabhairt don fhiontar teicneolaíocht, táirgí agus seirbhísí nua cúraim sláinte a fhorbairt agus a thráchtálú trí rochtain chuí ar an tseirbhís sláinte a thabhairt dóibh chun táirgí a bhailíochtú agus a bheachtú;
- Deis a thabhairt don chóras sláinte éifeachtúlachtaí agus feabhsuithe a aimsiú trí rannpháirtíocht le cuideachtaí nuálacha a bhfuil réitigh ar fhadhbanna á gcruthú acu (costas a laghdú, éifeachtúlacht seirbhíse a fheabhsú, torthaí d'othair a fheabhsú, etc.); agus
- Tacú le forbairtí nuálacha atá ag eascairt as laistigh den chóras sláinte.

In 2014, chuir Comhfhoireann Tionscadail Gníomhaireachta do MNNS críoch le moltaí maidir leis na socruithe ab fhearr chun an Mol náisiúnta a bhunú. Rinneadh é seo i ndiaidh measúnú neamhspleách a dhéanamh ar an Tionscadal Taispeántóra (tionscadal píolótach) a bunaíodh i gCorcaigh in 2012. Ba ionann moltaí FTN agus bonn na dtograí don Rialtas - tograí inar measadh na chéad chéimeanna eile maidir le bunú an Mhoil. I mí Iúil 2014, chomhaontaigh an Rialtas le bunú Mol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte a bheadh freagrach as forbairt, bainistíocht agus dlús a chur faoi chaidrimh agus naisc idir an tionscal agus an córas sláinte ar bhonn réamhghníomhach. Tá gníomhaíochtaí 2015 deartha chun deis a thabhairt leanúint le forfheidhmiú chinneadh an Rialtais.

### Gníomhaíochtaí 2015

| Mol Nuálaíochta Sláinte | |
|---|---|
| **85** | Mol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte a bhunú bunaithe ar phróiseas iomaíoch.<br>**(RPFN, R/Sláinte, FÉ, Comhfhoireann Tionscadail Gníomhaireachta, Grúpa Maoirseachta)** |

## 3.3 Creat Iomaíoch d'Olltiomsú Sonraí

### Gníomhaíocht 2015 Infreastructúr bainistíochta sonraí den chéad scoth a fhorbairt.

Is í príomhaidhm an Athchóirithe Shuaitigh seo cur leis na láidreachtaí fiontair reatha agus a chinntiú go mbeidh Éire san áireamh i measc na dtíortha is fearr san Eoraip a bhfuil ag éirí léi chomh fada is a bhaineann le hOlltiomsú Sonraí agus Anailísíocht Sonraí. Cuireadh dlús faoi líon suntasach tionscnamh agus infheistíochtaí in 2013 agus in 2014 i gcomhpháirt leis an earnáil fiontar agus tá seasamh láidir ag Éire anois chun uaillmhian an Athchóirithe Shuaitigh seo a chur i gcrích. Thar ceann an Tascfhóras um Olltiomsú Sonraí, choimisiúnaigh RPFN athbhreithniú ar an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ag Éire maidir leis an gcuspóir seo a chur i gcrích, athbhreithniú inar sonraíodh ainneoin gurb ionann an deis fáis seo agus dúshláin chasta agus éagsúla beartais, go bhfuil dul chun cinn maith déanta ag Éire sna príomhréimsí. Luaitear go háirithe acmhainn taighde den chéad scoth a bheith forbartha ag Éire trí infheistíochtaí in INSIGHT agus CeADAR, agus in 2014 sheol an Rialtas Tairseach Sonraí Oscailte a fheidhmeoidh mar phríomhfhoinse do thacair shonraí na hearnála poiblí. Ainneoin níos mó iomaíochais Eorpaigh agus idirnáisiúnta sa réimse seo, tá aird tarraingthe ag an Tascfhórsa ar roinnt gníomhaíochtaí a chothóidh Olltiomsú Sonraí d'fhás fostaíochta.

Seo a leanas na cuspóirí sonracha atá luaite le 2015:

1. Buntáistí iomaíocha na hÉireann a aithint agus díriú orthu agus clár oibre sonrach d'Olltiomsú Sonraí a fhorbairt chun na cuspóirí ceannaireachta a shoiléiriú;
2. Trí chur lenár láidreachtaí taighde ról ceannaireachta na hÉireann in Olltiomsú Sonraí/Anailísíocht Sonraí laistigh de Horizon 2020 a chomhdhlúthú agus leanúint le rannpháirtíocht fiontair in Éirinn a spreagadh;
3. Leanúint le moltaí thuarascáil SRST "Assessing the demand for Big Data and Analytics Skills" a fhorfheidhmiú;
4. Creat comhtháite a fhorbairt chun an bearna idir T&F agus nuálaíocht agus ráta glactha a líonadh; agus
5. Infreastruchtúr Sonraí a bheidh iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta a fhorbairt.

I bhfianaise na ngníomhaíochtaí beartais nua a bheidh ag teastáil in 2015, déanfar misean agus fócas an Tascfhórsa um Olltiomsú Sonraí a athnuachan chun comhordú agus monatóireacht éifeachtach uileghabhálach a sholáthar d'fhonn a chinntiú go bhfuil na cuspóirí straitéiseacha á gcomhlíonadh. Tá margadh an Olltiomsaithe Sonraí ag forbairt agus d'fhonn na mbuntáistí a bhaineann le nuálaíocht bunaithe ar shonraí a chomhlíonadh, ní mór go gcuirfí an timthriall iomlán luach sonraí agus ról na bpáirtithe leasmhara ar fad san áireamh. Trí dhíriú ar chreat comhtháite a fhorbairt éireoidh le hÉirinn an bhearna idir T&F, nuálaíocht agus ráta glactha a líonadh agus ról ceannaireachta a ghlacadh chuici féin chomh fada is a bhaineann le réitigh agus le hiarratais choincréiteacha a fhorbairt.

Gné thábhachtach den chreat do chuideachtaí dian ar shonraí atá ag feidhmiú in Éirinn an córas cosanta sonraí agus na socruithe atá i bhfeidhm d'fhonn cur chuige láidir maidir le cosaint sonraí comhsheasmhach le dlí an AE agus le conarthaí idirnáisiúnta a chinntiú. D'fhonn a chinntiú go bhfuil córas den chéad scoth i bhfeidhm in Éirinn, bunóidh Roinn an Taoisigh coiste idir-rannach ar cheisteanna cosanta sonraí agus struchtúir ghaolmhara, mar aon le

fóram do phlé leis an tionscal/sochaí shibhialta bunaithe ar cheisteanna gaolmhara, mar aon le dlús a chur faoi raon gníomhaíochtaí dírithe ar an aidhm seo in 2015 (mar atá sonraithe thíos).

## Gníomhaíochtaí 2015

| Olltiomsú Sonraí | |
|---|---|
| **86** | Misean agus fócas an Tascfhórsa um Olltiomsú Sonraí a athnuachan agus é mar aidhm maoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhaineann le cuspóirí straitéiseach an Athchóirithe Shuaitigh a chur i gcrích. **(RPFN)** |
| **87** | Spriocanna sonracha don Athchóiriú Suaiteach, PFanna intomhaiste san áireamh, a aithint agus glacadh leo. **(Tascfhórsa um Olltiomsú Sonraí, RPFN)** |
| **88** | Monatóireacht bhliantúil ar dhul chun cinn a dhéanamh, bunaithe ar PFanna, agus tuarascáil chun na príomhghníomhaíochtaí a nuashonrú/a athbhreithniú a chur i dtoll a chéile. **(Tascfhórsa um Olltiomsú Sonraí, RPFN)** |
| **89** | Maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na ngníomhaíochtaí a d'eascair as athbhreithniú IDC, athbhreithniú a raibh sé mar aidhm leis gníomhaíochtaí beartais breise nó athbhreithnithe in Éirinn a aithint. **(Tascfhórsa um Olltiomsú Sonraí, RPFN)** |
| **90** | Déanfaidh an Tascfhórsa um Olltiomsú Sonraí athbhreithniú ar na deiseanna d'Éirinn a thiocfaidh as Idirlíon na nEarraí, agus forbróidh an Tascfhórsa gníomhaíochtaí beartais sainiúla chun na deiseanna sin a fhorbairt. **(Tascfhórsa um Olltiomsú Sonraí, RPFN, GFT)** |
| **91** | Coiste idir-rannach maidir le ceisteanna cosanta sonraí agus struchtúir ghaolmhara a bhunú. **(R/Taoisigh)** |
| **92** | Fóram do phlé leis an tionscal/sochaí shibhialta a bhunú faoi cheisteanna a eascraíonn as an bhfás leantach ar úsáid sonraí pearsanta agus teicneolaíocht. **(R/Taoisigh)** |
| **93** | Acmhainní Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí (OCCS) a neartú. **(R/Dlí, RCPA)** |
| **94** | Oifig do OCCS a bhunú i mBaile Átha Cliath. **(R/Dlí, OPW )** |
| **95** | Rannpháirtíocht shuntasach le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara AE i ndáil le hidirbheartaíochtaí leanúnacha maidir leis an rialachán Cosanta Sonraí a chinntiú. **(R/Dlí)** |

## 3.4 Winning Abroad

### Gníomhaíocht 2015: €4 milliún a imfhálú in 2015 chun breis infheistíochta isteach agus fás onnmhairithe a chinntiú i margaí ardfháis agus éiritheacha.

In PGF 2014, leithdháil an Rialtas - tríd an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta - maoiniú breise ar na gníomhaireachtaí fiontair chun a bhfócas agus a rian i margaí ardfháis agus éiritheacha a mhéadú agus réimsí nua deise d'onnmhairiú agus d'infheistíocht isteach a mhéadú.

Tá an infheistíocht mhéadaithe a dhéanfar trí GFT Éireann in oifigí thar lear dírithe ar 10,000 post nua a chruthú (6,000 díreach agus 4,000 indíreach) thar thréimhse 5 bliana trí chlár infheistíochta a mbeidh acmhainní breise á soláthar chuig GFT mar thoradh air, acmhainní a bheidh le húsáid thar lear i margaí éiritheacha san áireamh, rud a threiseoidh fás fostaíochta IDC.

Tá an maoiniú méadaithe d'fhoireann agus do thacaíocht d'fhiontair trí FÉ dírithe ar thacaíocht bhreise ar an talamh a bheith á soláthar ag Fiontraíocht Éireann i margaí thar lear lena n-áirítear an tSín, an Chóiré Theas, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus an Afraic Theas agus díriú ar chuideachtaí a bhfuil rannpháirtíocht shuntasach acu le Rannán Onnmhaireoirí Poitéinsiúla Fiontraíocht Éireann. Is cuid lárnach de phacáiste comhtháite tacaíochtaí atá ar fáil do chuideachtaí Éireannacha tacú le fás idirnáisiúnta agus an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as na deiseanna cruthaithe post atá in Éirinn iad na seirbhísí atá á soláthar ag oifigí thar lear Fiontraíocht Éireann. Chomh maith leis sin, baineann tábhacht le hoibriú le honnmhaireoirí céaduaire agus raon clár a sholáthar d'onnmhaireoirí chun acmhainní fiontar Éireannach a fhorbairt agus é mar aidhm dlús a chur faoi onnmhairithe trí chláir atá dírithe ar onnmhaireoirí reatha agus onnmhaireoirí poitéinsiúla. Táthar ag tabhairt faoi thionscnaimh nua a bhfuil sé mar aidhm leo íomhá na hÉireann thar lear a spreagadh agus é mar aidhm dlús a chur faoi thrádáil, turasóireacht agus infheistíocht agus Pleananna Margaidh Áitiúil a fhorfheidhmiú i margaí tosaíochta agus tabhairt faoi thionscnaimh spriocdhírithe in earnálacha lena n-áirítear seirbhísí oideachais idirnáisiúnta, seirbhísí innealtóireachta, seirbhísí cultúrtha, agus dearadh.

### Gníomhaíochtaí 2015

| Winning Abroad | |
|---|---|
| **96** | €4 milliún i maoiniú breise a imfhálú in 2015 chun breis infheistíochta isteach agus fás onnmhairithe i margaí ardfháis agus éiritheacha a chinntiú.<br>**(RPFN, FÉ, GFT)** |
| **97** | Tríd an gclár Cultúr Éireann, tuilleadh deiseanna idirnáisiúnta a fhorbairt do chuideachtaí agus d'ealaíontóirí nua agus bunaithe Éireannacha trína saothar a thaispeáint i margaí ealaíne ar fud an domhain, margaí a mbaineann tábhacht straitéiseach leo.<br>**(REOG/Cultúr Éireann)** |

## 3.5 Seirbhís Chomhtháite Iarratais ar Cheadúnú

### Gníomhaíocht 2015: An tSeirbhís Chomhtháite Iarratais ar Cheadúnú a rolladh amach

Athchóiriú suaiteach i bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2013 ba ea Seirbhís Chomhtháite Iarratais ar Cheadúnú a bhunú chun an t-ualach riaracháin a bhí ar ghnóthaí a laghdú. Bhí sé beartaithe go mbeadh an tseirbhís á rolladh amach chuig an earnáil miondíola faoi Ráithe 4 de 2103. Cuireadh moill ar an ngníomhaíocht seo mar gheall ar thús a bheith curtha le próiseas soláthair phoiblí agus tá sé beartaithe anois go mbeadh an tseirbhís seachadta faoi Ráithe 1 de 2015.

Bunaíodh Coiste Stiúrtha ar a raibh baill ó na príomhúdaráis cheadúnaithe a bhfuil sainchúram i ndáil le ceadúnú miondíola orthu chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas agus aontaíodh leanúint le soláthar seachfhoinsithe, trí mhúnla bunaithe ar airgeadas-dearadh-tógáil-oibriú.

Chuaigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta chuig an margadh chun soláthróir seachtrach a aimsiú, ag obair leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ), Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAT) agus Oifig an Ard-Aighne chun an iarraidh ar thairiscint (IT) a ullmhú agus sonraíocht mhionsonraithe fheidhmiúil a fhorbairt, i gcomhairle le hionadaithe ó roinnt de na príomhúdaráis cheadúnaithe. Léiríodh san IT riachtanais na n-údarás ceadúnaithe lena n-áirítear foirmeacha iarratais ar cheadúnas a bhainistiú, ceadúnaithe a chlárú, iarratais agus athnuachaintí ar cheadúnais a bhainistiú, íocaíocht táillí ceadúnais, tarchur agus slándáil sonraí, oiliúint, tacaíocht do chustaiméirí agus margaíocht a dhéanamh ar Sheirbhís Chomhtháite Iarratais ar Cheadúnú. Rinneadh an obair chúlra bhreise a bhain le hathbhreithniú a dhéanamh ar na próisis cheadúnaithe agus tacú leis an reachtaíocht don 29 príomhcheadúnas ar fud 40 údarás ceadúnaithe atá á meas sa chéad chuid den tionscadal seo, athbhreithniú atá le fáil i measc cháipéisí an Iarrata ar Thairiscint.

Eisíodh Iarraidh ar Thairiscint do Chreat-Comhaontú Soláthraí Aonair chun Seirbhís Chomhtháite Iarratais ar Cheadúnú a sholáthar trí e-tenders agus in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i mí Feabhra 2014. I ndiaidh próiseas foirmiúil measúnaithe, chomhaontaigh GBRÁ an tairscint a bhronnadh agus tá conclúidí an chonartha á bplé leis an tairgeoir roghnaithe. Tá sé beartaithe go mbeidh an tseirbhís ar fáil do na hÚdaráis Cheadúnaithe faoi Ráithe 1 2015.

### Gníomhaíochtaí 2015

| Seirbhís Chomhtháite Iarratais ar Cheadúnú | |
|---|---|
| **98** | An tSeirbhís Chomhtháite Iarratais ar Cheadúnú a rolladh amach agus aiseolas a lorg ón bhFóram Comhairliúcháin Miondíola.<br>**(RPFN agus comhlachtaí poiblí ábhartha)** |

## 3.6 Oifigí Fiontair Áitiúil

### Gníomhaíocht 2015: Tuilleadh Forbartha agus Poiblíochta a dhéanamh ar an Líonra Nua OFÁ

Ó cuireadh tús leis an reachtaíocht riachtanach, ó bunaíodh an 31 oifig OFÁ faoin mbranda nua, agus ó tharla breis foirne a bheith geallta in 2014, is dírithe ar sheirbhís feabhsaithe a sholáthar do chustaiméirí a bhí muid (oiliúint, láithreán gréasáin, prótacail le comhlachtaí Stáit), leanúnachas i soláthar seirbhísí (tacaíochtaí tionscadail/cruthú post, oiliúint agus meantóireacht gnólachtaí nuathionscanta agus forbairt gnó), agus suiteáil struchtúr maoirseachta. Lena chois sin, d'éirigh le OFÁanna neart iomaíochta a spreagadh chun an Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn a aimsiú, iarracht a spreag breis is 1,000 iarratas ar infheistíocht i dtionscadail ghnó nua ó dhaoine faoi 30 bliain d'aois. Chomh maith leis sin, bhí OFÁanna páirteach i neart gníomhaíochtaí nua a d'eascair as an bPlean Gníomhaíochta do Phoist agus as an Ráiteas Beartais ar Fhiontraíocht, trí sheachadadh Dearbhán Trádála Ar Líne mar shampla. Anois ó tharla go bhfuil ag éirí go maith leis an Líonra OFÁ leanfar le béim a leagan ar spriocanna uaillmhianacha gnó a shonrú, seirbhís níos fearr a sholáthar do chustaiméirí agus cúrsaí cumarsáide a fheabhsú, agus aird a tharraingt ar thacaíochtaí, gníomhaíochtaí agus rath OFÁ.

### Gníomhaíochtaí 2015

| Oifigí Fiontair Áitiúil | |
|---|---|
| **99** | Leanúint leis na hOifigí Fiontair Áitiúil a fhorbairt agus a chur chun cinn mar *ionad chéad rogha* atá ag soláthar comhairle agus tacaíochtaí d'fhiontraithe agus do ghnóthaí nua in earnáil na micreaghnóthaí agus na ngnóthas beag. **(FÉ, ÚÁanna, OFAanna, RPFN, RCPRÁ)** |

## 3.7 Trádáil Ar Líne

### Gníomhaíocht 2015: 2,000 dearbhán trádála ar líne a rolladh amach (1,450 in 2015).

Bunaíodh Scéim na nDearbhán Trádála Ar Líne ar bhonn píolótach faoi Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2013, agus rinneadh an scéim a rolladh amach faoi Phlean Gníomhaíochta 2014. Is ionann an Scéim agus príomhghníomhaíocht faoin Straitéis Náisiúnta maidir le Cúrsaí Digiteacha (SND), scéim a foilsíodh i mí Iúil 2013. Is é atá mar aidhm leis an straitéis 2,000 gnó beag breise a spreagadh le bheith ag trádáil ar líne faoi dheireadh 2015, agus faoin scéim seo tá dreasacht airgeadais de suas le €2,500 á tairiscint do ghnóthaí beaga agus micreaghnóthaí chun a gcumas tabhairt faoin trádáil ar líne a fhorbairt. Is ionann an scéim seo agus sampla de chomhpháirtíocht éifeachtach idir RCFAN, RPFN, Fiontraíocht Éireann agus líonra na nOifigí Fiontair Áitiúil (OFÁ). Tá tuilleadh eolais faoin Scéim le fáil ag www.dcenr.gov.ie/nds agus ar láithreán gréasáin gach OFÁ.

Is ionann an geilleagar digiteach agus 5% de OTI, geilleagar atá ag fás thart ar 20% in aghaidh na bliana agus geilleagar atá ag tacú le beagnach 100,000 post go díreach agus go hindíreach. Caitheann tomhaltóirí Éireannacha thart ar €700,000 san uair, ar líne gach 24 uair an chloig. Ó tharla suas le 70% de chaiteachas bliantúil ar líne na hÉireann a bheith á chaitheamh thar lear, is príomhriachtanas post agus geilleagrach é aird ghnóthaí Éireannacha a tharraingt ar thrádáil ar líne. In Éirinn sa lá inniu ann, áfach, tá níos lú ná 1 ghnó beag as gach 4 ghnó bheaga ag díol le custaiméirí ar líne. Is léir ó thaighde atá déanta ag an gCoimisiún Eorpach go bhfásann cuideachtaí a mbíonn láithreacht shuntasach trádála ar líne acu a dhá oiread níos tapa, go n-onnmhairíonn siad a dhá oiread níos mó agus go bhfostaíonn siad a dhá oiread níos mó daoine.

Thosaigh Scéim na nDearbhán Trádála Ar Líne ag glacadh le hiarratais ar bhonn náisiúnta i mí Iúil 2014. Rinneadh leithdháiltí tosaigh cuóta de 1,076 Dearbhán Trádála Ar Líne in 2014, as measc an 31 OFÁ (bunaithe ar dhlús na ngnóthaí/micreaghnóthaí i ngach ceantar). Tá na OFÁanna agus a meantóirí ag obair leis na cuideachtaí iarrthacha d'fhonn a chinntiú go bhfuil na hiarratais atá á ndéanamh ar ardchaighdeán. Tá breis is 550 dearbhán bronnta ar chuideachtaí iarrthacha rathúla agus leanfar leis an 2,000 dearbhán a rolladh amach in 2015. Is iad na haidhmeanna atá luaite leis an Scéim cabhrú le gnóthaí beaga dlús a chur faoi dhíolachán, onnmhairiú agus poist a chruthú. Tá an t-aiseolas a fuarthas ó scéim phíolótach a raibh 50 cuideachta i gCathair Bhaile Átha Cliath páirteach inti dearfach. Léirigh an scéim phíolótach go mbeadh na nithe seo le tabhairt faoi deara i ndiaidh sé mhí:

- Thug gach 7 as gach 10 gcuideachta le fios gur chabhraigh próiseas iarratais na ndearbhán leo cinneadh a dhéanamh maidir leis an ról a bheadh ag trádáil ar líne ina ngnóthaí;
- Thug 45% de na cuideachtaí a ghlac páirt sa chlár le fios gur chabhraigh an scéim leo a cuideachta a reáchtáil ar bhealach níos éifeachtaí;
- Thug 70% de chuideachtaí le fios go bhfuil níos mó fiosrúchán á fháil acu ó chustaiméirí;
- Thug 55% de chuideachtaí le fios go bhfuil siad ag súil le méadú ar dhíolachán mar thoradh ar a rannpháirtíocht sa scéim;

- Is ar bhonn intíre atá formhór na gcuideachtaí ag trádáil, ach tá méadú tagtha ar ionchais onnmhairithe ó tharla gnóthaí a bheith ag súil go mbeidh 30% de dhíolachán ag teacht ó mhargaí onnmhairithe laistigh de 6 mhí. Is í an Ríocht Aontaithe an margadh onnmhairithe is tábhachtaí, ag an bpointe seo; agus
- Measann 60% de chuideachtaí go mbeidh orthu daoine a earcú laistigh de 12 mhí – agus as measc na gcuideachtaí seo síltear go mbeidh sé riachtanach 1.5 chomhalta foirne a earcú.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag fear amháin a ghlac páirt i scéim na ndearbhán, Darren Lennox ó The Billiard Company a ghlac páirt sa chlár píolótach*: "Chabhraigh ár rannpháirtíocht i scéim na ndearbhán linn machnamh a dhéanamh ar an treo a raibh ár ngnó féin ag dul mar aon le deis a thabhairt dúinn deiseanna nua a aithint agus san am céanna na táirgí agus an tseirbhís atá á soláthar againn a fheabhsú."*

## Gníomhaíochtaí 2015

| Trádáil Ar Líne | |
|---|---|
| **100** | I ndiaidh na scéime a seoladh go náisiúnta in 2014, an 2,000 Dearbhán Trádála Ar Líne a rolladh amach (1,450 in 2015) trí Líonra na nOifigí Fiontair Áitiúil.<br>**(RCFAN)** |

# 3.8 JobsPlus

## Gníomhaíocht 2015: Tionscnamh nua JobsPlus don Óige.

San áireamh i bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2013 bhí Athchóiriú Suaiteach a raibh sé mar aidhm leis a chinntiú go mbeadh sé níos mealltaí do ghnóthaí fostaithe breise a earcú ón mBeochlár: tionscnamh *JobsPlus*. Roimhe seo, bhí sraith beart forbartha d'fhonn tacú le fostóirí daoine ón mBeochlár a fhostú nó rochtain ar mhargadh an tsaothair a thabhairt do na daoine sin, ach bhí an ráta glactha a bhí luaite le roinnt scéimeanna íseal. Dá dheasca sin, chinn an Rialtas tionscnamh simplithe a bhunú a thiocfadh in áit na díolúine ÁSPC agus scéimeanna Postchúnaimh Ioncaim.

Is é atá mar aidhm leis an scéim nua JobsPlus scéim shimplí, éasca le tuiscint agus mealltach a sholáthar a spreagann fostóirí daoine a earcú as cohórt na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.

Tá dhá leibhéal íocaíochta luaite le JobsPlus: íocaíocht €7,500 thar dhá bhliain le fostóir le haghaidh gach duine a earcaítear a bhí dífhostaithe le breis is 12 mí ach le níos lú ná 24 mí, agus €10,000 thar dhá bhliain le fostóir le haghaidh gach duine a earcaítear a bhí dífhostaithe ar feadh níos mó ná 24 mí. Is ar bhonn míosúil i riaráiste a íoctar an dreasacht.

Ó seoladh an scéim i samhradh 2013, tá tairbhe bainte ag breis is 2,500 fostóir as an deis seo seans a thabhairt do bhreis is 3,400 duine dífhostaithe atá ar an mBeochlár tabhairt faoin bhfostaíocht arís.

Leagann straitéis *Bealaí chun na hOibre 2015*, straitéis atá ag cur le próiseas PGP, béim ar bhearta chun tacú le daoine óga atá dífhostaithe go fadtéarmach bealach a aimsiú le filleadh ar an bhfostaíocht. I measc na mbeart tá leagan feabhsaithe de JobsPlus atá dírithe go sonrach ar dhaoine óga dífhostaithe.

## Gníomhaíochtaí 2015

| JobsPlus | |
|---|---|
| **101** | Mar chuid de Bhealaí chun na hOibre, beidh snáith nua de JobsPlus ar fáil in 2015 faoin Ráthaíocht don Óige. **(RCS)** |

# 4. Fás a Mhaoiniú

Tá sé curtha in iúl ag an Rialtas gurb ionann FBManna agus cuisle ár ngeilleagair agus glactar leis ról lárnach a bheith acu i ndlús a chur faoi fhás an gheilleagair agus faoi fhostaíocht. Ba as an ngéarchéim airgeadais idirnáisiúnta agus na fadhbanna sistéamacha lenár gcóras náisiúnta baincéireachta, i dteannta le deacrachtaí le híocaíochtaí a d'eascair an timpeallacht fhíordhúshlánach do FBManna atá le sonrú anois chomh fada is a bhaineann le maoiniú a mheas.

Ar fud ECFE trí chéile, d'athraigh an timpeallacht ghnó do FBManna agus d'fhiontraithe trí chéile sa mhéid is go raibh tionchar suntasach ag géarchéim airgeadais dhomhanda 2008-09 ar rochtain ar mhaoiniú. Roimh agus i ndiaidh na géarchéime, áiríodh FBManna Éireannacha i measc na FBManna is mó san Eoraip atá ag brath ar chreidmheas bainc. Dá réir sin, bhí níos mó tionchair ar laigí san earnáil baincéireachta ar FBManna Éireannacha i gcomparáid le FBManna eile.

Ó 2011 i leith is dírithe ar thacú le FBManna rochtain a fháil ar sholáthar cuí maoinithe ó fhoinsí bainc agus neamhbhainc a bhí beartas an Rialtais. In 2014 forbraíodh roinnt príomhthionscnamh beartais, beartais atá ag tacú le forbairt creata institiúidigh níos stuama agus níos éifeachtaí do mhaoiniú FBManna. Ina measc siúd, tá:

- Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) a bhunú a sholáthróidh cistí ar fiú €800 milliún iad;
- Uirlis nuálach Ar Líne do Thacaíocht Stáit FBM a fhorbairt (www.localenterprise.ie/smeonlinetool) a sholáthróidh liosta do dhuine de na tacaíochtaí gnó a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ón rialtas dá ghnó féin;
- Chomhaontaigh an Rialtas an tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa 2012 a leasú agus Scéim Ráthaíochta Creidmheasa níos solúbtha a bhunú;
- D'fhógair an tAire Airgeadais go raibh tús le cur le hobair ar Straitéis Airgeadais chomhtháithe d'Onnmhairiú in 2015;
- Forfheidhmiú Straitéis Scéim Caipitil Forbraíochta Fiontraíocht Éireann;
- Tiomantas FÉ €99.5 milliún a chur ar fáil do roinnt cistí faoin Scéim Síolchaipitil agus Caipitil Fiontair (2013-2018);
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Microfinance Fund Ireland (MFI);
- Rannpháirtíocht ptsb sa Phróiseas Athbhreithnithe Creidmheasa;
- Aistriú CCNP chuig Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (ISIF); agus
- Feachtas Faisnéise Náisiúnta maidir le hÍocaíochtaí Déanacha a rolladh amach.

Tá an timpeallacht tacaíochta atá ar fáil do FBManna feabhsaithe trí líonra d'Oifigí Fiontair Áitiúil (OFÁanna) a bhunú. Ainneoin gur iarmhairt den chor chun donais é fiachas iomarcach i measc FBM le blianta beaga anuas, ghlac na bainc atá faoi mhaoirseacht an Bhainc Ceannais páirt i gcleachtadh córasach, cleachtadh a raibh sé mar aidhm leis réitigh a mholadh do FBManna anásta, réitigh a bhí dírithe ar inacmhainneacht uasta an iasachtaí. Léirítear sna heisiúintí is déanaí ó na príomhbhainc go raibh socruithe nua curtha i bhfeidhm ag formhór na FBManna seo a raibh deacrachtaí acu. Leanfar le monatóireacht agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar an réimse seo i rith 2015.

Agus aghaidh á tabhairt ag an ngeilleagar ar thréimhse nua fáis tá deis ann anois clár beartas a fhorbairt a théann i ngleic le baic thimthriallacha agus struchtúrtha a bhaineann le maoiniú na hearnála FMB agus an riachtanas leanúnach atá le híocaíochtaí prasa. Éileoidh sé seo cur chuige soiléir a bheidh dírithe ar an méid tairbhe agus is féidir a bheith á baint ag FMBanna as tírdhreach athraitheach airgeadais na hÉireann agus glacadh le gníomhaíochtaí a bheidh mar bhonn le córas airgeadais níos éagsúla agus níos iomaíche a fhorbairt, córas a mbeidh an acmhainn aige poitéinseal fáis FMBanna na hÉireann a mhaoiniú.

## Tosaíochtaí 2015

Agus iarracht á déanamh cur leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus tuilleadh tacaíochta airgeadais a chur ar fáil d'fhás laistigh den Earnáil FBM, in 2015 leagfar béim ar shraith gníomhaíochtaí bunaithe ar na réimsí téamacha seo a leanas a fhorfheidhmiú:

- Tacú le agus tionchar a imirt ar fhorfheidhmiú éifeachtach mórthionscnamh beartais d'fhonn a chinntiú go mbíonn an tairbhe is fearr agus is féidir á fáil ag FBManna;
- Cur le feasacht agus tuiscint FBManna agus fiontraithe ar an tsraith iomlán de thacaíochtaí gnó Stáit atá ar fáil;
- A chinntiú go bhfuil ról lárnach ag an líonra OFÁ maidir le faisnéis, tacaíocht agus comhairle a chur ar ghnóthaí beaga maidir le ceisteanna a bhaineann le rochtain ar mhaoiniú agus na naisc atá idir forbairt acmhainn fiontar, rochtain ar mhaoiniú agus comhairle gnó;
- Cur leis an obair atá á déanamh againn le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta;
- Tacú le agus forbairt raon níos éagsúla roghanna maoinithe do FBManna a éascú;
- Béim shuntasach a leagan ar thionchar beartas, measúnú agus foghlaim; agus
- Bearta a fhorbairt d'fhonn a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí prasa agus go gcuirtear feabhsuithe chun cinn sa chultúr agus sna cleachtais íocaíochta in Éirinn.

Ó 2012 i leith, tá Grúpa Comhlachtaí Stáit na FBManna freagrach as an tsraith chomhtháite gníomhaíochtaí maidir le Rochtain ar Mhaoiniú, mar atá leagtha amach sna Pleananna Gníomhaíochta éagsúla do Phoist, a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú, agus leanfar leis an nós seo in 2015. Chomh maith leis sin, tá ullmhúchán déanta ag an nGrúpa a chuirfidh ar a chumas tionscnaimh nua a fhorbairt, sa bhreis ar a bhfuil luaite sa Phlean Gníomhaíochta tosaigh agus mar fhreagairt ar dhúshláin nua nó deiseanna beartas a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcaitheamh na bliana. Is ionann bunú CBSÉ agus sampla soiléir de sheachadadh níos cuimsithí agus níos uaillmhianaí thar thréimhse thosaigh tiomantais an Phlean Gníomhaíochta do Phoist. Anuas air sin, tá níos mó béime á leagan ar iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach is féidir tionscnaimh dhifriúla a úsáid le chéile d'fhonn na dtairbhí a d'fhéadfadh a bheith ar fáil don úsáideoir deiridh, na FBManna, a fheabhsú. Dá réir sin, ainneoin tús áite a bheith á thabhairt d'aschur, tá sé tábhachtach freisin go mbeadh an tsolúbthacht agus an nuálaíocht chun acmhainní a úsáid agus gníomhaíochtaí níos éifeachtaí a fhorbairt d'fhonn tacú le FBManna á spreagadh agus aitheantas a thabhairt dóibh i dtéarmaí monatóireacht a dhéanamh ar obair an Ghrúpa trí chéile mar aon le haschur deiridh an Ghrúpa.

## 4.1 Forfheidhmiú Éifeachtach chun an Méid Tairbhí is féidir a Sholáthar do FBManna

I bhfianaise an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, ní mór anois forfheidmiú éifeachtach na mórthionscnamh beartas atá bunaithe ag an Rialtas chun tacú leis an earnáil FBManna a chinntiú. Thug an ESRI faoi mhórchlár taighde faoi mhaoiniú FBM agus foilsíodh an tuarascáil deiridh a d'eascair as an obair shuntasach seo "*Financing SMEs in Recovery*" i nDeireadh Fómhair 2014. Dhírigh an tsraith moltaí beartas atá luaite sa tuarascáil seo ar an ngá atá leis an raon beartas atá i bhfeidhm cheana féin a fheabhsú agus a threisiú. Díreoidh Grúpa Comhlachtaí Stáit na FBManna ar an mbealach is fearr chun an tairbhe is fearr agus is féidir do FBManna a bhaint as creat athraitheach airgeadais na hÉireann. Ní mór go mbeadh béim chomhbheartaithe ar a chinntiú go bhfuil an tsraith fhairsing tionscnamh atá i bhfeidhm anois ag éascú infhaighteacht roghanna maoinithe cuí, éagsúla agus inbhuanaithe i gcomhthéacs shaolré gnó FBM.

Mar a leagadh béim air níos túisce sa Phlean Gníomhaíochta, is ionann bunú CBSÉ agus mór-athchóiriú suaiteach a sholáthróidh suas le €800 milliún i maoiniú breise don earnáil FBM. Is cuid ríthábhachtach nua de chreat airgeadais na tíre é CBSÉ agus i bhfianaise an phoitéinsil a bhaineann leis an soláthar agus an t-éileamh do chreidmheas a fheabhsú, beidh fíorthábhacht le forfheidhmiú éifeachtach an phlean gnó agus na gnéithe gaolmhara oibríochtúla thar thréimhse 2015.

Mar a tugadh le fios i mBuiséad 2015, beidh ról lárnach ag CBSÉ agus CISÉ, ag obair i ndlúthchomhar le Fiontraíocht Éireann, i dtáirgí agus ardáin airgeadais a fhorbairt a bhaineann le Straitéis Airgeadais nua, chomhtháithe d'Onnmhairiú, straitéis atá á comhordú ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Os a choinne sin, tá an poitéinseal ag na príomhinstitiúidí airgeadais seo infheistíocht bhreise ón earnáil phríobháideach a ghiaráil sa gheilleagar, an earnáil FBM san áireamh.

I rith 2014, thiomsaigh agus scrúdaigh an Roinn Airgeadais, ar bhonn míosúil, sonraí gráinneacha ó Bhanc na hÉireann agus AIB. Chuir sé seo le tuiscint níos fearr ar thimpeallacht iasachaithe bainc FBM agus d'éascaigh sé béim níos suntasaí a bheith á leagan ar iasachtú nua.

Mar iarracht cur le forbairt agus forfheidhmiú leanúnach beartas, ní mór go bhforbródh Grúpa Comhlachtaí Stáit na FBManna sraith oiriúnach méadrachta a éascóidh léargas níos iomláine ar threochtaí iasachtaithe FBM ó fhoinsí bainc agus neamhbhainc, lena n-áirítear an raon iomlán tionscnamh státurraithe atá i bhfeidhm anois.

Is den tábhacht é a aithint, i ndáil le haonáin tráchtála, go n-athraíonn an cineál sonraí a bhíonn ar fáil i dtéarmaí caighdeáin agus sonraí agus, dá réir sin, áireofar i measc cuid den obair a bheidh ar bun ag Grúpa Comhlachtaí Stáit na FBManna comhoibriú le haonáin tráchtála ar cheisteanna a bhaineann le soláthar sonraí maidir le hiasachtú FBM a fheabhsú. A dhála sin, beidh dualgas ar ranna agus gníomhaireachtaí aonair rialtais sraith oiriúnach méadrachta a bhunú agus a thiomsú do gach tionscnamh airgeadais a bhfuil freagracht reachtúil orthu ina leith.

Ansin beidh Grúpa Comhlachtaí Stáit na FBManna freagrach as eolas maidir leis an gceist seo a thuairisciú don Choiste Comh-Aireachta um Théarnamh Geilleagrach agus Poist faoi dhó sa bhliain. Seachas léargas iomlán a thabhairt ar threochtaí iasachtaithe FBManna, cuirfidh an cleachtadh seo le breithniú agus le forbairt leanúnach beartas.

Gné d'obair Ghrúpa Comhlachtaí Stáit na FBManna go dtí seo ba ea an tiomantas tionscnaimh a mheas agus a athbhreithniú agus é mar aidhm a n-éifeachtacht a fheabhsú. Áireofar i measc cuid d'obair an Ghrúpa in 2015, tacú le rolladh amach tairiscintí tairgí athchumraithe cosúil leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa athbhreithnithe agus oibriú simplithe Mhicreathionscadal an Chiste Iasachta trí Microfinance Ireland (MFI). Chomh maith leis sin, leanfaidh an Grúpa le hathbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna reatha agus moltaí a dhéanamh maidir le hathruithe oiriúnacha chun a n-éifeachtacht a fheabhsú agus ráta glactha níos airde FBManna sna scéimeanna a éascú. Chomh maith leis sin, tá scóip ann do Ghrúpa Comhlachtaí Stáit na FBManna deiseanna poitéinsiúla a aithint chun tionscnaimh a nascadh lena chéile ionas go mbeidh an tairbhe is fearr agus is féidir á fáil ag FBManna.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Forfheidhmiú Éifeachtach | |
|---|---|
| **102** | Forfheidhmiú Phlean Gnó CBSÉ d'iasachtú FBM thar 2015.<br>**(CBSÉ)** |
| **103** | Déanfaidh an Roinn Airgeadais agus an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta straitéis airgeadais chomhtháite onnmhairithe a rolladh amach in 2015, agus beidh táirgí agus ardáin airgeadais á bhforbairt ag CBSÉ agus ag Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) i gcomhar le FÉ.<br>**(R/Airgeadais, RPFN, CBSÉ, CISÉ, FÉ)** |
| **104** | Sonraí a thiomsú agus a mhonatóiriú, sonraí an Bhainc Ceannais san áireamh, maidir le hiasachtú chuig FBManna ó fhoinsí bainc agus neamhbhainc, lena n-áirítear an raon iomlán tionscnamh státurraithe agus eolas maidir leis an gceist seo a thuairisciú don Choiste Comh-Aireachta um Théarnamh Geilleagrach agus Poist faoi dhó sa bhliain.<br>**(Grúpa Comhlachtaí Stáit FBM)** |
| **105** | Tiomsófar agus scrúdófar sonraí mionsonraithe ó AIB agus ó Bhanc na hÉireann, ar bhonn míosúil, rud a chinnteoidh go mbeidh tuiscint níos fearr ar thimpeallacht iasachaithe bainc FBM, agus leagfar béim ar leith ar iasachtú nua.<br>**(R/Airgeadais, Oifig um Athbhreithniú Creidmheasa)** |
| **106** | I ndiaidh na reachtaíochta príomha oiriúnaí a rith, an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa nua a fhorfheidhmiú agus a chur chun cinn.<br>**(RPFN, Oifig um Athbhreithniú Creidmheasa)** |
| **107** | Moltaí athbhreithniú ar Scéim Chiste Iasachta na Micreathionscadal a fhorfheidhmiú.<br>**(RPFN)** |
| **108** | Suirbhé a dhéanamh ar an éileamh atá ag FBM ar chreidmheas.<br>**(R/Airgeadais)** |

## 4.2 Cumarsáid – Cuir leis an tuiscint atá ag FBManna agus ag Fiontraithe ar thacaíochtaí

Dúshlán leanúnach don chóras beartas poiblí cur leis an tuiscint atá ag FBManna agus ag fiontraithe ar an raon tacaíochtaí státurraithe atá ar fáil. Dá réir sin, cinnteoimid go leagfar béim leanúnach ar straitéis chuimsitheach agus chomhtháite cumarsáide a fhorfheidhmiú, straitéis a mbeidh an raon is leithne páirtithe leasmhara is féidir páirteach ann, ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon. Áireofar anseo leanúint leis na tionscnaimh rathúla a forbraíodh in 2014, eadhon:

- An Uirlis Tacaíochta Ar Líne do FBManna a fheabhsú agus a chur chun cinn;
- Taispeántas taistil réigiúnaigh a reáchtáil ag príomhimeachtaí náisiúnta, earnála agus beartas; agus
- Oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí eile agus comhlachtaí ionadaíocha chun ábhar eolais saincheaptha don léitheoir a fhorbairt.

Is léir gur gá cumarsáid éifeachtach a chomhtháthú ón tús i mbearta éagsúla beartais atá ag tacú leis an earnáil FBM. Cinnteoidh tuiscint níos fearr ar na tacaíochtaí atá ar fáil go mbeidh an ráta glactha is airde agus is féidir le sonrú i measc na ngrúpaí a bhfuilimid dírithe orthu. A dhála sin, ba chóir go bhfeidhmeodh straitéis éifeachtach cumarsáide mar mheicníocht chun dearcthaí agus taithí na hearnála FBM a thaifeadadh maidir leis na nithe a bhfuil ag éirí go maith leo agus na dúshláin atá fós le sárú chomh fada is a bhaineann le fás a mhaoiniú. Tá scóip ann chun cainéil chumarsáide, nua agus reatha, a úsáid chun FBManna aonair agus taithí dhearfach comhpháirtithe tionscail maidir le rannpháirtíocht i dtionscnaimh státurraithe a chur chun cinn, an líonra de 31 Oifig Fiontair Áitiúil go háirithe. Bealach níos éifeachtaí a bheadh ann chun aird a tharraingt ar na tairbhí a d'fhéadfadh FBManna a bhaint as rannpháirtíocht i scéimeanna mar sin. D'fhéadfadh plé leanúnach leis an earnáil FBM foghlaim dhéthreo a spreagadh freisin, fóram a sholáthar chun réitigh bheartas a phlé, agus iontaoibh sa phróiseas forbartha beartas a fhorbairt.

### Gníomhaíochtaí 2015

| Feasacht ar Thacaíochtaí a Spreagadh | |
|---|---|
| **109** | An chéad chéim eile de straitéis chomhtháite cumarsáide a sheachadadh.<br>**(Grúpa Comhlachtaí Stáit FBM)** |
| **110** | www.actionplanforjobs.ie agus an feachtas tacaíochta fógraíochta a sheoladh chun tacaíocht do agus úsáid na huirlise ar líne 'Tacaíocht do FBManna' agus feasacht ar thacaíochtaí Stáit do ghnó a spreagadh.<br>**(RPFN)** |

## 4.3 Rannpháirtíocht le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta

### Forbairt Iltaobhach agus Bainc Náisiúnta Spreagtha

Ó 2012 i leith, tá béim leagtha ar ár rannpháirtíocht ar fud an Rialtais leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus leis an gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI) a mhéadú chun meicníochtaí a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú a mbeidh sé mar aidhm leo an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as an soláthar maoinithe do FBManna. Is ionann bunú CBSÉ agus deis shoiléir comhoibrithe níos doimhne agus níos déine leis an BEI go háirithe, agus, ag brath ar an mbaint a bheidh aige le bearta riosca, leis an CEI chomh maith. Is ionann rannpháirtíocht CBSÉ i dTascfhórsa BEI ar Bhainc Náisiúnta Spreagtha agus an cineál rannpháirtíochta a d'fhéadfaí a bheith ag súil léi nuair a bheidh institiúid náisiúnta iasachtaithe spreagtha FBM-dírithe bunaithe. Chomh maith leis sin, is ionann comhoibriú níos dlúithe leis an BEI agus CEI agus deis tionscnaimh a fhorbairt a thacódh le sainordú forbartha CBSÉ trí chéile. A dhála sin, trí chur lena chaidreamh dearfach le banc infheistíochta stáit na Gearmáine, KfW, leanfaidh CBSÉ le hiniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal atá ann comhoibriú le Bainc Náisiúnta Spreagtha eile agus iarracht ar bun an timpeallacht maoinithe do FBManna in Éirinn a fheabhsú.

### Maoiniú AE

Tá níos mó deiseanna fós ann rochtain a fháil ar ionstraimí airgeadais faoi Rialachán Airgeadais reatha Bhuiséad an AE. Ó tharla CBSÉ a bheith bunaithe mar institiúid náisiúnta iasachtaithe FBM-dírithe, ag a bhfuil sainordú beartas poiblí agus a d'fhéadfadh feidhmiú mar ardán chun ionstraimí airgeadais a sheachadadh, tá an chuma ar an scéal go mbeidh deis iontach ann an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as ár rannpháirtíocht i ngnéithe ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil, d'fhonn a chinntiú nach ann d'fhoinsí maoinithe do FBManna nach bhfuil úsáid nó dóthain úsáide á baint astu. Sa chomhthéacs seo, ba chóir béim a leagan ar dhíriú ar na hionstraimí airgeadais a bhféadfadh an tairbhe is mó do FBManna in Éirinn a bheith luaite leo.

### Gníomhaíochtaí 2015

| Rannpháirtíocht le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta | |
|---|---|
| **111** | CBSÉ le páirt a ghlacadh i dTascfhórsa BEI ar Bhainc Náisiúnta Spreagtha. **(CBSÉ)** |
| **112** | An poitéinseal a bhaineann le comhoibriú níos dlúithe le Bainc Náisiúnta Spreagtha (BNSanna) chomh fada is a bhaineann le tionscnaimh a fhorbairt a chuireann le fás a mhaoiniú in Éirinn a scrúdú. **(CBSÉ, R/Airgeadais)** |
| **113** | Cur lenár rannpháirtíocht le BEI agus le CEI chun meicníochtaí a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú atá deartha chun an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as maoiniú feabhsaithe a sholáthar do FBMannna. **(R/Airgeadais, CBSÉ, RPFN, FÉ)** |
| **114** | An méid tairbhe agus is féidir a bhaint as ár rannpháirtíocht le gnéithe ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil – e.g. Horizon 2020, COSME - d'fhonn a chinntiú nach ann d'fhoinsí de |

| | |
|---|---|
| | mhaoiniú creata nó do mhaoiniú eile atá ar fáil don earnáil FBM nach bhfuil úsáid nó dóthain úsáide á baint astu.<br><br>**(CBSÉ, R/Airgeadais, RPFN, FÉ)** |

## 4.4 Líonra OFÁanna – Forbairt Acmhainn Fiontar

Príomhghné d'aon iarracht ar an bhfoinse maoinithe a éagsúlú é fís scileanna agus straitéiseach FBM, go háirithe maoiniú malartach neamhbhainc. Mar atá thuasluaite, baineann fíorthábhacht leis an tuiscint agus eolas atá ag FBManna ar na roghanna airgeadais atá ar fáil, tacaíochtaí státurraithe san áireamh.

Le cois cur leis an eolas maidir leis an raon ionstraimí airgeadais bainc agus neamhbhainc a d'fhéadfadh a bheith ar fáil, áfach, tá gá freisin tacú le FBManna cur chuige níos straitéisí maidir le maoiniú gnó a fhorbairt. Cuirfidh sé seo ar a gcumas tuiscint níos fearr a bheith acu ar an mbealach a bhféadfadh ionstraimí difriúla freastal ar a riachtanais airgeadais ag céimeanna sonracha den saolré, na buntáistí agus na rioscaí a bhaineann leo, agus an bealach is fearr chun na foinsí difriúla seo a ghiaráil, lena n-áirítear sinéirge phoitéinsiúil idir ionstraimí airgeadais difriúla.

Éileoidh sé seo níos mó béime a leagan ar thógáil cumais, treoir agus bearta airgeadais a chomhtháthú. Dá thoradh sin, beidh ról lárnach ag an líonra OFÁanna in eolas, tacaíocht agus comhairle a sholáthar do mhicreaghnóthaí agus do ghnóthais bheaga maidir le rochtain ar cheisteanna airgeadais.

### Gníomhaíochtaí 2015

| Forbairt Acmhainn Fiontar | |
|---|---|
| **115** | Iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun tacú le FBManna cur lena n-acmhainn airgeadais.<br><br>**(ROS, RPFN, R/Airgeadais)** |
| **116** | Beidh ról lárnach ag an líonra OFÁanna in eolas, tacaíocht agus comhairle a chur ar ghnóthais bheaga maidir le rochtain ar airgeadas, trí oiliúint, meantóireacht agus soláthar eolais chuí, bunaithe ar infhaighteacht eolais nó oiliúna cothrom le dáta ó fhoinsí oiriúnacha tríú páirtí.<br><br>**(FÉ, OFÁanna, na Coimisinéirí Ioncaim, MFI)** |

## 4.5 An Raon Roghanna Maoinithe do FBManna a Éagsúlú

### Maoiniú Cothromais

Mar chuid den obair atá ar bun an meascán airgeadais atá ar fáil do FBManna a leathnú, tá sé riachtanach gnólachtaí a spreagadh gan a bheith ag brath an oiread sin ar mhaoiniú fiachais agus níos mó úsáide a bhaint as cothromas chun infheistíocht a mhaoiniú. Bunaithe ar an staidéar thuasluaite a rinne ESRI, tá an ranníoc cothromais, caipitil fiontair agus fáis in Éirinn os cionn an mheáin i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Tugann an ESRI le fios go bhféadfadh an scóip chun an ranníoc den chineál seo maoinithe a mhéadú go suntasach a bheith srianta. Go

deimhin, d'fhéadfaí féachaint ar an úsáid, os cionn an mheáin, de mhaoiniú cothromais agus ardán chun cur leis an tuiscint ar phoitéinseal na meicníochta maoinithe seo agus cur leis an raon cuideachtaí atá sásta úsáid a bhaint as chun tacú le hinfheistíocht. Go deimhin, tugtar le fios i dtuarascáil ESRI go bhfuil deiseanna ann cur leis an úsáid atá á baint ag an gcóhort intíre de FBManna Éireannacha as maoiniú cothromais.

I mBuiséad 2015, tharraing an tAire Airgeadais aird ar roinnt príomhathruithe a bhí déanta ar an Scéim Fostaíochta agus Infheistíochta (SFI) agus an Scéim Síolchaipitil (SSC), athruithe a bhfuil sé mar aidhm leo an úsáid atá á baint ag FBManna as na meicníochtaí maoinithe seo a mhéadú. Seo a leanas na príomhathruithe ar SFI a moladh sa bhuiséad:

- An méid maoinithe is féidir le cuideachta a bhailiú faoi SFI a ardú go dtí €5 milliún gach bliain faoi réir uasmhéid de €15 milliún sa saolré trí chéile;
- Beidh infheistíocht i mbainistíocht agus in oibriú tithe altranais, fiontair mheánmhéide i gceantair neamhchuidithe, agus seirbhísí airgeadais a thrádáiltear go hidirnáisiúnta atá deimhnithe ag Fiontraíocht Éireann, cáilithe faoin scéim anois;
- Tá an tréimhse shealbhaíochta do scaireanna athraithe ó 3 bliana go 4 bliana; agus
- Beidh óstáin, tithe lóistín agus cóiríocht féinfhreastail san áireamh sa scéim ar feadh trí bliana eile.

Chomh maith leis sin, mar chuid den Bhuiséad, d'fhógair an tAire go bhfuil sé beartaithe aige an Scéim Síolchaipitil a athsheoladh faoin ainm nua ‘Scéim Aisíocaíochtaí Gnólachtaí Nuathionscanta d'Fhiontraithe’ (SAGNF) sna míonna amach romhainn. Is é atá mar aidhm leis an athbhrandáil seo cuspóir beartaithe an fhaoisimh a chur in iúl agus cuirfear dlús faoi fheachtas margaíochta comhordaithe ina dhiaidh sin. Tá an faoiseamh dírithe ar dhaoine a raibh fostaíocht ÍMAT acu roimhe seo ach ar mian leo a ngnó féin a bhunú anois.

Tá €175 milliún curtha ar fáil ag an Rialtas trí Fiontraíocht Éireann mar chuid den Scéim Síolchaipitil & Caipitil Fiontair (2013 – 2018) chun dlús a chur faoi chruthú fostaíochta agus tacú le riachtanais mhaoinithe cuideachtaí óga nuálacha Éireannacha. Is é atá mar aidhm leis an Scéim Síolchaipitil & Caipitil Fiontair (2013-2018) infhaighteacht caipitil riosca do FBManna a mhéadú d'fhonn tacú le fás geilleagrach trí fhorbairt leanatach na hEarnála Síolchaipitil & Caipitil Fiontair in Éirinn d'fhonn tacú le hearnáil níos stuama, níos inmharthana ó thaobh tráchtála agus níos inbhuanaithe. Tá €99.5 milliún geallta ag Fiontraíocht Éireann do roinnt cistí faoin scéim seo. Tá na cistí seo ag tiomsú airgid faoi láthair agus tá siad le díriú ar infheistíocht sna hearnálacha teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus eolaíochtaí beatha den gheilleagar. Eiseofar glao eile ar léirithe spéise faoin Scéim sa dara ráithe de 2015.

Tá an Scéim Caipitil Forbraíochta, a seoladh in 2012, dírithe ar dhéileáil le bearna maoinithe do chuideachtaí meánmhéide, ardfháis, dúchasacha, a bhfuil poitéinseal suntasach cruthaithe post agus onnmháirithe luaite leo, trí chistí a chruthú a d'fhéadfadh idir €2 milliún agus €5 milliún a infheistiú i gcuideachtaí bunaithe meánmhéide trí chothromas, cuasa-chothromas agus/nó fiachas. Gheall Fiontraíocht Éireann €75 milliún do thriúr bainisteoirí ciste faoin Scéim Caipitil Forbraíochta, MML Growth Capital Partners Ireland, BDO Development Capital Fund, agus Carlyle Cardinal Ireland Fund. Cuirfidh sé seo go suntasach leis an maoiniú a bheidh ar fáil chun dlús a chur faoi fhás FBManna Éireannacha sna blianta amach romhainn. Faoi Scéim Chiste Nuálaíochta na hÉireann, tá infheistíocht déanta ag Fiontraíocht Éireann i gceithre chiste i dteannta le CCNP/CISÉ, agus tá CCNP/CISÉ ag infheistiú, ar bhonn neamhspleách, i roinnt cistí eile fós. Tá na cistí idirnáisiúnta seo ag infheistiú i gcuideachtaí Éireannacha agus tá láithreacht bunaithe in Éirinn acu cheana féin.

Tuigtear gur athrú struchtúrtha fadtréimhseach a dteastóidh sraith chomhtháite gníomhaíochtaí atá deartha chun iompraíocht agus cultúr fiontraithe, cuideachtaí agus infheisteoirí a athrú é timpeallacht cothromais níos stuama agus níos éifeachtaí a fhorbairt. Tá scóip ann, áfach, do Ghrúpa Comhlachtaí Stáit na FBManna sraith beart a chur i bhfeidhm a chabhródh le dlús a chur faoin aidhm seo agus, go háirithe, tuilleadh gnólachtaí a spreagadh chun maoiniú cothromais a áireamh i measc na roghanna maoinithe thar shaolré a ngnó.

### Maoiniú Malarthach

Tarraingíonn fianaise as Éirinn agus tíortha ECFE eile, an Ríocht Aontaithe agus SAM go háirithe, aird ar an bpoitéinseal atá ann cur leis an líon ionstraimsí malartacha iasachtaithe atá dírithe ar FBManna. D'fhéadfadh gur foinse luachmhar maoinithe do mhicreaghnóthaí agus do ghnóthais bheaga a bheadh i ngníomhaíochtaí malartacha maoinithe cosúil le hiasachtú gnó piara go piara, trádáil sonraisc, agus sluachistiú, mar bhealach le cur le maoiniú traidisiúnta bainc nó mar mhalairt ar idirghabháil thraidisiúnta bainc i gcásanna inar diúltaíodh creidmheas bainc nó nár lorgaíodh creidmheas bainc sa chéad áit.

### Gníomhaíochtaí 2015

| An Raon Roghanna Maoinithe do FBManna a Éagsúlú | |
|---|---|
| **117** | Tá CISÉ chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le Ciste nua Cothromais FBM/Mezzanine a bhunú chun caipiteal a sholáthar do FBManna. **(CISÉ)** |
| **118** | Fiontraíocht Éireann le hoibriú leis an gCiste Eorpach Infheistíochta chun dlús a chur faoi Chiste Eorpach d'Aingil Ghnó a bhunú in Éirinn. **(FÉ)** |
| **119** | Tá an Roinn Airgeadais le hoibriú leis na páirtithe leasmhara cuí chun feasacht maidir le Scéim SFI a spreagadh agus é a mholadh mar fheithicil chun infheistíocht a dhéanamh ann, infheistíocht a thacóidh le fás fiontar agus le fostaíocht a chruthú. **(R/Airgeadais, RPFN)** |
| **120** | An dara glao iomaíoch ar léirithe spéise a eisiúint faoi Scéim Síolchaipitil agus Caipitil Fiontair 2013-2018. **(FÉ)** |
| **121** | Tá Grúpa Comhlachtaí Stáit na FBManna chun moltaí a chur i dtoll a chéile d'fhonn tacú le forbairt ionstraimí malartacha airgeadais FBM. **(Grúpa Comhlachtaí Stáit FBM)** |

## 4.6 Tionchar Beartas, Measúnú agus Foghlaim

Agus iarracht á déanamh ar éifeachtacht beartais a fheabhsú, leanfaidh Grúpa Comhlachtaí Stáit na FMBanna le béim shuntasach a leagan ar thionchar beartas, measúnú agus foghlaim. San áireamh anseo beidh iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun acmhainn taighde a ghiaráil laistigh den chóras poiblí trí chomhoibriú níos dlúithe ar thionscadail

shonracha laistigh de Rannán um Beartais Straitéiseacha (RPFN) agus na Rannáin Eacnamaíochta agus Chánach sa Roinn Airgeadais, mar aon le comhlachtaí seachtracha cosúil le ESRI agus NESC. Ar an tslí chéanna, trí chomhoibriú le comhlachtaí cosúil le ECFE, leanfaidh an Grúpa ag baint tairbhe as dea-chleachtas agus taithí idirnáisiúnta le linn tionscnamh a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú d'fhonn tacú le maoiniú fáis san earnáil FBM.

### Gníomhaíochtaí 2015

| Tionchar Beartas, Measúnú agus Foghlaim | |
|---|---|
| **122** | Comhdháil beartas maidir le Poitéinseal Fáis FBManna a Mhaoiniú. **(R/Airgeadais)** |

## 4.7 Creidmheas Trádála agus Íocaíochtaí Prasa

Foinse thábhachtach de chreidmheas neamhbhainc a úsáideann gnólachtaí é creidmheas trádála. Is éard atá i gceist le creidmheas trádála earraí a cheannach ar cairde ó sholáthraithe ach d'fhéadfadh go mbeadh earraí a cheannach ar airleacan ó chustaiméirí i gceist chomh maith céanna. Is ionann creidmheas trádála agus ceann de na foinsí maoinithe is coitianta a úsáideann gnólachtaí Éireannacha agus an fhoinse maoinithe is airde i limistéar an Euro.

D'úsáid thart ar 34% de ghnólachtaí Éireannacha áiseanna trádála creidmheasa chun caipiteal oibre a mhaoiniú. Nuair a bhaintear úsáid as caipteal oibre, is ionann é agus beagnach 38% den mhaoiniú iomlán. Le haghaidh infheistíochta, d'úsáid thart ar 6.1% gnólachtaí creidmheas trádála agus ba ionann é agus díreach le cois 58% de na cistí iomlána nuair a úsáideadh é[9]. Tugann na sonraí seo le fios go n-úsáideann 70% de FBManna agus de chorparáidí móra Éireannacha creidmheas trádála. Tarraingíonn na figiúirí sin aird ar an tábhacht leantach atá leis an gcineál seo maoinithe do ghnólachtaí in Éirinn.

Is cuid thábhachtach é creidmheas trádála do mhaoiniú do go leor FBManna agus is minic gurb ionann cur isteach ar shreabhadh íocaíochtaí an tslabhra soláthair agus an fachtóir cinniúnach maidir le sócmhainneacht agus féimheacht. Ní mór, áfach, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag idirghabháil beartas sa réimse seo a scrúdú mar ghné a d'fhéadfadh srian a chur ar théarmaí agus ar choinníollacha riosca, srian a d'fhéadfadh nach mbeadh deis ag gnólachtaí tairbhe a bhaint as an gcineál seo maoinithe seachas an cineál seo maoinithe a chur ar fáil.

Tá an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar reachtaíocht achtaithe chun Íocaíocht Phras agus dea-chleachtais feabhsaithe maidir le híocaíochtaí in Éirinn a chinntiú. D'eascair dúshláin shuntasacha as an gcor chun donais sa gheilleagar san earnáil fiontraíochta trí chéile in Éirinn, ach baineann suntas ar leith le híocaíochtaí déanacha i gcás FBManna. Tá tionchar díobhálach ag íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála ar ghnóthaí trí bhrú a chur ar shreabhadh airgid, costais bhreise airgeadais a chruthú agus atmaisféar éiginnte a chruthú do ghnóthaí go leor. Teastaíonn cinnteacht maidir le sreabhadh airgid ó chuideachtaí atá ag soláthar earraí agus seirbhísí agus tá siad i dteideal a bheith ag súil leis go ndéanfar íocaíochtaí leo ar bhonn tráthúil.

[9] Anailís ESRI ar Shuirbhé SAFE ECB/EC

Tionscnamh amháin a bhfuil sé mar aidhm leis feidhmíocht íocaíochta in Éirinn a fheabhsú é ceanglas an Rialtais go n-íocann Ranna de chuid an Rialtais láir a soláthraithe laistigh de 15 lá féilire ó shonrasc bailí a bheith faighte. Mar aitheantas ar an tábhacht a mheasann an Rialtas a bheith le híocaíochtaí prasa agus d'fhonn deacrachtaí sreabhadh airgid gnóthas beag in Éirinn a mhaolú, cuireadh ceanglas 15 lá na híocaíochta praise i bhfeidhm i ngach Roinn de chuid an Rialtais láir in 2011, rud a chiallaíonn go bhfuil Earnáil na nGníomhaireachtaí Stáit san áireamh anois freisin.

Céim thábhachtach eile maidir le déileáil le cultúr na n-íocaíochtaí déanacha in Éirinn ba ea forbairt thairseach Chód Iompraíochta na nÍocaíochtaí Déanacha (CÍP). Cuirfidh CÍP le hiarracht an Rilatais dlús a chur faoi shreabhadh airgid i ngeilleagar na hÉireann trí íocaíocht phras gach idirbheart gnó a spreagadh. Is comhthionscnamh é an tairseach seo idir an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, the Irish Institute of Credit Management (IICM), na príomhchomhlachtaí ionadaíocha gnó in Éirinn (ISME, SFA, Chambers Ireland & IBEC) agus Banking & Payments Federation Ireland (BPFI).

Geallann sínitheoirí a chláraíonn le CÍP tríd an tairseach ar líne, na nithe seo a leanas a chur i gcrích:

- Soláthraithe a íoc in am laistigh de na téarmaí ar comhaontaíodh orthu ag tús an chonartha, nó de réir na reachtaíochta;
- Treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe trí eolas soiléir agus inrochtaine maidir le nósanna imeachta íocaíochta a chur ar fáil; agus
- Dea-chleachtas a spreagadh trí iarraidh ar phríomhsholáthraithe glacadh leis an gCód ina slabhraí soláthair féin.

Dul chun cinn suntasach a bheidh i seachadadh rathúil CÍP i dteannta le forfheidhmiú Threoir na nÍocaíochtaí Déanacha agus socrú 15 lá íocaíocht phras na hEarnála Poiblí, i ndáil le dlús a chur faoin gcultúr íocaíochta in Éirinn.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Creidmheas Trádála agus Íocaíochtaí Prasa | |
|---|---|
| **123** | Tairseach Chód na nÍocaíochta Prasa (CÍP) a fhorbairt agus a sheoladh d'fhonn sreabhadh airgid idir gnóthaí a fheabhsú agus dlús a chur faoi athrú ar an gcultúr íocaíochta in Éirinn. **(RPFN, IICM, BPFI & Comhlachtaí Ionadaíocha Gnó)** |
| **124** | Fóram Íocaíochta Prasa a bhunú d'fhonn tacú le seachadadh CÍP agus tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar thionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le cultúr freagrach íocaíochta in Éirinn. **(RPFN)** |
| **125** | An fhéidearthacht a bhaineann le cinneadh rialtais do gach comhlacht poiblí soláthraithe a íoc laistigh de 15 lá a áireamh sa reachta íocht náisiúnta a scrúdú agus a thuairisciú. **(RPFN)** |
| **126** | Scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le critéir íocaíochtaí prasa a áireamh i dtreoirlínte soláthair phoiblí chun na nithe seo a leanas a chinntiú:<br>▪ Cuideachtaí a chosc nó a thoirmeasc ó sholáthraithe a íoc go mall nó téarmaí íocaíochta |

| | |
|---|---|
| | míréasúnacha fada a fhorchur; agus<br>▪ A éileamh go n-áiríonn údaráis chonarthacha téarmaí ina gconarthaí a chiallaíonn go bhfuil buntáistí na híocaíochta prasa le sonrú ó thús deiridh an tslabhra soláthair.<br>**(RPFN)** |

## Vicky Crosby, TaxAssist Accountants

*Bhain sí tairbhe as scéim JobsPlus*




Is seirbhís cuntasaíochta siúl isteach é TaxAssist Accountants a bhfuil seirbhísí cuntasaíochta agus cánachais á dtairiscint acu do ghnóthaí beaga - fágtar an béarlagar i leataobh agus gearrtar praghsanna sonracha.  Tá trí oifig TaxAssist á rith ag Vicky Crosby in Éirinn - i Ros Comáin, sa Longfort agus sa Mhuileann gCearr. Ba léir do Vicky, agus do go leor gnóthaí eile, gurb iad costais foirne an forchostas ba mhó.  Chuaigh sí sa tóir ar eolas faoi scéimeanna Rialtais a d'fhéadfadh a bheith úsáideach. Ní hamháin gur thug sí suntas ar leith do JobBridge agus JobsPlus, thug sí faoi deara go raibh an dá scéim ag cur lena chéile.  Le trí bliana anuas, tá ceithre intéirneach JobBridge i ndiaidh tréimhsí a chaitheamh ag obair le TaxAssist. Ní hamháin sin, ach d'fhostaigh Vicky triúr as an gceathrar intéirneach go lánaimseartha, le cabhair ón scéim JobsPlus.  Tá seachtar comhalta foirne lánaimseartha agus intéirneach amháin ar shocrúchán JobBridge fostaithe ag Crosby Business Services inniu.

"I ndiaidh dom breis is €150,000 a infheistiú i mo chuideachta b'éigean dom mo mhachnamh a dhéanamh ar na roghanna a bhí ar fáil dom mar úinéir ar ghnó beag a bhí ag iarraidh foireann a earcú agus oiliúint a chur ar an bhfoireann sin." "Chabraigh JobBridge agus JobsPlus go mór liom dlús a chur faoi mo ghnó i dtéarmaí foireann oiriúnach a fháil, cabhrú le sreabhadh airgid agus 3 oifig a bhfuil ag éirí go maith leo a bhunú."

"Díol spéise é scéal an intéirneach is déanaí atá roghnaithe agam, Michelle. Thosaigh sí ag obair ar scéim JobBridge mar Theicneoir Cuntasaíochta agus d'éirigh go breá léi. Tá Michelle ag cur go mór le mo ghnó agus tá sí cumasach i mbun a cuid oibre.  Nuair a bhí deireadh ag teacht le tréimhse a hintéirneachta, a bhuíochas do scéim JobsPlus, d'éirigh liom Michelle a fhostú go lánaimseartha agus cúnamh a fháil cuid dá tuarastail a íoc. Agus ní raibh an próiseas iarratais casta.  Tá ról lárnach ag JobBridge agus Jobsplus i bhforbairt mo ghnó anois."

Is í Michelle Maye an t-intéirneach is déanaí atá fostaithe go lánaimseartha. Míníonn sí anseo thíos a taithí féin ar JobsPlus agus TaxAssist: "Thosaigh mé m'intéirneacht JobBridge le TaxAssist sa Longfort. Ní raibh aon taithí agam ar a bheith ag obair sa réimse seo agus, dá réir sin, ba ionann an intéirneacht agus dóthain taithí a fháil tabhairt faoi ghairm sa réimse seo. Ag an tús, bhí dúshláin le sárú, ach le cabhair na foirne in TaxAssist ba ghearr go raibh mé ar mo chompord. Nuair a tháinig deireadh leis an intéirneacht, bhí áthas an domhain orm nuair a thairg Vicky post lánaimseartha dom.  Murach go raibh mé i dteideal cur isteach ar JobsPlus, níl a fhios agam cá mbeinn anois. Is breá liom a bheith ag obair in TaxAssist agus táim thar a bheith buíoch do Vicky as an deis seo a thabhairt dom."

### Eolas faoi JobsPlus

Ceann de na príomh-athchóirithe suaiteacha de phróiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist in 2013 (*Gníomhaíocht 41 agus 42, Plean Gníomhaíochta do Phoist 2013*), is dreasacht

airgeadais é JobsPlus d'fhostóirí fostaithe a earcú a bhí dífhostaithe go fadtréimhseach nó a bhí ar an mBeochlár. www.jobsplus.ie

**Tá eolas maidir leis na Gníomhaíochtaí atá luaite le JobsPlus i mbliana le fáil faoi Gníomhaíocht 101.**

# 5. Gníomhachtú Daoine Dífhostaithe a Mhéadú

Ó seoladh iad in 2012, tá an Plean Gníomhaíochta do Phoist agus Pathways to Work ag cur lena chéile agus iad ag déileáil le héileamh agus le soláthar saothair faoi seach. Is léir go bhfuil an cur chuige seo, a bhfuiltear ag leanúint leis in 2015, éifeachtach chun dlús a chur faoi chruthú post. Tá breis is 143,313 níos lú duine ar an mbeochlár le 12 mhí anuas agus tá poist faighte ag na daoine sin. Ciallaíonn sé seo go bhfuil 36% de na daoine a bhí ar an mbeochlár ag tús na tréimhse 12 mhí i mbun fostaíochta anois.

Tá post faighte ag breis is 50,000 duine a bhí dífhostaithe go fadtéarmach ag tús 2012 agus tá an ráta dífhostaíochta laghdaithe ó bhuaicphointe de bhreis is 15% go dtí 10.6% anois. Roimhe seo agus fás ar théarnaimh gheilleagracha faoi thrácht ní raibh poist luaite leo, ní mar nach raibh fás ag teacht ar fhostaíocht ach de bhrí gur thóg sé tréimhse níos faide chun éifeacht na fostaíochta mar laghdú ar líon na ndaoine ar an mBeochlár a léiriú.

Príomhaidhm atá ag an Rialtas seo a chinntiú go mbeidh ladghú ar an líon daoine atá ag brath ar íocaíochtaí cuardaitheora poist agus go háirithe na daoine a bhfuil íocaíochtaí cuardaitheora poist á bhfáil go fadtéarmach acu mar thoradh ar an méadú san fhostaíocht cruthaithe ag na gníomhaíochtaí sonraithe faoin bPlean Gníomhaíochta seo. Chuige sin, faoin scéim Pathways to Work, tá clár gníomhaíochtaí forbartha ag an Rialtas d'fhonn a chinntiú go mbeidh an méid post agus is féidir cruthaithe faoin bPlean Gníomhaíochta seo á bhfáil ag daoine atá ar an mBeochlár.

Tá 70 cloch mhíle le seachadadh ag Pathways to Work i gcomhthéacs an chuspóra seo.  Áirítear i measc na mbeart:

- Níos mó béime ar obair i gcomhpháirt le fostóirí;
- Acmhainn na Seirbhíse Poiblí Fostaíochta a mhéadú;
- Éifeachtacht clár dírithe ar mhargadh an tsaothair a mheas;
- Díriú ar níos mó áiteanna agus deiseanna do dhaoine óga dífhostaithe agus dóibh siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach;
- Tacaíochtaí fostaíochta a spreagadh; agus
- Éifeachtacht an atreoraithe ó Intreo go dtí breisoideachas agus breisoiliúint a chinntiú.

Déanfar dul chun cinn i gcomparáid le cuspóirí Pathways to Work a thuairisciú astu féin, agus áireofar nuashonruithe maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an nithe thuasluaite sna tuarascálacha maidir leis an bPlean Gníomhaíochta do Phoist. Tá Pathways to Work le fáil ag www.welfare.ie.

Seo a leanas na cuspóirí atá le cur i gcrích in 2015:

- An Chairt Gníomhaíochtaithe Fostaíochta agus Óige a rolladh amach: Geallann fostóirí a shíníonn an Chairt seo go dtógtar 50%, ar a laghad, de na hiarrthóirí a gcuirtear faoi agallamh iad, ón mBeochlár;
- Tús a chur leis an gcur chuige nua bainistíochta cuntas d'fhostóirí laitigh den Roinn Coimirce Sóisialaí. Ciallóidh sé seo go mbeidh bainisteoir speisialaithe cuntas ag fostóirí a bhíonn ag obair leis an Roinn chun daoine a earcú dá ghnóthaí le cabhrú leo;

- JobPath a rolladh amach, a chinnteoidh go mbeidh soláthraithe tríú páirtí a bhfuil a gcumas cruthaithe acu á roghnú chun seirbhísí breise fostaíochta a sholáthar a bheidh dírithe ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach.
- Leanúint leis na tionscnaimh Ráthaíochta don Óige a rolladh amach d'fhonn tacú le cuardaitheoirí poist óga; agus
- Díbhinn Teaghlaigh Filleadh ar an an Obair a bhunú a chabhróidh le teaghlaigh aontuismitheora agus cuardaitheoirí poist fadtéarmacha filleadh ar an obair.

## Gníomhaíochtaí 2015


| Gníomhachtú Daoine Dífhostaithe a Mhéadú | |
|---|---|
| **127** | Leanúint le forbairt agus le hathchóiriú seirbhísí fostaíochta poiblí an Stáit d'fhonn a chinntiú go laghdófar an líon daoine ar an mBeochlár i gcomhréir le téarnamh an Gheilleagair agus a chinntiú go bhfreagraíonn margadh an tsaothair ar bhealach solúbtha agus éifeachtach don fhás fostaíochta. **(RCS)** |
| **128** | Na gníomhaíochtaí comhaontaithe faoin Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a fhorfheidhmiú. **(R/Dlí)** |
| **129** | Ról gníomhach a ghlacadh i gClár Socrúcháin Oibre na Roinne Coimirce Sóisialaí agus sa Scéim Náisiúnta Intéirneachta. **(R/Cosanta)** |
| **130** | Tacú agus cabhrú le, de réir mar is cuí, dlús a chur faoi ghníomhaíochtaí ábhartha sa Straitéis Náisiúnta don Óige a thacaíonn le tionscnaimh fostaíochta don óige agus tionscnaimh infhostaitheachta don óige, lena n-áirítear forbairt scileanna agus deiseanna foghlaim ó thaithí do dhaoine óga mar aon le deiseanna luachmhara chun obair dheonach a dhéanamh a sholáthar. **(RLGÓ)** |
| **131** | Tacú le hearnáil dheonach na hoibre don óige rochtain a fháil ar an gClár nua don Óige agus Ciste Fiontraíochta na nÓg trí naisc idir seirbhísí áitiúla don óige agus Oifigí Fiontair Áitiúil/Microfinance Ireland a éascú. **(RLGÓ)** |
| **132** | Dlús a chur faoi obair ar Mholadh an AE ar Fhoghlaim Neamhfhoirmiúil agus Mífhoirmiúil i gcomhairle le Ranna Rialtais ábhartha agus páirtithe leasmhara eile. **(RLGÓ)** |
| **133** | Faoi réir na n-acmhainní riachtanacha a fháil, Clár Infhostaitheachta don Óige a fhorbairt agus a rolladh amach in 2015 d'fhonn tacú le tionscnaimh dírithe ar obair don óige, tionscnaimh a chuireann le hinfhostaitheacht daoine óga, a fheabhsaíonn sealbhú a scileanna trasnaí agus a chabhraíonn leo ullmhú chun fostaíocht a aimsiú agus tabhairt faoi fhostaíocht. **(RLGÓ)** |

| | |
|---|---|
| **134** | Leanúint le tacú le deiseanna soghluaisteachta agus foghlama in earnáil na hoibre don óige agus tairbhe a bhaint as na meicníochtaí maoinithe AE a bheidh ar fáil - an Clár nua Erasmus+ mar shampla.<br>**(RLGÓ)** |

| | |
|---|---|
| **135** | Bearta nua a bhunú i réimse na dtacaíochtaí cúram leanaí agus gníomhachtaithe margaidh.<br>**(RLGÓ)** |

## Leigh O'Brien & Windmill Lane Pictures

*Post aimsithe aici i ndiaidh chlár Momentum a chríochnú*



Ainneoin Céim Onóracha sa Dearadh agus Céim sna Meáin Dhigiteacha Idirghníomhacha a dhéanamh in DIT, bhí Leigh O'Brien dífhostaithe le beagán le cois bliain amháin.

Ainneoin neart scileanna a bheith sealbhaithe ag Leigh, ní raibh sé in ann post a fháil sa réimse a theastaigh uaidh - dearadh cluichí. Agus ainneoin gur fear díograiseach é a raibh fonn oibre air, bhí easpa muiníne á choinneáil siar agus ba léir dó nach raibh na scileanna ardleibhéil tionscail aige chun post a aimsiú sa tionscal seo a bhí ag fás agus ag forbairt.

Rinne Leigh iarratas ar an gClár Momentum agus ar an gClár Forbartha Cluichí a bhí á réachtáil i ndiaidh fógra faoin gcúrsa a chloisteáil ar an raidió. D'éirigh leis san agallamh, agus chuir sé tús leis an gClár i mí Feabhra 2013 agus cháiligh sé 8 mí ina dhiaidh sin, i Meán Fómhair 2013.

Go gairid i ndiaidh dó an chúrsa a chríochnú, fuair Leigh an glao gutháin a raibh sé ag fanacht air ó thosaigh sé ar an taighde ar na meáin dhigiteacha – i ndiaidh fógra a fheiceáil agus le cabhair fhoireann tacaíochta chúrsa Momentum, d'éirigh leis an post a bhí uaidh a fháil in Windmill Lane Pictures; Áis Iarléirithe cheannródaíoch na hÉireann atá dírithe go speisialta ar VFX don tionscal Cluichí, Beochana agus Scannán.

Seo a leanas tuairim Leigh maidir leis an gClár: "Ní bheadh an post seo faighte agam mura mbeadh an Clár Momentum déanta agam in Pulse College. Murab ionann agus aon chúrsa eile a rinne mé, in Pulse d'fhoghlaim mé na scileanna teicniúla a bhaineann le cláir cosúil le Unity, Maya, 3DS Max agus After Effects, cláir a mbaineann Windmill Lane, mar aon leis an tionscal trí chéile, úsáid astu. Ní raibh teagmháil leanúnach leis an tionscal ag aon ollscoil eile ar fhreastail mé uirthi. Ba léir gur thuig na léachtóirí an gnó - ní raibh sé sin tugtha faoi deara agam riamh roimhe sin. Chabhraigh Bainisteoir Cláir an chúrsa liom aithne a chur ar dhaoine in Windmill Lane, ach san am céanna bhí na scileanna a theastaigh ón tionscal agus an mhuinín agam agallamh maith a dhéanamh. Táim thar a bheith buíoch do Pulse, agus don Chlár Momentum."

### Faoi thionscal na gcluichí

- Meastar go bhforbróidh earnáil na gcluichí - earnáil ar fiú US$59.3billiún é inniu go dtí US$82.4billiún in 2015, ráta iolraithe bliantúil fáis de 8.2%.
- Tá fostaíocht méadaithe faoi chúig ó 2004 agus tá breis is 2,000 duine fostaithe go díreach i dtionscal na gcluichí inniu. Ní thugann an figiúr seo léargas cruinn ar na naisc chomhlántacha atá ag earnáil na gcluichí le gníomhaíochtaí gaolmhara eile cosúil le beochan, scannán, idirlíon-tomhaltóra agus ríomhfhoghlaim.

### Faoi Momentum

Soláthraíonn Momentum (*Gníomhaíocht 158, Plean Gníomhaíochta do Phoist 2014*) oideachas saor in aisce agus tionscadail oiliúna ar leibhéal teastais do chuardaitheoirí poist atá dífhostaithe le 12 mhí nó níos mó. Deis atá sna tionscadail seo do chuardaitheoirí poist oiliúint agus taithí oibre a fháil in earnálacha an gheilleagair a bhfuil deiseanna fostaíochta iontu. Bíonn cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha á dtairiscint in earnálacha éagsúla lena n-áirítear na meáin dhigiteacha, cúram sláinte agus seirbhísí sóisialta, táirgeadh agus próiseáil bia.

http://www.momentumskills.ie/. Tá eolas maidir lena bhfuil beartaithe do chlár Momentum i mbliana le fáil i nGníomhaíocht 17 agus 18.

# 6. Cothú an Fháis san Fhiontraíocht Éireannach agus san Infheistíocht Dhíreach Choigríche in Éirinn

Ón tús, ghlac an Plean Gníomhaíochta do Phoist cur chuige bunaithe ar an onnmhairiú maidir le déileáil leis an ngéarchéim post a bhí ann an tráth sin. Trí bhíthin an tuillimh coigríche a fhabhraíonn ó onnmhairiú earraí agus seirbhísí ó ghnólachtaí atá bunaithe in Éirinn, cuirtear ar fáil an t-ioncam lena chinntiú go n-éireoidh go geal leis na gnólachtaí sin, cuirtear ar fáil airgead an phárolla do na hoibrithe atá fostaithe iontu, airgead a bhíonn sa chúrsaíocht ansin i siopaí agus i ngnólachtaí i ngach pobal, agus cuirtear leis an ioncam arna leithdháileadh ag an Stát chun seirbhísí ríthábhachtacha a chur ar fáil dár saoránaigh. I mbeagán focal, cuspóir bunúsach de chuid an Phlean Gníomhaíochta is ea cur leis an díolachán agus le honnmhairí, díreach mar a bhí san am atá caite.

Tá moladh tugtha don chur chuige sin ag breathnóirí idirnáisiúnta, go háirithe an ECFE san athbhreithniú a rinne sí ar an bpróiseas in 2014. Níos tábhachtaí fós, d'éirigh leis an iliomad beart a glacadh chun cur leis an díolachán agus le honnmhairí faoi na trí Phlean roimhe seo, i dtaobh luach onnmhairí na hÉireann thar an tréimhse. Sna sonraí is déanaí atá ar fáil, léirítear go bhfuil méadú tagtha ar onnmhairí earraí agus seirbhísí Éireannacha go dtí uasphointe nua €184 billiún in 2013 agus go bhfuil barrachais cuntais reatha againn le blianta beaga anuas. Tá an borradh mór atá faoi onnmhairí earraí agus seirbhísí á chur chun cinn ag earnálacha ar dhíríomar go sonrach orthu mar chuid den Phlean Gníomhaíochta do Phoist, lena n-áirítear earnáil na cógaisíochta agus earnáil na déantúsaíochta. Is a bhuíochas sin uile leis an mbeartaíocht, an tallann, an diongbháilteacht agus an treallús atá ag gnólachtaí ar fud na tíre, le tacaíocht dhíreach nó neamhdhíreach ón Stát, agus iad ag dul i ngleic le roinnt de na dálaí trádála idirnáisiúnta is mó a chuir ár ndúshlán riamh.

Is tábhachtach iad na gnólachtaí onnmhairithe, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí Stáit, i dtaobh cruthú post, agus is ar an rath atá orthu a bhunófar an forás geilleagrach agus cruthú post inbhuanaithe ar fud na tíre sa tréimhse atá romhainn.  Chruthaigh cuideachtaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann líon comhlán níos mó ná 19,000 post nua in 2014, a d'fhág gur tháinig glanmhéadú beagnach 8,476 ar bhonn cliant Fhiontraíocht Éireann. Tá sé tuairiscithe ag GFT Éireann, an ghníomhaireacht de chuid Rialtas na hÉireann atá freagrach as an infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh, gur chruthaigh cliantchuideachtaí GFT Éireann 15,012 phost nua i rith na bliana 2014. Nuair a ghlactar líon na bpost a cailleadh san áireamh, tháinig glanmhéadú 7,131 ar an bhfostaíocht, a bhí ar cheann de na glanleibhéil ab airde i dtaobh cruthú post le deich mbliana anuas. Tá ceangal díreach idir an borradh faoin bhfostaíocht sna cuideachtaí sin agus an cumas atá acu cur leis an díolachán agus le honnmhairí.  Baineadh amach luach €17.1 billiún d'onnmhairithe i gcuideachtaí arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann in 2013 agus táthar ag súil go mbeidh méadú eile fós le sonrú ar thoradh na bliana 2014, go dtí €18 billiún.

In 2015, beidh an Stát ag leanúint ag aghaidh ag tabhairt tacaíochta go díreach agus go hindíreach do ghnólachtaí atá nó a d'fhéadfadh a bheith i mbun onnmhairithe tríd an tsraith gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa chuid seo den Phlean Gníomhaíochta do Phoist 2015, agus é ag díriú ar chruthú post nua agus ag tacú le gnólachtaí chun feidhmíocht láidir a bhaint amach i leith an onnmhairithe in 2015. Bíodh sé trí bhíthin ár gcuid oibre chun cur leis an infheistíocht dhíreach choigríche agus í a leabú anseo, nó trí bhíthin na ngníomhaíochtaí atá ar bun againn chun ár mbonn onnmhairithe den scoth a neartú agus a chur chun cinn, cinnteofar

trí na bearta a leagtar amach thíos go bhfaighidh gach gnólacht atá nó a d'fhéadfadh a bheith i mbun onnmhairithe, i ngach cearn d'Éirinn, an tacaíocht atá de dhíth air chun dul i mbun gnó agus an gnó sin a choinneáil ar bun go rathúil.

Tá na hiarrachtaí sin arna dtacú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus a líonra Ambasáidí trína dlúthchomhar le Ranna Rialtais eile agus le gníomhaireachtaí Stáit. Déanann an Chomhairle Trádála Onnmhairithe, atá faoi chathaoirleacht an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, maoirseacht ar chur chun feidhme Straitéis an Rialtais um Thrádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht (ar foilsíodh Athbhreithniú ina leith i mí Feabhra 2014) agus bíonn sí i mbun oibre chun neartú a dhéanamh ar an gcomhar agus an comhordú ar fud na Ranna Rialtais agus na ngníomhaireachtaí Stáit uile a bhfuil baint acu le cur chun cinn agus forbairt na trádála, na turasóireachta, na hinfheistíochta agus an oideachais.

Déanann sí athbhreithniú ar Phleananna Margaidh Áitiúil a tháirgtear ar bhonn bliantúil le haghaidh gach ceann dár 27 margadh tosaíochta. Is iad Foirne Margaidh Áitiúil a ullmhaíonn na pleananna sin, agus bíonn na foirne sin faoi chathaoirleacht Ambasadóir na hÉireann agus is ionadaithe de chuid na hAmbasáide agus na ngníomhaireachtaí Stáit atá i láthair sa mhargadh iad a gcuid comhaltaí.

Cuirfear leis an tacaíocht a thugann an Stát do ghnólachtaí onnmhairithe in Éirinn de bharr oscailt cúig cinn d'Ambasáidí nua agus trí cinn d'Ardchonsalachtaí nua in áiteanna tábhachtacha ar fud Oirdheisceart na hÁise, na hEorpa, na hAfraice agus Chríocha Mheiriceá. Cuirfidh na hAmbasáidí agus na Consalachtaí sin ardán ar fáil maidir le tuilleadh cur chun cinn a dhéanamh ar onnmhairí Éireannacha, infheistíocht in Éirinn, turasóireacht go hÉirinn agus oideachas in Éirinn.

Beidh an soláthar poiblí fós ina dheis thábhachtach sa mhargadh intíre do chuideachtaí Éireannacha, toisc go gcaitheann an earnáil Rialtais €8 mbilliún in aghaidh na bliana ar earraí agus ar sheirbhísí.  Deis is ea an soláthar poiblí freisin do ghnólachtaí nuálacha chun conarthaí a bhuachan a bhféadfaí leas a bhaint astu mar phointí tagartha agus iad san iomaíocht i margaí thar lear.

Is tábhachtach freisin gurb amhlaidh, nach amháin go nglacfaimis beart cinntitheach ar bhonn bliantúil, ach go mbreathnóimis ar an téarma níos faide ionas gur féidir linn an fhís le haghaidh beartas fiontraíochta na hÉireann sna deich mbliana atá romhainn a leagan amach. Leagfaimid amach an creat uileghabhálach agus na gníomhaíochtaí straitéiseacha atá de dhíth chun a chinntiú go mbeidh beartas fiontraíochta na hÉireann láidir go leor i gcomhthéacs timpeallacht iomaíoch atá ag athrú agus iomaíocht dhomhanda níos treise le haghaidh trádála, infheistíochta agus daoine d'fhonn comhlíonadh a dhéanamh ar uaillmhian an Rialtais 2.1 milliún duine a bheith fostaithe in 2018 agus fás leanúnach a chinntiú thar na deich mbliana amach romhainn go dtí 2025. In 2015, áireofar leis sin staidéar a fhoilsiú ar na deiseanna geilleagracha agus ar na tionchair gheilleagracha, lena n-áirítear éifeachtaí earnálacha, a bheadh ag Comhaontú Trasatlantach Trádála agus Infheistíochta (TTIP) a d'fhéadfaí a chur i gcrích.

Beidh beartas fiontraíochta na hÉireann fós á threorú ag meastóireachtaí neamhspleácha, láidre (ex-ante, eatramhacha agus ex-post) mar is cuí chun oiriúnacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht a áirithiú san am atá le teacht.

Is iad seo a leanas cuspóirí na bliana 2015:

- Leanúint ar aghaidh ag cur chun feidhme Straitéis an Rialtais um Thrádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht agus na Straitéise i leith na hAfraice, agus forbairt a dhéanamh ar Straitéisí um Fhoinsiú Domhanda agus Seachfhoinsiú an Phróisis Gnó;

- Forbairt a dhéanamh ar bheartas fiontraíochta náisiúnta na hÉireann lena leagfar síos an treo straitéiseach thar na deich mbliana atá romhainn go dtí 2025 agus an creat le haghaidh gníomhaíochta ar fud an Rialtais;
- Straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhair earnálacha amhail Oideachas, Dearadh agus SAI;
- Straitéis nua i leith GFT Éireann a fhoilsiú d'fhonn cur leis an infheistíocht dhíreach choigríche thar na 5 bliana atá le teacht;
- Straitéis Agraibhia 2025 a fhorbairt. Leagfar amach sa straitéis na gníomhaíochtaí lárnacha atá ag teastáil chun a chinntiú go ndéanfaidh an earnáil agraibhia an cion is fearr is féidir maidir le forás geilleagrach agus onnmhairí ar bhealach inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil thar na deich mbliana atá romhainn, ag tógáil ar an dul chun cinn a baineadh amach faoi FH2020;
- A bheith i mbun oibre chun cur le feasacht FBManna i leith deiseanna soláthair phoiblí agus bearta breise a shainaithint chun cabhrú le soláthar san earnáil phoiblí;
- Leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn leasanna na hÉireann i gcaibidlíocht trádála iltaobhaí ar leibhéal an AE agus ar leibhéal na hEagraíochta Trádála Domhanda;
- Tabhairt faoi chlár um 18 gcinn de mhisin agus imeachtaí trádála thar lear faoi stiúir Aire in 2015; agus
- Leanúint ar aghaidh leis an bhforbairt ar an gcur chuige comhordaithe ar fud an Rialtais maidir le hiarrachtaí cur leis an dea-cháil atá orainn i súile an domhain.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Cothú an Fháis san Fhiontraíocht Éireannach agus san IDC | |
|---|---|
| **136** | Forfheidhmiú a dhéanamh ar Straitéis Fhiontraíocht Éireann chun díriú ar 13,000 post nua buan lánaimseartha a chruthú agus chun tacaíocht a thabhairt do chliaint i ndáil le €19 billiún in onnmhairí a bhaint amach in 2015. **(FÉ)** |
| **137** | An Staidéar Neamhspleách ar dheiseanna geilleagracha agus ar thionchair gheilleagracha a fhoilsiú, lena n-áirítear an tionchar a bheadh ag Comhaontú Trasatlantach Trádála agus Infheistíochta ar na hearnálacha éagsúla dá gcuirfí i gcrích é. **(RPFN)** |
| **138** | Onnmhaireoirí Féideartha: 9 nImeacht Feasachta d'Onnmhaireoirí Féideartha agus 9 gCeardlann d'Onnmhaireoirí Féideartha a chur ar bun ar fud na tíre agus díriú ar bhreis is 700 cuideachta chun rannpháirtíocht shuntasach a bheith acu le Rannóg na nOnnmhaireoirí Féideartha de chuid Fhiontraíocht Éireann. **(FÉ)** |
| **139** | Forfheidhmiú a dhéanamh ar an Athbhreithniú ar Straitéis an Rialtais um Thrádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht, a foilsíodh i mí Feabhra 2014. **(RGET, RPFN le Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha)** |

| | |
|---|---|
| **140** | Leanúint d'fhorfheidhmiú Straitéis na hAfraice, lena soláthraítear creat cuimsitheach i dtaobh forbairt agus bainistiú a dhéanamh ar rannpháirtíocht oifigiúil na hÉireann leis an Afraic, agus leas a bhaint as tionscnaimh amhail Fóram Eacnamaíoch na hAfraice /na hÉireann chun deiseanna nua a shainaithint don infheistíocht agus don trádáil, agus a chur ar a gcumas do chuideachtaí atá bunaithe in Éirinn ról níos mó a imirt san Afraic.<br>**(RGET, RPFN, RTBM, FÉ)** |
| **141** | Dul chun cinn a dhéanamh maidir le forfheidhmiú na Straitéise um Fhoinsiú Domhanda atá comhaontaithe ag Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann chun €100 milliún a chur le luach an díolacháin um fhoinsiú domhanda ag cliantchuideachtaí FÉ thar 3 bliana agus €30 milliún in 2015.<br>**(FÉ, GFT)** |
| **142** | Cláir mheantóireachta shainoiriúnaithe a fhorfheidhmiú chun tairbhe níos mó ná 300 cliant de chuid FÉ in 2015.<br>**(FÉ)** |
| **143** | Tógáil ar Chéim a hAon den treoirthionscnamh um braisliú, atá faoi threoir an tionscail agus ina bhfuil caoga cuideachta páirteach, trí fhorfheidhmiú a dhéanamh ar na moltaí atá san Athbhreithniú um braisliú a cuireadh i gcrích in 2014.<br>**(FÉ)** |
| **144** | Forbairt agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chlár misean trádála agus imeachtaí trádála, turasóireachta, infheistíochta agus oideachais eile atá dírithe ar spriocmhargaí tábhachtacha, lena n-áirítear margaí taiscéalaíocha agus margaí a bhfuil gealladh mór fúthu mar atá sainmhínithe faoin Athbhreithniú ar an Straitéis um Thrádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht. Beidh roinnt mhaith de na misin agus de na himeachtaí bainteacha sin faoi cheannas Aire.<br>**(RGET, RPFN le Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha)** |
| **145** | Forbróidh Fiontraíocht Éireann sraith tionscnamh comhoibríoch chun onnmhairí agus infheistíocht a chur chun cinn i margaí tosaíochta i gcomhpháirtíocht le GFT Éireann, Bord Bia, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.<br>**(FÉ, RPFN, RGET)** |
| **146** | Forfheidhmiú a dhéanamh ar chlár spriocdhírithe chun Ceannaitheoirí Isteach ar leibhéal sinsearach a mhealladh ar cuairt ó chuideachtaí tábhachtacha chun cumas soláthair na hÉireann a mheaitseáil i bpríomhearnálacha.<br>**(FÉ)** |
| **147** | Straitéis nua 5 Bliana GFT a fhoilsiú chun éifeacht a thabhairt don Ráiteas Beartais IDC a chuir an Rialtas ar fáil in 2014.<br>**(GFT)** |
| **148** | Díriú ar an sprioc líon comhlán 14,700 post a chruthú óna dtiocfadh glanlíon de thart ar 7,000 post nua in 2015.<br>**(GFT)** |
| **149** | Forfheidhmiú a dhéanamh ar 'Winning Abroad' (féach cuid 3.4 roimhe seo). |

| | |
|---|---|
| | **(GFT)** |
| **150** | A bheith i mbun oibre chun 170 tionscadal infheistíochta IDC nua eile a bhaint amach in 2015. **(GFT)** |
| **151** | Leanúint ar aghaidh ag mealladh infheistíochtaí ó Mhargaí Ardfháis agus ó Mhargaí Éiritheacha chomh maith le cineálacha nua IDC, a mbeidh an fócas ina leith san áireamh i straitéis nua GFT atá le seoladh i Ráithe 1. **(GFT)** |
| **152** | Sainghrúpa a bhunú chun scrúdú agus tuairisciú a dhéanamh ar mholtaí chun cur le hinfheistíocht choigríche agus infheistíocht intíre i mbonneagar stiúideo stáitse taifeadta earnáil scannán agus teilifíse na hÉireann - rud a chruthóidh poist - i bhfianaise an éilimh atá ag teacht chun cinn ar ábhar closamhairc thar ardáin éagsúla. **(REOG, RPFN, R/Taoisigh mar aon le gníomhaireachtaí iomchuí, lena n-áirítear GFT, FÉ agus Bord Scannán na hÉireann)** |
| **153** | Leanúint ar aghaidh leis an bhforbairt ar an gcur chuige comhordaithe ar fud an Rialtais maidir le hiarrachtaí cur le dea-cháil na hÉireann ar fud an domhain, lena n-áirítear trí nuashonrú rialta a dhéanamh ar theachtaireachtaí tábhachtacha faoi dhul chun cinn geilleagrach na hÉireann mar aon lena cuid láidreachtaí i leith na trádála, na turasóireachta agus na hinfheistíochta, agus maidir lena gcur in iúl ag Líonra Ambasáidí na hÉireann. **(REOG, R/Taoisigh mar aon le Ranna agus gníomhaireachtaí iomchuí)** |
| **154** | Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí agus institiúidí taighde arna dtacú ag Fiontraíocht Éireann in earnáil na cosanta agus na slándála, i réimse an taighde agus na nuálaíochta **(R/Cosanta)** |
| **155** | Riachtanais na ngnólachtaí faoi úinéireacht teaghlaigh a chur san áireamh ar bhonn níos soiléire i dTairiscint Fhiontraíocht Éireann um Fhorbairt Bainisteoireachta dá cuid Cliant. Cohórt gnó teaghlaigh a bhunú laistigh den chlár nua 'Platform 4 Growth' 2015 chun an dea-chleachtas a chomhroinnt agus a chinntiú go mbeidh an t-ábhar ag freastal ar riachtanais na ngnólachtaí faoi úinéireacht teaghlaigh. **(FÉ)** |
| **156** | Forfheidhmiú a dhéanamh ar na beartais agus na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta. **(ROS, FÉ)** |
| **157** | Ceithre thionscnamh margaidh nua a bhunú agus a fhorfheidhmiú chun díriú ar shaindeiseanna margaidh deiridh a bheidh in oiriúint do chumais soláthair na hÉireann. **(FÉ)** |
| **158** | A bheith i mbun oibre chun cur le feasacht FBManna i leith deiseanna soláthair phoiblí. **(FÉ)** |
| **159** | Tacú le cuideachtaí Éireannacha atá ag iarraidh páirt a ghlacadh sa soláthar thar lear trí |

| | |
|---|---|
| | chruinnithe idir FBManna agus Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta.<br><br>**(FÉ)** |
| **160** | Dul i dteagmháil le comhlachtaí ionadaíocha FBManna, RPFN, Fiontraíocht Éireann agus Idirthráchtáil Éireann tríd an ngrúpa oibre FBManna chun tuilleadh beart a shainaithint chun cabhrú le soláthar na hearnála poiblí.<br><br>**(RCPA/OSR)** |
| **161** | Forbairt a dhéanamh ar mhéadracht chun measúnacht a dhéanamh ar an margadh le linn an phróisis soláthair chun feabhas a chur ar chomórtais soláthair amach anseo.<br><br>**(RCPA/OSR)** |
| **162** | Píblínte gníomhaíochtaí soláthair a fhoilsiú ar www.procurement.ie chun FBManna a chur ar an eolas faoi dheiseanna a thiocfaidh chun cinn i rith na bliana.<br><br>**(RCPA/OSR)** |
| **163** | Trasuímh a dhéanamh ar Threoir an AE um Sholáthar Poiblí agus ar Threoir Fóntas an AE.<br><br>**(RCPA/OSR)** |
| **164** | Cur leis an acmhainn agus an cumas atá ag fiontair Éireannacha i dtaobh tairiscintí rathúla a chur isteach ar chonarthaí soláthair phoiblí, trí fhorfheidhmiú leanúnach na scéimeanna Meet the Buyer, Go-2-Tender, Advanced Go-2-Tender agus trí thógáil Cuibhreannas.<br><br>**(ITÉ)** |
| **165** | Dul i mbun rannpháirtíochta le comhlachtaí poiblí agus le gníomhaireachtaí oiliúna chun cabhrú sainaithint a dhéanamh ar na deiseanna soláthair is fearr a oireann d'éascú a dhéanamh ar chlásail shóisialta atá dírithe ar an dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú agus rochtain níos fearr a thabhairt ar dheiseanna oiliúna i gceantair faoi mhíbhuntáiste.<br><br>**(RCPA)** |
| **166** | Bealaí a scrúdú ina bhféadfaí feabhas a chur ar sholáthar táirgí agus seirbhísí nuálacha, nuair is iomchuí, sa soláthar poiblí.<br><br>**(FÉ, RPFN i gcomhairle le Ranna agus gníomhaireachtaí iomchuí)** |
| **167** | Forbairt a dhéanamh ar bheartas fiontraíochta náisiúnta na hÉireann lena leagfar síos an treo straitéiseach thar na deich mbliana atá romhainn go dtí 2025 agus an creat le haghaidh gníomhaíochta ar fud an Rialtais;<br><br>**(RPFN)** |
| **168** | Tuarascáil sintéise uileghabhálach a ullmhú lena gcuimseofar raon na meastóireachta ar chláir na ngníomhaireachtaí chun treoir a chur ar fáil i leith luach ar airgead amach anseo agus an luach ar airgead sin a áirithiú.<br><br>**(RPFN)** |
| **169** | Leanúint ar aghaidh i mbun measúnuithe neamhspleácha ar chláir agus tionscnaimh na ngníomhaireachtaí fiontraíochta lena n-áirítear, mar shampla, meastóireacht ar an gclár LEAN Transform atá le tosú i R4 2015. |


| | |
|---|---|
| | **(RPFN)** |
| **170** | Plean a chur i gcrích le haghaidh forfheidhmiú a dhéanamh ar thionscadail ríomhshláinte tosaíochta i gcomhthéacs na straitéise ríomhshláinte foriomlána, lena n-áirítear forfheidhmiú an bhonneagair um aitheantóirí sláinte.<br>**(RSL, FSS/eHealth Éireann)** |
| **171** | Céimeanna a ghlacadh chun Saoráidí Taighde Chliniciúil (STCanna) a bhunú i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh agus creat comhoibritheach a chur ar fáil chun gach STC a nascadh le chéile faoin 2016.<br>**(BTS)** |
| **172** | Céimeanna a ghlacadh chun córas bithbhaincéireachta náisiúnta agus an bonneagar tacaíochta ina leith a bhunú faoi 2016.<br>**(BTS)** |
| **173** | Oibriú le Bord Scannán na hÉireann agus le gníomhaireachtaí eile chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcumas chun an tionscal a leathnú. 1,000 post a chur le líon na bpost coibhéiseach lánaimseartha san earnáil scannán agus chlosamhairc trí thacú le Bord Scannán na hÉireann um chistiú a dhéanamh ar 15-20 príomhscannán Éireannach ar a laghad agus forbairt a dhéanamh ar dheiseanna um chomhléiriú cruthaitheach príomhscannán le haghaidh 5-10 gcomhléiriúchán chruthaitheacha. Tacófar le breis is 40 tionscadal san iomlán, lena n-áirítear gnéchláir faisnéise, beochana, drámaí teilifíse agus scannáin ghearra.<br>**(REOG, Bord Scannán na hÉireann)** |
| **174** | Leanúint ar aghaidh ag tacú le scéimeanna ealaíon, foilsitheoireachta, scríbhneoireachta cruthaithí, oiliúna agus scéimeanna eile trí Ghaeilge, mar aon le féilte agus compántais drámaíochta, trí chistiú a chur ar fáil do chláir agus gníomhaíochtaí atá ann cheana féin.<br>**(Foras na Gaeilge)** |
| **175** | Leanúint ar aghaidh ag tacú le leathnú agus forbairt a dhéanamh ar ionad seirbhísí eitlíochta idirnáisiúnta sa tSionainn.<br>**(Grúpa na Sionainne)** |
| **176** | I gcomhar leis an RPFN, féachaint an féidir forbairt a dhéanamh ar sheirbhís um threoir theicniúil don lucht gnó faoi chúrsaí a bhaineann le caighdeánú agus rialáil, á cur ar fáil trí na Gníomhaireachtaí Forbartha Fiontraíochta, Cumainn Tionscail agus Gnó, agus an líonra Oifigí Fiontar Áitiúil.<br>**(NSAI)** |
| **177** | Ag tosú in 2015, cuirfidh an NSAI chun feidhme straitéis forbartha 3 bliana a mbeidh sé ina chuspóir aici forbairt a dhéanamh orthu seo a leanas:<br>▪ an acmhainneacht chun seirbhís leordhóthanach a chur ar fáil do chuideachtaí ilnáisiúnta a tháirgeann Feistí Leighis agus a bhfuil láithreacht acu in Éirinn;<br>▪ an acmhainneacht chun seirbhís leordhóthanach a chur ar fáil do chuideachtaí dúchasacha Éireannacha atá ag teacht chun cinn laistigh den tionscal; agus<br>▪ acmhainn a chuirfeadh go suntasach le cur chun cinn na sábháilteachta othar laistigh de chóras sláinte an Aontais Eorpaigh trí rochtain thráthúil d'othair ar Fheistí Leighis |

| | |
|---|---|
| | sábháilte atá bunaithe ar an nuatheicneolaíocht.<br><br>**(NSAI)** |

## Willow & Wild, le Bonzie

*Le tacaíocht ón líonra Oifigí Fiontar Áitiúil*

Déanann Willow & Wild le Bonzie éadaí a fhuáil de láimh i gCo. Phort Láirge. Agus leas á bhaint as teicneolaíochtaí nua-aimseartha agus teicnící atá na céadta bliain d'aois, déantar gach píosa de chuid Bonzie a fhuáil de láimh, as teicstílí sainroghnaithe a fuarthas ó na muilte is fearr ar fud an domhain. Déantar mionsaothrú ar leith ar na gnéithe is pointeáilte de gach ball éadaigh, lena gcinntítear nach bhfuil aon dá bhall éadaigh Bonzie mar an gcéanna. Fuair siad meantóireacht óna nOifig Fiontar Áitiúil agus iad ag leathnú a gcuid gnó.



Dar le Yvonne Crotty, d'éirigh chomh maith leo i dtréimhse chomh gearr a bhuíochas, cuid mhaith, leis an gcúnamh a fuair siad le dhá bhliain anuas óna nOifig Fiontar Áitiúil. "Ní bheimis sa riocht ina bhfuilimid anois murach tacaíocht chineálta agus spreagadh a bheith faighte againn ón Oifig Fiontar Áitiúil. Is achrannach go leor iad cúrsaí geilleagracha faoi láthair, ach bhí crann taca againn a chabhraigh linn agus muid ag tosú amach i mbun gnó."

"Is sochaideartha iad foireann na hOifige Fiontar maidir lenár gcuid n-iarrachtaí fiontraíochta, agus is mór an méid misnigh agus an spreagadh a thugann siad dúinn. Ón chéad lá riamh, thug siad tacaíocht mheantóireachta dúinn, mar aon le hoiliúint bhreise i réimsí ina raibh feabhas de dhíth orainn agus comhairle chuidiúil ó shaineolaí nuair a bhí bealaí gnó nua á bhfiosrú againn. Go dtí an lá atá inniu ann, measaimid gur de bharr na tacaíochta agus an chineáltais a léirigh an Oifig Fiontar Áitiúil, idir an fáilteoir, an fhoireann riaracháin agus an Príomhfheidhmeannach, a tháinig borradh faoin mbranda atá againn."

"A bhuíochas leis an Oifig Fiontar, bhí sé d'ádh orainn go bhfuaireamar cúnamh maidir le margaíocht a dhéanamh ar ár mbranda agus bhí an deis againn ár gcuid oibre a chur chun cinn ag *Showcase,* an taispeántas ceardaíochta is mó in Éirinn, tráth a thapaíomar deis nua an-spreagúil le haghaidh an Lipéid Ceardaí dár gcuid. Rinneadh muid a roghnú ar dtús mar cheann de na hEalaíontóirí Cónaitheacha sa tsaoráid shaintógtha Kite Design Studios. Comharghnó spreagúil is ea é sin de Cheardaithe Áitiúla, agus é lonnaithe i gcroílár Cheathrú na Lochlannach, ionad nua-fhorbartha i gCathair Phort Láirge, á reáchtáil ag an Oifig Fiontar Áitiúil agus ag Comhairle Cathrach Phort Láirge. Cé go raibh Kite Design Studios ina ghorlann iontach dár ngnó sna céimeanna luatha, a bhuíochas leis an timpeallacht thacúil sin táimid bogtha go dtí stiúideo dár gcuid féin, le cabhair ón Oifig Fiontair arís eile."

Shínigh Bonzie conradh leis an Victorian Trading Co., cuideachta siopadóireachta poist atá lonnaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Mar gheall ar an gcéim mhór sin chun tosaigh a ghlac an gnólacht sin atá lonnaithe i bPort Láirge, tá ceann de shaintáirgí Bonzie ar díol ar fud na Stát Aontaithe.

http://www.bonziedesigns.com/

**Maidir leis an líonra Oifigí Fiontar Áitiúil**

Gníomhaíocht lárnach i bplean na bliana anuraidh (Gníomh 7, Plean Gníomhaíochta do Phoist 2014) arbh ea bunú líonra Oifigí Fiontar Áitiúil chun cuidiú le gnólachtaí beaga in Éirinn.

Tá tuilleadh fós beartaithe don líonra i mbliana, agus is féidir leat léamh faoi sin i gCuid 3.6 den doiciméad seo, agus i nGníomh 99 go háirithe.

# 7. Fiontraíocht

Léirítear i dtaighde ón mBanc Ceannais gurb iad gnólachtaí nuathionscanta sna chéad chúig bliana atá freagrach as dhá thrian de na poist nua ar fad a chruthaítear in Éirinn. Is iad fiontraithe laochra an gheilleagar, agus cruthaíonn siad gnólachtaí, poist agus fás. Is iomaí fiontraí iontach atá in Éirinn, ach ní leor a líon. Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta do Phoist, gheall an Rialtas go ndéanfar Straitéis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cur leis an líon fiontraithe in Éirinn agus, ar an ábhar sin, chun tacú leis na mílte post breise.

Seoladh an Ráiteas Beartais Náisiúnta ar an bhFiontraíocht in Éirinn i nDeireadh Fómhair 2014 agus leagtar amach ann cuspóirí straitéiseacha an Rialtais mar éascaitheoir laistigh d'éiceachóras na fiontraíochta in Éirinn. Cuimsítear sa ráiteas na sé phríomhghné a mbíonn tionchar acu ar fhiontraithe agus ar ghnólachtaí nuathionscanta agus léirítear ann an treo ina rachaidh an beartas sna blianta atá amach romhainn. Faoi gach cuspóir, sainaithneoimid na príomh-thagarmharcanna agus forbróimid gníomhartha le gníomhaireachtaí poiblí agus le gníomhairí príobháideacha sa réimse chun feabhas leanúnach a sheachadadh.

## 7.1 Dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an Ráiteas Beartais Náisiúnta ar an bhFiontraíocht

Is iad seo a leanas na sé phríomhghné d'éiceachóras na fiontraíochta in Éirinn:

- Cultúr, caipiteal daonna agus oideachas;
- An timpeallacht ghnó agus tacaíochtaí gnó;
- An nuálaíocht;
- Rochtain ar airgeadas;
- Líonraí agus meantóireacht; agus
- Rochtain ar mhargaí.

Ionas go mbeidh fíor-éifeacht ag timpeallacht na fiontraíochta, ní mór do na sé ghné sin tacú go comhpháirteach lena chéile, bheith mar iomlán amháin soiléir, agus tacú le fiontraithe ar fud shaolré na fiontraíochta. I measc na ngníomhaíochtaí chun tacú leis an timpeallacht fiontraíochta in 2015, áirítear leagan píolótach den Chlár Comhpháirtíochta Fiontraithe, ar scéim é atá deartha le haghaidh réigiúin chun fiontraithe a chur le chéile le fiontair óstacha, inar féidir leo a smaointe agus a ngnólachtaí a chothú ar feadh tréimhse suas le haon bhliain amháin ar fhad, agus leas á bhaint as saineolas agus treoir na gnólachta óstaí. Déanfaidh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, trí bhíthin na ngníomhaireachtaí dá cuid – Fiontraíocht Éireann, na hOifigí Fiontair Áitiúil agus GFT Éireann – iarracht ceannairí gnó a bhfuil ardtaithí acu agus a ngnólachtaí i réigiún ar leith a chur le gnólachtaí nuathionscanta agus bunaitheoirí gnó chun tacú leo. Iarrfaidh Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann ar ghnólachtaí óstacha páirt a ghlacadh sa chlár, agus déanfar réamhsheiceáil orthu lena áirithiú go bhfuil siad oiriúnach do bhunaitheoirí agus do ghnólachtaí nuathionscanta. Féach an Leasú Suaiteach dar teideal An Ghníomhaíocht Fiontraíochta a Mhéadú i Rannán 2. Anuas ar thionscnamh na leasuithe suaiteacha agus ar thionscnaimh chothrománacha, déanfar dul chun cinn ar chláir a bhaineann go sainiúil le hearnálacha ar leith in 2015. Mar shampla, an tionscnamh rathúil 'Food Academy' chun tacú le gnólachtaí bia nuathionscanta agus chun iad a chothú. Tá dhá ghné le Food

Academy ar a dtugtar 'Food Academy start' agus 'Food Academy advanced'. I gcás Food Academy start, chuir an Bord Bia oiliúint agus ábhair ar fáil don ghréasán de 31 Oifig Fiontair Áitiúil a bhíonn ag idirghníomhú go díreach le cuideachtaí níos lú. Is é an Bord Bia a dhéanann Food Academy advanced a reáchtáil i gcomhar le hasraonta miondíola.

Is iad seo a leanas cuspóirí sainiúla na bliana 2015:

- Dul chun cinn a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ón mBeartas Náisiúnta Fiontraíochta;
- An leas is fearr agus is féidir a bhaint as an gClár 'New Frontiers' chun tacú le fiontraithe atá ag teacht chun cinn;
- Leanúint d'Oifigí Fiontair Áitiúil a chur chun cinn mar ionaid ilfhreastail do ghnólachtaí beaga; agus
- Clár gníomhaíochta de thacaíocht a fhorbairt le haghaidh Tosuithe Ardacmhainne réamh-infheistíochta.

## Gníomhaíochtaí 2015

| **Cultúr, Caipiteal Daonna agus Oideachas** | |
|---|---|
| **178** | Obair a leathnú agus a dhaingniú chun tacú leis an bhfiontraíocht i scoileanna. **(ROS)** |
| **179** | Féachaint ar an ngníomhaíocht fiontraíochta ar scoil i ngach ceantar Oifige Fiontair Áitiúil agus straitéisí a fhorbairt chun rannpháirteachas agus tionchar a mhéadú. **(FÉ, OFÁanna, RPFN)** |
| **180** | Leanúint de thacú le fiontraíocht i measc ban trí bhíthin cláir tacaíochta agus cur chun cinn. **(FÉ)** |
| **181** | Fiontraí Óg na hÉireann (Ireland's Best Young Entrepreneur): Ag tógáil ar sheoladh rathúil an chláir seo agus ar an bhfreagairt rathúil a bhí air in 2014, measúnú a dhéanamh ar an tionchar agus ar na torthaí, agus Clár cuí a fhorbairt le haghaidh 2015. **(FÉ/OFÁanna)** |
| **182** | An Dámhachtain Fiontraíochta do Mhic Léinn: Ag tógáil ar an gClár Dámhachtana Fiontraíochta do Mhic Léinn 3ú Leibhéal, díriú ar líon níos mó mac léinn (sprioc de 500) agus feabhas a chur ar cháilíocht na n-iarratas lena gcuirtear le spiorad fiontraíochta níos fearr sa ghrúpa mac léinn sin. **(FÉ)** |
| **183** | Tacú leis an bhfiontraíocht trí eolaithe breise a oiliúint i bhfoirne taighde le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun a ngnólachtaí féin a chur ar bun agus tacú le haistriú an taighde ina dheiseanna tráchtála. **(FEÉ)** |
| **184** | Scéim tionchair shochaíoch shuaitigh nua a fhorbairt lena n-áirítear comhairliúchán poiblí ar na hábhair atá le cistiú. |

| | |
|---|---|
| | **(FEÉ)** |
| **185** | Gníomhaíochtaí fiontraíochta ábhartha a mhapáil in institiúidí ardoideachais mar chuid den straitéis fhoriomlán le haghaidh rannpháirtíocht ardoideachais leis an bhfiontraíocht agus tacaíocht fiontraíochta a leabú laistigh de Chreat Feidhmíochta Córais an Údaráis um Ard-Oideachas. **(ROE, ÚAO)** |
| **186** | Straitéis rannpháirtíochta fiontraíochta a fhorbairt don ardoideachas ina mbeidh an t-oideachas fiontraíochta mar chuid thábhachtach den chreat náisiúnta don rannpháirtíocht gnólachtaí. **(ÚAO)** |
| **187** | Táscairí feidhmíochta agus bearta a leagan amach chun an ghníomhaíocht fiontraíochta a thagarmharcáil san ardoideachas in Éirinn. **(ROS, ÚAO)** |
| **188** | Oibriú leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair a chur chun cinn, agus tacú leis na gnólachtaí nuathionscanta sin le hidirghabhálacha iomchuí, mar shampla meantóireacht, micrea-iasachtaí. **(FÉ, OFÁanna, RCS)** |
| **Timpeallachtaí agus tacaíochtaí gnó** | |
| **189** | Tacú le 130 Fiontraí nua tríd an gClár 'New Frontiers' **(FÉ)** |
| **190** | Tacaíochtaí forbartha gnó agus airgeadais a sholáthar do 185 ghnólacht nuathionscanta ardacmhainne agus óga. **(FÉ)** |
| **191** | Sainaithneoidh gach Oifig Fiontair Áitiúil conas mar is féidir moil a éascú inar féidir gnólachtaí nuathionscanta a chur ar bun i ngréasán tacúil roimh dhul ar aghaidh chun freastal ar an gcéad ghrúpa eile de ghnólachtaí arna dteacht chun cinn. Cur chuige ríthábhachtach is ea cur le breis agus 100 Ionad Fiontraíochta Pobail ar fud na tíre trí phrótacail áitiúla a chur chun feidhme lena áirithiú go bhfuil na hOifigí Fiontair Áitiúil comhtháite go hiomlán i bpleananna forbartha fiontraíochta gach contae. **(FÉ, OFÁanna)** |
| **192** | Déanfaidh Ionad Barr Feabhais Fhiontraíocht Éireann ciste iomaíoch a fhorbairt chun an fhiontraíocht a chur chun cinn in Oifigí Fiontair Áitiúil agus tharstu chun feabhas a chur ar an timpeallacht tacaíochta le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta, agus béim ar leith á leagan ar réigiúin a bhíonn ag streachailt chun fás san fhostaíocht a bhaint amach. Ina theannta sin, foilseoidh Fiontraíocht Éireann tuarascáil gach bliain ar an timpeallacht do ghnólachtaí nuathionscanta ar fud ghréasán na nOifigí Fiontair Áitiúil ina sainaithneofar réimsí feabhais agus réimsí lena bhfeabhsú agus lena nuáil. **(FÉ, OFÁanna)** |
| **193** | Faoin gClár Comhpháirtíochta Fiontraithe píolótach nua, bunaitheoirí agus gnólachtaí |

| | |
|---|---|
| | nuathionscanta a chur le fiontair mhóra i réigiún. Gníomhóidh na fiontair sin mar óstach agus mar mheantóir ar feadh suas le haon bhliain amháin chun gnólachtaí atá ag teacht i gcrann a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad leibhéal ratha eile.<br>**(FÉ, OFÁanna, GFT, RPFN)** |
| **194** | Tacú le grúpa breise d'fhiontair nua bia faoi 'Food Works 3' agus asraonta margaidh a chur chun cinn le haghaidh cuideachtaí nuathionscanta bia.<br>**(Bord Bia, FÉ, Teagasc)** |
| **195** | Straitéis chomhpháirteach a fhorbairt chun Éire a shuíomh le leas a bhaint as deiseanna nua in earnáil na nÍocaíochtaí Leictreonacha d'fhonn tacú leis an nuálaíocht agus leis an bhfiontraíocht agus d'fhonn infheistíocht shoghluaiste a mhealladh.<br>**(FÉ/GFT)** |
| **196** | Iniúchadh a dhéanamh ar mholtaí an Ghrúpa Chomhairligh maidir le Gnóthais Bheaga ó Nollaig 2014, agus tuairisciú don Ghrúpa.<br>**(RPFN)** |
| **Nuálaíocht** | |
| **197** | Leanúint den Chlár Infheisteora Inimircigh (IIP) agus den Chlár Tionscnaimh d'Fhiontraithe (STEP) a chur chun cinn d'fhonn leas a bhaint as acmhainneacht fiontraithe agus infheisteoirí imirceacha.<br>**R/Dlí agus comhpháirtithe eile)** |
| **198** | An tionscnamh foinsithe teicneolaíochta idirnáisiúnta a fhairsingiú chuig suíomh eile thar lear a bhfuil maoin intleachtúil ardluacha ag baint leis a d'fhéadfadh bheith ina bhonn do dheiseanna do chuideachtaí nuathionscanta nua in Éirinn.<br>**(FÉ)** |
| **199** | Clár gníomhaíochta de thacaíocht a fhorbairt le haghaidh Tosuithe Ardacmhainne réamh-infheistíochta.<br>**(FÉ)** |
| **200** | Clár gníomhaíochta de thacaíocht a fhorbairt le haghaidh Tosuithe Ardacmhainne scálaithe iar-infheistíochta.<br>**(FÉ)** |
| **201** | Éire a chur chun cinn go hidirnáisiúnta mar shuíomh do ghnólachtaí nuathionscanta agus 15 ghnólacht nuathionscanta ó thar lear a mhealladh chun a ngnólacht a lonnú anseo.<br>**(FÉ)** |
| **202** | Bunú 15 mhac-chuideachta taighde atá ar chaighdeán gnólachta ardacmhainne Fhiontraíocht Éireann a spreagadh.<br>**(FÉ)** |
| **203** | Plean forfheidhmithe a cheapadh bunaithe ar mholtaí ón measúnú ar Bhallraíocht Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa. |

| | |
|---|---|
| | Díriú ar 5 chuideachta iontrála ardfheidhmíochta nua le haghaidh rannpháirtíochta i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa. **(FÉ)** |
| **204** | I gcomhar le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa, Gorlann Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa a bhainistiú. **(FÉ)** |
| **205** | Beidh sé mar sprioc ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann 34 cheadúnas agus 6 mhac-chuideachta a bhaint amach in 2015 ón 12 Ionad Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. **(FEÉ)** |
| **206** | Tús a chur le staidreamh scóipe chun Mol Acmhainní Cósta agus Páirc Nuálaíochta Muirí a fhorbairt ag Páirc na Mara, Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe. **(ÚnaG)** |
| **207** | Ardréitigh réadmhaoine a fhorbairt le haghaidh cuideachtaí nuálacha ar mhaith leo gluaiseacht ó chéim na gorlainne chuig an margadh. Beidh na haonaid oiriúnach le haghaidh earnálacha ar leith, lena n-áirítear Eolaíochtaí na Beatha agus Bia, mar aon le réitigh réadmhaoine breise le haghaidh Seirbhísí Tacaíochta Gnó agus Fiontair Chruthaitheacha. **(ÚnaG)** |
| **Rochtain ar Airgeadas (féach Caibidil 4 freisin)** | |
| **208** | Úsáid maoinithe cothromais in FBManna a mhéadú **(RPFN, R/Airgeadais, na Coimisinéirí Ioncaim, FÉ, OFÁanna)** |
| **209** | Faoi mar a fógraíodh i gCáinaisnéis 2015, síneadh a chur le faoiseamh cánach reatha 3 bliana le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta go dtí deireadh na bliana 2015. **(R/Airgeadais)** |
| **210** | 6 Chiste Tosaithe Iomaíocha a sheoladh chun tacú le 85 ghnólacht nuathionscanta **(FÉ)** |
| **211** | Cur leis an rath atá bainte amach go dtí seo leis na Cistí Féidearthachta Iomaíocha agus 4 chiste spriocdhírithe a sheoladh i rith na bliana san Iarthar, sa Lár Tíre, san Oirthear Láir, agus ciste earnála amháin. **(FÉ)** |
| **212** | An Ciste um Thosú Iomaíoch don Earnáil Talmhaíochta: Tar éis sheoladh an Chiste Féidearthachta Iomaíoch don earnáil talmhaíochta i Meán Fómhair 2014, féachaint ar Chiste um Thosú Iomaíoch a sheoladh chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta féideartha san earnáil sin. **(FÉ)** |
| **Líonraí agus Meantóireacht** | |

| | |
|---|---|
| **213** | Cur leis an leibhéal tacaíochta atá ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta in Éirinn trí thacú le luasairí atá á mbainistiú ar bhonn tráchtála. **(FÉ)** |
| **214** | Cuirfidh Meitheal na leasuithe sa mheantóireacht i bhfeidhm. **(RPFN)** |
| **Rochtain ar Mhargaí** | |
| **215** | Leanúint le tionscnamh rathúil 'Food Academy' (atá á reáchtáil i gcomhar le hasraonta miondíola) chun gnólachtaí nuathionscanta bia a chothú trí oiliúint de chineál ceardlainne agus cabhair maidir le bealaí chun an mhargaidh. **(Bord Bia)** |

| | |
|---|---|
| **216** | Clár struchtúrtha a chur i bhfeidhm chun tacú le Tosuithe Ardacmhainne nua rochtain a fháil ar mhargaí agus ar chustaiméirí nua thar lear. **(FÉ)** |

## 7.2 Tionól na nGnólachtaí Nuathionscanta – 5 Lá – 5 Chathair – 5 Thionscal

**Seachtain náisiúnta d'imeachtaí ina ndéantar an fhiontraíocht a chur chun cinn agus ina léirítear an earnáil nuathionscanta in Éirinn d'fhiontraithe ar fud an domhain lena n-áirítear an diaspóra Éireannach, agus 'Tosú, Scálú, Rath ó Éirinn' mar theachtaireacht ann.**

Tionscnamh nua is ea 'Tionól na nGnólachtaí Nuathionscanta' a bheidh faoi stiúir Startup Ireland, eagraíocht neamhbhrabúis, mar bhloc tógála i dtreo mol domhanda do ghnólachtaí nuathionscanta a dhéanamh d'Éirinn faoi 2020. Tionscadal uaillmhianach is ea Tionól na nGnólachtaí Nuathionscanta atá bunaithe san earnáil nuathionscanta, á reáchtáil ag an earnáil nuathionscanta ar son na hearnála nuathionscanta in Éirinn. Cuireann sé leis an rath a bhí ar thionscnaimh amhail 'An Tionól' agus 'Slí an Atlantaigh Fhiáin' ar bhealach inbhuanaithe ar bhonn cothrom i measc na réigiún.

Ionas go mbeidh Éire ar an áit is fearr ar domhan chun gnólacht nuathionscanta ardacmhainne a chur ar bun nó a lonnú, reáchtálfar cúig lá d'imeachtaí go bliantúil sa dara seachtain de Dheireadh Fómhair (idir an 5 agus an 10 Deireadh Fómhair in 2015) i gcathracha na hÉireann (Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge) agus díreofar ar na láidreachtaí tionsclaíochta atá i ngach cathair. Bunaithe ar an Tionól, samhail a raibh an-rath uirthi, úsáidfear agus méadófar go leor imeachtaí agus tionscadal reatha i rith na seachtaine atá bunaithe timpeall ar an bhfiontraíocht, ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar bhraislí tionsclaíochta reatha atá le fáil i ngach cathair cheana féin.

Is iad na cúig thionscal atá i gceist na hearnálacha sin a bhfuil an-teacht aniar iontu in Éirinn faoi láthair, is é sin TFC, Gairis Leighis, an Bhithchógaisíocht, Agraibhia, agus Seirbhísí Gnó.

Is é an sprioc atá le Tionól na nGnólachtaí Nuathionscanta 2015 breis agus 50 imeacht agus deis líonraithe a éascú ar fud na tíre i rith na seachtaine le haghaidh 15,000 duine ar a laghad

de phobal na hÉireann agus de chuairteoirí idirnáisiúnta agus, ar an gcaoi sin, dálaí a chruthú chun 2,500 post nua ar a laghad a chruthú sa 12 mhí ina dhiaidh.

## Áireofar leis sin:

### An Náisiún a Spreagadh

Trí ghairm náisiúnta ar imeachtaí agus ar thionscadail i réimse na fiontraíochta, na tacaíochta do ghnólachtaí nuathionscanta, agus na nuálaíochta a eiseoidh Startup Ireland i mí Feabhra. Cuirfear tograí a chomhlíonann na critéir don tionól leis an sceideal ar líne. Cuirfear tús le seachtain an tionóil leis an gcéad chomhdháil bhliantúil don earnáil nuathionscanta in Éirinn (lena gcuimsítear gnólachtaí nuathionscanta agus a dtacadóirí in Ionaid Taighde, Oifigí Aistrithe Teicneolaíochta, soláthraithe spáis gorlainne/comhoibrithe, attachés tráchtála sna hambasáidí, soláthraithe seirbhísí gairmiúla (cuntasóirí, dlíodóirí, gníomhairí paitinne), bainisteoirí nuálaíochta i gcorparáidí móra, infheisteoirí, gníomhaireachtaí tacaíochta fiontraíochta an Stáit, agus infheisteoirí meantóra/aingil).

Déanfar iarracht leis an Tionól cabhrú le moil fiontraíochta den chéad scoth a thógáil i gcathracha in Éirinn agus, ina theannta sin, déanfar iarracht leathadh réigiúnach níos mó de mhoil den sórt sin a bhaint amach trí iarraidh ar na réigiúin tionscadail a chur isteach lena n-áireamh sa Tionól. Is iad na 5 réigiún sin an tIarthar, Lár Tíre, an tIardheisceart, an tOirdheisceart, agus an tOirthuaisceart.

I measc na n-imeachtaí samplacha atá beartaithe i ngach cathair do na laethanta le teacht, áirítear Deirí Seachtainí do Ghnólachtaí Nuathionscanta, imeachtaí neartaithe foirniúlachta do haiceálaithe/bunaitheoirí, laethanta oscailte chun bualadh le pobail na ngnólachtaí nuathionscanta i ngach cathair, cruinnithe Startup Grind chun ceiliúradh a dhéanamh ar eiseamláirí áitiúla, “Lá Taispeántais do Ghnólachtaí Náisiúnta” náisiúnta inar féidir le gnólachtaí nuathionscanta náisiúnta agus idirnáisiúnta a gcás a dhéanamh leis na luasairí, na hinfheisteoirí, na meantóirí, agus na comhlachtaí is fearr in Éirinn, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, Aontaí Gairme Fiontraíochta agus Imeachtaí Líonraithe don Diaspóra. Déanfar na himeachtaí reatha bliantúla fiontraíochta agus nuálaíochta a dtacaíonn an Stát leo agus Aontaí Gairme Fiontraíochta agus Imeachtaí Líonraithe Diaspóra a ailíniú le seachtain Thionól na nGnólachtaí Nuathionscanta nuair is féidir agus nuair is cuí.

Tá ról ríthábhachtach ag an oideachas chun dearcthaí agus an cultúr a fhoirmiú ón leibhéal bunscoile ar aghaidh. Ceann de phríomh-imeachtaí na seachtaine is ea na cuairteanna ‘An Fiontraí i do Phobal’ a thugann eiseamláirí ar sheomraí ranga ar fud na tíre. Reáchtálfar Dinnéar Stáit ag deireadh na seachtaine ar an téama “Cén fáth ar ceart infheistíocht a dhéanamh in earnáil nuathionscanta na hÉireann”. Is é an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a bheidh ina óstach ar an dinnéar sin. Tabharfar cuireadh do dhaoine idirnáisiúnta ó na sprioc-réimsí straitéiseacha amhail caipiteal fiontair, fiontraíocht chorparáideach, luasairí a bhfuil tacaíocht chorparáideach leo, bainisteoirí socrúcháin do chláir intéirneachtaí.

Ag tógáil ar na caidrimh agus ar na líonraí a cruthaíodh i rith Thionól 2013, úsáidfidh Startup Ireland a chomhpháirtíochtaí le páirtithe leasmhara agus a líonra náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an Tionól a chomhordú agus a chur chun cinn, le tacaíocht ó na gníomhaireachtaí stáir ábhartha. Bíonn dearcadh idirnáisiúnta de dhíth ar ghnólachtaí nuathionscanta in Éirinn ón tús. Tabharfaidh an Tionól go leor gnólachtaí nuathionscanta agus infheisteoirí ón domhan ar fad le chéile in Éirinn chun cabhrú le gnólachtaí nuathionscanta Éireannacha teagmhálacha agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a dhéanamh, rud a mhéadóidh a n-acmhainneacht díola go hidirnáisiúnta agus poist a chruthú in Éirinn.

## Ciste do Ghnólachtaí Nuathionscanta i measc an Diaspóra

Téama tábhachtach den Tionól is ea eisimircigh a bhfuil smaointe maithe acu do ghnólachtaí nuathionscanta a spreagadh chun filleadh ar Éirinn agus a ngnólacht a thógáil ann. Beidh Startup Ireland chun tosaigh ar fheachtas Kickstarter chun airgead a bhailiú le haghaidh 'Ciste do Ghnólachtaí Nuathionscanta i measc an Diaspóra' chun íoc as eitiltí go hÉirinn do 50 eisimirceach ó Éirinn chun teacht chuig an Tionól agus féachaint ar thabhairt faoina ngnólacht nuathionscanta in Éirinn.

## An fuinneamh a choinneáil chun mol domhanda do ghnólachtaí nuathionscanta a dhéanamh d'Éirinn

Is é an tionchar meántéarmach lena bhfuiltear ag súil ón Tionól seo feabhas mór a chur ar na dálaí creatlaí faoina dtacaítear leis an bhfiontraíocht ardacmhainne in Éirinn. D'fhonn é sin a éascú, tá sraith chomhlántach gníomhartha treisithe comhpháirteacha (.i. áireamh Startup Ireland ar earnáil nuathionscanta na hÉireann, acmhainní láithreáin gréasáin d'fhiontraithe agus do thacadóirí, agus suirbhé bliantúil an Tionóil ar earnáil nuathionscanta na hÉireann) beartaithe ag Startup Ireland i gcomhar le tionscnamh Thionól na nGnólachtaí Nuathionscanta chun an leas is mó agus is féidir a bhaint as an Tionól i rith na bliana ar fad. Beidh díbhinní móra amach anseo don earnáil nuathionscanta in Éirinn mar thoradh ar an gcur chuige comhtháite seo de ghníomhartha comhlántacha.

Cé go mbeidh Startup Ireland chun tosaigh san imeacht seo agus go mbeidh baint mhór ag an earnáil phríobháideach ann, beidh baint agus tacaíocht ghníomhach ó go leor comhlachtaí agus gníomhaireachtaí Stáit ríthábhachtach chun rath an Tionóil a áirithiú.

Tacóidh tionscnamh an Tionóil le roinnt cuspóirí straitéiseacha atá luaite sa Ráiteas Beartais Náisiúnta ar an bhFiontraíocht. Is iad seo a leanas cuspóirí ríthábhachtacha Thionól na nGnólachtaí Nuathionscanta:

- Cabhrú le tógáil píblíne éagsúla de ghnólachtaí nuathionscanta ardfháis, idir dhúchasach agus idirnáisiúnta, d'fhonn Caipitilithe Fiontair idirnáisiúnta a mhealladh le lonnú in Éirinn;
- Cabhrú le gnólachtaí nuathionscanta ardtionchair idirnáisiúnta a mhealladh le lonnú in Éirinn agus méadú as sin trí úsáid a bhaint as na soláthraithe seirbhíse atá ar fáil in Éirinn;
- I dtimpeallacht idirnáisiúnta atá ag éirí níos iomaíche chun stádas mar mhol do ghnólachtaí nuathionscanta a bhaint amach, cabhróidh an Tionól le hidirdhealú a dhéanamh idir Éirinn agus tíortha eile. Ar an gcaoi sin, méadófar rannpháirtíocht idirnáisiúnta isteach in earnáil nuathionscanta na hÉireann;
- Naisc a chur chun cinn agus deiseanna comhpháirtíochta a mhéadú le haghaidh na nIonad Taighde in Éirinn a bhfuil tacaíocht stáit acu;
- Le hÁireamh Thionól na nGnólachtaí Nuathionscanta, cruthófar léarscáil a bheidh le feiceáil go hidirnáisiúnta lena méadófar cáil idirnáisiúnta na hearnála nuathionscanta in Éirinn agus féadfar é a úsáid mar threoir i rith na bliana iomláine don Tionól;
- Cuirfear Suirbhé Náisiúnta an Tionóil faoi bhráid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus sainaithneofar ann aon chonstaic a bheidh le sárú chun mol do ghnólachtaí nuathionscanta a dhéanamh d'Éirinn. Molfar réitigh chabhracha freisin chun feabhas a chur ar na dálaí creatlaí le haghaidh na fiontraíochta in Éirinn;

- Foilseofar liosta ar láithreán gréasáin an Tionóil de na hacmhainní agus na tacaíochtaí atá ar fáil d'fhiontraithe in Éirinn, rud a chuirfidh feabhas ar a inrochtana atá córas nuálaíochta na hÉireann;
- Cabhrú le próifíl na hearnála in Éirinn a ardú sna meáin idirnáisiúnta trí ábhar ardchaighdeáin a chruthú a bhaineann le himeachtaí a bhíonn ar siúl i rith an Tionóil;
- Cabhrú chun bonn tallainne agus líonraí fiontraíochta na hÉireann a neartú chun cultúr láidir fiontraíochta ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus a spreagadh;
- Éire a chur chun cinn mar cheann aistir don turasóireacht i réimse na ngnólachtaí nuathionscanta i measc na dtoscaireachtaí idirnáisiúnta a thagann chun an Tionóil ar feadh seachtaine ón domhan ar fad;
- Athrú sa chultúr a chruthú trí dheiseanna a chur ar fáil do dhaltaí agus do mhic léinn foghlaim trí dhéanamh trí bhíthin páirt a ghlacadh in imeachtaí ábhartha agus bualadh le fiontraithe idirnáisiúnta; agus
- Gairmithe TFC a mhealladh ó thimpeall na cruinne a bhfuil spéis acu sna deiseanna nuathionscanta atá ar fáil in Éirinn mar mhol do ghnólachtaí nuathionscanta i réimse na teicneolaíochta.

| Tionól na nGnólachtaí Nuathionscanta | |
|---|---|
| **217** | Seachadadh Thionól na nGnólachtaí Nuathionscanta 2015 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.<br>**(Startup Ireland le tacaíocht ó RPFN agus Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha eile)** |
| **218** | Tosuithe ardacmhainne ionchasacha agus fiontraithe soghluaiste a spreagadh le teacht go hÉirinn i rith na 5 lá le haghaidh na n-imeachtaí a bhaineann lena n-earnáil tionsclaíochta féin.<br>**(Startup Ireland agus Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha mar shampla FÉ, GFT agus RGET)** |

## Eamon Keane, Xpreso

*Buaiteoirí foriomlán an chomórtais 'Fiontraí Óg na hÉireann'*



Tháinig gnólacht nuathionscanta Fhiontraí Óg na hÉireann, Eamon Keane arb as Baile Átha Cliath dó, ar an saol mar gheall ar sheachadadh bia a raibh moill air.  Tá 8 ball foirne lánaimseartha ag obair sa chuideachta Xpreso anois agus, leis an síolchistiú atá daingnithe, is féidir 10 ball foirne a choinneáil don tréimhse 12-18 mí amach anseo. Seo Eamon ag caint ar conas a tháinig a chuideachta ar an saol agus conas a thángthas ar chomórtas 'Fiontraí Óg na hÉireann'.

### Thosaigh sé amach le pizza…

"Smaoinigh mé i dtosach ar Xpreso agus mé ag fanacht ar pizza gasta a bhí ordaithe agam ar líne agus, uair a chloig níos déanaí, níor deimhníodh ar chor ar bith go raibh an t-ordú faighte ag an mbialann. Ní raibh mé ábalta an tiománaí a rianú agus, faoin am sin, bhí an-ocras orm. Shocraigh mé, mar sin, gur mhaith liom an fhadhb sin a réiteach trína léiriú do chustaiméirí cé na bialanna atá gnóthach agus trí chur ar a gcumas ordú ón mbialann is tapa a bheidh in ann an bia a sheachadadh chomh fada leo. Thosaíomar ag tógáil bogearra trínar féidir an t-am seachadta a mheas, roimh an ordú a dhéanamh, agus an seachadadh a rianú i bhfíor-am. Agus an bogearra sin á thógáil againn, thuigeamar i lár na bliana seo caite go raibh deis níos fearr ann san earnáil chúiréireachta."

### Duais Fhiontraí Óg na hÉireann a bhaint amach

"Plean gnó a bhí sa chéad bhabhta, rud a bhí an-úsáideach go háirithe i gcás cuideachtaí atá ag tosú amach. Ansin bhí cur i láthair gearr 15 nóiméad le déanamh d'Oifig Fiontair Áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas. Bhuamar é sin, agus bhí lá den scoth againn ag oiliúint don chur i láthair, rud a chuir ar ár gcumas ár gcur i láthair beo a ullmhú don chraobh.

"Chuir sé ionadh orm an oiread sin fiontraithe óga maithe atá ann nach mbíonn le feiceáil i gcónaí. Go leor daoine timpeall na tíre nach dtabharfaí aird ar bith dóibh, agus is dócha anois – agus tú ag bualadh leo – go gceapann tú go bhfuil siad an-suntasach.

"Níor éirigh liom an meangadh gáire a bhaint díom ar feadh roinnt mhaith uaireanta an chloig tar éis dúinn an duais a bhaint amach! Tá sé iontach ar fad go bhfuil Google chun muid a uchtú, mar dhea, agus sílim go bhféadfadh roinnt réimsí maithe comhoibrithe a bheith eadrainn. Cuirfidh duaischiste €50,000 a bhuamar ar ár gcumas forbróir eile a fhostú chun luas a chur faoinár bhforbairt táirgí. Tá mé fíorbhuíoch ar fad as an deis seo."

### An chéad chéim eile

"Tá ochtar fostaithe ag an gcuideachta faoi láthair agus tá duine eile ag tosú linn i mí Eanáir. Go bunúsach, leis an síolchistiú atáimid ar tí a fháil, cuirfear ar ár gcumas 10 ball foirne a choinneáil don tréimhse 12-18 mí amach anseo. Méadóimid ina dhiaidh sin arís má bhíonn borradh fúinn nó má éiríonn linn cistiú breise a bhaint amach – go bunúsach bogadh go tapa chun an deis a thapú."

## Maidir le Comórtas 'Fiontraí Óg na hÉireann'

Tá sé mar aidhm le comórtas 'Fiontraí Óg na hÉireann' (*Gníomh 10, An Plean Gníomhaíochta do Phoist, 2014*) an fhiontraíocht a spreagadh agus tacú leis an bhfiontraíocht mar ghairm bheatha agus forbairt gnólachtaí nuálacha nua a spreagadh i measc fhiontraithe óga na hÉireann. Chuir breis agus 1,110 fiontraí óg isteach ar an gcomórtas in 2014, agus reáchtálfar an comórtas seo arís in 2015. Féach Gníomh 181.

# 8. Iomaíochas

Ionas go mbeidh Éire ar an tír bheag is fearr le dul i mbun gnó inti, táimid ag leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh mar thír chun ár n-iomaíochas idirnáisiúnta a fheabhsú. Ó 2011, mar atá leagtha amach thuas, tá feabhas tagtha ar aicme iomaíochais idirnáisiúnta na hÉireann i dtuarascálacha iomaíochais ón IMD agus ón bhFóram Eacnamaíoch Domhanda – ón 24ú háit go dtí an 15ú háit in World Competitiveness Yearbook an IMD agus ón 29ú háit go dtí an 25ú háit in Global Competitiveness Report ón bhFóram Eacnamaíoch Domhanda. I dtuarascáil an Bhainc Dhomhanda, "Doing Business 2015", tá Éire sa 13ú háit i measc 189 dtír. Sa tuarascáil "Faireachlann ar an Eoraip" – Feabhas a chur ar an gComhtháthú Eorpach agus ar an Iomaíochas le haghaidh an Fháis, tá Éire sa 5ú háit i measc 28 mBallstát an AE i dtéarmaí iomaíochais, suas dhá áit ó 2013. D'ainneoin an dul chun cinn sin, leagtar amach réimse leathan gníomhaíochtaí i bPlean Gníomhaíochta 2015 chun feabhas breise a chur ar sheasamh iomaíoch na hÉireann.

Tá taighde leanúnach na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais fíorthábhachtach chuige sin. Le déanaí, rinne an Chomhairle a tosaíochtaí maidir le hiomaíochas na hÉireann a leagan amach ina dtuarascáil bheartais bhliantúil, Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2014. Táirgeadh an tuarascáil seo faoin bPlean Gníomhaíochta do Phoist 2014, agus tugtar breac-chuntas ann ar thuairim na Comhairle ar phríomh-shaincheisteanna an iomaíochais atá le sárú ag an earnáil ghnó in Éirinn sa mheántéarma. Leagtar amach ann freisin sraith freagraí beartais atá de dhíth chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. In ainneoin go bhfuil acmhainneacht mhaith ag Éirinn buntáiste a bhreith ar chor chun feabhais ar bith sna margaí domhanda, léirítear sa tuarascáil go bhfuilimid leochaileach i gcónaí i leith cásanna áirithe.

Ina theannta sin, ionchur tábhachtach is ea aighneacht na Comhairle don Phlean Gníomhaíochta chun an Plean a cheapadh. Ina haighneacht i mbliana, sonraíonn an Chomhairle go ndírítear sa Phlean go príomha ar ghníomhartha inbhraite gearrthéarmacha (.i. gníomhartha ar féidir iad a thosú nó a sheachadadh sa 12 mhí amach romhainn). Ar an ábhar sin, tá forbairt déanta ag an gComhairle ar a hanailís chun réimse gníomhartha gearrthéarmacha tosaíochta a shainaithint, ar féidir leo an bhunsraith a leagan síos dár n-iomaíochas idirnáisiúnta san fhadtéarma. Díríonn an Chomhairle ar théamaí móra atá ríthábhachtach don chuspóir cruthaithe post leis an bPlean Gníomhaíochta, lena n-áirítear dul i ngleic le hiomaíochas costais, infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar geilleagrach, feabhas a chur ar ár mbonn scileanna, forbairt a dhéanamh ar ár mbonn fiontraíochta, agus feabhas a chur ar an rochtain ar airgeadas.

Déileáiltear leis na saincheisteanna sin ar fud an Phlean seo, seachas sa rannán seo amháin. Mar shampla, déileálann Leasú Suaiteach an Fheachtais Náisiúnta Tallainne go díreach lenár mbonn scileanna, agus déileáiltear le saincheisteanna a bhaineann leis an rochtain ar airgeadas i gCaibidil 4 agus leis an Leasú Suaiteach a bhaineann le CBSÉ (Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann). Ina ainneoin sin, leagtar amach sa rannán seo roinnt gníomhartha spriocdhírithe ar leith chun dul i ngleic leis na hábhair imní a bhaineann le hiomaíochas amhail an rómhaorlathas a laghdú, an feachtas i dtreo an iomaíochais a institiúidiú, infheistíocht sa bhonneagar chun tacú leis an bhfás geilleagrach, feabhas a chur ar an táirgiúlacht ar leibhéal gnólachtaí, na costais a bhaineann le dul i mbun gnó a laghdú, agus ról na Freagrachta Sóisialta Corparáidí chun feabhas a chur ar an iomaíochas.

Chun anailís níos doimhne a fháil ar fheidhmíocht na hÉireann i réimsí ríthábhachtacha, an fáth a bhfuil tábhacht leo le haghaidh iomaíochas na hÉireann agus céard is gá d'Éirinn a dhéanamh (dar leis an gComhairle) sa mheántéarma agus san fhadtéarma, féach foilseacháin na

Comhairle *Scórchárta Iomaíochais na hÉireann, 2014* agus *Dúshlán Iomaíochais na hÉireann, 2014*.

## 8.1 Níos éasca gnó a dhéanamh

Ar go leor bealaí, is é feabhas a chur ar a éasca atá sé dul i mbun gnó a sholáthraítear an acmhainneacht is mó chun ár n-iomaíochas a fheabhsú, ós rud é gur le comhlachtaí poiblí go hiondúil a bhaineann feabhas a chur ar phróisis agus ar chleachtais riaracháin agus ní gá go mbíonn infheistíocht de dhíth. I ndáiríre, tríd an bpróisis riaracháin do ghnólachtaí a chuíchóiriú, is féidir forchostais a laghdú do chomhlachtaí poiblí agus rannpháirtíocht le gnólachtaí d'oifigigh a shimpliú ag an am céanna.

D'ainneoin feabhais ar fheidhmíocht na hÉireann in aicmí iomaíochais idirnáisiúnta, tá sé léirithe ag an gComhairle go bhfuil meath ag teacht ar iomaíochas costais na hÉireann i gcomparáid lenár bpríomh-iomaitheoirí. Tá béim leagtha ag an gComhairle freisin ar an ngá le hathchóirithe struchtúracha leanúnacha lena áirithiú go ndéanfar na feabhsuithe san iomaíochas a chothú. Ar an ábhar sin, d'aontaigh an Rialtas – chun tógáil ar na gníomhartha atá ar siúl cheana féin – go ngeallfaidh na Ranna feabhas a chur ar a éasca atá sé gnó a dhéanamh mar chuid den Phlean Gníomhaíochta.

Maidir le tionchar iomlán na ngníomhartha a glacadh go dtí seo chun feabhas a chur ar a éasca atá sé gnó a dhéanamh, tá an tuairim ann nach bhfuil an tionchar sin le brath go fóill mar níl gnólachtaí ar an eolas maidir le tionchar na gcéimeanna sin chomh mór is a d'fhéadfaidís a bheith. Leis na gníomhartha atá glactha ag an Earnáil Phoiblí go dtí seo, léirítear na tairbhí fíora inláimhsithe do chuideachtaí mar thoradh ar chomhlachtaí poiblí a laghdaíonn an ualach riaracháin ar ghnólachtaí. Meastar go bhféadfadh gnólachtaí €317 milliún ar an iomlán a shábháil in aghaidh na bliana mar thoradh ar an tionscadal tras-Rannach chun an t-ualach gnó ar ghnólachtaí a laghdú le 25% go dtí seo. Léirítear leis sin an buntáiste a bhaineann le díriú ar an timpeallacht a fheabhsú do ghnólachtaí, go háirithe ina rannpháirtíocht le comhlachtaí poiblí. Mar shampla, tríd an chóras postchóid nua a chur i bhfeidhm in 2015, feabhsófar a éasca atá sé do ghnólachtaí gnó a dhéanamh le comhlachtaí poiblí mar aon lena n-oibríochtaí féin mar seo a leanas:

- Éifeachtúlachtaí feabhsaithe a sheachadadh maidir le cúrsaí lóistíochta (lena n-áirítear freagairt na seirbhísí éigeandála);
- Feabhas ar éifeachtúlacht agus ar chruinneas na bpróiseas inmheánach gnó mar thoradh ar fheabhas ar chruinneas agus ar chomhsheasmhacht bunachar sonraí ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha;
- Cumais pleanála agus anailíse níos fearr ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha; agus
- Éifeachtúlachtaí feabhsaithe agus feabhsúcháin ó thaobh caighdeáin de a éascú in earnáil an phoist.

Meastar gurb é tionchar carnach na ngníomhartha atá leagtha amach thíos simpliú a dhéanamh ar bhreis agus leathmhilliún idirghníomhaíocht idir an Stát agus gnólachtaí in 2015. Mar shampla, tá d'acmhainn ag na córais postchóid agus meaitseála post tionchar dearfach a imirt ar bhreis agus 180,000 gnólacht an ceann, is féidir leis na suirbhéanna gnó atá leagtha amach thíos feabhas a chur ar bhreis agus 85,000 idirghníomhaíocht gnó, is féidir leis na ríomhsheirbhísí nua atá le tabhairt isteach le haghaidh cánachais agus ráitis airgeadais feabhas

a chur ar bheagnach 40,000 idirghníomhaíocht, agus is féidir feabhas a chur ar an gcóras riaracháin le haghaidh suas le 45,000 úsáideoir tríd an reachtaíocht a chomhdhlúthú. Ar an iomlán, is trí chéimeanna beaga ciallmhara dá leithéid a ghlacadh ar fud na hearnála poiblí is féidir linn feabhas leanúnach a chur ar an timpeallacht oibriúcháin do na céadta míle fostóir ar fud na tíre, trí chúrsaí gnó a éascú, costais a laghdú, agus an timpeallacht a fheabhsú chun poist a chruthú.

## Gníomhaíochtaí 2015

| | |
|---|---|
| **Céimeanna a ghlacadh chun an rómhaorlathas a laghdú le haghaidh breis agus leathmhilliún beart gnó in 2015** | |
| **219** | An córas náisiúnta postchóid a chur i bhfeidhm, rud a chuirfidh feabhas ar an éifeachtúlacht lóistíochtúil, ar chruinneas na mbunachar sonraí san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon, agus ar acmhainní pleanála agus anailíse sa dá earnáil. **(RCFAN)** |
| **220** | Córas nua a fhorbairt / a thabhairt chun críche chun folúntais a bhíonn ag fostóirí a mheaitseáil le poist. **(RCS)** |
| **Ríomhsheirbhísí nua chun go mbeidh sé níos éasca gnó a dhéanamh** | |
| **221** | Foráil a chur sa Bhille Pleanála atá beartaithe trína ligfear d'údaráis phleanála agus don Bhord Pleanála iarratais agus achomhairc phleanála leictreonacha a ghlacadh, agus freisin chun déileáil le hiarratais agus le hachomhairc dá leithéid go leictreonach. **(RCPRÁ)** |
| **222** | Córas iarratais ar líne ó thús go deireadh a chur i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le haghaidh ceadúnais chomhshaoil. **(RCPRÁ)** |
| **223** | Saoráid ar líne do ghnólachtaí chun ceadúnais a athnuachan agus chun íocaíochtaí a dhéanamh a chur i bhfeidhm san Údarás um Shlándáil Phríobháideach. **(R/Dlí)** |
| **224** | Dul i dtreo ríomhphróisis le haghaidh árachóirí chun polasaithe mótarárachais atá curtha ar ceal roimh a ndáta éaga a fhógairt. Is é 72,000 líon na bpolasaithe reatha, agus is córas páipéir atá ann. **(RITS)** |
| **225** | Comhdú éigeantach na ráiteas airgeadais a bhaineann le tuairisceán cánach trí Theanga Thuairiscithe Gnó Inbhreisithe inlíne (iXBRL) a úsáid. **(Na Coimisinéirí Ioncaim)** |
| **226** | Feabhas a chur ar fheidhmchláir agus ar chórais íocaíochta ríomhairithe sa Chlár Forbartha Tuaithe nua chun an t-ualach comhlíontachta d'fheirmeoirí a laghdú. **(RTBM)** |

| | |
|---|---|
| **227** | Cur le leibhéal na n-iarratas ar líne agus na n-iarratas agus na gcóras íocaíochta ríomhairithe chun an t-ualach comhlíontachta d'fheirmeoirí a laghdú. Méadú ó 56% go breis agus 60% i gcás iarratais faoin Scéim Íocaíochta Aonair in 2014 atá i gceist. **(RTBM)** |
| **228** | Ríomh-aighneachtaí a spreagadh a thuilleadh don Suirbhé Fostaíochta Bliantúil (AES) agus don Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch (ABSEI) sa timthriall suirbhé atá ar na bacáin. **(RPFN)** |
| **229** | Feidhmiúlacht ríomh-chomhdaithe a fhorbairt agus a thabhairt isteach i réimse an dearaidh trína mbeidh sé níos éasca ar ghnólachtaí iarratas a dhéanamh ar dhearaí tionsclaíocha a chlárú in Éirinn, rud a bheidh ag teacht leis an gcleachtas náisiúnta is fearr. **(RPFN, Oifig na bPaitinní)** |
| **230** | Modúl ríomhfhoghlama a fhorbairt, agus oibriú go díreach le FBManna ar a measúnuithe nochta ar cheimiceáin agus ar mhargaíocht. **(An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta)** |
| **231** | Cur le líon na modúl ríomhfhoghlama sláinte agus sábháilteachta atá ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus cur le líon na n-úsáideoirí, rud a chuirfeadh réitigh níos éifeachtaí i dtaobh costais ar fáil i leith oiliúint a chur ar fhostaithe, bainisteoirí agus mic léinn. **(An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta)** |
| **232** | Comhéadan a fhorbairt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun an fianaise thacaíochta a chur ar fáil go leictreonach ionas gur féidir cáin a íoc ar líne i gcás feithiclí beaga seirbhíse poiblí (tacsaithe, hacnaithe agus limisíní). **(RITS, an tÚdarás Náisiúnta Iompair)** |
| **Athruithe Reachtaíochta chun an Rómhaorlathas a laghdú** | |
| **233** | Déanfar an reachtaíocht reatha maidir le saoire mháithreachais, uchtaíoch, thuismitheoireachta agus chúramóirí a chomhdhlúthú sa Bhille um Shaoire Teaghlaigh. Leis sin, cuirfear ar chumas fostóirí agus fostaithe araon leas a bhaint as aon phíosa reachtaíochta amháin agus áiritheofar, a mhéad is féidir, go nglacfar cur chuige comhsheasmhach maidir le saoirí dá leithéid. **(R/Dlí)** |
| **234** | Reachtaíocht atá as dáta maidir le Substaintí Contúirteacha a aisghairm agus córas nua a chur ina hionad atá athchóirithe chun éifeachta, ar chostas níos ísle agus atá fabhrach do ghnólachtaí chun saoráidí stórála agus dáilte peitriliam a cheadúnú. Ba cheart go gcabhródh a leithéid leis an ngeilleagar a spreagadh trí chinnteacht a chur ar fáil dóibh siúd ar mhaith leo infheistíocht a dhéanamh i saoráidí nua nó uasghrádaithe. **(An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, RPFN, RCPRÁ)** |
| **An tUalach Comhlíontachta a laghdú agus Próisis a athchóiriú chun éifeachta** | |
| **235** | Na nósanna imeachta iarratais le haghaidh Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán agus Teastais Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a athchóiriú chun éifeachta de réir mar a éilítear faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta, ar mhaithe le riarachán éifeachtúil agus le dul |

| | |
|---|---|
| | chun tosaigh a dhéanamh ar bheartas an Rialtais chun áit níos fearr don ghnó a dhéanamh d'Éirinn.<br><br>**(RCPRÁ)** |
| **236** | Forbairt bhreise a dhéanamh ar an gCóras Bainistíochta um Rialú Foirgníochta.<br><br>**(RCPRÁ)** |
| **237** | Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na Rialachán um Rialú Foirgníochta (Leasú), 2014 (I.R. Uimh. 9 de 2014) tar éis 12 mhí d'fheidhmiú agus tuairisc a dhéanamh le moltaí maidir le nithe arna dteacht chun cinn.<br><br>**(RCPRÁ)** |
| **238** | Leas a bhaint as Deasc Chabhrach an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, atá dírithe ar thacú le FBManna, chun réimse níos leithne tacaíochtaí a thairiscint lena n-áirítear comhairle phraiticiúil.<br><br>**(An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta)** |
| **239** | Córas BeSMART a shíneadh chuig an earnáil tógála agus talmhaíochta, agus an fás fostaíochta beartaithe sna hearnálacha sin a éascú trí ualach riaracháin an chomhlíontachta a laghdú agus trí thionchar iarbhír a dhéanamh maidir leis an líon timpistí a laghdú, an comhlíonadh a mhéadú, agus coigilteas a bhaint amach ó thaobh costas de.<br><br>**(An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta)** |
| **240** | Faisnéis a chur ar fáil chun go mbeidh sé níos éasca do ghnólachtaí dul i mbun gnó san éicidhearthóireacht agus sa chomhlíonadh.<br><br>**(RCFAN)** |
| **241** | Athchóiriú breise chun éifeachta a dhéanamh ar chostas na seirbhíse cigireachta feola. Tá laghdú tagtha ar chostais cheana féin ó €42 mhilliún in 2008 go dtí €28 milliún in 2013.<br><br>**(RTBM)** |
| **242** | Le Meabhrán Tuisceana ina gcuimsítear comhoibriú feabhsaithe maidir le sonraí idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an Phríomh-Oifig Staidrimh chun anailísí staidrimh níos fairsinge agus níos doimhne a chruthú, laghdófar an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí ag eascairt as suirbhéanna ón bPríomh-Oifig Staidrimh.<br><br>**(Na Coimisinéirí Ioncaim, an Phríomh-Oifig Staidrimh)** |
| **243** | An próiseas achomhairc maidir le ceadúnú Oibreoirí um Iompar ar Bóthar a bhogadh ón gCúirt Dúiche go hOifigeach Achomharc Neamhspleách, rud a laghdóidh moilleanna agus costais.<br><br>**(RITS)** |
| **244** | Córas náisiúnta Bainistíochta agus Úsáide Bóithre bunaithe ar TF a chruthú, rud lena seachadfar iad seo a leanas nuair a bheidh sé in úsáid:<br>- Próisis iarratais athchóirithe chun éifeachta le haghaidh ceadúnais oscailte bóithre;<br>- Acmhainneacht shuntasach chun laghduithe ar chostas a bhaint amach d'údaráis áitiúla agus don tionsclaíocht araon;<br>- Bonneagar fóntais lena n-áirítear leathanbhanda a chur i bhfeidhm ar bhonn níos |

| | |
|---|---|
| | éifeachtúla; agus<br>▪ Bainistíocht bóithre níos éifeachtúla.<br>**(RITS, an Oifig um Bainistiú Bóithre, GBRÁ, ÚÁanna)** |
| **245** | Dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt córas ríomh-cheadúnaithe i réimsí amhail ceadúnú tochailtí seandálaíochta agus ceadanna fiadhúlra. Cuirfidh sé sin feabhas ar an tseirbhís do ghnólachtaí agus don phobal i gcoitinne araon.<br>**(REOG)** |

## 8.2 An feachtas i dtreo an iomaíochais a institiúidiú

Prionsabal lárnach de Phleananna Gníomhaíochta leantacha is ea gan talamh slán a dhéanamh dár n-iomaíochas riamh arís. Tá céimeanna glactha cheana féin ag an Rialtas chun na socruithe institiúideacha trína dtacaítear leis an iomaíochas a neartú. Mar shampla, tá struchtúr foirmiúil curtha i bhfeidhm ag an Rialtas lena chinntiú go ndéantar anailís ar gach cinneadh Rialtais maidir le tionchar ar bith a d'fhéadfadh a bheith acu ar an iomaíochas sula nglactar an cinneadh. Rinne an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta sainordú na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais a neartú a thuilleadh, cheap sé daoine tábhachtacha ón tionsclaíocht ar an gComhairle, rinne sé a tionchar earnála a fhairsingiú, agus chuir sé an cúram uirthi ionchur a chur ar fáil do rannán iomaíochais an Phlean Gníomhaíochta do Phoist (féach thuas).

Mar chuid de Phlean 2014, gheall an Rialtas, faoi stiúir an Taoisigh, go ndíreoidh sé ar an iomaíochas i ngach earnáil gníomhaíochta geilleagraí. Ba é an aidhm a bhí leis sin feabhas a chur ar iomaíochas na hÉireann, go háirithe i réimse na gcostas, agus áit i measc na gcúig thír is fearr a bhaint amach in aicme iomaíochais idirnáisiúnta chun go mbeidh Éire ar an tír bheag is fearr chun gnó a dhéanamh inti agus chun na poist atá de dhíth orainn a chruthú. Tá toradh an phróisis sin le sonrú go soiléir ar fud an Phlean seo, go háirithe sna gníomhaíochtaí a bhaineann leis an rómhaorlathas a laghdú agus chun go mbeidh sé níos éasca dul i mbun gnó. D'ainneoin dul chun cinn atá bainte amach le déanaí ó thaobh an iomaíochais de, leanfaidh an Rialtas de dhíriú air sin in 2015 faoi Phlean Gníomhaíochta na bliana seo.

### Gníomhaíochtaí 2015

| An feachtas i dtreo an iomaíochais a institiúidiú | |
|---|---|
| **246** | Ag leanúint den ghníomhaíocht in 2014 chun an feachtas i dtreo an iomaíochais a institiúidiú, leanfaidh an Coiste Comh-Aireachta um Théarnamh Geilleagrach agus Poist, agus Coistí Comh-Aireachta eile de réir mar is cuí, de mhonatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an iomaíochas atá sainaitheanta ag an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais agus ag grúpaí eile, agus leanfaidh siad de ghníomhaíochtaí breise a bhreithniú chun feabhas a chur ar iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann agus breithniú a dhéanamh ar thionscnaimh trína mbeidh sé níos éasca gnó a dhéanamh in Éirinn. Tabharfaidh an Grúpa Oifigeach Sinsearach ábhartha agus an Coiste Monatóireachta ar an bPlean Gníomhaíochta tacaíocht don Coiste nó do na Coistí Comh-Aireachta san obair sin.<br>**(R/Taoisigh, Gach Roinn)** |
| **247** | Na príomhchostais ghnó a thagarmharcáil agus tuarascáil a fhoilsiú ina leagtar béim ar réimsí |

| | |
|---|---|
| | nach bhfuil na costais fiontraíochta in Éirinn ar aon dul leis na príomh-iomaitheoirí. **(CNI)** |

## 8.3 Infheistíocht i mBonneagar chun tacú leis an bhFás Fostaíochta

Dar le measúnú na Comhairle, tá ár mbonneagar chun deiridh ar bhonneagar tíortha eile agus moltar ann go gcaithfí an leibhéal céanna caiteachais anseo is a chaitear i dtíortha inchomparáide. Go háirithe, leagann an Chomhairle béim ar thábhacht na hinfheistíochta sa teileachumarsáid, iompar, fuinneamh, agus bainistiú dramhaíola. Is fearr an t-ionchas fioscach le haghaidh 2015 ná mar a bhí i mblianta eile. Tá téarnamh geilleagrach na hÉireann faoi lánseol, rud atá ag cur lenár bhfáltas ó chánacha agus atá ag laghdú bhrúnna caiteachais an Bheochláir mar is mó daoine a théann isteach san fhostaíocht. Is é éifeacht charnach na bhforbairtí dearfacha sin nach bhfuil laghdú ar an leibhéal foriomlán caiteachais sa Cháinaisnéis a thuilleadh, den chéad uair ó bhí 2009 ann. D'fhoilsigh an Rialtas a Tuarascáil Chuimsitheach ar Chaiteachas, 2015-2017, i mí Dheireadh Fómhair ina leagtar amach leithdháiltí caiteachais agus bearta le haghaidh 2015 agus na teorainneacha uasta caiteachais le haghaidh 2016 agus 2017.

Thapaigh an Rialtas an deis an caiteachas foriomlán a choinneáil socair agus roinnt méaduithe spriocdhírithe a dhéanamh i réimsí tosaíochta. Mar is léir ón tábla thíos, déanfaidh an Stát breis agus €3.6 billiún a infheistiú i dtionscadail chaipitiúla i rith shaolré an Phlean Gníomhaíocht do Phoist, 2015. Déanfar an infheistíocht sin ar fud an Rialtais chun tacú leis an mbonneagar sóisialta agus eacnamaíoch lena dtacófar le fostaíocht dhíreach trí ghníomhaíocht a bhaineann leis an bhfoirgníocht, agus le fostaíocht indíreach trí thionscadail lena gcuirfear feabhas ar an iomaíochas, mar aon le háit níos fearr chun maireachtáil agus gnó a dhéanamh inti a dhéanamh d'Éirinn.

Sna trí bliana atá amach romhainn, leanfaidh an beartas agus an bainistiú caiteachais phoiblí de dhíriú ar an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as acmhainní agus, i gcomhar leis an *bPlean Gníomhaíochta do Phoist*, le *Bealaí chun na hOibre* agus le straitéisí eile, beidh tábhacht leo chun tacú leis an dul chun cinn inbhuanaithe eacnamaíoch agus sóisialta.

| **Réimse infheistíochta** | **€ milliún** |
|---|---|
| Cúrsaí Talmhaíochta, Bia & Mara | 198 |
| Ealaíona, Oidhreacht & an Ghaeltacht | 62 |
| Leanaí & Gnóthaí Óige | 35 |
| Cumarsáid, Fuinneamh & Acmhainní Nádúrtha | 89 |
| Cosaint | 66 |
| Grúpa Oideachais & Scileanna | 568 |
| Comhshaol, Pobal & Rialtas Áitiúil | 494 |

| | |
|---|---|
| Grúpa Airgeadais | 24 |
| Gnóthaí Eachtracha & Trádáil | 5 |
| Grúpa Sláinte | 382 |
| Poist, Fiontar & Nuálaíocht | 489 |
| Grúpa Dlí agus Cirt | 107 |
| Caiteachas Poiblí & Athchóiriú | 137 |
| Coimirce Shóisialach | 25 |
| Iompar, Turasóireacht & Spórt | 938 |
| **Oll-Infheistíocht Chaipitiúil Iomlán in 2015** | **€3,619 milliún** |

## Áit den scoth chun maireachtáil agus gnó a dhéanamh inti

Bíonn tionchar láithreach ar an bhfostaíocht ag infheistíocht dá leithéid i dtionscadail chaipitiúla trí phoist san earnáil tógála agus i ngníomhaíocht ghaolmhar, mar aon le tacú le hiomaíochas an gheilleagair san fhadtéarma. Anuas air sin, cabhróidh go leor den chaiteachas caipitiúil sin le háit níos fearr chun maireachtáil agus gnó a dhéanamh inti a dhéanamh d'Éirinn. Mar shampla, déanfaimid na nithe seo a leanas in 2015:

- €530 milliún a infheistiú i gcistiú caipitiúil in 2015 lena n-áirítear 16,000 áit scoile bhuan sa bhreis do dhaltaí bunscoile agus 3,000 áit scoile bhuan sa bhreis do dhaltaí meánscoile a sholáthar.  Ina theannta sin, tacóidh an infheistíocht le háiseanna feabhsaithe nó athsholáthair a chur ar fáil le haghaidh 2,000 dalta bunscoile agus 4,000 dalta meánscoile, agus le dul chun cinn a dhéanamh ar réimse tionscadal in earnáil an ardoideachais, lena n-áirítear tionscadal Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ag Gráinseach Ghormáin. Meastar go dtacóidh leithdháileadh €530 milliún le 4,500 post díreach agus 900 post indíreach in 2015.
- €382 mhilliún a infheistiú i gcistiú caipitiúil in 2015, lena n-áirítear foráil d'fhorbairt leanúnach na gcúig thionscadal tosaíochta – Ospidéal na Leanaí, ospidéal meabhairshláinte athsholáthair a fhorbairt ar champas Phort Reachrann, an Plean Náisiúnta um Oinceolaíocht Radaíochta, an tOspidéal Náisiúnta Máithreachais (Sráid Holles) a athlonnú chuig campas Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, agus clár bonneagair an chúraim phríomhúil agus roinnt mhaith tionscadal bonneagair cúraim sláinte níos lú ar fud na tíre.
- €107 milliún a infheistiú i gcistiú caipitiúil, lena n-áirítear athchóiriú Phríosún Mhuinseo agus saoráidí oiliúna oibre gaolmhara a sholáthar, tógáil an phríosúin nua i gCorcaigh a chur i gcrích, seacht gcinn de thithe cúirte a fhorbairt agus a athchóiriú agus réimse oibreacha níos lú ar thithe cúirte eile, agus freisin tús a chur le forbairt agus tógáil trí chinn de cheanncheathrú roinne do na Gardaí: Sráid Chaoimhín i mBaile Átha Cliath, Gaillimh, agus Loch Garman.
- €870 milliún a infheistiú i gcistiú caipitiúil don iompar ar thalamh agus €414 mhilliún i gcistiú reatha chun tacú le cothabháil agus athnuachan ríthábhachtach riachtanach atá á déanamh go leanúnach ar an ngréasáin iompair ar thalamh, mion-infheistíocht chun an acmhainneacht a mhéadú chun freastal ar bhrú tráchta inár gcathracha, go háirithe líne

LUAS trasna na cathrach i mBaile Átha Cliath agus feabhsuithe poiblí agus inbhuanaithe eile ar chostas íseal don chóras iompair, agus atosú ar scála beag d'acmhainn bhreise bóithre a thógáil, rud a chabhróidh leis na fadhbanna brú tráchta arna dteacht chun cinn agus a dhéanfaidh iarracht an méid atá bainte amach ó thaobh an iomaíochais de roimhe seo trí bhíthin infheistíochta a chothabháil.

- €42 mhilliún a infheistiú i spórt, lena n-áirítear tacú le Láthair Náisiúnta faoi Dhíon a fhorbairt ag an gCampas Spóirt Náisiúnta.
- €17.35 milliún a infheistiú sa turasóireacht lena n-áirítear foráil d'fheabhsuithe eile ar ár dtáirge ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin trí fheabhas leanúnach a dhéanamh ar phointí fionnachtana agus eochair-phointí mar aon le forbairt a dhéanamh ar thionscadail turasóireachta eile amhail Inis Píc, Míle Mheánaoiseach Chill Chainnigh, Teach Chill Áirne agus Bealach Oidhreachta Bhaile Átha Cliath.
- €62 mhilliún a infheistiú i gcistiú caipitiúil, lena n-áirítear spás taispeántais agus ionad léirmhíniúcháin bhuain a fhorbairt in Ard-Oifig an Phoist, saoráidí do chuairteoirí a fhorbairt ag Teach an Phiarsaigh i Ros Muc, agus infheistíochtaí eile mar chuid den chlár Éire 2016, athchóiriú an Ghailearaí Náisiúnta, tacú leis an tionscal scannánaíochta agus closamhairc, agus cruthú agus coinneáil post sa Ghaeltacht.

## 8.4 Táirgiúlacht ar leibhéal na gnólachta a fheabhsú

San fhadtéarma, is é feidhmíocht táirgiúlachta geilleagair a léiríonn an rath ar deireadh, agus soláthraíonn an táirgiúlacht acmhainneacht mhór chun feabhas a chur ar iomaíochas agus ar chaighdeáin mhaireachtála mar is féidir méaduithe pá inbhuanaithe a dhéanamh gan dochar a dhéanamh don iomaíochas costais.

Tháinig feabhas mór ar leibhéil táirgiúlachta na hÉireann idir 2008 agus 2013 agus fás bliantúil 2.6% ar an meán i dtéarmaí OTI ann. I dtéarmaí OTN, taifeadadh fás bliantúil 1.85% ar an meán. Tá na leibhéil táirgiúlachta OTI os cionn na meánleibhéal i dtíortha ECFE, ach i dtéarmaí OTN tá siad díreach faoi bhun an mheáin i gcónaí. Cé gur ábhar misnigh é a shonrú go bhfuil Éire ar an mbeagán tíortha san ECFE ina bhfuil táirgiúlacht dhearfach na bhfachtóirí uile le feiceáil ó 2010, tá sé ríthábhachtach dul i ngleic le bacainní ar an infheistíocht in earnálacha ardfháis chun tacú le fás iarbhír inbhuanaithe ar an táirgiúlacht as a dtiocfaidh méadú ar an bhfostaíocht.

Agus méadú ar an trádáil dhomhanda de réir mar a thagaimid amach as an ngéarchéim gheilleagrach dhomhanda, is féidir borradh a chur faoi fheidhmíocht táirgiúlachta na hÉireann tríd an iomaíocht mhéadaithe agus scaipeadh teicneolaíochta agus scileanna.

Mar sin féin, tá réimse dúshlán dúchasach le sárú go fóill lena chinntiú go bhfuil ar chumas na hÉireann a táirgiúlacht ionchais a bhaint amach. Mar shampla, feabhas a chur ar leibhéil ísle fáis i nglan-stoc caipitil go háirithe maidir le hinfheistíocht in innealra agus i dtrealamh. Seoladh an tionscnamh Mórathrú Náisiúnta sa Déantúsaíocht in 2014 chun cabhrú le hearnáil déantúsaíochta na hÉireann a chur ar thús cadhnaíochta go hidirnáisiúnta; feabhas a chur ar an iomaíochas, ar an táirgiúlacht agus ar an nuálaíocht; naisc le custaiméirí agus fairsingiú isteach chuig margaí nua a fheabhsú; agus dul i mbun bealaí nua oibre. Leis an sprioc sin a chur ar aghaidh a thuilleadh, seolfaidh GFT clár nua chun tacú leis an aistriú agus le feabhas na táirgiúlachta san earnáil agus cistiú €1.5 milliún leis an gclár in 2015.

Is iad seo a leanas cuspóirí na bliana 2015:

- Cumas bainistíochta gnólachtaí in Éirinn a fhorbairt; agus
- Glacadh TFC a spreagadh chun feabhas a chur ar an táirgiúlacht ar leibhéal gnólachtaí.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Táirgiúlacht ar leibhéal gnólachtaí a fheabhsú | |
|---|---|
| **248** | Tacú le 760 rannpháirtí ar Chláir Forbartha Bainistíochta (gearrchúrsaí) agus le 185 ar Chláir Forbartha Bainistíochta (cúrsaí fada). **(FÉ)** |
| **249** | An leagan píolótach de 'Platform 4 Growth', clár forbartha bainistíochta na foghlama ar líne, a chur i gcrích le 100 cuideachta agus tairiscint leasaithe a chur ar fáil do rannpháirtithe in 2015. (Beidh na huimhreacha ag brath ar anailís a dhéanfar ar an gclár píolótach). **(FÉ)** |
| **250** | An clár 'Innovation 4 Growth' a sholáthar do 15 chuideachta in 2015. **(FÉ)** |
| **251** | D'fhonn tacú le fás agus aistriú leanúnach fochuideachtaí eachtracha in Éirinn, rochtain a sholáthar do chliaint GFT ar Chláir Forbartha Bainistíochta mhóra de cuid Fhiontraíocht Éireann. **(GFT, FÉ)** |
| **252** | Meitheal a chur ar bun chun tograí a tháirgeadh atá spriocdhírithe ar ghnólachtaí in Éirinn chun na buntáistí a bhaineann le Caighdeáin Éireannacha, Eorpacha nó Idirnáisiúnta agus le Dearbhú Éireannach, Eorpach nó Idirnáisiúnta a mhéadú an oiread is féidir d'fhonn cumas bainistíochta agus iomaíochas idirnáisiúnta na ngnólachtaí sin a neartú. **(NSAI)** |
| **253** | Chun tacú le táirgiúlacht san earnáil tógála, clár forbartha céimneach de Shamhaltú Faisnéise Foirgnimh (SFF) a chur chun feidhme chun tacú le cuideachtaí dul ar aghaidh chuig leibhéal cumais SFF-2 as a dtiocfaidh feidhmíocht ghnó níos mó, agus feabhsuithe sa táirgiúlacht agus san iomaíochas, agus trína n-éascófar rochtain ar dheiseanna idirnáisiúnta arna dteacht chun cinn. **(FÉ)** |
| **254** | Céimithe a leabú i margaí idirnáisiúnta le haghaidh chliaint Fhiontraíocht Éireann chun cabhrú leo a ngnólachtaí a chur ar bhonn idirnáisiúnta agus a ngnólachtaí a fhás i margaí reatha nó nua tríd an gclár 'Graduates 4 International Growth' (G4IG). **(FÉ)** |

## 8.5 Tacú leis an iomaíochas le Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Sa tréimhse tar éis an chúlaithe eacnamaíochta, tá feasacht mhéadaithe i measc gnólachtaí agus a gcustaiméirí ar a thábhachtaí atá sé do ghnólachtaí bheith ag feidhmiú ar bhealach freagrach. Baineann Freagracht Shóisialta Chorparáideach (FSC) leis an tionchar a bhíonn ag gnólacht ar a geallsealbhóirí, ar an timpeallacht, agus ar an bpobal ina mbíonn sé ag feidhmiú. Is minic anois gurb iad dea-chleachtais FSC a dhéanann an difríocht idir na cuideachtaí is fearr agus a n-iomaitheoirí maidir leis an gcaidreamh a bhíonn acu lena gcustaiméirí, lena soláthraithe, lena bhfostaithe agus leis an bpobal áitiúil.

Ina foilseachán *Dúshlán Iomaíochais 2014*, féachann an Chomhairle ar shaincheisteanna maidir le iontaoibh, caipitil sóisialta, Freagracht Shóisialta Chorparáideach, agus rialachas corparáideach, agus ar an ról a bhíonn ag na tosca sin ó thaobh an iomaíochais de. Tugann an Chomhairle le fios ina tuarascáil gur airgeadra idirnáisiúnta tábhachtach atá san iontaoibh, bíodh is gur gné dholáimhsithe atá ann. Tá cáil mar láthair shlán fhreagrach chun gnó a dhéanamh ríthábhachtach ó thaobh an iomaíochais de.

Tá custaiméirí agus fostaithe ionchais ar an eolas níos mó ná mar a bhí riamh cheana ar stair eitice cuideachtaí. Léann 40% de chuardaitheoirí poist tuarascáil inbhuanaitheachta cuideachtaí, agus tá méadú ag teacht ar an líon céimithe a luann beartas FSC cuideachta mar thoisc agus cinneadh á dhéanamh acu maidir leis an bhfostóir ab fhearr leo. I gcás cuideachtaí ar mhaith leo oibrithe oilte eolacha a mhealladh, ní gné bhreise roghnach atá in FSC a thuilleadh. Ina ionad sin, gné riachtanach atá ann do chuideachtaí móra, go háirithe, chun dul in iomaíochas chun na daoine is fearr a earcú.

Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta do Phoist, 2014, d'fhoilsigh an Rialtas an chéad Phlean Náisiúnta maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach – 'Good for Business, Good for the Community'. Cuireadh Fóram do Pháirtithe Leasmhara ar bun le dul chun cinn a dhéanamh ar chuspóirí an Phlean agus ar an bhfís go n-aithneofar Éire mar Ionad Barr Feabhais do chleachtas gnó freagrach agus inbhuanaithe tríd an dea-chleachtas FSC a ghlacadh agus a chur chun feidhme i ngnólachtaí agus in eagraíochtaí chomh forleathan agus is féidir.

Le Plean Gníomhaíochta 2015, forbrófar ar an dul chun cinn a baineadh amach in 2014 agus leanfaimid orainn de phróifíl FSC a ardú mar bhealach chun an t-iomaíochas a fheabhsú ar leibhéal gnólachta agus, ag an am céanna, cur ar bhealach bríoch leis na pobail ina bhfuil na gnólachtaí.

| | |
|---|---|
| **255** | Tríd an bhFóram do Pháirtithe Leasmhara maidir le FSC agus trí na foghrúpaí dá chuid, dul chun cinn a dhéanamh ar chuspóirí an Phlean Náisiúnta maidir le FSC, agus go háirithe:<br>▪ Feachtas múscailte feasachta a fhorbairt chun feasacht ar FSC agus ar a luach do ghnólachtaí agus don tsochaí a mhúscailt;<br>▪ Gnólachtaí a spreagadh chun beartais agus cleachtais FSC a fhorbairt agus a chur chun feidhme;<br>▪ Acmhainní FSC a fhorbairt atá curtha in oiriúint do riachtanais FBManna; agus<br>▪ Sraith gníomhaíochtaí a fhorbairt chun FSC a dhaingniú san earnáil phoiblí.<br>**(RPFN, Fóram Páirtithe Leasmhara FSC)** |

## 8.6 Costas ar dhul i mbun gnó a laghdú

Tá sé ríthábhachtach fás fairsing inbhuanaithe bunaithe ar onnmhairiú a ghiniúint chun geilleagar na hÉireann a atógáil. D'fhonn fás den chineál sin a bhaint amach, ní mór iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann a chothabháil agus a fheabhsú i gcomparáid lenár bpríomh-iomaitheoirí. Bíonn Éire níos tarraingtí d'infheisteoirí eachtracha chun a gcuid oibríochtaí a bhunú agus a fhorbairt anseo mar gheall ar iomaíochas costais feabhsaithe. Ina theannta sin, cuireann sé ar chumas gnólachtaí Éireannacha dul in iomaíocht níos éifeachtaí i margaí eachtracha agus inár margadh baile. Ar bhonn níos ginearálta, cabhraíonn bonn costais laghdaithe chun fáinne óir a chruthú idir an costas beatha, ionchas pá agus iomaíochas costais.

Tá feabhas tagtha ar bhonn costais na hÉireann ar mhéadracht éagsúil le blianta beaga anuas. This has made Irish firms more competitive internationally and made Ireland a more attractive location for firms to base their operations in. However, despite these improvements, Ireland remains a high cost location for a range of key business inputs and addressing Ireland's international cost competitiveness must, therefore, remain a key economic priority for Government.

Sna treochtaí atá le sonrú sna Táscairí Comhchuibhithe Iomaíochais, léirítear go bhfuil an t-iomaíochas costais coibhneasta foriomlán in Éirinn ag dul in olcas anois agus go bhfuil sraith brúnna costais suas ag teacht chun cinn. Le rátaí ísle boilscithe (nó díbhoilsciú ionchais) ar fud réimse an Euro, beidh sé níos deacra feabhais san iomaíochas costais a leathnú trí laghduithe ar phraghsanna.

Tá imní ar an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais gur freagairt thimthriallach atá sna laghduithe ar phraghsanna in Éirinn ar chor chun donais eacnamaíoch náisiúnta agus idirnáisiúnta, seachas laghduithe atá á spreagadh ar fud an gheilleagair fhairsing. Tá sé ráite ag an gComhairle go bhfuil pointe casaidh bainte amach i ngeilleagar na hÉireann ó thaobh an iomaíochais costais de. Mar a bhí sonraithe ag an gComhairle roimhe seo, tá gá le hathruithe breise struchtúracha nó beartais lena chinntiú nach rachaidh praghsanna in olcas agus nach ndéanfar dochar don iomaíochas de réir mar a fhilleann geilleagar na hÉireann ar rátaí fáis níos fearr. I measc na bpríomh-shaincheisteanna atá tarraingthe anuas ag an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais, áirítear iad seo a leanas:

- Tá costais an tsaothair ag dul i méid arís tar éis dóibh titim le roinnt blianta anuas. Ba cheart méaduithe amach anseo a ailíniú le fás i gcúrsaí táirgiúlachta;
- Tá na praghsanna leictreachais don tionsclaíocht os cionn an mheáin i limistéar an Euro, agus is gá leanúint de dhíriú ar bhearta chun costais inrialaithe a laghdú; agus
- Is léir treocht in airde thar réimse costas seirbhísí do ghnólachtaí.

### Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag tabhairt faoi chlár oibre na héifeachtúlachta fuinnimh thar gach earnáil den gheilleagar. Baineadh amach roinnt céimeanna tábhachtacha i rith shaolré na bPleananna Gníomhaíochta roimhe seo, lena n-áirítear an Ciste don Éifeachtúlacht Fuinnimh a sheoladh, an Creat Náisiúnta um Sheirbhísí Fuinnimh a chur ar bun, mar aon le sraith chuimsitheach tacaíochtaí do chomhlachtaí tráchtála agus do chomhlachtaí san earnáil phoiblí.

Déanfar Plean Gníomhaíochta spriocdhírithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí a chur chun feidhme in 2015 chun sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 33% don earnáil phoiblí a bhaint amach a luaithe is féidir, i bhfad roimh amlíne 2020. Anuas air sin, caithfidh an Roinn €39 milliún de chistiú caipitiúil i mbliana ar chláir éifeachtúlachta fuinnimh. Tacaíonn na cláir éagsúla le breis agus 2,000 post san earnáil tógála.

In 2014, d'fhoilsigh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an Creat Náisiúnta um Sheirbhísí Fuinnimh in Éirinn (CNSF) trína dtacaítear le feidhmiú céimneach na conraitheoireachta um fheidhmíocht fuinnimh do shaoráidí poiblí agus tráchtála ar fud na tíre. Tá sé mar aidhm leis an gCreat seo tionscadail láidre a fhorbairt atá réidh le haghaidh infheistíochta, forbairt mhargaidh a spreagadh le haghaidh cuideachtaí seirbhísí fuinnimh, agus tacú le fostaíocht inbhuanaithe i seirbhísí tógála agus gairmiúla.

Soláthraítear treoir leis an gCreat ar bhealaí chun tionscadail a fhorbairt, mar aon le foinsí airgeadais agus an tacaíocht atá ar fáil ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun cabhrú le tionscadail a fhorbairt san earnáil phoiblí agus tráchtála. Is é príomhaidhm an Chreata forbairt tionscadal láidir a spreagadh atá réidh le haghaidh infheistíochta d'aonáin airgeadais (amhail an Ciste Náisiúnta don Éifeachtúlacht Fuinnimh).

Is ann do 20 eagraíocht (idir phríobháideach agus phoiblí) atá i mbun bainistíochta ar 23 thionscadal eiseamláire ghníomhacha. Is ann do thrí thionscadal sa bhreis (lena bhfuil Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann i dteagmháil) a d'fhéadfadh leas a bhaint as an gCreat agus as an gCiste ó am go ham chun tacaíocht a fháil. Ar deireadh, is ann do 13 thionscadal bhreise ó 12 eagraíocht a bhfuil 'iniúchadh speisialta' ar bun acu. Measúnú ag céim an-luath is ea é sin le fáil amach an bhfuil ann do thionscadail a d'fhéadfadh a bheith inmharthana. Leithdháileadh €900,000 ar an iomlán i gcistiú do chabhair theicniúil chun tacú le tionscadail an chreata agus le tionscadail eiseamláire.

Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí, táimid ag obair le heagraíochtaí san earnáil phoiblí a chaitheann €500,000 nó níos mó ar fhuinneamh sa bhliain chun dul chuig an margadh d'fhonn réitigh a shainaithint chun seirbhísí laghdaithe fuinnimh a sheachadadh.

Cuireadh an Ciste don Éifeachtúlacht Fuinnimh ar bun go luath in 2014 agus é mar phríomhchuspóir leis aghaidh a thabhairt ar cheann de na constaicí is mó ar ghníomhaíocht gheilleagrach san earnáil – creidmheas a bheith ar fáil atá struchtúrtha i gceart agus de théarma cuí. Tá an bhearna airgeadais le brath ar fud earnálacha ar fad an gheilleagair, go háirithe san earnáil phoiblí.

Bunaíodh an Ciste le hinfheistíocht ón Rialtas, ó Glen Dimplex agus ó London and Regional Properties. Is é an Banc Ceannais a rialaíonn an Ciste. Chuir an Ciste an chéad bheart i gcrích in 2014. Cuireadh an dara babhta de thiomsú caipitil i gcrích ag deireadh na bliana 2014, agus d'fhéadfaí tabhairt faoin tríú babhta in 2015/2016.

## Is iad seo a leanas cuspóirí na bliana 2015:

- An Plean Gníomhaíochta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a chur i bhfeidhm agus cistiúchán Státchiste a sholáthar chun gníomhaíocht spárála fuinnimh a spreagadh in earnálacha áirithe;
- An Creat Náisiúnta um Sheirbhísí Fuinnimh a athbhreithniú agus a thabhairt chun dáta;
- Dul chun cinn breise a dhéanamh ar an mBille Luachála (Leasú) lena ndéantar foráil, in imthosca áirithe, d'fhéinmheasúnú na luachála ag áititheoirí; agus

- Brú anuas a chur ar chostais dhlíthiúla tríd an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí nua.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Costas ar dhul i mbun gnó a laghdú | |
|---|---|
| **256** | Údaráis áitiúla a spreagadh gan a bheith mífhoighneach agus na Rátaí Bliantúla ar an Luacháil (RBLanna) do 2015 á nglacadh. Feidhm fhorchoimeádta do chomhaltaí tofa is ea é sin. **(RCPRÁ, ÚÁanna)** |
| **257** | Tacaíochtaí Státchiste €39 milliún a sholáthar chun gníomhaíocht spárála fuinnimh a spreagadh a thuilleadh san earnáil chónaitheach agus in earnáil an phobail. **(RCFAN)** |
| **258** | Infheistíocht €3.619 billiún a dhéanamh i gClár Caipitil Poiblí in 2015 chun go mbeidh sé níos éasca gnó a dhéanamh, chun an costas ar dhul i mbun gnó a laghdú, agus chun infheistíocht a dhéanamh in oideachas, sláinte, ceartas, caitheamh aimsire, agus bonneagar sóisialta eile lena chinntiú gur áit den scoth í Éire le maireachtáil agus gnó a dhéanamh inti. **(Gach Roinn)** |
| **259** | Cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh. **(RCFAN)** |
| **260** | An Creat Náisiúnta um Sheirbhísí Fuinnimh a athbhreithniú agus a thabhairt chun dáta; **(RCFAN)** |
| **261** | Dul chun cinn tapa den Bhille Luachála (Leasú) a áirithiú. **(RCPA)** |
| **262** | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialála le haghaidh táillí aerfoirt. **(RITS)** |
| **263** | Maidir le samhlacha gnó dlíthiúla, lena chinntiú go bhfuil faisnéis níos fearr iontu, go ndéantar iad a bhunú, a oibriú agus a rialú níos fearr, agus go bhfuil siad níos fearr do thomhaltóirí, do ghnólachtaí agus don gheilleagar, déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:<br>▪ Athchromadh ar Chéim na Tuarascála den Bhille um Rialáil Seirbhísí Dlí sa Dáil; agus<br>▪ Reachtaíocht a chur i gcrích chun bonn oibriúcháin a chur faoin Údarás Rialála Seirbhísí Dlí nua. **(R/Dlí)** |
| **264** | I gcomhar leis an mBord Scannán, tá an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag leanúint den obair chun timpeallacht níos iomaíche a chruthú chun na hearnálacha cruthaithe ábhair scannánaíochta, teilifíse agus closamhairc a mhéadú anseo agus chun dul chun cinn a dhéanamh ar na spriocanna atá leagtha amach sa Tuarascáil 'Creative Capital' lenar ghlac an Rialtas in 2011. **(REOG)** |

## 8.7 Rialáil le haghaidh todhchaí níos fearr

Tá rialáil ar chaighdeán maith ríthábhachtach chun leanúint leis an téarnamh geilleagrach agus chun poist a chruthú. Ionas go mbeidh Éire iomaíoch go hidirnáisiúnta agus ina háit mhealltach chun dul i mbun gnó inti, tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar a éifeachtaí atá an rialáil eacnamaíoch. Chuige sin, d'fhoilsigh an Rialtas a Ráiteas Beartais ar Rialáil Eacnamaíoch Earnála in 2013 agus é mar aidhm leis beartas níos soiléire agus comhthéacs straitéiseach a sholáthar ina ndéanfadh na Ranna earnála an treo bheartais a leagan amach agus a bhunú sa reachtaíocht.

Anuas ar reachtaíocht ar bith eile ag eascairt as athbhreithnithe beartais nó sainordaithe, éilítear leis an Ráiteas go ndéanfadh Airí Earnála athruithe reachtaíochta a thabhairt isteach chun foráil a dhéanamh do na nithe seo a leanas:

- ordlathas cuspóirí beartais a leagan amach agus cuspóirí náisiúnta a chur in ord tosaíochta;
- athbhreithnithe beartais/sainordaithe ar bhonn reachtúil gach seacht mbliana ar a laghad; agus
- creat feidhmíochta agus freagrachta le haghaidh rialtóirí agus earnálacha arna rialú.

Shainaithin an Rialtas gurbh eochairthoisc a bheadh sa chlár reachtaíochta agus i gcur i gcrích athbhreithnithe ar an mbeartas náisiúnta agus ar an sainordú rialála d'fhonn luas an fhorfheidhmithe a chinneadh. Ar an ábhar sin, léiríodh gníomhaíochtaí ríthábhachtacha ar an leibhéal earnála sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist, 2014. Cé go bhfuil dul chun cinn maith déanta i dtéarmaí an fhorfheidhmithe, tá obair eile le déanamh i gcónaí.

Ar an ábhar sin, mar gheall ar an tábhacht leanúnach lárnach a bhaineann leis an rialáil eacnamaíoch do chruthú post agus don iomaíochas náisiúnta, léirítear gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin ar leibhéal earnála agus gníomhaíochtaí athbhreithnithe ar leibhéal lárnach sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist, 2015.

### Gníomhaíochtaí 2015

| | |
|---|---|
| **265** | Leanúint de na gníomhaíochtaí a léirítear i Ráiteas Beartais an Rialtais ar an Rialáil Eacnamaíoch a chur i bhfeidhm in earnálacha an fhuinnimh, na cumarsáide agus na craoltóireachta.<br>**(R/Taoisigh, RCFAN, RITS, an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí)** |

## Lincor & An Mol Nuálaíochta Sláinte

*Ceann de na cuideachtaí rathúla atá sa Mhol Nuálaíochta Sláinte*

Cuideachta Éireannach is ea Lincor. Tá oifigí ag Lincor i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath agus, le blianta beaga anuas, leathnaigh an ghnólacht agus d'oscail oifigí san Fhrainc, sa Ríocht Aontaithe, san Astráil agus sna Stáit Aontaithe. Feidhmíonn Lincor san earnáil sláinte, agus forbraíonn an chuideachta réitigh ar bhonn bogearra díreach chuig an ionad cúraim chun feabhas a chur ar thorthaí sláinte na n-othar trí oideachas, fhaisnéis agus chumarsáid níos fearr. Agus 135 shuiteáil in ospidéil ar fud na cruinne, aithnítear go bhfuil Lincor ar thús cadhnaíochta i bhforbairt na dteicneolaíochtaí lena gcuirtear le rannpháirtíocht othar.

Agus Lincor ag féachaint chun iarratais a fhorbairt a mbeidh tionchar díreach acu ar chúram othar, gné ríthábhachtach den fhorbairt sin is ea an cumas caidreamh a bhunú le cliniceoirí agus cleachtóirí i réimsí sainiúla an chúraim othar amhail cúram riospráide agus cúram nua-naíoch. Dá bhrí sin, deis iontach chun dul ag obair le saineolaithe agus réitigh a fhorbairt i gcomhar leo ab ea an deis páirt a ghlacadh sa Mhol Nuálaíochta Sláinte píolótach.



Tá staidéar á dhéanamh in dhá thionscadal shuntasacha idir Lincor agus Ospidéal Ollscoile Chorcaí faoi stiúir an Mhoil Nuálaíochta Sláinte phíolótaigh. Baineann an chéad tionscadal le teicneolaíocht "PatientLINC" de chuid Lincor a shuiteáil ar an mbarda Riospráide agus Fiobróise Cistí chun oideachas den chéad scoth a chur ar othair chun rannpháirtíocht na n-othar atá faoina gcúram agus chun tosú ar shonraí ón mbarda a úsáid chun pleananna cúraim othar a fheabhsú. Is é atá i gceist leis an dara tionscadal, NEOVIEW™, sraith feidhmchlár a fhorbairt lena n-úsáid sna gorlanna ar an mbarda dianchúraim nua-naíoch. Is é aidhm an tionscadail sin na nithe seo a leanas a sholáthar: cuairteanna fíorúla do theaghlaigh ar an mbarda dianchúraim nua-naíoch; folláine fheabhsaithe thuismitheoirí trí oideachas níos fearr ar thaobh an chliabháin; líon laghdaithe earráidí nós imeachta trí oideachas agus monatóireacht fheabhsaithe agus láithreacht fhíorúil an lia sa bharda.

Bhí tionscnamh an Mhoil Nuálaíochta Sláinte an-úsáideach chun naisc a chruthú idir an t-ospidéal agus Lincor agus chun cabhrú leis na critéir maidir le scóip agus rath na dtionscadal a shainiú.  Ina theannta sin, soláthraíodh leo saineolas sa bhainistíocht tionscadal chun rath na dtionscadal sin a áirithiú.

Féachann Lincor ar an gcomhoibriú sin mar dheis chun feabhas mór a chur ar a bpunann maoine intleachtúla, rud a chuirfidh lena bpíblíne táirgí agus a chuirfidh ar a gcumas ioncam méadaithe a ghiniúint mar thoradh díreach ar an rochtain ar na teicneolaíochtaí arna bhforbairt faoi na tionscadail sin. Cuirfidh an comhoibriú sin luach idirdhealaitheach soiléir le tairiscint reatha Lincor trí réitigh nuálacha a sholáthar a bhaineann go díreach leis an gclár cúraim sláinte "Meaningful Use" sna Stáit Aontaithe. Cuimsítear leis an gclár sin feabhas a chur ar cháilíocht, ar shábháilteacht agus ar éifeachtúlacht an chúraim sláinte agus dul i dteagmháil leis na hothair agus a dteaghlach.

http://lincor.com/

### Maidir leis an Mol Nuálaíochta Sláinte

Bhí an Mol Nuálaíochta Sláinte ar cheann de na leasuithe suaiteacha sa Phlean Gníomhaíochta

do Phoist, 2013, (*Gníomhaíochtaí 49-51, an Plean Gníomhaíochta do Phoist, 2013)* agus rinne forbairt bhreise air i bplean na bliana seo caite (*Gníomhaíochtaí 84-88, an Plean Gníomhaíochta do Phoist, 2014).* Is é is cuspóir leis tacú le tionscail chúraim sláinte na hÉireann agus le córas cúraim sláinte na hÉireann chun comhoibriú a dhéanamh maidir le réitigh nua a fhorbairt trína laghdófar costais. Tá faisnéis ar phleananna 2015 le fáil i Rannán 3.2 agus i nGníomhaíocht 85.

# 9. Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht

Cuid thábhachtach de chórais taighde, forbartha agus nuálaíochta (TF&N) na hÉireann is ea bearta chun an nuálaíocht a chur chun cinn. Trí thacú leis an nuálaíocht, cuirtear ar bhealach ríthábhachtach leis an mbeartas nuálaíochta agus leis an sprioc geilleagar iomaíoch náisiúnta a fhorbairt trí bhíthin an spreagtha arna thabhairt ag an nuálaíocht do ghníomhaíochtaí geilleagracha agus do phoist ar ardluach. Trí fhorbairt gníomhaíochtaí geilleagracha nua a spreagadh, neartaíonn bearta beartais TF&N buntáiste iomaíoch na hÉireann agus cruthaíonn siad réimsí nua gníomhaíochta geilleagraí.

Tá réimse éagsúil beart beartais in Éirinn chun tacú leis an nuálaíocht fiontraíochta i ngnólachtaí dúchasacha agus i gcuideachtaí ilnáisiúnta araon. Tá go leor de na bearta sin seanbhunaithe anois agus chabhraigh siad le gníomhaíocht TF&N agus infheistíocht ann a mhéadú. Le beartú tosaíochta taighde, rinneadh an taighde arna chistiú go poiblí a ailíniú le 14 réimse tosaíochta ar dócha go dtiocfaidh torthaí eacnamaíocha agus sochaíocha astu. Tá comhtháthú níos fearr ar an gcóras cistithe taighde agus nuálaíochta poiblí de bharr an chomhordaithe fheabhsaithe faoi stiúir an bheartaithe tosaíochta taighde, rud a sholáthróidh éifeachtúlacht níos fearr. Níos tábhachtaí ná sin, tá an Grúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochtaí Taighde tar éis tabhairt faoi ghníomh suntasach chun tuiscint a fháil ar na riachtanais taighde fiontraíochta sna réimsí tosaíochta agus ar a bhfuil ar fáil faoi láthair laistigh den chóras taighde poiblí. Tá treoir luachmhar le fáil san anailís sin do mhaoinitheoirí taighde agus a gcláir nua á gcur in oiriúint acu. Tionóladh painéal neamhspleách ag deireadh na bliana 2014 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn. Cuirfidh an painéal sin tuairisc ar fáil go luath in 2015 maidir leis na chéad chéimeanna eile chun an dul chun cinn a chothabháil agus chun a chinntiú go mbeimid ar an mbóthar ceart i gcónaí chun an tionchar lena bhfuiltear ag súil a bhaint amach i dtéarmaí forbairt scileanna, cruthú eolais, agus an tionchair eacnamaíoch.

Ag deireadh na bliana 2013, tháinig deireadh foirmiúil leis an Straitéis um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht a tháinig ar an bhfód in 2006, bíodh is go raibh athrú ollmhór tagtha ar an gcomhthéacs sa tréimhse sin. Idir an dá linn, mar thoradh ar shrianta ar acmhainní agus ar an gcúlú eacnamaíoch go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, is ar cheithre phríomhbheartas straitéiseacha a díríodh an beartas go praiticiúil: (a) tús áite a thabhairt do chistí poiblí a chur ar fáil do na réimsí taighde ag an bhfuil an acmhainneacht is fearr maidir le téarnamh geilleagrach agus foras sóisialta (b) comhtháthú acmhainní in aonaid scála agus de réir sármhaitheas eolaíochta (c) comhoibriú méadaithe (institiúidí acadúla – an tionsclaíocht; laistigh d'eagraíochtaí acadúla / Eagraíochta Déanta Taighde; agus go hidirnáisiúnta) chun an toradh ar infheistíocht a mhéadú an oiread is féidir agus chun an rath faoi Chreatchláir AE a uasmhéadú, (d) aistriú eolais agus aistriú na teicneolaíochta go poist a éascú.

Bíodh is go mbeidh na beartais sin mar bhonn is mar thaca ag straitéis an Rialtais amach anseo, tá deis anois ann, i bhfianaise ionchas eacnamaíochta níos dearfaí, iad a chur i gcomhthéacs agus bheith níos cuimsithí maidir le straitéis um eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht a leagan amach ar an leibhéal náisiúnta. Lena áirithiú go mbainfidh an straitéis nua tairbhe as dearcadh rialtais iomláine, tá an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ag tionól Coiste Idir-Rannach ar a bhfuil ionadaithe ó na príomh-Ranna Rialtais a bhfuil an cúram orthu straitéis a fhorbairt le teacht i ndiaidh na Straitéise um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht. Soláthróidh an straitéis nua treoir straitéiseach lena áirithiú go ndéanfar taighde éifeachtach (trína dtáirgfear aschur den tionchar is mó agus is féidir le haghaidh gheilleagar agus shochaí na hÉireann) a sheachadadh agus go dtacófar leis.

Gné thábhachtach is ea Fís 2020 chun naisc idirnáisiúnta a sholáthar agus chun sármhaitheas chóras TF&N na hÉireann a fheabhsú. Cuirfear deiseanna luachmhara ar fáil faoin gclár d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, do chuideachtaí ilnáisiúnta agus d'institiúidí taighde in Éirinn chun páirt a ghlacadh i gcomhoibriú taighde ar ardchaighdeán lenár gcomhghleacaithe san Eoraip. Bunaithe ar an infheistíocht náisiúnta sa taighde le blianta beaga anuas, tá rannpháirtíocht na hÉireann i gCláir AE i bhfad níos láidre ná mar a bhí riamh cheana.

Forbraíodh tairseach chriticiúil de ghníomhaíocht taighde san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, agus táimid in áit mhaith chun feidhmiú go rí-láidir faoi Fhís 2020. Tá sprioc uaillmhianach leagtha amach ag an Rialtas €1.25 billiún a bhaint amach le linn 7 mbliana an chláir. Is ionann é sin agus dhá oiread an toraidh a fuarthas faoin gclár roimhe sin, an Seachtú Creatchlár, 2007-2013. Mar gheall ar an sprioc uaillmhianach sin agus an leibhéal méadaithe iomaíochais le haghaidh na gcistí sin, ní mór do gach páirtí leasmhar agus gníomhaire sa chóras taighde agus nuálaíochta rannpháirtithe a ghríosú, iarratais an-iomaíoch a fhorbairt, agus – go háirithe – sineirgí a thógáil chun bheith i gceannas ar iarratais níos mó agus chun iarratais dá leithéid a bhuachan.

Áirítear iad seo a leanas i measc na dtorthaí lena bhfuiltear ag súil in 2015: Tacóidh Fiontraíocht Éireann le 825 thionscadal taighde chomhoibrithigh faoi stiúir na tionsclaíochta agus le 12 mhór-infheistíocht i nuálaíochtaí bia agus dí. Chun tacú leis an nuálaíocht atá bunaithe ar an éileamh, déanfar an Taighde Nuála do Ghnóthais Bheaga a fhairsingiú chun dhá údarás conarthachta nua a chuimsiú.

**Is iad seo a leanas cuspóirí na bliana 2015:**

- Straitéis nua a fhorbairt chun teacht in ionad na Straitéise náisiúnta um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht go dtí 2020;
- Moltaí ón athbhreithniú ar bheartú tosaíochta taighde a fhorfheidhmiú;
- Cur leis an leibhéal nuálaíochta arna déanamh ag an bhfiontraíocht;
- Cur leis an leibhéal comhoibrithe idir an fhiontraíocht agus institiúidí acadúla;
- Tacú leis an aistriú eolais idir an fhiontraíocht agus eagraíochtaí déanta taighde phoiblí;
- An córas a ghríosú chun deontais ar scála níos mó faoi Fhís 2020 a fhorbairt agus a bhuachan;
- Infhaighteacht scileanna taighde agus scileanna ETIM den chéad scoth in Éireann a fheabhsú; agus
- An bonneagar cumasúcháin a fhorbairt chun TF&N a aistriú ina tháirgí agus sheirbhísí feabhsaithe, idir phoiblí agus phríobháideach.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Leibhéil TF&N a mhéadú | |
|---|---|
| **266** | Leanúint de bheartú tosaíochta taighde a fhorfheidhmiú trí Ghrúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochtaí Taighde an Rialtais agus athbhreithniú an Phainéil Neamhspleách, ar bunaíodh é chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn, a chur i gcrích.<br>**(RPFN, an Grúpa Gníomhaíochta um Beartú Tosaíochtaí Taighde)** |
| **267** | Straitéis nua a fhorbairt chun teacht in ionad na Straitéise um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus |

| | |
|---|---|
| | Nuálaíocht don tréimhse go dtí 2020.<br>**(RPFN)** |
| **268** | Eolaire de thacaíochtaí nuálaíochta a fhorbairt ionas gur soiléir don fhiontraíocht an méid atá sholáthar againn.<br>**(RPFN, FÉ, GFT, FEÉ)** |
| **269** | Tacú le 825 thionscadal taighde chomhoibrithigh faoi stiúir na tionsclaíochta.<br>**(FÉ)** |
| **270** | Scéim a dhéanamh ar bhonn píolótach chun dearbháin nuálaíochta a fhairsingiú chuig cuideachtaí bia.<br>**(RTBM)** |
| **271** | Ionaid Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a mhéadú a thuilleadh trí Chlár Spokes de chuid na Fondúireachta. Díriú ar ghné chistithe amháin nó níos mó le ranníocaíochtaí airgid thirim dar luach €1 mhilliún ar a laghad ón tionsclaíocht.<br>**(FEÉ)** |
| **272** | A áirithiú go soláthraíonn córas na n-ionad taighde an leanúntas tacaíochta iomlán do chuideachtaí, idir bhuntacaíocht agus shaoráidí taighde fheidhmigh.<br>**(RPFN)** |
| **273** | Scéim Comhpháirtíochtaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a fhairsingiú chun forbairt bhreise a dhéanamh ar an gcomhoibriú idir an tionsclaíocht agus an taighde i bpríomhréimsí.<br>**(FEÉ)** |
| **274** | An measúnú a chur i gcrích ar an gcás gnó maidir le hIonad Teicneolaíochta Feola, nó meicníocht taighde eile, a bhunú chun tacú leis an earnáil.<br>**(FÉ)** |
| **275** | Gréasán a chur ar bun le haghaidh gach Tairsí Teicneolaíochta arna cistiú ag Fiontraíocht Éireann d'fhonn freastal níos fearr ar riachtanais na tionsclaíochta. Ar an gcaoi sin, áiritheofar go mbeidh beartas "doras mícheart ar bith" i bhfeidhm ar fud an ghréasáin agus go bhféadfaidh na cuideachtaí sin, nuair is cuí, leas a bhaint as neart an ghréasáin iomláin le haghaidh a riachtanas taighde.<br>**(FÉ)** |
| **276** | Bunaithe ar an tionscadal píolótach faoin líonra nuálaíochta do FBManna in 2014, Líonra Nuálaíochta náisiúnta do FBManna a chur i bhfeidhm.<br>**(FÉ)** |
| **277** | Scileanna agus acmhainneacht taighde a fhorbairt i bpríomhréimsí deiseanna nó riachtanas lena n-áirítear Bia Inbhuanaithe, Fuinneamh agus Déantúsaíocht, chun iomaíochas na hÉireann a fheabhsú.<br>**(FEÉ)** |
| **278** | Rannpháirtíocht na tionsclaíochta i gcóras taighde na hÉireann a fheabhsú chun cur leis an |

| | |
|---|---|
| | iomaíochas náisiúnta.<br>**(FEÉ, RGET, R/Taoisigh)** |
| **279** | Tús a chur le torthaí thuarascáil meastóireachta 2014 ar an gclár “Campus Incubation” a chur i bhfeidhm.<br>**(FÉ)** |
| **280** | Ócáid mhór maidir le comhoibriú taighde agus mac-chuideachta d’infheisteoirí a reáchtáil (mar shampla, Sárthaispeántas Nuálaíochta / Smaointe Móra).<br>**(FÉ)** |
| **281** | Tar éis sheoladh Taighde Nuála do Ghnóthais Bheaga in 2014, sraith nua de thionscadail fhéideartha a shainaithint agus an scéim a fhairsingiú chun 2 údarás conarthachta nua a chuimsiú.<br>**(FÉ)** |
| **282** | Straitéis nua um Thaighde agus Nuálaíochta Muirí 2014-2020 a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm ina mbeidh béim láidir ar thaighde mar thaca leis an earnáil.<br>**(RTBM)** |
| **283** | Na naisc thaighde a neartú idir bianna feidhmeacha muirí agus páirtithe leasmhara sa taighde biteicneolaíochta muirí / sa tionscal, agus naisc a chur ar bun leis an bpobal níos leithne taighde / tionscail bia lena n-áirítear Food for Health Ireland.<br>**(RTBM)** |
| **284** | Clár oibre náisiúnta na rannpháirtíochta Eorpaí faoi Fhís 2020 a spreagadh.<br>**(An Grúpa Ardleibhéil um Fhís 2020, FÉ)** |
| **285** | Tionscnaimh a fhorbairt chun tacú le gairmeacha beatha taighdeoirí agus chun iarratais faoi Fhís 2020 a fheabhsú.<br>**(CTÉ)** |
| **286** | Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna comhchistiúcháin le gníomhaireachtaí cistiúcháin sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear Research Councils UK agus an Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe sa Ríocht Aontaithe. Leis an ngníomh sin, forbrófar inniúlacht taighde chomhlántach d’Éirinn agus do chuideachtaí Éireannacha.<br>**(FEÉ)** |
| **287** | Dul i dteagmháil le hearnálacha ábhartha den tionsclaíocht agus le comhlachtaí ábhartha san earnáil phoiblí chun deiseanna tráchtála Chlár Copernicus an AE amach anseo a uasmhéadú.<br>**(FÉ)** |
| **288** | Ag tógáil ar an taithí le hiarratais ar chomhchistiúchán a cuireadh isteach roimhe seo, déanfaidh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn iarratas ar chomhchistiúchán a chur isteach faoi Ghníomh Marie Skłodowska-Curie atá dírithe ar thaighdeoirí iardhochtúireachta.<br>**(CTÉ)** |
| **289** | Rannpháirtíocht fheabhsaithe FBManna agus micrea-ghnólachtaí sa Scéim Comhpháirtíochta |

| | |
|---|---|
| | Fiontraíochta de chuid na Comhairle Taighde a chothabháil agus, ar an gcaoi sin, tacú le fiontraíocht atá dírithe ar thaighdeoirí agus iad i mblianta múnlaitheacha a ngairme taighde. **(CTÉ)** |
| **290** | Creat PhD ar ardchaighdeán a chur chun cinn i measc institiúidí ábhartha agus cur i bhfeidhm an chreata ar leibhéal institiúide a rianú. **(ÚAO)** |
| **291** | Tabhairt faoi dhúshláin shochaíocha náisiúnta trí thaighde a dhéanamh ar bhonn comhpháirteach le haonaid rialtais agus leis an tsochaí shibhialta. **(CTÉ)** |
| **292** | An Bille um Fhaisnéis Sláinte a fhoilsiú lena ndéanfar, inter alia, an próiseas faofa eitice a shruthlíniú le haghaidh taighde sláinte nach bhfuil á rialú le rialachán reachtúil agus dlí AE. **(R/Sláinte)** |
| **293** | Bille um Ollscoileanna Teicneolaíochta a fhoilsiú agus a achtú. **(ROS)** |
| **294** | Leas cliste a bhaint as an gcóras caighdeánaithe chun tráchtálú teicneolaíochta nua a bhrostú agus chun baol maidir le teip tionscadail a laghdú. **(NSAI)** |

# 10. An Geilleagar Intíre a Spreagadh

Sna rannáin roimhe seo, tugadh breac-chuntas ar na bearta a ghlacfaidh an Rialtas in 2015 mar chuid dár gcur chuige leantach bunaithe ar onnmhairiú i leith ghiniúint na fostaíochta. Mar sin féin, cuireann straitéis an Rialtais tábhacht mhór ar gnólachtaí na tíre a bhíonn ag trádáil go háitiúil faoi mar atá léirithe i bPleananna Gníomhaíochta le blianta beaga anuas.

An léiriú is soiléire air sin ab ea seoladh chóras na nOifigí Fiontair Áitiúil in 2014, córas atá i bhfeidhm ar fud na tíre. Mar thoradh ar bhunú na n-oifigí sin, bíonn rochtain ar thacaíochtaí agus ar chomhairle ón Rialtas ag gach cineál gnólachta, lena n-áirítear trádálaithe aonair, micreaghnólachtaí agus cuideachtaí beaga agus meánmhéide. Roimhe sin, tharla sé gur shleamhnaigh roinnt gnólachtaí sna bearnaí idir gníomhaireachtaí éagsúla. Ina measc siúd, áirítear cuideachtaí a bhí rómhór chun rochtain a fháil ar thacaíochtaí do mhicreaghnóthais, ach nach raibh i mbun onnmhairiúcháin agus, ar an ábhar sin, ní raibh siad incháilithe ar thacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann. Ní amhlaidh atá an scéal a thuilleadh mar thoradh ar Phlean Gníomhaíochta 2014. Tháinig bearta tacaíochta eile don eacnamaíocht bhaile i bhfeidhm freisin in 2014. Ina measc siúd, áirítear seoladh 'Foirgníocht 2020', straitéis d'earnáil tógála athnuaite, meicníochtaí níos foirmiúla a chur ar bun le haghaidh rannpháirtíocht struchtúrtha leanúnach idir an Rialtas agus an earnáil mhiondíola, agus leanúint de ráta laghdaithe CBL ag 9% a ghearradh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an turasóireacht, agus deireadh a chur leis an gcáin taistil.

Faoi mar a léirítear leis na bearta atá leagtha amach thíos, faoi Phlean Gníomhaíochtaí do Phoist 2015, leanfaidh an Rialtas lena thiomantas láidir lena áirithiú go mbeidh poist á gcruthú agus á gcothabháil i ngnólachtaí áitiúla mar ghnéithe bunriachtanacha dár bpobail agus dár eacnamaíocht bhaile. Bídís ag feidhmiú i réimse an agraibhia, na turasóireachta, an mhiondíola nó na tógála, tacófar leis na gnólachtaí tábhachtacha sin sa bhliain amach romhainn ar bhealaí éagsúla ar a n-áirítear infheistíocht dhíreach, tacaíocht chun tosú ag trádáil ar líne, socruithe víosa chun líon níos mó cuairteoirí agus custaiméirí a mhealladh, agus forfheidhmiú leanúnach na straitéise 'Fómhar Bia 2020'.

**Is iad seo a leanas cuspóirí na bliana 2015:**

- An Plean Gníomhaíochta don Turasóireacht a chur i gcrích, cur le tarraingt idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath mar phríomhchathair, agus tairiscint bhranda turasóireachta agus féiniúlachta a fhorbairt do réigiúin an Deiscirt, an Oirthir agus Lár Tíre;
- Dul chun cinn a dhéanamh ar mholtaí faofa maidir le cúrsaí miondíola i lár an bhaile agus leanúint de Dhearbháin Trádála ar Líne a chur i bhfeidhm;
- Teicnící tanaí agus teicnící feabhsaithe éifeachtúlachta a chur chun cinn, amhail úsáid Samhaltaithe Faisnéise Foirgnimh, i measc gnólachtaí tógála in Éirinn;
- Leanúint d'fhorfheidhmiú na Straitéise 'Foirgníocht 2020' agus na Straitéise Tithíochta Sóisialta;
- Straitéis Agraibhia 2025 a fhorbairt agus a sheoladh, agus dul chun cinn a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na Straitéise um Bia Tomhaltais Ullmhaithe;
- Cláir nua Forbartha Tuaithe agus Forbartha Bia Mara a fhorfheidhmiú;
- Leanúint d'fhorfheidhmiú na Scéime Víosa idir an Bhreatain Mhór agus Éire chun taisteal chuig Éirinn agus an Ríocht Aontaithe agus taisteal sa dá thír ar mhaithe leis an turasóireacht agus le cuspóirí gnó a éascú a thuilleadh le haghaidh cuairteoirí ó mhargaí ardfháis agus éiritheacha;

- Forbairt bhreise a dhéanamh ar an rath a bhí ar an tionscnamh 'Origin Green' go dtí seo; agus
- Leanúint de Phlean Muirí Comhtháite na hÉireann a chur i bhfeidhm – *Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin.*

## 10.1 Agraibhia

Tá ról ríthábhachtach ag earnáil an agraibhia i dtéarnamh geilleagrach na hÉireann i gcónaí agus tá an earnáil sin ar an tionscal dúchasach is mó atá againn. Tá láimhdeachas €26 billiún ag baint leis an earnáil, agus baineann 12.3% de na honnmhairí arna ndíol leis an earnáil. Tá thart ar 170,000 post nó 9% den fhostaíocht iomlán ag baint leis an earnáil, agus cuireann sé go mór le cúrsaí fostaíochta i gceantair thuaithe. Tháinig méadú ar onnmhairí bia agus dí in 2013 go dtí luach €10 billiún (níos mó ná mar a bhí ann riamh cheana). Is ionann é sin agus méadú 9% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus méadú 40% ó 2009.

Foilsíodh Fómhar Bia 2020 den chéad uair in 2010, agus leagadh amach ann straitéis maidir le '*fás glas cliste*' le haghaidh threo na hearnála amach anseo. Sheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara 'Milestones for Success 2014' i mí Mheán Fómhair 2014 inar leagadh béim ar an bhfás príomha agus ar na nithe móra atá bainte amach faoi Fhómhar Bia 2020. Sa tuarascáil mhionsonraithe seo ar an dul chun cinn, leagtar amach go soiléir an méid atá bainte amach sna ceithre bliana seo a chuaigh thart. Soláthraítear fíricí, figiúirí, anailís agus samplaí ann le taispeáint conas a tháinig dul chun cinn ar an earnáil agraibhia fhoriomlán ón meath in 2009 chuig a staid reatha mar ghné thábhachtach a spreagann an téarnamh geilleagrach. Sa dul chun cinn arna thomhas go dtí seo, léirítear go bhfuil méadú mór tagtha ar luach an aschuir phríomhúil agus go bhfuil an sprioc maidir le méadú 33% bainte amach go héifeachtúil. Tá an fheidhmíocht onnmhairiúcháin láidir freisin agus, ag deireadh na bliana 2013, bhíothas leath bealaigh i dtreo sprioc 2020 de €12 billiún a bhaint amach. Tá méadú tagtha ar an mbreisluach go dtí €7.5 billiún. Is ionann é sin agus leath bealaigh i dtreo an sprioc-mhéadaithe de €2.5 billiún a bhaint amach faoi 2020.

In 'Milestones for Success 2014', tugtar tuairisc ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo trí chlúdach na n-onnmhairí i margaí domhanda a mhéadú. Ina theannta sin, léirítear freisin na torthaí atá ar an gcur chuige idirghníomhaireachta saindírithe trína ndírítear ar mhargaí straitéiseacha agus trína dtógtar gréasáin agus teagmhálaithe luachmhara sna tíortha sin. Tá an tSín anois ar an séú margadh onnmhairíochta is mó atá againn, agus tá méadú faoi thrí tagtha ar onnmhairí agraibhia chun na Síne sna trí bliana seo a chuaigh thart. Tá acmhainneacht shuntasach onnmhairíochta á bunú faoi láthair sa Mheánoirthear.

I staitisticí trádála ón bPríomh-Oifig Staidrimh le haghaidh Eanáir – Deireadh Fómhair 2014, léirítear gur tháinig méadú 6.6% ar onnmhairí sna catagóirí caighdeánacha Bia agus Deochanna a foilsíodh (gan tobac san áireamh) i gcomparáid leis an tréimhse Eanáir-Lúnasa 2013. Léiriú atá ansin ar an bhfeidhmíocht láidir leanúnach ar onnmhairí agraibhia i gcomparáid leis an bhfás foriomlán onnmhairíochta. (Ba é €291 mhilliún luach na n-onnmhairí marsantachta foriomlána, méadú díreach 0.5% os cionn na bhfigiúirí ó Eanáir/Lúnasa 2013.) Dá gcoinneofar an leibhéal reatha fáis onnmhairithe don chuid eile den bhliain, bheadh luach €10.7 billiún ar onnmhairí Bia agus Deochanna in 2014. Dá chuirfí an Fhoraoiseacht san áireamh, bheadh luach gar do €11 billiún ar líon iomlán na n-onnmhairí agraibhia do 2014.

Tá feidhmiú láidir ar thionscal an agraibhia faoi láthair. Baineann 30% de scaireanna innéacs ISEQ le cuideachtaí bia agus dí faoi láthair. Chabhraigh sraith misean trádála aireachta leis an bhfás onnmhairíochta, agus tá infheistíochtaí straitéiseacha caipitil agus acmhainní déanta ag

ceannairí tionsclaíochta – le cabhair ó ghníomhaireachtaí fiontraíochta an stáit – i réimsí fáis amhail déiríocht, fuisce agus bianna próiseáilte.  I dtionscail na déiríochta agus fhuisce leo féin, tá ceannairí tionsclaíochta ag tabhairt go gníomhach faoi phleananna chun infheistíocht suas le €600 milliún a dhéanamh. In 2013, rinne Fiontraíocht Éireann infheistíocht €203 mhilliún in acmhainneacht, i nuálaíocht agus i bhfiontair chothromais le cur ar chumas cuideachtaí agraibhia bheith níos aclaí d'fhonn díolacháin onnmhairíochta a dhaingniú ar mhargaí domhanda. Seoladh próiseas na Straitéise Agraibhia, 2025, an 25 Samhain 2014. Déanfaidh Coiste, ar a mbeidh príomhshaineolaithe ó earnáil an agraibhia, an Straitéis a fhorbairt. Sa Straitéis Agraibhia, 2025, leagfar amach na bearta ríthábhachtacha a mbeidh gá leo chun an méid a chuireann an earnáil leis an bhfás geilleagrach, le cruthú post agus leis an inbhuanaitheacht comhshaoil a uasmhéadú sna deich mbliana amach romhainn.  Cuirfear tuarascáil deiridh an Choiste maidir leis an Straitéis Agraibhia, 2025, faoi bhráid an Rialtais i mí Iúil 2015.

## An Clár Forbartha Tuaithe

Tacaíocht ríthábhachtach a bheidh sa Chlár Forbartha Tuaithe, 2014-2020, (CFT) chun feabhas a chur ar iomaíochas na hearnála agraibhia, bainistíocht níos inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha a bhaint amach, agus forbairt níos cothroime ar cheantair thuaithe a áirithiú.  Cuireadh dréacht de CFT na hÉireann faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh go luath i mí Iúil 2014. Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara rannpháirteach faoi láthair i ndianphlé déthaobhach leanúnach leis an gCoimisiún chun réiteach a aimsiú ar na fadhbanna atá fós ann. Tá tús áite á thabhairt don chaibidlíocht sin d'fhonn faomhadh luath an Chláir a bhaint amach.

Rinneadh na bearta molta le cur san áireamh sa dréacht-chlár a dhearadh ar bhonn anailísí fairsinge ullmhúcháin agus comhairliúchán forleathan le páirtithe leasmhara thar thréimhse 18 mí. Áirítear na beart a seo a leanas sa dréacht-CFT:

- scéim shuntasach nua maidir leis an gComhshaol Talmhaíochta (GLAS);
- tacaíocht láidir leanúnach le haghaidh Limistéir Sriantachta Nádúrtha (ar a dtugtaí Limistéir Mhídheisiúla roimhe seo);
- tacaíocht shuntasach le hinfheistíocht chaipitil ar an bhfeirm;
- réimse de bhearta aistrithe eolais;
- tacaíocht leis an bhfeirmeoireacht chomhoibríoch;
- tacaíocht leis an bhfeirmeoireacht orgánacha;
- tacaíocht shaindírithe le hearnáil na mairteola tríd an gclár an-nuálach maidir le Sonraí agus Géanómaíocht Mhairteola; agus
- gné LEADER de CFT (arna seachadadh ag RCPRÁ).

Sa chéad chéim eile den phróiseas, déanfaidh an Coimisiún Eorpach tuairimí foirmeálta a chur isteach maidir leis an dréacht-CFT.  Ansin, úsáidfear an dréacht-chlár agus na tuairimí ón gCoimisiún mar bhonn le haghaidh tréimhse plé leis an gCoimisiún agus le faomhadh foirmeálta an chláir ina dhiaidh sin. Mar gheall ar nádúr fadréimseach ábhar an chláir agus ar an gcomhairliúchán inmheánach fairsing atá le déanamh ag an gCoimisiún, níl sé éasca a rá cé chomh fada a mhairfidh an plé sin.  Mar sin féin, tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) i dteagmháil leanúnach leis an gCoimisiún go neamhfhoirmiúil, agus tabharfar tús áite do phróiseas faofa an Chláir. San iomlán, tá €4 billiún de chistiú AE agus de chistiú náisiúnta leithdháilte don Chlár nua, rud a léiríonn go soiléir tiomantas an Rialtais d'infheistíocht leanúnach i gceantair thuaithe in Éirinn.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Agraibhia | |
|---|---|
| 295 | Tá FÉ chun tacú le 28 n-infheistíocht shuntasacha i dtionscal an bhia agus an dí, agus beidh cúig cinn díobh ina dtionscadal infheistíochta dírí eachtraí. **(FÉ)** |
| 296 | Tá FÉ chun tús a chur le Clár Forbartha Iarchéime nua agus é mar sprioc aige 10 céimithe a sholáthar d'earnáil an bhia i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide d'fhonn feabhas a chur ar acmhainneacht airgeadais agus theicniúil na gcuideachtaí. **(FÉ)** |
| 297 | Oibriú i gcomhar leis an tionsclaíocht chun scéim nua géanómaíochta mairteola a chur i bhfeidhm. **(RTBM)** |
| 298 | Sceideal de Mhisin Trádála agus Infheistíochta aireachta a bhaineann le cúrsaí bia a leagan amach d'fhonn borradh a chur faoi onnmhairí chuig margaí tosaíochta agus d'fhonn infheistíocht isteach sa bhreis a mhealladh. **(RTBM agus FÉ)** |
| 299 | An Clár Forbartha nua um Bia Mara, 2014-2020, a chur i bhfeidhm (CEMI – Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh). **(RTBM)** |
| 300 | Céimithe maithe a mhealladh chun na hearnála trí Chomhaltacht Margaíochta an Bhoird Bia agus tríd an gClár Fáis Straitéisigh d'fhonn díolacháin onnmhairíochta a fheabhsú. **(Bord Bia)** |
| 301 | Tacú leis an nuálaíocht i gcuideachtaí feola Éireannacha d'fhonn táirgí nua a fhorbairt agus fad a chur leis an tseilfré, rud a chruthóidh acmhainneacht níos mó chun margaidh le haghaidh onnmhairí. **(Teagasc, FÉ)** |
| 302 | Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le cuideachtaí próiseála bia Éireannacha d'fhonn díriú ar nuálaíochtaí bunaithe ar an eolaíocht chun poist a chruthú. **(Teagasc)** |
| 303 | Na tionscnaimh ríthábhachtacha a comhaontaíodh faoin Straitéis um Bia Tomhaltais Ullmhaithe chur i bhfeidhm. **(RTBM/RPFN)** |
| 304 | Straitéis nua a chur i bhfeidhm maidir le forbairt agus fás Moorepark Technology Ltd chun nuálaíochtaí agus fás a spreagadh i dtionscal an bhia in Éirinn. **(RTBM)** |

| | |
|---|---|
| **305** | Tacú le fairsingiú thionscal na grúdaireachta ceirde. Tá d'acmhainneacht ag an tionscal seo bheith ina chuid mhór de thionscal na ndeochanna in Éirinn. **(RTBM)** |
| **306** | Leanúint leis an gciste um iomaíochas bia (CIB). **(RTBM)** |
| **307** | Déanfar feachtas margaíochta trádála ina ndírítear ar chustaiméirí reatha agus nua do sholáthraithe an tionscnaimh 'Origin Green' a fhormhéadú san Eoraip d'fhonn feabhas a chur ar cháil bhia na hÉireann ar mhargaí domhanda ina dtaispeántar ceannaireacht na hÉireann maidir le hinbhuanaitheacht agus tógáil ar rath an tionscnaimh 'Origin Green'. **(RTBM)** |
| **308** | Ceapfaidh an Bord Bia 10 Ambasadóirí don tionscnamh 'Origin Green' agus sannfar na hambasadóirí sin do chuideachtaí domhanda bia agus deochanna mar chuid dá gclár M.Sc. san Inbhuanaitheacht Gnó. **(Bord Bia)** |
| **309** | Déanfaidh Sustainable Food Systems Ireland deiseanna a shainaithint agus tograí a fhorbairt maidir le tionscadail tráchtála, i gcomhar le gníomhaireachtaí rialtais ábhartha, chun freastal ar iarratais ar chabhair in earnáil an agraibhia ó chustaiméirí idirnáisiúnta lena n-áirítear gníomhaireachtaí rialtais, eagraíochtaí idirnáisiúnta nó cuideachtaí idirnáisiúnta san earnáil phríobháideach. **(RTBM)** |
| **310** | Clár 'Options Plus' a fhorbairt chun comhroinnt faisnéise a éascú chuig teaghlaigh feirme maidir le fostaíocht lasmuigh den fheirm, forbairt gnó, agus oiliúint, agus céimithe maithe a mhealladh isteach san earnáil trí Chomhaltacht Walsh de chuid Theagasc d'fhonn an acmhainn anailíse agus nuálaíochta san earnáil a fheabhsú. **(Teagasc)** |
| **311** | An creat dlíthiúil a chur i bhfeidhm chun eagraíochtaí táirgthe mairteola a aithint d'fhonn an cumas margála san earnáil a athchothromú. **(RTBM)** |
| **312** | Leanúint de ghabháil do bhearta iomchuí leis na bainc ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal AE chun freagairt don luaineacht praghsanna san earnáil déiríochta agus tráchtearraí eile. **(RTBM)** |
| **313** | Coiste Straitéise Agraibhia 2025 a bhunú agus tuarascáil a sheoladh i mí Iúil 2015. **(RTBM)** |

## 10.2 Cúrsaí mara

Nuair a chuirtear achar ghrinneall na farraige san áireamh, tá Éire ar cheann de na tíortha is mó san Aontas Eorpach agus críoch mhuirí thart ar 880,000 $km^2$ aici, os cionn deich n-oiread níos mó ná mórchríoch na tíre. Anuas ar thacú le réimse saibhir éiceachóras, gnáthóg agus speiceas, baineann na nithe seo a leanas le cósta agus le huiscí cladaigh agus eischósta na hÉireann:

- Tá roinnt d'acmhainní iascaigh is mó agus is luachmhaire san Eoraip ann;
- Tá siad ar an tairseach thiar don loingseoireacht isteach chuig na calafoirt is gnóthaí san Eoraip;
- Suíomh den scoth iad le haghaidh dobharshaothrú iasc eite, sliogéisc agus feamainne;
- Tá siad i measc na n-acmhainní fuinnimh in-athnuaite is saibhre agus is inrochtana ar domhan (fuinneamh gaoithe, tonnta agus taoide);
- Cuireann siad deiseanna ar fáil chun táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt, mar shampla i réimse na teicneolaíochta agus na biteicneolaíochta muirí; agus
- Soláthraíonn siad deiseanna turasóireachta agus fóillíochta den chéad scoth mar aon le cultúr agus oidhreacht mhuirí an-saibhir.

Measadh go raibh luach díreach eacnamaíoch €1.2 billiún (nó thart ar 0.8% den OTI) ar gheilleagar muirí na hÉireann in 2010. Bhí láimhdeachas €3.5 billiún san earnáil, agus bhí thart ar 16,300 duine fostaithe ann (coibhéis lánaimseartha).

In *Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin (FBSA) – Plean Muirí Comhtháite na hÉireann (PMC)* a foilsíodh i lár na bliana 2012, leagtar amach treochlár le haghaidh fhís, spriocanna ardleibhéil, agus ghníomhartha comhtháite an Rialtais ar fud an bheartais, an rialachais agus an ghnó chun gur féidir leas iomlán a bhaint as acmhainneacht mhuirí na hÉireann. Tionscnamh ón nGrúpa Comhordaithe Muirí Idir-Rannach is ea an Plean, agus is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara atá ina chathaoirleach ar an ngrúpa. Leis an nGrúpa Comhordaithe Muirí, tugtar le chéile oifigigh shinsearacha ó Ranna a bhfuil baint acu le saincheisteanna muirí, mar aon le Foras na Mara, d'fhonn straitéis mhuirí an Rialtais a chur chun tosaigh agus comhordú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhfuil gníomhaíocht thras-rannach de dhíth orthu.

Leanfar den *Phlean* a chur chun feidhme ar fud na Ranna agus na ngníomhaireachtaí éagsúla in 2015. Ina theannta sin, reáchtálfar an dara comhdháil bhliantúil ar shaibhreas an aigéin, agus foilseofar Athbhreithniú Bliantúil ar an Dul Chun Cinn maidir le forfheidhmiú an *Phlean* an tráth sin freisin. Ag an gcomhdháil, taispeánfar na buntáistí a bhaineann le cur chuige comhtháite i leith na hearnála muirí agus beidh mar aidhm leis an gcomhdháil infheistíocht, poist agus fás a chur chun cinn san earnáil. Tá sonraí agus nuashonruithe ar leith maidir le forfheidhmiú an Phlean le fáil arwww.ouroceanwealth.ie.

### Gníomhaíochtaí 2015

| Muirí | |
|---|---|
| **314** | Dul chun cinn a dhéanamh ar fhorfheidhmiú Phlean Muirí Comhtháite na hÉireann – Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin.<br>**(An Grúpa Comhordaithe Muirí (GCM))** |

| | |
|---|---|
| **315** | Plean Straitéiseach nua maidir leis an Dobharshaothrú a fhorfheidhmiú. **(RTBM, MAPD)** |

## 10.3 Turasóireacht

Tá an turasóireacht ar cheann de na hearnálacha geilleagracha is tábhachtaí in Éirinn, agus bhí ról nach beag ag an earnáil seo sa téarnamh eacnamaíoch. Mar gheall ar an daonra beag in Éirinn, bíonn an tír ag brath go mór ar na hearnálacha onnmhairithe chun leibhéal na gníomhaíochta geilleagraí a ghiniúint atá de dhíth orainn lenár gcaighdeáin mhaireachtála a chothabháil agus chun cur leis an gcánachas trína maoinítear seirbhísí poiblí. Onnmhairiú seirbhísí atá sa turasóireacht agus, d'fhonn an tairbhe is mó agus is féidir a bhaint as, dírítear go príomha i ráiteas um beartas nua turasóireachta an Rialtais ("People, Place and Policy – Growing Tourism to 2025") ar an turasóireacht thar lear a mhéadú.

Sa Ráiteas um Beartas Turasóireachta, leagtar amach sraith cuspóirí beartais atá le baint amach d'fhonn na spriocanna ceannlíne a sheachadadh faoi 2025. Is iad na spriocanna sin ioncam €5 billiún ó chuairteoirí ó thar lear, líon iomlán de 250,000 duine fostaithe in earnáil na turasóireachta, agus deich milliún cuairteoir ó thar lear. D'fhonn gníomhartha ar leith a shainaithint agus a chur i bhfeidhm atá de dhíth chun na cuspóirí sa ráiteas beartais a bhaint amach, foilseofar sraith Pleananna Gníomhaíochta Turasóireachta trí bliana agus déanfaidh Grúpa Ceannaireachta Turasóireachta maoirsiú ar na Pleananna sin. Foilseofar an chéad Phlean Gníomhaíochta in 2015.

### Gníomhaíochtaí 2015

| Turasóireacht | |
|---|---|
| **316** | "Plean Gníomhaíochta Turasóireachta" mionsonraithe a fhoilsiú chun na gníomhartha tosaigh riachtanacha a sheachadadh sa tréimhse 2015-2018 d'fhonn na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas um Beartas Turasóireachta a bhaint amach. Tá sprioc leagtha amach sa Ráiteas um Beartas Turasóireachta go mbeidh 250,000 duine fostaithe in earnáil na turasóireachta faoi 2025. **(RITS)** |
| **317** | Mar phríomhchathair, is é Baile Átha Cliath a spreagann tionscal na turasóireachta in Éirinn go príomha. Oibreoidh Fáilte Éireann i gcomhar le comhpháirtithe sa tionscal agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun tarraingt idirnáisiúnta na cathrach a mhéadú. **(Fáilte Éireann)** |
| **318** | Cuirfidh an Chomhairle Ealaíon le líon na ndaoine aonair agus na n-eagraíochtaí a dtacaítear leo thar réimse leathan ionad ealaíon, féilte, eagraíochtaí ealaíon agus tionscnamh camchuairte ar fud na hÉireann in 2015, agus tacófar le 350 duine aonair agus 500 eagraíocht. **(An Chomhairle Ealaíon, REOG)** |
| **319** | Leanúint de thionscnaimh digitithe chultúrtha a fhorbairt d'fhonn feabhas a chur ar thairiscint turasóireachta na hÉireann i réimse na ginealeolaíochta. **(REOG, an Phríomh-Oifig Chlárúcháin, an Leabharlann Náisiúnta, an Chartlann Náisiúnta)** |

| | |
|---|---|
| **320** | Turais/cosáin féintreoraithe a fhorbairt bunaithe ar aipeanna agus ar bhailiúcháin chultúrtha agus ealaíon ar *Europeana* nó ar láithreáin gréasáin eile chun feabhas a chur ar ár dtairiscint turasóireachta do chuairteoirí ón tír seo agus ó thíortha eile araon. **(REOG, tacaíocht ó dhaonchara, agus saineolaithe teicniúla)** |
| **321** | Tionscnaimh eile i réimse na turasóireachta oidhreachta a fhorbairt, lena n-áirítear clár forbartha cosán sna Páirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra, i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara. Comhoibriú leis na Ranna agus leis na Gníomhaireachtaí ábhartha lena áirithiú go gcuireann na Páirceanna Náisiúnta, Anaclanna Dúlra, Séadchomharthaí Náisiúnta agus foirgnimh stairiúla leis an eispéireas turasóireacht feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin, go háirithe trí ghréasán cosán a fhorbairt sna páirceanna náisiúnta, d'fhonn cur le tarraingt na n-áiteanna sin do thurasóirí. **(REOG, Fáilte Éireann, Oifig na gCosán Náisiúnta)** |
| **322** | Tacú le réimse tionscadal tríd an Scéim Deontais Bainistithe Oidhreachta, 2015, trína gcuirtear an dea-chleachtas oidhreachta i bhfeidhm ar bhainistiú áiteanna, bailiúchán nó nithe, lena n-áirítear foirgnimh. **(An Chomhairle Oidhreachta, REOG)** |
| **323** | Tacú le tionscadal a fhorbairt chun Cnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú. Sa chéad chéim den tionscadal, déanfar dul chun cinn ar dhigitiú roinnt mhaith de Bhailiúchán na Scol in am do chomóradh céad bliain ar Éirí Amach na Cásca, 1916. **(REOG, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)** |

## 10.4 Miondíol

Is leis an earnáil mhórdhíola agus mhiondíola a bhaineann formhór na fostaíochta i ngeilleagar na hÉireann, agus tá tuairim 270,000 duine ag obair san earnáil. Tá tionchar ag an earnáil ar gach aon cheantar in Éirinn agus tá an earnáil ina cuid de gach aon phobal. Ina theannta sin, tacaíonn an earnáil mhiondíola go hindíreach le poist in earnálacha eile, amhail lóistíocht agus seachadadh, agus soláthraíonn an earnáil asraon tábhachtach do tháirgí Éireannacha. In ainneoin feabhas ginearálta sa líon daoine atá ag obair go náisiúnta sna 18 mí anuas, tá méaduithe san fhostaíocht san earnáil mhiondíola marbhánta go maith.

I Ráiteas Tosaíochtaí an Rialtais go dtí 2016, cuirtear béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le téarnamh an gheilleagair baile chun poist a chruthú, go háirithe i réimsí amhail miondíol, tógáil agus turasóireacht. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag an Rialtas amhail ráta CBL 9% agus an Scéim Dreasachta d'Athchóirithe Tí (atá dírithe go príomha ar earnáil an fháilteachais agus ar earnáil na tógála faoi seach), ach tá tionchar dearfach ag na bearta sin freisin ar an earnáil mhiondíola.

Ceann de na príomhdhúshláin don earnáil mhiondíola i rith an chúlaithe eacnamaíochta ab ea an laghdú ollmhór ar ioncam indiúscartha tomhaltóirí. Ba í Cáinaisnéis 2015 an chéad cháinaisnéis le fada inar cuireadh leis an ioncam indiúscartha atá ag daoine. Trí bhíthin na mbeart cánach agus leasa shóisialaigh a fógraíodh sa Cháinaisnéis, cuirfear airgead ar ais i bpóca daoine agus ba cheart go mbeadh buntáistí soiléire ag baint leis sin le haghaidh earnálacha uile an gheilleagair, agus le haghaidh na hearnála miondíola go háirithe.

Anuas air sin, ba cheart go mbeadh tionchar dearfach ar an earnáil mhiondíola ag baint le coinneáil ráta CBL 9%, fairsingiú na Scéime Dreasachta d'Athchóirithe Tí chun réadmhaoin ar cíos a chuimsiú, agus cistiú sa bhreis a chuirfear ar fáil do scéim JobsPlus i gCáinaisnéis 2015.

Chuir an Rialtas Fóram Comhairliúcháin Miondíola ar bun in 2014 mar chuid den Phlean Gníomhaíochta do Phoist. Soláthraítear leis an bhFóram sin ardán do rannpháirtíocht struchtúrtha idir an earnáil mhiondíola agus ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha an Rialtais. Tá sé mar chuspóir leis plé a chumasú ar na príomh-shaincheisteanna atá ábhartha don earnáil mhiondíola d'fhonn gníomhartha praiticiúla a shainaithint a d'fhéadfadh an Rialtas, nó an tionscal féin, a ghlacadh chun tacú leis an earnáil. Leanfaidh an Fóram d'iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna atá ábhartha don earnáil mhiondíola ar bhonn téamach in 2015.

Foilseoidh an Comhchoiste Oireachtais um Poist, Fiontar agus Nuálaíocht tuarascáil ar chúrsaí miondíola i lár baile in 2015, agus féachfaidh an Fóram Comhairliúcháin Miondíola go mion ar an tuarascáil sin d'fhonn gníomhartha a aithint ar féidir iad a ghlacadh chun tacú le cúrsaí miondíola i lár baile.

I measc réimsí eile a ndéanfar dul chun cinn orthu in 2015 chun tacú le téarnamh na hearnála miondíola, áirítear cur i bhfeidhm leanúnach na scéime dearbháin trádála ar líne (agus cabhróidh cur i bhfeidhm an chórais náisiúnta postchód leis sin), díriú ar scileanna a sholáthar don earnáil, seachadadh na Seirbhíse Comhtháite Iarratais ar Cheadúnú don earnáil mhiondíola, agus roinnt beart struchtúrach chun tacú leis an earnáil.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Miondíola | |
|---|---|
| **324** | Athbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí i dtuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais maidir le cúrsaí miondíola i lár baile; plean gníomhaíochta a fhorbairt chun dul chun cinn a dhéanamh ar na moltaí a meastar gur féidir iad a sheachadadh, agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na moltaí sin tríd an bhFóram Comhairliúcháin Miondíola.<br>**(An Fóram Comhairliúcháin Miondíola, Ranna agus comhlachtaí poiblí ábhartha)** |
| **325** | Tionscnaimh an dea-chleachtais a shainaithint atá á nglacadh ag Údaráis Áitiúla chun tacú le cúrsaí miondíola ar leibhéal áitiúil a bhféadfaí iad a úsáid mar eiseamláirí le breithniú i limistéir Údarás Áitiúil eile.<br>**(CBCC, RPFN)** |
| **326** | A áirithiú go gcuirtear cás na hearnála miondíola san áireamh i bhforbairt straitéisí maidir leis an bhFiontraíocht Réigiúnach, d'fhonn tionscnaimh shonracha ar bith a aithint a d'fhéadfaí a ghlacadh chun tacú leis an earnáil sna réigiúin.<br>**(RPFN)** |
| **327** | Dul i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, SOLAS, Skillnets agus soláthraithe oiliúna ábhartha eile, nuair is iomchuí, lena aithint conas is féidir cláir oiliúna atá an-ábhartha don earnáil mhiondíola a fhairsingiú nó a thabhairt isteach as an nua chun próifíl scileanna na hearnála a fheabhsú.<br>**(RPFN i gcomhairle le soláthraithe oiliúna ábhartha)** |

| | |
|---|---|
| **328** | Tar éis sheoladh náisiúnta na scéime in 2014, cur i bhfeidhm 2,000 dearbhán trádála ar líne a chur i gcrích (1,450 dearbhán in 2015) trí ghréasán na nOifigí Fiontair Áitiúil (féach Rannán 3.7 freisin).<br>**(RCFAN, OFÁanna, RPFN)** |
| **329** | An córas postchód náisiúnta a chur i bhfeidhm, rud a éascóidh an trádáil ar líne agus a chabhróidh le calaois sa réimse seo.<br>**(RCFAN)** |
| **330** | An tSeirbhís Chomhtháite Iarratais ar Cheadúnú a chur i bhfeidhm don earnáil mhiondíola agus aiseolas a lorg ón bhFóram Comhairliúcháin Miondíola (féach Rannán 3.5 freisin).<br>**(RPFN agus comhlachtaí poiblí ábhartha)** |
| **331** | Athbhreithniú a dhéanamh ar an tuarascáil a d'fhoilsigh Forfás in 2012 maidir le ceadúnais ghnólachtaí d'fhonn gníomhartha breise a aithint ar féidir iad a ghlacadh chun an t-ualach riaracháin a laghdú don earnáil mhiondíola sa réimse seo, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, cuíchóiriú ceadúnas.<br>**(RPFN i gcomhairle le comhlachtaí poiblí ábhartha)** |
| **332** | Tús a chur leis an tionscnamh 'Cathair Bheo' chun tacú le hathnuachan limistéar incháilithe i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Port Láirge, Gaillimh agus Cill Chainnigh.<br>**(R/Airgeadais)** |
| **333** | Ag cur leis na bearta a glacadh in 2014, leanúint de dhul i ngleic leis an trádáil aindleathach a mbíonn tionchar aige ar an earnáil mhiondíola.<br>**(Na Coimisinéirí Ioncaim)** |
| **334** | Anailís bhreise a dhéanamh ar an Scéim um Onnmhairí Miondíola, lena n-áirítear trí chomhairliúchán a dhéanamh leis an Roinn Airgeadais, d'fhonn méadú a mheas ar uasteorainn €2,000 le haghaidh earraí ardluacha ar leith nach mór a thaispeáint d'oifigigh chustaim lena n-iniúchadh nuair atá na hearraí á dtógáil amach as an Stát.<br>**(RPFN, R/Airgeadais)** |
| **335** | Tríd an bhFóram Comhairliúcháin Miondíola, leanúint de shaincheisteanna ar féidir leo cabhrú chun tacú le fostaíocht ar ardchaighdeán san earnáil mhiondíola a aithint agus dul i ngleic leo.<br>**(An Fóram Comhairliúcháin Miondíola)** |

## Olivia Smyth & The Stork Exchange

*An Scéim Dearbháin Trádála ar Líne a úsáid*

Bunaithe in Aerfort Bhaile Átha Cliath, soláthraíonn The Stork Exchange seirbhís chun trealamh taistil do leanaí óga agus do pháistí a fháil ar cíos le haghaidh cuairteoirí go hÉirinn a bhfuil páistí óga acu. Tháinig an ghnólacht ar an bhfód tar éis drocheispéireas a bhí ag Olivia agus trealamh á fháil ar cíos aici féin. Míníonn Olivia: "Chuireamar suíochán cairr in áirithe do m'iníon óg 7 mí d'aois nuair a bhí carr á chur in áirithe againn dár laethanta saoire. Fuaireamar sean-suíochán salach nach raibh oiriúnach d'aois ár linbh, ach bhí orainn glacadh leis toisc nach raibh rud ar bith eile ann. Nuair a bhaineamar an clúdach den suíochán le linn na laethanta saoire chun é a ní, d'aimsíomar cruimh ann. Mar sin, d'fhéadfá a rá gur chruimh a spreag mo ghnólacht!"




Ní raibh ach 1 suíochán cairr amháin le fáil ar cíos nuair a thosaigh an ghnólacht, ach tá fás tagtha anois air agus tá 250 suíochán le fáil ar cíos mar aon le trealamh eile amhail naíchóistí, ardchathaoireacha agus cliabháin taistil. Thuig Olivia go tapa go raibh formhór a gnó ag teacht isteach ón láithreán gréasáin ach, de réir mar a tháinig méadú ar an líne táirgí, ní raibh an láithreán gréasáin oiriúnach a thuilleadh. Bhí athfhorbairt de dhíth go géar, ach bhí an t-airgead gann sa ghnólacht. D'fhoghlaim Olivia faoin Scéim Dearbháin Trádála ar Líne trína hOifig Fiontair Áitiúil i mBaile Átha Cliath, agus shocraigh sí iarratas a dhéanamh. Olivia ag caint faoin scéim: "Tráth a bhí méadú ag teacht ar an ngnólacht agus a bhí go leor infheistíochta airgeadais ag teastáil, bhíomar an-sásta Dearbhán Trádála ar Líne a fháil. Bhí sé éasca go maith an t-iarratas a dhéanamh tríd an oifig fiontair áitiúil. Leis an bhfírinne a rá, bhí sé úsáideach dúinn féin mar ghnólacht am a chaitheamh leis an bpróiseas iarratais mar b'éigean dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar ár bplean gnó agus leasú in airde a dhéanamh ar ár bpleananna trádála ar líne."

Leis an dearbhán, d'fhorbair The Stork Exchange láithreán gréasáin saincheaptha mar aon le córas áirithinte comhtháite. Cuireann sin ar chumas Olivia agus a foirne áirithintí a bhainistiú go héifeachtach agus súil ghéar a choinneáil ar stoc. Is féidir le cliaint an tseirbhís a chur in áirithe agus íoc ar líne freisin. "Ós rud é gur cuairteoirí ó na Stáit Aontaithe agus ón Astráil iad roinnt mhaith de na cliaint, leis an tseirbhís nua ar líne is féidir leo áirithintí a dhéanamh agus muid inár gcodladh anseo mar gheall ar an difríocht ama. Tá am agam anois breis margaíochta a dhéanamh – scríobhaim blag ar an suíomh anois agus bíonn obair eile ar na meáin shóisialta á déanamh agam nárbh fhéidir liom a dhéanamh roimhe sin. Mholfainn an Dearbhán Trádála go láidir, chabhraigh sé go mór linn."

Tá beirt fostaithe ag an gcuideachta i mBaile Átha Cliath anois, agus cuirfear tús le seirbhísí ó Aerfort Chorcaí agus ó Aerfort na Sionainne níos déanaí i mbliana. Fostóidh Olivia duine lánaimseartha amháin breise ar a laghad i mbliana.

http://www.thestorkexchange.ie/

### Maidir leis an Scéim Dearbháin Trádála ar Líne a úsáid

Bhí an Scéim Dearbháin Trádála ar Líne ar cheann de na leasuithe suaiteacha (*Gníomhaíochtaí 76-78, Plean Gníomhaíochta do Phoist 2014*). Tá an scéim deartha chun cabhrú leis na

cuideachtaí beaga rochtain a fháil ar na deiseanna atá ar fáil dóibh leis an trádáil ar líne trí dhearbhán dar luach suas le €2,500 a eisiúint, leis an méid infheistíochta céanna á chur ar fáil ag an gcuideachta féin, agus é mar aidhm leis gné trádála ar líne a chur leis an ngnólacht.

**Tá faisnéis ar a bhfuil beartaithe don scéim seo le fáil i nGníomh 100.**
**https://www.localenterprise.ie/Discover-Business-Supports/Digital-Voucher-Scheme-Launched-Nationally/**

## 10.5 Tógáil agus Tithíocht

I mí na Bealtaine 2014, d'fhoilsigh an Rialtas '*Foirgníocht 2020 – Straitéis i leith Earnáil Foirgníochta Athnuaite*' chun tús nua a thabhairt do chúrsaí tógála. Tá mar aidhm leis an Straitéis a áirithiú go bhfuil earnáil láidir inbhuanaithe in Éirinn, go bhfuil ar chumas na hearnála na tithe agus an bonneagar atá de dhíth orainn mar shochaí a thógáil agus cur go hiomlán leis an téarnamh geilleagrach.

Cuid bhunriachtanach atá sa straitéis freisin d'iarrachtaí an Rialtais fostaíocht iomlán a bhaint amach faoi 2018. Tá sé ráite againn go bhfuilimid meáite ar chabhrú leis an uile dhuine ar an mBeochlár obair bhríoch fhiúntach a aimsiú, lena n-áirítear an iliomad oibrithe tógála a chaill a bpost nuair a thit an earnáil as a chéile.

Trí chúrsaí tógála a aischur chuig gnáthleibhéil ghníomhaíochta, d'fhéadfaí cabhrú freisin lena áirithiú go mbeidh tionchar ag an téarnamh geilleagrach ar gach cearn den tír agus go mbeidh sé le sonrú ar fud na tíre ar fad.

Tá clár mionsonraithe oibre le fáil in Foirgníocht 2020, lena n-áirítear 75 ghníomh atá teoranta le cúrsaí ama, thar réimse saincheisteanna lena n-áirítear iad seo a leanas: tithíocht; an próiseas pleanála; infhaighteacht airgeadais; monatóireacht agus rialáil a dhéanamh ar an earnáil; agus lucht saothair le hardscileanna agus deiseanna a áirithiú don lucht cuardaigh fostaíochta in earnáil na tógála. Tá dul chun cinn maith déanta againn go dtí seo.

Beidh sé mar thosaíocht againn a áirithiú go gcoinneofar an fuinneamh sin in 2015.

Nuair a sheolamar an Straitéis, thuigeamar go mbeadh iarracht mhór agus cur chuige ar fud an Rialtais iomláin de dhíth chun an Straitéis a chur chun feidhme. Dúramar go rabhamar meáite ar an straitéis a chur chun cinn le díograis, fuinneamh agus tiomantas.

Ó foilsíodh é, tá ár dtiomantas do sheachadadh na straitéise léirithe arís eile le ceapachán Aire Stáit i mí Iúil atá freagrach as Tithíocht, Pleanáil agus Comhordú na Straitéise 'Foirgníocht 2020'. Tá Coiste Comh-Aireachta curtha ar bun againn freisin lena áirithiú go leanfar de dhíriú ar an straitéis ar an leibhéal is airde den Rialtas.

Tá roinnt clocha míle suntasacha bainte amach, agus tá comharthaí dearfacha le sonrú go bhfuil téarnamh ar an earnáil – rud a bhfuil an-fháilte roimhe.

Sa Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh, léirítear go raibh breis agus 7,000 duine breise ag obair i gcúrsaí tógála sa tríú ráithe de 2014 i gcomparáid le bliain roimhe sin (ráta fáis 6.7%); agus tháinig fás 7.3% ar an OTI ón earnáil tógála agus foirgníochta. Ar bhonn bliantúil, tháinig méadú 10.1% ar an aschur ón tógáil agus ón bhfoirgníocht in R3 2014. Is ionann sin agus méadú 19.1% ar obair thógála cónaithe, méadú 13.4% ar obair innealtóireachta sibhialta agus méadú 2.5% ar obair thógála neamh-chónaithe.

Ar an dul chun cinn atá déanta faoi 'Foirgníocht 2020', áirítear na nithe seo a leanas:

- Straitéis Tithíochta Sóisialta nua ina leagtar amach cur chuige cuimsitheach i leith sheachadadh tithíochta sóisialta go dtí 2020;
- Áireofar sna moltaí maidir le mór-athchóiriú ar an bpróiseas pleanála athbhreithniú ar riachtanais Chuid V le haghaidh forbróirí; tobhaigh laghdaithe forbartha a fhorfheidhmiú go cúlghabhálach; tobhach ar láithreáin fholmha; agus ceadanna pleanála a gcaillfear iad mura n-úsáidtear iad;
- Tascfhórsa tiomnaithe maidir leis an Soláthar Tithíochta i mBaile Átha Cliath a d'fhéach ar an éileamh agus ar an soláthar tithíochta thar na ceithre Údarás Áitiúla, ag díriú i dtosach ar an soláthar inmharthana sa ghearrthéarma a thomhas;
- Treochlár d'fhorbairt an Chreata Náisiúnta Tithíochta; agus
- Iniúchadh agus tuarascáil ar infhaighteacht airgeadais forbartha – tá Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann, faoi choimirce Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, ag féachaint ar bhealaí, trína shainordú tráchtála, chun tacú le tionscadail a mhaoiniú lena gcuirfear feabhas ar an soláthar tithíochta.

Ghlac an Rialtas bearta eile chun borradh a chur faoin ngníomhaíocht i gCáinaisnéis 2015. Rinneamar an Scéim Dreasachta d'Athchóirithe Tí a fhairsingiú chun réadmhaoin ar cíos a chuimsiú a bhfuil na húinéirí faoi dhliteanas cáin ioncaim d'fhonn tacú le hoibreoirí dlisteanacha san earnáil tógála agus réadmhaoine ar cíos, agus d'fhonn cabhrú le cáilíocht na réadmhaoine príobháidí ar cíos a uasghrádú. Ina theannta sin, chuireamar deireadh leis an gcáin 80% ar amhantair a bhain le gnóthachain inmhuirir ar dhiúscairt nó ar fhorbairt talún de bharr cinntí pleanála a rinneadh ó Dheireadh Fómhair 2009 ionas go mbeidh feidhm anois le ráta 33% de cháin ghnóthachan caipitiúil agus socruithe cánachais caighdeánacha. Ina theannta sin, dírítear sa tionscnamh 'Cathair Bheo' (a fógraíodh i gCáinaisnéis 2013 agus a fairsingíodh ina dhiaidh sin chuig 6 chathair) ar limistéir áirithe is mó a bhfuil athnuachan de dhíth orthu i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Port Láirge, Gaillimh agus Cill Chainnigh.

Tá plé ar siúl leis na hÚdaráis Áitiúla ábhartha maidir le limistéir incháilithe ina gcathair féin, agus tá súil ag an Aire Airgeadais go gcuirfear an Tionscnamh i bhfeidhm ina iomláine in 2015.

Tá sraith dreasachtaí cánach cónaithe agus tráchtála sa tionscnamh agus is é an cuspóir atá leo deireadh a chur leis an méadú leanúnach ar an mbánú agus ar an meathlú uirbeach a tharlaíonn in go leor de na cathracha sin trí theaghlaigh a spreagadh le filleadh chun cónaithe agus chun oibre sna limistéir sin den chathair istigh.

## Tosaíochtaí 2015

Tá sé mar thosaíocht ar leith ag an Rialtas seo an eacnamaíocht bhaile a neartú agus tús áite a thabhairt do dhaoine dífhostaithe. Is féidir cur go mór leis sin trí ghnáthleibhéil gníomhaíochta a aischur in earnáil na tógála.

Táimid ag díriú freisin ar thacú le haschur tithíochta méadaithe, go háirithe i mBaile Átha Cliath áit a bhfuil ganntanas ann i gcónaí. Níor mhór go mbeadh rochtain ag daoine ar thithe ar chaighdeán maith le ceannach nó le tógáil ar cíos, bíodh na tithe san earnáil phríobháideach nó shóisialta. Ní amháin go laghdófar an brú aníos ar phraghsanna agus ar chíos le soláthar méadaithe, ach cabhróidh sé linn freisin an méid atá bainte amach againn mar thír le roinnt blianta anuas ó thaobh an iomaíochais de a chothabháil.

Ar an ábhar sin, coinneoimid linn ag díriú go láidir ar fhorfheidhmiú 'Foirgníocht 2020' ar fud 2015.

Go háirithe, áiritheoimid go ndéanfar dul chun cinn ar reachtaíocht nua maidir le pleanáil go luath in 2015, lena ndéanfar foráil d'fhorfheidhmiú na nithe seo a leanas: Athbhreithniú ar Chuid V; éifeacht chúlghabhálach do rátaí nua níos ísle de ranníocaíochtaí forbartha; tobhach ar láithreáin fholmha a chumasú; agus cur chuige maidir le ceadanna pleanála faoina gcaillfear na ceadanna mura n-úsáidtear iad.

Cuirfimid reachtaíocht bhreise pleanála i bhfeidhm freisin chun forálacha pleanála ag eascairt as Binse Mahon a chur chun feidhme agus chun Rialtóir Pleanála Neamhspleách a chur ar bun. Cuirfimid ríomhphleanáil agus forálacha eile i bhfeidhm chun an próiseas pleanála agus achomhairc a chuíchóiriú agus chun feabhas a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí.

Déanfaimid dul chun cinn ar an gCreat Náisiúnta Pleanála.

Ag tógáil ar an obair atá ar siúl cheana féin, déanfaimid an chéad Tuarascáil Náisiúnta bhliantúil ar Thithíocht a tháirgeadh in R2, ina n-aithneofar neamhréir idir an soláthar agus an t-éileamh. Leanfaidh an Tascfhórsa um Chomhordú an tSoláthair Tithíochta i mBaile Átha Cliath dá chuid oibre chun tacú le soláthar méadaithe sa phríomhchathair. Déanfaimid beartas náisiúnta a chur ar aghaidh i dtreo an earnáil chíosa phríobháideach a ghairmiúlú.

Lena áirithiú go bhfuil airgeadas leordhóthanach ar fáil le haghaidh forbairtí inmharthana, go háirithe i réimse na tithíochta, déanfaimid ócáid maoinithe a reáchtáil go luath in 2015 d'fhonn na daoine atá ag obair sa tionsclaíocht agus i gcúrsaí airgeadais a thabhairt le chéile.

Lena áirithiú go mbeidh daoine ar an mBeochlár in ann na tairbhí a bhaineann le gníomhaíocht mhéadaithe a shonrú, oibreoimid le tionscal na tógála lena áirithiú go mbíonn fostóirí ar an eolas maidir leis na dreasachtaí chun daoine atá dífhostaithe le fada a earcú, agus tacóimid leo sin agus iad ag filleadh ar an obair.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Tógáil agus Tithíocht | |
|---|---|
| **336** | Foirgníocht 2020 a chur i bhfeidhm d'fhonn earnáil tógála a sheachadadh atá fuinniúil, iomaíoch agus inbhuanaithe, atá in ann cur leis an bhfás geilleagrach agus le cruthú post, agus a bhfuil de chumas ag an earnáil freastal ar riachtanais bhonneagair na tíre amach anseo lena n-áirítear dul i ngleic leis na dúshláin maidir leis an soláthar tithíochta.<br>**(R/Taoisigh, RCPRA, agus ranna rialtais ábhartha)** |
| **337** | Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020 a chur i bhfeidhm trína soláthrófar 35,000 aonad tithíochta sóisialta nua thar thréimhse sé bliana agus trína soláthrófar tacaíocht tithíochta do suas le 75,000 teaghlach san earnáil chíosa phríobháideach leis an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta nua.<br>**(RCPRA, agus ranna rialtais ábhartha)** |
| **338** | Seolfaimid comhairliúchán poiblí agus féachfaimid an gá bearta a ghlacadh chun forbairt thráthúil a spreagadh maidir le talamh criosaithe agus seirbhísithe.<br>**(R/Airgeadais)** |
| **339** | Tacú le 270 post díreach/indíreach ag éirí as an mórchlár athchóirithe do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus le 130 post eile trí spás taispeántais agus ionad léirmhíniúcháin bhuain a fhorbairt in Ard-Oifig an Phoist, saoráidí do chuairteoirí a fhorbairt ag Teach an Phiarsaigh i Ros Muc, agus infheistíochtaí eile mar chuid den chlár *Éire 2016*. |

| | |
|---|---|
| | **(REOG, ÚnaG, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, An Post)** |

I gCáinaisnéis 2015, fógraíodh go raibh deireadh á chur leis an moratóir ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí. Tá tús curtha le clár saindírithe earcaíochta don Státseirbhís chun dul i ngleic le riachtanais seirbhísí agus le ganntanas príomhscileanna. Ina theannta sin, soláthraíodh cistiú breise i gCáinaisnéis 2015 ionas gur féidir 1,700 múinteoir agus cúntóir riachtanas speisialta breise a earcú don seomra ranga, mar aon le 100 Garda sa bhreis. Beidh deiseanna fostaíochta á gcoinneáil agus á seachadadh ag Óglaigh na hÉireann freisin in 2015 trí earcaigh agus daltaí oifigigh a earcú.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Ceantair Eile | |
|---|---|
| **340** | Dul chun cinn a dhéanamh maidir le 100 ábhar Garda nua a thabhairt isteach agus a oiliúint.<br>**(An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, An Garda Síochána)** |
| **341** | Deiseanna fostaíochta a choinneáil agus a sheachadadh trí earcaigh agus daltaí oifigigh a earcú d'Óglaigh na hÉireann.<br>**(R/Cosanta)** |

## Tionscadal Tuirbíní Gaoithe, Limistéar Íochtarach Chuan Chorcaí

*Tionscadal suaitheanta éifeachtúlachta fuinnimh*

Tháinig roinnt cuideachtaí déantúsaíochta i réimse an chúraim sláinte i limistéar Chorcaí le chéile in 2008 le fáil amach an bhféadfaidís comhoibriú lena chéile ar shaincheisteanna coiteanna maidir le fuinneamh. Thuig siad go raibh costas mór ar an bhfuinneamh dá ngnólachtaí go léir ach, mar sin féin, nach raibh leas á bhaint acu ar fad as an gcumhacht a bhain lena suíomh tíreolaíoch i gCuan Chorcaí. Rith sé leo go mb'fhéidir go bhféadfaidís a bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, a n-iomaíochas costais a fheabhsú, agus a gcostas fuinnimh a laghdú dá rachaidís i mbun oibre ar an gceist le chéile. Tar éis an cheist a phlé, chuaigh ceithre cinn de na cuideachtaí sin i mbun Tionscadal Tuirbíní Gaoithe do Limistéar Íochtarach Chuan Chorcaí.

Bíonn roinnt de na cógais agus na gléasanna míochaine is sofaisticiúla agus is cáiliúla ar domhan á ndéanamh ag na ceithre chuideachta atá chun tosaigh sa tionscadal seo – DePuy Synthes, GSK, Janssen Biologics and Novartis – agus úsáidí éagsúla ag na cógais sin. Tá os cionn 4,000 duine fostaithe sna cuideachtaí sin agus tá breis agus €2 billiún d'infheistíocht déanta acu i réigiún Chorcaí le 20 bliain anuas.

D'oibrigh an grúpa le chéile chun tabhairt faoi chomhairliúcháin chuimsitheacha réamhghníomhacha leis an Údarás Pleanála, le páirtithe leasmhara áitiúla, agus leis na comhlachtaí reachtúla a bhfuil baint acu leis an limistéar seo. Dhearbhaigh siad go bhféadfaidís ar fad tuirbíní gaoithe a shuiteáil ar shuíomh gach cuideachta agus, mar thoradh ar an obair chomhoibríoch, bhí siad ábalta leas a bhaint as iarratais fhada na gcuideachtaí eile sa ghrúpa chun na doiciméid riachtanacha ar fad a chur isteach ag an am céanna.



Tá tuirbín gaoithe amháin suite anois ar gach ceann de shuíomhanna DePuy Synthes, GSK agus Janssen Biologics. Ginfidh na trí thuirbín gaoithe suas le 3MW de leictreachas ar gach suíomh. Dá bhrí sin, cuirfear feabhas ar fheidhmíocht chomhshaoil gach suímh, laghdófar costais leictreachais gach suímh le suas go dtí 30%, agus beidh na suíomhanna níos tarraingtí le haghaidh infheistíocht isteach.

Cuirfidh an tionscadal ar chumas DePuy Synthes, GSK agus Janssen Biologics laghdú mór a bhaint amach ar na hastuithe CO2 arna nginiúint i rith na bpróiseas táirgeachta, agus beidh tionchar dearfach aige sin ar an gcomhshaol. Is ionann sin agus tuairim ar 14,000 tona CO2 a bhaint amach gach bliain, nó 7,300 carr a bhaint den bhóthar.

Sampla atá ann den obair chomhoibríoch atá á déanamh ar son an Gheilleagair Ghlais a bhí luaite i ndoiciméid roimhe seo maidir leis an bPlean Gníomhaíochta do Phoist (féach Rannán 9.2 agus Gníomhartha 289-304, Plean Gníomhaíochta do Phoist, 2014).

**Féach Leasuithe Suaiteacha ar Fhuinneamh i gCaibidil 2 agus i Rannán 11.6 chun eolas a fháil ar a bhfuil beartaithe i réimsí an Gheilleagair Ghlais in 2015.**

# 11. Foinsí nua fáis

Mar atá leagtha amach i rannáin eile thuas, tá Plean Gníomhaíochta do Phoist, 2015, á fhoilsiú tráth atá feabhas ar dhálaí eacnamaíocha go ginearálta, agus cuireann an Plean leis na hathchóirithe atá bainte amach go dtí seo. Na straitéisí faoina bhfuil an Rialtas ag tabhairt, lena n-áirítear an Plean Gníomhaíochta do Phoist, Bealaí chun na hOibre, Cáinaisnéisí leantacha, agus cláir earnála, is ábhair fhíora dóchais iad ar fad. Mar sin féin, ní mór do gach geilleagar bheith ar an eolas maidir le treochtaí domhanda, agus maidir leis na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leo, agus ní mór dóibh dul in oiriúint do na treochtaí sin. Cuireann na treochtaí sin, fás geilleagrach marbhánta ar fud an domhain, agus leibhéil arda fiachais agus fostaíochta sa bhaile, lena thábhachtaí atá sé foinsí nua fáis gheilleagraí a fhorbairt. Féachtar don todhchaí sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist lena áirithiú go nglactar céimeanna anois chun cosán a ullmhú le haghaidh dul chun cinn amach anseo. Mar shampla, de bharr daonraí atá ag dul in aois go tapa i dteannta srianta ar acmhainní nádúrtha, beidh fás i ngeilleagair shárfhorbartha ag brath níos mó ar nuálaíocht chun an táirgiúlacht a mhéadú. I measc na réimsí sainiúla deiseanna a sainaithníodh, áirítear Aosú Cliste, Dearadh, Seirbhísí Airgeadais, Idirlíon na nEarraí, Déantúsaíocht Breiseán, an Geilleagar Glas, agus Taighde agus Oiliúint sa Bhithphróiseáil. Cé gur iomaí beartas agus tionscnamh, idir chinn fhorleathana agus chinn a bhaineann le hearnáil ar leith, atá le fáil ar fud an Phlean Gníomhaíochta do Phoist chun cabhrú le bonn fiontraíochta na hÉireann freagairt do dheiseanna, sa rannán seo leagtar amach gníomhaíocht shainiúil le haghaidh na bhfoinsí nua agus éiritheacha fáis gheilleagraigh inar féidir le tionscnaimh luatha spriocdhírithe faoi stiúir an Rialtais na bunsraitheanna a leagan síos don dul chun cinn inbhuanaithe sa ghearrthréimhse agus sa mheántréimhse.

## 11.1 Aosú Cliste

Is é an sainmhíniú ar Aosú Cliste an teicneolaíocht agus an nuálaíocht a úsáid san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon chun táirgí, seirbhísí, réitigh, agus córais a tháirgeadh lena gcuirfear feabhas ar cháilíocht na beatha do dhaoine os cionn 50 bliain d'aois. Sainaithníodh deis na hÉireann maidir leis an Aosú Cliste mar thosaíocht ríthábhachtach i bhFóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain 2013, agus sainaithníodh é ina dhiaidh sin mar cheann de 11 deis earnála sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist, 2014. Cuireadh Grúpa Stiúrtha Idir-Rannach faoi chathaoirleacht Roinn an Taoisigh ar bun chun teacht ar an gcur chuige a ghlacfar maidir leis an Aosú Cliste in Éirinn. Rinne an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, thar ceann an Ghrúpa, coimisiúnú ar léarscáiliú ar ghníomhaíocht an Aosaithe Chliste chun bonnlíne a sholáthar den ghníomhaíocht in Éirinn agus chun láidreachtaí agus réimsí deiseanna na hÉireann a shainaithint. Cuirfidh an grúpa tuairisc ar fáil ina mbeidh measúnú ar dheiseanna agus ar na chéad chéimeanna eile.

### Gníomhaíochtaí 2015

| Aosú Cliste | |
|---|---|
| **342** | Tuarascáil dheiridh agus plean gníomhaíochta beartaithe chun réimsí deiseanna maidir leis an Aosú Cliste a fhorbairt in Éirinn a chur faoi bhráid an Rialtais lena bhfaomhadh. **(R/Taoisigh, RPFN, agus an Grúpa Stiúrtha Idir-Rannach)** |

## 11.2 Díolacháin a fhás tríd an gCeannaireacht sa Dearadh

Tá 2015 ainmnithe mar Bhliain an Dearaidh Éireannaigh ag an Rialtas. Tionscnamh uile-oileáin is ea Dearadh na hÉireann 2015 (*DÉ2015*) ina léireofar scoth an dearaidh Éireannaigh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Deis atá ann cur chun cinn agus forbairt bhreise a dhéanamh ar acmhainní na hÉireann sa dearadh a bhaineann le gnó thar gach earnáil den gheilleagar. Deis atá ann freisin an cumas a fheabhsú don dearadh ardchaighdeáin ar fud na hearnála fiontraíochta. Go háirithe, tá an dearadh ríthábhachtach don rath in earnálacha nua agus in earnálacha atá ag teacht chun cinn amhail feistí leighis, TFC, cluichíocht, cumarsáid mhóibíleach, agus na meáin. Leis na deiseanna iontacha atá san earnáil dearaidh don fhás agus don fhostaíocht bhreise a léiriú, tá an Rialtas ag tacú le *DÉ2015* mar ceann de thorthaí Fhóram Eacnamaíoch Éireannaigh an Domhain ag deireadh 2013. Is é Comhairle Dhearaidh agus Cheardaíochta na hÉireann (CDCÉ), i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta, atá ag tionól DÉ2015 thar ceann na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta, na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus Fhiontraíocht Éireann.

Mar gheall ar na buanna atá againn agus an cháil atá orainn ó thaobh na cruthaitheachta de, tá d'acmhainn ag Éirinn bheith ar thús cadhnaíochta sa dearadh, agus gnólachtaí rathúla a ghiniúint agus a mhealladh sna hearnálacha sin. Chun Éire a chur ar aghaidh sa treo sin, tá sé mar aidhm le *DÉ2015* na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Luach an dearaidh a chur chun cinn go náisiúnta, go háirithe i measc phobal an ghnó;
- Dearadh agus cruthaitheacht na hÉireann a chur chun cinn i measc phobal an dearaidh idirnáisiúnta;
- Caidreamh níos fearr a chur chun cinn idir an lucht gnó agus an pobal dearaidh in Éirinn d'fhonn an earnáil dearaidh a neartú agus infheistíocht ón lucht gnó a spreagadh sa dearadh d'fhonn cur leis an iomaíochas; agus
- Oidhreacht a fhágáil chun na haidhmeanna sin a fhorbairt san fhadtéarma.

Leis an bPlean Gníomhaíochta, 2015, déanfaimid na tionscnaimh sa dearadh a fhairsingiú chun an bonn fiontraíochta níos forleithne a chuimsiú. I measc na spriocanna do thréimhse 2015-2019, áirítear líon na gcuairteanna ceannaitheoirí isteach agus líon na ndearaí arna gclárú a mhéadú faoi dhó, mar aon le 200 gnólacht nuathionscanta agus 300 cuideachta dhearaidh á n-idirnáisiúnú. Trí bhíthin cláir ina bhfuil breis agus 300 imeacht Éireannach agus idirnáisiúnta, tá mar aidhm le DÉ2015 na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- 1,800 post breise a chruthú in earnáil an dearaidh agus na ceardaíochta idir 2015 agus 2019;
- 200 fiontar dearaidh nua a ghiniúint a gcuirfear ar bun iad in 2015;
- €10 milliún breise a ghiniúint in onnmhairí a bhaineann leis an dearadh in 2015;
- Breis agus 300 cuairt ar chuideachtaí a éascú ar mhisin trádála idirnáisiúnta agus ar imeachtaí trádála a bhaineann leis an dearadh (2015/16);
- Breis agus 50 FBM páirteach i gClár 'Dearadh don Fhás' (2015/16);
- Dhá Luasaire Dearaidh ar an bhfód faoi 2016 (chun cuideachtaí dearaidh nua a thabhairt chun tosaigh go mear); agus

- Caidreamh a bhunú le lucht féachana de 3 mhilliún duine le haghaidh imeachtaí in 2015 sa bhaile agus thar lear araon, a bhfuil Coibhéis Luacha Fógraíochta €10 milliún leis (2015).

## Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí sonracha do 2015:

- Líonraí, braislí, agus gorlanna dearaidh earnála agus réigiúnacha a chur ar bun ar fud oileán na hÉireann chun an fás geilleagrach a spreagadh agus chun infheistíocht agus comhoibriú a spreagadh san earnáil dearaidh.
- Ardán infheistíochta nuathionscanta a chruthú le haghaidh fiontraithe sa tionscal cruthaitheach a bhfuil mar aidhm leis luas a chur faoi roinnt de na dearthóirí is mó a bhfuil gealladh fúthu in Éirinn ó réimse disciplíní dearaidh éagsúla.
- Tacú le sraithe comhoibrithe trasearnála as a dtiocfaidh forbairt táirgí agus margaí nua trína chur ar chumas foirne dearaidh dul i mbun oibre le gnólachtaí i réimse leathan earnálacha, idir chuideachtaí ilnáisiúnta agus FBManna, ar thionscadail bunaithe ar ghníomhaíochtaí ina léirítear luach agus tionchar an dearaidh san fhás gnó. Beidh clár píolótach ar siúl in earnálacha ar leith amhail an timpeallacht thógtha nó an innealtóireacht.
- Clár Forbartha Dearaidh náisiúnta a chruthú le haghaidh eagraíochtaí dearaidh nuálacha, soláthraithe oideachais agus grúpaí nuálacha eile chun tús a chur le cláir agus le tionscadail a mbeidh tionchar straitéiseach acu ar fhorbairt bhonneagair chun tacú le cuideachtaí dearaidh agus le FBManna, rud a chruthóidh poist. Áireofar leis sin tionscnamh chun Dearadh agus Fiontraíocht a chuimsiú san oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM).
- Tabhairt faoi mhisin trádála spriocdhírithe agus earnála i gcomhréir le clár imeachtaí Fhiontraíocht Éireann. Áireofar leis sin an sárthaispeántas Showcase - Ireland’s Creative Expo® a reáchtáil. Is é sin seó trádála idirnáisiúnta is mó na tíre atá dírithe ar 5,000 ceannaitheoirí miondíola ó Éirinn agus ó thar lear, rud a mhéadaíonn an acmhainneacht le haghaidh díolacháin agus onnmhairí méadaithe.
- Ciste trádála idirnáisiúnta a chur ar bun a bheadh ar fáil le haghaidh gnólachtaí chun cistiú a sholáthar do réimse iomlán na ndisciplíní dearaidh chun margaí idirnáisiúnta a rochtain.
- Tús a chur le réimse éagsúil tionscadal amhail ceardlanna, comhdhálacha agus imeachtaí trí chiste nuálaíochta dearaidh. Beidh tionchar straitéiseach aige sin ar fhorbairt tacaíochtaí le haghaidh cuideachtaí agus FBManna dearaidh ar fud oileán na hÉireann agus léireoidh sé na buntáistí cruthaithe gnó agus fostaíochta a bhaineann leis an dea-chleachtas dearaidh.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Díolacháin a fhás tríd an gCeannaireacht sa Dearadh | |
|---|---|
| **343** | Clár náisiúnta imeachtaí a sheachadadh ina ndéantar an dearadh Éireannach a chur i láthair ar fud oileán na hÉireann, anuas ar an gclár taispeántas a coimisiúnaíodh le haghaidh DÉ2015 agus ar na taispeántais idirnáisiúnta a reáchtáiltear in Éirinn mar chuid de DÉ2015. **(CDCÉ, DÉ2015)** |

| | |
|---|---|
| **344** | Clár idirnáisiúnta imeachtaí a sheachadadh in ndéantar an dearadh Éireannach a chur i láthair i bpríomhchathracha an dearaidh agus na tráchtála, lena ndéanfar imeachtaí a ailíniú le clár Fhiontraíocht Éireann de mhisin trádála agus infheistíochta earnála agus spriocdhírithe trí Chiste Trádála Idirnáisiúnta chun cabhrú le dearthóirí agus déantóirí Éireannacha margaí idirnáisiúnta a rochtain. **(CDCÉ, DÉ2015)** |
| **345** | Deiseanna fiontraíochta a chur chun cinn sa dearadh uilíoch ag obair i gcomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear NSAI, comhlachtaí gairmiúla, an earnáil oideachais agus an tionsclaíocht. **(An tÚdarás Náisiúnta Míchumais)** |
| **346** | Sraith tionscnamh a fhorbairt maidir le Dearadh Náisiúnta san Fhiontraíocht agus san Oideachas lena n-áirítear moil dearaidh, líonraí dearaidh, ardáin nuathionscanta agus infheistíochta, comhoibrithe trasearnála, dúshláin dearaidh, agus cláir forbartha dearaidh chistithe. **(CDCÉ, DÉ2015)** |
| **347** | Grúpa Stiúrtha de Pháirtithe Leasmhara ábhartha a chur ar bun chun measúnú a dhéanamh ar an earnáil dearaidh agus cheardaíochta d'fhonn Straitéis a chruthú don earnáil. **(CDCÉ, DÉ2015, RPFN)** |
| **348** | Straitéis a cheapadh chun forbairt fhadtéarma na hearnála dearaidh agus infheistíocht gnó sa dearadh a áirithiú mar chuid d'oidhreacht DÉ2015. **(CDCÉ, RPFN)** |

## 11.3 Forbairtí i Seirbhísí Airgeadais

Agus breis is 35,000 duine fostaithe i dtionscal na seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta ar fud na hÉireann, is earnáil luachmhar atá ann i ngeilleagar na hÉireann. Baineann na poist sin le Cistí, Bainistíocht Sócmhainní, Baincéireacht Idirnáisiúnta, Árachas agus Atháracha, Léasú Aerárthaí, Íocaíochtaí, Urrúsú, Cistíocht Chorparáideach agus Pinsin. Gnólachtaí seirbhísí dlíthiúla agus gairmiúla a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta, is gné luachmhar shuntasach iad den tionscal freisin.

De bharr luach an tionscail don gheilleagar agus ceapacháin Aire Stáit ag an Rialtas a bhfuil freagrachtaí sainiúla air as an earnáil i mí Iúil 2014, chinn an Rialtas go bhfoilseofar straitéis nua maidir le Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta (SAI) in 2015. Is é aidhm na straitéise a áirithiú go gcosnaítear na poist atá ann anois agus go mbeidh ar chumas na hearnála leas a bhaint as deiseanna domhanda nua agus éiritheacha go dtí 2020.

### Gníomhaíochtaí 2015

| **Forbairtí i Seirbhísí Airgeadais** | |
|---|---|
| **349** | Straitéis nua a fhorbairt d'Earnáil na Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta. |

| | |
|---|---|
| | **(R/Airgeadais, RPFN, R/Taoisigh, GFT, FÉ)** |
| **350** | Plean forfheidhmiúcháin a fhoilsiú i dteannta na straitéise ina leagtar amach na gníomhaíochtaí agus na hamlínte don seachadadh thar na Ranna Rialtais agus na Gníomhaireachtaí a bhaineann leis an seachadadh, i gcomhar le hearnálacha an tionscail. **(R/Airgeadais, RPFN, R/Taoisigh, GFT, FÉ)** |
| **351** | Margaíocht agus dul chun cinn éifeachtach agus comhordaithe ar an straitéis a áirithiú i bpríomh-mhargaí thar lear. **(GFT, FÉ, RGET)** |

## 11.4 Idirlíon na nEarraí

Beidh Idirlíon na nEarraí (IoT) ríthábhachtach d'iomaíochas geilleagrach na hÉireann amach anseo, idir infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh agus gnólachtaí nua atá dírithe ar onnmhairí a thógáil. Tá d'acmhainn ag IoT an claochlú céanna a spreagadh is a rinne an ríomhaire pearsanta don ghnó sna 1990idí agus is a rinne an t-idirlíon don ghnó le deich mbliana anuas. Is é IoT an chéad éabhlóid eile den idirlíon. Beidh an teicneolaíocht sin in úsáid ag cuideachtaí sna deich mbliana atá amach romhainn le feabhas a chur ar iomaíochas a ndéantúsaíocht, ar cháilíocht na dtáirgí arna ndéanamh acu, agus ar luas agus éifeachtúlacht na seirbhísí arna gcur ar fáil mar aon le sásamh custaiméirí maidir leis na seirbhísí sin. Ginfear méideanna ollmhóra sonraí le IoT trí ghléasanna nasctha cliste. Ar an ábhar sin, tiocfaidh dúshláin chun cinn maidir le cáilíocht agus idir-inoibritheacht, agus ní mór dul i ngleic leis na dúshláin sin. In 2015, déanfaidh an Tascfhórsa um Olltiomsú Sonraí measúnú ar an bhfreagairt bheartais is iomchuí ar an deis nua seo atá ag teacht chun cinn d'fhonn forbairt IoT a spreagadh ar an mbealach is fearr chun tacú leis an bhfiontraíocht agus le cruthú post.

### Gníomhaíochtaí 2015

| | |
|---|---|
| **Idirlíon na nEarraí** | |
| **352** | Déanfaidh an Tascfhórsa um Olltiomsú Sonraí athbhreithniú ar na deiseanna d'Éirinn a thiocfaidh as Idirlíon na nEarraí, agus forbróidh an Tascfhórsa gníomhaíochtaí beartais sainiúla chun na deiseanna sin a fhorbairt. **(An Tascfhórsa um Olltiomsú Sonraí, RPFN, GFT)** |

## 11.5 Déantúsaíocht Nuálaíoch / Ard-Déantúsaíocht

Is iomaí difríocht a bheidh idir an déantúsaíocht in 2020 agus an déantúsaíocht sa lá atá inniu ann. Le hábhair nua (mar shampla earraí ceirmeacha, miotail agus cóimhiotail, púdar, polaiméirí, graiféin, ábhair 'chliste') agus modhanna próiseála nua a bhaineann leo, d'fhéadfaí athrú ó bhun a chur ar thionscail atá ann cheana féin mar aon le tionscail nua a chruthú. Tá d'acmhainn ag teicneolaíochtaí mionsamhlúcháin catagóirí gléasanna atá iomlán nua a ghiniúint, mar shampla micrifheistí leighis (micrifheistí diagnóiseacha), meaisíní micrileictreonaice, agus ríomhaireacht ballóige (líonraí braiteora gan sreang). Is éard atá i gceist le déantúsaíocht breiseán (ar a dtugtar priontáil 3T freisin) forbairt táirgí an-chasta a chumasú gan na gnáth-struis agus na gnáth-lochtanna a bhaineann le hearraí arna ndéanamh

ar bhealach traidisiúnta. Ina theannta sin, soláthraíonn sé an acmhainneacht earraí a shaincheapadh gan costas incriminteach ar bith agus líon níos lú earraí a tháirgeadh ar chostas níos lú. Tá an bhithphróiseáil ag éirí níos ábhartha maidir le réimse táirgí, lena n-áirítear ionadaigh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a fhorbairt le haghaidh breoslaí iontaise nó móilíní cógaisíochta atá níos casta a dhéanamh.

I gcomhar le luas an dul chun cinn i dteicneolaíochtaí mar iad sin, tá samhlacha nua déantúsaíochta á stiúradh ag éilimh athraitheacha ó chustaiméirí, ábhair imní maidir leis an gcomhshaol, agus domhandú breise agus iomaíocht bhreise. Tá aistriú i dtreo castacht níos mó le sonrú cheana féin agus coinbhéirseacht earnálacha agus teicneolaíochtaí ina bhfuil scileanna ildisciplíneacha de dhíth; an gá atá le próisis táirgeachta oiriúnaitheacha agus sholúbtha chun freastal ar shaincheapadh níos fearr; an t-aistriú i dtreo nana-scála; comhoibriú níos mó agus comhroinnt acmhainní agus líonraí níos leithne idir cuideachtaí agus tíortha. Leis na hathruithe sin, soláthraítear deiseanna suntasacha don déantúsaíocht amach anseo in Éirinn, bíodh is go bhfuil leasuithe suaiteacha i gceist leo do na cleachtais ghnó bhunaithe agus do bhealaí oibre bunaithe.

Is é an deis (agus an dúshlán) is mó atá ann Éire a shuíomh mar Ionad Barr Feabhais le haghaidh teicneolaíochtaí déantúsaíochta, chun cáil a bhaint amach maidir le bheith ar thús cadhnaíochta i bhforbairt agus i nglacadh na teicneolaíochta. D'áireofaí leis sin: comhoibriú méadaithe a spreagadh i measc cuideachtaí agus institiúidí taighde; na háiseanna chun teicneolaíochtaí nua a thriail/a thástáil agus a léiriú i gcuideachtaí móra agus beaga; é a dhéanamh do FBManna (i gcoitinne) dul i ngleic le TF&N agus/nó, ar a laghad, teicneolaíochtaí a ghlacadh san ionad oibre; agus spreagadh do ghnólachtaí nuathionscanta bogearraí agus dian-teicneolaíochta atá dírithe ar dhul i ngleic le riachtanais na hearnála déantúsaíochta. Tá ról ann d'eagraíochtaí amhail Irish Centre for Manufacturing Research (ICMR) chun tionscadail faoi stiúir an tionscail a fhorbairt atá ailínithe le teicneolaíochtaí déantúsaíochta na chéad ghlúine eile, mar shampla Déantúsaíocht Breiseán agus coincheapa 'Factory 4.0'.

## Gníomhaíochtaí 2015

| Déantúsaíocht Nuálaíoch / Ard-Déantúsaíocht | |
|---|---|
| **353** | Torthaí rannpháirtíocht Fhiontraíocht Éireann agus GFT le gnólachtaí déantúsaíochta a chur faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le hinfheistíocht phoiblí i mbonneagar agus i ngníomhaíocht taighde chun tacú le déantúsaíocht ardluacha. **(GFT, FÉ, FEÉ)** |
| **354** | Déanfar forbairt ar Phlean Gníomhaíochta ina bpléifear go sonrach le foirmeacha nuálacha agus ardfhoirmeacha déantúsaíochta, ina leagfar amach gníomhartha gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha i réimsí amhail cláir scileanna, saoráidí taighde agus déantúsaíochta, cláir taighde etc. a d'fhágfadh go mbeadh Éire ina ceann scríbe den chéad scoth do dhéantóirí dúchasacha agus domhanda, idir chinn nua agus chinn atá ann cheana. **(An Grúpa Déantúsaíochta Nuálaí, RPFN)** |
| **355** | Déanfar Treoir/Eolaire (lena n-áirítear leagan ar líne) a ullmhú agus a thabhairt chun dáta go rialta ina dtabharfar breac-chuntas, i dtéarmaí atá éasca le tuiscint don tionscal agus d'úsáideoirí, ar thairiscint reatha na hÉireann i réimse na déantúsaíochta ar fud réimsí amhail tacaíochtaí do nuálaíocht táirgí, saoráidí taighde, tacaíochtaí do thaighdeoirí srl, agus cosán atá |

| | |
|---|---|
| | éasca le tuiscint chun rochtain a fháil ar thacaíochtaí do dhéantúsóirí nuálacha.<br><br>**(An Grúpa Déantúsaíochta Nuálaí, RPFN)** |
| **356** | Ullmhófar cás gnó lena bhreithniú ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta i ndáil le bunú, rialú agus cistiú saoráide déantúsaíochta nuálaí a chuirfeadh feabhas mór ar shócmhainní straitéiseacha na hÉireann sa déantúsaíocht nuálach agus san ard-déantúsaíocht (m.sh. déantúsaíocht bhreiseánach, uathoibriú, comhtháthú córas, ardphacáistiú). Ba chóir go dtabharfaí aghaidh sa chás gnó ar riachtanais an tionscail ar fud an réimse iomláin tacaíochtaí atá ag teastáil, lena n-áirítear oiliúint, taighde, déantúsaíocht sholúbtha agus spásanna taispeántais, ionsamhlú um theicneolaíocht déantúsaíochta etc. Ba chóir go mbeadh sé de chuspóir ag an tsaoráid go seasfadh lucht saothair déantúsaíochta na hÉireann an aimsir, go meallfaí lucht nuála agus lucht déantúsaíochta mór le rá ón tír seo ón iasacht, agus go mbeadh sí ina seasamh amach ar fud an domhain mar eiseamláir spreagúil don ard-déantúsaíocht in Éirinn.<br><br>**(GFT, FÉ, FEÉ)** |

## 11.6 An Geilleagar Glas

Tá sé d'acmhainn i gcónaí ag an nGeilleagar Glas bheith ina fhoinse nua fáis d'Éirinn. Cuimsítear leis an nGeilleagar Glas réimse gníomhaíochtaí, in earnálacha éagsúla an gheilleagair, a bhfuil an cuspóir coiteann acu earraí agus seirbhísí a sholáthar ar bhealach inbhuanaithe trína laghdaítear an tionchar ar an timpeallacht. Áirítear leis gníomhaíochtaí i réimsí amhail táirgeadh bia inbhuanaithe, turasóireacht, seirbhísí airgeadais glasa, bainistiú dramhaíola, fuinneamh in-athnuaite, eangaí cliste, agus éifeachtacht fuinnimh. Tacófar le forbairt an Gheilleagair Ghlais le roinnt de na gníomhaíochtaí atá le fáil i rannáin eile den Phlean seo – go háirithe maidir lenár Leasú Suaiteach i leith an Mhoil Nuálaíochta Fuinnimh, táirgeadh bia inbhuanaithe san earnáil agraibhia, agus san earnáil tógála trí chaighdeáin éifeachtachta fuinnimh. An bhéim idirnáisiúnta atá ag dul i méid ar astuithe gás ceaptha teasa a laghdú agus ar éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú, is deis mhór atá ann do ghnólachtaí dúchasacha táirgí agus seirbhísí nuálacha a fhás agus a onnmhairiú. Tá go leor cuideachtaí Éireannacha tar éis a chruthú cheana féin go bhfuil siad ar thús cadhnaíochta maidir le hearraí agus seirbhísí glasa a sholáthar go hidirnáisiúnta.

Tá Éire san 11ú áit ó thaobh feidhmíochta de in Global Green Economy Index 2014[10], ach sa 33ú háit i dtéarmaí conas a bhraitear a feidhmíocht. Is féidir an aicme sin a fheabhsú. Ar an ábhar sin, faoin rannán seo den Phlean Gníomhaíochta, díreofar ar ghníomhaíochtaí breise chun cur le raon feidhme idirnáisiúnta na hÉireann (lena n-áirítear deiseanna trádála) agus chun feidhmíocht Gheilleagar Glas na hÉireann a chur in iúl ar bhealach níos éifeachtaí d'fhonn infheistíocht níos fearr san earnáil in Éirinn a spreagadh. Déanfar an deis a thapú freisin féachaint ar an acmhainneacht chun deiseanna nua fostaíochta a fhorbairt sa Gheilleagar Glas ar leibhéal réigiúnach mar chuid d'fhorbairt Straitéisí Fiontraíochta Réigiúnacha.

Bunaíodh an Coiste Comhairliúcháin ar an nGeilleagar Glas mar chuid de *Delivering Our Green Potential*, Ráiteas Beartais an Rialtais maidir le Fás agus Forbairt sa Gheilleagar Glas, agus leanfaidh an Coiste d'fhéachaint ar réimsí deiseanna chun tacú le cruthú post sa Gheilleagar Glas.

[10] http://www.dualcitizeninc.com/global-green-economy-index/

## Gníomhaíochtaí 2015

| | |
|---|---|
| **357** | Tabhairt faoi mhisin trádála maidir leis an teicneolaíocht ghlan nó earnáil na teicneolaíochta glaine a chuimsiú i misin trádála ilearnála chun béim a leagan ar na táirgí agus ar na seirbhísí atá ar fáil ó chuideachtaí Éireannacha san earnáil agus chun deiseanna onnmhairíochta a fhorbairt dóibh. **(FÉ)** |
| **358** | Cabhrú le liosta táirgí ón Aontas Eorpach a fhorbairt mar chuid den idirbheartaíocht ar chomhaontú ilpháirtithe chun trádáil Earraí Timpeallachta a léirscaoileadh i margaí tábhachtacha idirnáisiúnta (mar shampla na Stáit Aontaithe, an tSín). **(RPFN, FÉ)** |
| **359** | Straitéis agus uirlisí iomchuí a fhorbairt chun feidhmíocht Gheilleagar Glas na hÉireann a chur in iúl do mhargaí ar fud na cruinne ar bhealach níos éifeachtaí d'fhonn infheistíocht níos fearr san earnáil in Éirinn a spreagadh. **(RPFN)** |
| **360** | Féachaint ar an acmhainneacht chun rochtain ar airgeadas a fheabhsú do chuideachtaí teicneolaíochta glaine (a mbíonn deacrachtaí ar leith acu go minic caipiteal a rochtain – le cur ar a gcumas méadú agus onnmhairiú. **(RPFN, FÉ, agus gníomhairí ábhartha)** |
| **361** | Dul i gcomhairle leis an Oifig um Sholáthar Rialtais agus le Fiontraíocht Éireann maidir leis an acmhainneacht cur leis an nuálaíocht sa soláthar poiblí, rud a d'fhéadfadh tacú le táirgí agus le seirbhísí sa teicneolaíocht ghlan. **(RPFN, FÉ, OSR)** |
| **362** | Agus Straitéisí Fiontraíochta Réigiúnacha á bhforbairt, féachaint ar an acmhainneacht chun deiseanna nua fostaíochta a fhorbairt sa Gheilleagar Glas ar leibhéal réigiúnach. **(RPFN)** |
| **363** | Tríd an gCoiste Comhairliúcháin ar Phoist sa Gheilleagar Glas, leanúint de dheiseanna nua a shainaithint chun tacú le cruthú post sa Gheilleagar Glas. **(RPFN, an Coiste Comhairliúcháin)** |

## 11.7 An Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Teagasc sa Bhithphróiseáil

I Nollaig 2014, cheadaigh Bord GFT Éireann €7.5 milliún i mbunchistiú TF&N don An Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Teagasc sa Bhithphróiseáil chun gníomhaíocht TF&N a fhairsingiú trí bheirt Phríomhthaighdeoirí ar a laghad a earcú sna blianta amach romhainn agus tríd an bplean gnó agus an straitéis taighde atá faofa ag Bord na hInstitiúide a chur i

bhfeidhm.   Díreofar leis an gcistiú ar réimse leathan an taighde bithphróiseála, agus áirítear iad seo a leanas i measc na réimsí a bhfuil tús áite á thabhairt ag an Institiúid dóibh:

- Glúin nua na déantúsaíocht teiripice: go háirithe comhchuingigh antasubstainte-druga a dhéanamh;
- Taighde ar theicneolaíocht déantúsaíochta aonúsáide; agus
- Olltiomsú sonraí sa déantúsaíocht: is fearr a n-úsáid má thagann na sonraí ó anailísíocht próiseas agus táirgí.

Ina theannta sin, tá plean taighde á fhorbairt ag na Príomhthaighdeoirí reatha san Institiúid chun tosú amach sa déantúsaíocht comhchuingeach antasubstainte-druga (CAD) i gcomhar le hionaid eile amhail SSPC (Synthesis & Solid State Pharmaceutical Centre) agus PMTC (Pharmaceutical Manufacturing Technology Centre). Trína bhíthin sin, ba cheart go mbeadh deis mhaith ag an Institiúid deontais iomaíocha a bhuachan ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, faoi Fhís 2020 an AE, agus ón tionsclaíocht.

## Gníomhaíochtaí 2015

| | |
|---|---|
| **364** | Infheistíocht a dhéanamh i dtacaíochtaí bonneagair agus i dtacaíochtaí do thionscadail taighde (comhpháirtíochtaí nuálaíochta, spócaí etc.) chun an taighde, an fhorbairt agus an oiliúint a spreagadh i leith déantúsaíochta agus tástáil cáilíochta ar scála treorach (Leibhéil Réidhe Teicneolaíochta (LRT) 5-9) um Ghníomhaithe Teiripeacha den chéad ghlún eile (amhail ADC etc).<br>**(GFT, FÉ, FEÉ)** |
| **365** | Mar fhreagairt ar fhás leanúnach san infheistíocht sa déantúsaíocht bithchógaisíochta, leanfar de dhíriú ar an réimse scileanna seo in Springboard 2015 chun cur leis an gcumas atá ar fáil d'fhonn freastal ar riachtanais mhéadaitheacha na tionsclaíochta.<br>**(ÚAO, GFT)** |

# Iarscríbhinn 1. Athbhreithnithe chun bonn eolais a chur faoi Fhorbairt Beartais amach anseo

## Gníomhaíochtaí 2015

| Measúnuithe agus Athbhreithnithe | |
|---|---|
| **366** | Straitéis a fhorbairt chun iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna margaidh nua in 4 cinn de mhargaí ardfháis.<br>**(FÉ)** |
| **367** | Athbhreithniú a dhéanamh ar dhearcthaí i leith socruithe solúbtha oibre chun rannpháirtíocht bhreise aithreacha i saoire thuismitheoireachta a chur chun cinn.<br>**R/Dlí agus Ranna ábhartha eile)** |
| **368** | Straitéis forfheidhmiúcháin a fhorbairt le haghaidh Scéim Maoiniúcháin um Fhuinneamh níos Fearr.<br>**(RCFAN)** |
| **369** | Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh na hearnála poiblí agus tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar úsáid fuinnimh san earnáil phoiblí.<br>**(RCFAN)** |
| **370** | Tabhairt faoi thionscadal taighde cháilíochtúil chun obair leantach a dhéanamh ar na príomh-shaincheisteanna arna n-aithint sa suirbhé náisiúnta ar fhostóirí.<br>**(ROS, ÚAO, SOLAS, DCCÉ)** |
| **371** | Athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí shuirbhé 2014 de chuid HEA/SOLAS ar fhostóirí agus na torthaí a scaipeadh.<br>**(HEA, SOLAS, DCCÉ, INSIGHT)** |
| **372** | Leanúint de mhonatóireacht agus de mheasúnacht shistéamach a dhéanamh ar thionchar thionscnamh Springboard neartú breise a dhéanamh ar an méid a thacaíonn an clár le cruthú agus coinneáil post, an dífhostaíocht a laghdú, agus freastal ar riachtanais scileanna na dtionscal atá ag teacht chun cinn.<br>**(HEA)** |
| **373** | Déanfar measúnú ar an gClár Iarchéime um Chleachtas Gairmiúil. Tá an clár a reáchtáil ar bhonn píolótach faoi láthair.<br>**(HEA)** |
| **374** | Féachaint ar an moladh atá ar áireamh san Athbhreithniú ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) maidir le meicníocht athbhreithnithe pháirtigh ceadúnais a chur i bhfeidhm.<br>**(RCPRÁ)** |

| | |
|---|---|
| **375** | Machnamh a dhéanamh ar dhíolúintí breise forbartha ón riachtanas cead pleanála a fháil.<br>**(RCPRÁ)** |
| **376** | Machnamh a dhéanamh ar phróiseas cuíchóirithe chun ceadanna pleanála ar marthain a mhionathrú.<br>**(RCPRÁ)** |
| **377** | Aistriú chlár deonach an Construction Industry Register Ireland ina chlár reachtúil faoi dheireadh na bliana 2015 a éascú, i gcomhar le páirtithe leasmhara sa tionscal agus le gníomhaireachtaí reachtúla.<br>**(RCPRÁ)** |
| **378** | Taighde a chur i gcrích chun éiceachórais bhraisle/earnála a shainaithint ar bhonn uile-oileáin ar féidir cur leis an líon post iontu.<br>**(ITÉ)** |
| **379** | Athbhreithniú lár téarma a dhéanamh ar an gclár 'New Frontiers' chun cineál na tacaíochta le haghaidh oiliúint fiontraíochta amach anseo a dhearbhú.<br>**(FÉ)** |
| **380** | Straitéis Forbartha Lucht Saothair a fhorbairt.<br>**(SOLAS)** |
| **381** | Athbhreithniú comhpháirteach ar chlár tráchtálaithe Fhondúireacht Eolaíochta Éireann/Fhiontraíocht Éireann chun tionchar an chláir ar chruthú mac-chuideachtaí agus deiseanna ceadúnaithe a dhearbhú.<br>**(FEÉ, FÉ)** |
| **382** | Straitéis a fhorbairt chun feidhmiú gnólachtaí Éireannacha a fheabhsú maidir le conarthaí a chur i gcrích le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta.<br>**(FÉ agus Ranna rialtais ábhartha)** |

# Iarscríbhinn 2. Uaillmhianta straitéiseacha, Samplaí de mhéadracht tionchair, agus Nascálacha Gníomhaíochta

- Tacú le 100,000 post sa bhreis faoi 2016
- Éire a bheith ar na cúig thír is airde ó thaobh iomaíochais idirnáisiúnta arís
- Braislí den scoth a fhorbairt i bpríomhearnálacha deiseanna
- Inneall dúchais fáis a chruthú lena méadófar sciar chuideachtaí Éireannacha den mhargadh onnmhairiúcháin
- An geilleagar intíre a spreagadh agus fostaíocht a chruthú in earnálacha trádála áitiúla

| Cuspóir | Bonnlíne (2011) | Feidhmíocht reatha (2014) | Spriocanna 2015 | Rannáin ábhartha den Phlean Gníomhaíochta do Phoist |
|---|---|---|---|---|

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Tacú le 100,000 post sa bhreis faoi 2016 | Laghdú 320,000 ar an líon daoine fostaithe idir Ráithe 2 (R2) 2008 agus R1 2012. R1 2012<br>▪ Miondíol: 264,800<br>▪ Tógáil: 104,300<br>▪ Agraibhia: 81,400<br>▪ Lóistín & bia 117,600<br>Laghdú 16,248 ar an bhfostaíocht i ngnólachtaí GFT Éireann idir 2007 agus 2010. Ráta athraithe post 6.2%.<br>Laghdú 23,983 ar an bhfostaíocht i ngnólachtaí Fhiontraíocht Éireann idir 2007 agus 2010. Ráta athraithe post 8.6% | 80,000 duine sa bhreis ag obair idir R1 2012 (nuair a seoladh an Plean Gníomhaíochta) agus R3 2014, i bhfostaíocht mar seo a leanas:<br>▪ Miondíol: 273,200<br>▪ Tógáil: 110,900<br>▪ Agraibhia: 109,500<br>▪ Lóistín & bia 135,800<br>Méadú 22,265 ar an bhfostaíocht i ngnólachtaí GFT Éireann idir 2011 agus 2014. Ráta athraithe post 4.2%.<br>Méadú 16,420 ar an bhfostaíocht i ngnólachtaí Fhiontraíocht Éireann idir 2011 agus 2014. Ráta athraithe post 5.1% | ▪ Sprioc de 100,000 duine breise ag obair faoi 2016 agus 250,000 duine breise ag obair faoi 2020.<br>▪ Fostaíocht iomlán a bhaint amach in 2018, agus 2.1 milliún duine ag obair.<br>▪ 13,000 post nua ar an iomlán a chruthú i ngnólachtaí dúchasacha in 2015<br>▪ 14,700 post nua ar an iomlán a chruthú i ngnólachtaí le hinfheistíocht dhíreach eachtrach in 2015 | Caibidil 2-10 |

**1. Díolacháin agus onnmhairí a mhéadú**

| Cuspóir | Bonnlíne | Feidhmíocht reatha | Spriocanna 2015 | Rannáin ábhartha den Phlean Gníomhaíochta do Phoist |
|---|---|---|---|---|
| 1.1 Méadú ar onnmhairí dúchasacha | €15.3 billiún in 2011 | Onnmhairí €17 billiún in 2013. €18 billiún tuartha le haghaidh 2014 | ▪ Onnmhairí dúchasacha a mhéadú go €19 billiún le haghaidh 2015<br>▪ An clár de 18 misean agus n-imeacht trádála thar lear faoi stiúir aire a chur | 2.1 - An Feachtas Náisiúnta Tallainne<br>2.2 - Acmhainneacht |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1.2 Cion na n-onnmhairí chuig geilleagair ardfháis a mhéadú | Onnmhairí €469 milliún chuig tíortha BRIC in 2009.<br>Onnmhairí €783 mhilliún chuig tíortha san Áis in 2009. | Onnmhairí €924 mhilliún chuig tíortha BRIC in 2013.<br>Onnmhairí €1.2 billiún chuig tíortha san Áis in 2013 | i gcrích<br>▪ Sprioc go mbeidh os cionn 700 cuideachta páirteach ar bhealach suntasach le Rannóg na nOnnmhaireoirí Féideartha Fhiontraíocht Éireann<br>▪ Sainchláir mheantóireachta le haghaidh breis agus 300 cliant de chuid Fhiontraíocht Éireann<br>▪ €4 mhilliún de chistiú breise a sholáthar do mhargaí ardfháis agus do mhargaí éiritheacha<br>▪ 170 sraith infheistíochta dírí eachtraí a bhaint amach<br>▪ Spriocanna nua mar chuid de Straitéis 2019 GFT Éireann | Réigiúnach a Sheachadadh<br>2.3 - Mol Nuálaíochta Fuinnimh na hEorpa<br>3.2 - An Mol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte<br>3.4 – Winning Abroad<br>3.7 - Trádáil ar líne<br>4 - Fás a mhaoiniú<br>6 – Cothú an Fháis san Fhiontraíocht Éireannach agus san Infheistíocht Dhíreach Choigríche in Éirinn<br>8.2 - Níos éasca gnó a dhéanamh<br>11 - Foinsí nua fáis |
| 1.3 Sciar na nOnnmhairí Dúchasacha chuig margaí lasmuigh den Ríocht Aontaithe a mhéadú | 56% d'onnmhairí chuig margaí lasmuigh den Ríocht Aontaithe in 2010 | 64% d'onnmhairí chuig margaí lasmuigh den Ríocht Aontaithe in 2013 | | |
| 1.4. Onnmhairí % Díolacháin – Fiontair de chuid Fhiontraíocht Éireann | 46% in 2010 | 51% in 2013 | | |
| 1.5 Líon na nGnólachtaí Onnmhairiúcháin a mhéadú | | + 3.1% in 2013 | | |
| 1.6 Líon na dtionscadal ina mbaintear amach infheistíocht dhíreach eachtrach a mhéadú | 144 in 2011 | 197 in 2014 | | |
| 1.7 Sciar na dtionscadal láithreáin úrnua ó mhargaí ardfháis agus éiritheacha a mhéadú go 20% faoi 2014. | | 16% de thionscadail láithreáin úrnua in 2013.<br>20% de thionscadail láithreáin úrnua in 2014. | | |

**2. An geilleagar intíre a spreagadh (miondíol, tógáil, turasóireacht, an earnáil agraibhia)**

| Cuspóir | Bonnlíne | Feidhmíocht reatha | Spriocanna 2015 | Rannáin ábhartha den Phlean Gníomhaíochta do Phoist |
|---|---|---|---|---|
| 2.1 Cur leis an bhfostaíocht sa gheilleagar áitiúil | R1 2012<br>▪ Miondíol: 264,800<br>▪ Tógáil: 104,300<br>▪ Agraibhia: 81,400<br>▪ Lóistín & Bia: 117,600 | R3 2014<br>▪ Miondíol: 273,200<br>▪ Tógáil: 110,900<br>▪ Agraibhia: 109,500<br>▪ Lóistín & Bia: 135,800 | ▪ Cur i bhfeidhm 2,000 dearbhán don trádáil ar líne (1,450 dearbhán in 2015) a chur i gcrích<br>▪ Méadú €30 milliún a chur ar fhoinsiú díolacháin domhanda le cuideachtaí ilbhliantúla ag cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann<br>▪ Turasóireacht a mhéadú go 250,000 faoi 2025<br>▪ Tacú le 28 n-infheistíocht shuntasacha i dtionscal an bhia agus an dí, agus beidh cúig cinn díobh ina dtionscadal infheistíochta dírí eachtraí<br>▪ Tús a chur le Clár Forbartha Iarchéime nua agus é mar sprioc aige 10 céimithe a | 3.5 Seirbhís Chomhtháite Iarratais ar Cheadúnú<br>3.7 - Trádáil ar líne<br>4 - Fás a mhaoiniú<br>10 - An Geilleagar Intíre a Spreagadh |
| 2.2 Caiteachas intíre gnólachtaí onnmhairiúcháin ar phárolla agus ar sholáthairtí agus ar sheirbhísí arna bhfáil go háitiúil a mhéadú | 2011<br>▪ Fiontair de chuid GFT Éireann: €19.8 billiún.<br>▪ Fiontair de chuid Fhiontraíocht Éireann: €19.2. | 2013<br>▪ Fiontair de chuid GFT Éireann: €22.4 billiún (+13% ó 2011).<br>▪ Fiontair de chuid Fhiontraíocht Éireann: €21.0 billiún (+10% ó 2011). | | |
| 2.3 Líon na dturasóirí bliantúla a mhéadú go 7.7 milliún faoi 2015. Fostaíocht i gcúrsaí turasóireachta a mhéadú go 250,000 faoi 2025. | ▪ 6.2 milliún turasóir ó thar lear in 2011 | ▪ c. 7.3 milliún cuairteoir in 2014.<br>▪ Tháinig méadú 23,000 ar an bhfostaíocht in earnáil | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | an lóistín idir 2011 agus R3 2014<br>▪ Tuilleamh eachtrach €3.6 billiún in 2014 | sholáthar d'earnáil an bhia i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide<br>▪ Aonaid tithíochta sóisialta nua a thógáil<br>▪ 100 ábhar Garda nua a thabhairt isteach agus a oiliúint<br>▪ Sprioc maidir le cuairteoirí thar lear de 7.7 milliúin cuairteoir ó thar lear le haghaidh 2015 | |
| 2.4 Onnmhairí agraibhia a mhéadú go €12 billiún faoi 2020. | €9.28 billiún in 2011 | Onnmhairí agraibhia measta<br>▪ €10.19 billiún in 2013<br>▪ €10.96 billiún in 2014 | Sprioc onnmhairí €12 billiún faoi 2020 | |
| 2.5 An téarnamh a spreagadh in Earnáil na Tógála | Bhí 104,300 duine fostaithe in earnáil na tógála in R1 2012.<br>Sé bliana d'aschur meathlach san earnáil | 110,900 duine fostaithe<br>Méadú 7.3% ar an OTI ó earnáil na tógála agus na foirgníochta le bliain anuas<br>Méadú 10.1% ar an aschur sa bhliain go dtí R3 2014<br>Tógáil ar siúl ar 60,000 méadar cearnach de spás oifige sna príomhchathracha in R3 2014. | Forfheidhmiú leanúnach na straitéise 'Foirgníocht 2020'<br>Forfheidhmiú na Straitéise Tithíochta Sóisialta | |

### 3. Soláthar scileanna a fheabhsú

| Cuspóir | Bonnlíne | Feidhmíocht reatha | Spriocanna 2015 | Rannáin ábhartha den Phlean Gníomhaíochta do Phoist |
|---|---|---|---|---|
| 3.1 Cion na mac léinn ar chúrsaí a bhaineann le hEolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht nó Matamaitic (ETIM) | 23% | 26% | ▪ Áiteanna a sholáthar faoin dara leagan de thionscnamh Momentum<br>▪ Gairm tograí a fhorfheidhmiú le haghaidh chúrsaí Springboard<br>▪ Cláir tiontaithe TFC Leibhéal 8 a fhorfheidhmiú<br>▪ Cláir tiontaithe TFC Skillnets a fhorfheidhmiú<br>▪ 400 oibrí deonach faighte do chlár Smart Futures<br>▪ Freastal ar éileamh fostóirí le haghaidh ceadanna fostaíochta san earnáil TFC, agus meastar go mbeidh 2,000 cead á n-éileamh<br>▪ Infheistíocht a dhéanamh in 1,250 spás breise sa bhliain chun an sprioc a bhaint amach chun freastal ar 78% den éileamh trí | 2.1 - An Feachtas Náisiúnta Tallainne |
| 3.2 An soláthar intíre ag freastal ar an éileamh ar scileanna ardleibhéil TFC | 42% den éileamh in 2012 | 57% den éileamh in 2014 | | |
| 3.3 Mic léinn ag gabháil do mhatamaitic ag an ardleibhéal | 8,235 in 2012 | 14,326 in 2014 (+74%), is ionann é sin agus 27.8% den líon iomlán | | |
| 3.4 Mic léinn ar Erasmus chun borradh a chur faoi scileanna teanga, teicneolaíochta agus gnó | 2,511 in 2010/11 | 3,000 measta in 2014 | | |
| 3.5 Fáil ar an gclár Scileanna Díolacháin Idirnáisiúnta a mhéadú. | | Ganntanas i bhfeidhmeannaigh díolacháin gnó (250-750 sa bhliain), feidhmeannaigh cuntas díolacháin (200-500 sa bhliain) agus i bpoist san earnáil | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | seirbhísí do chustaiméirí (200-500 sa bhliain) | bhíthin an tsoláthair intíre faoi 2018<br>▪ Díriú go bliantúil ar 13,800 céimí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice faoi 2018 (suas ó 10,200 in 2011)<br>▪ Sprioc a leagan amach go mbeidh 30% de dhaltaí ag tabhairt faoi mhatamaitic ag an ardleibhéal faoi 2020.<br>▪ Sprioc a leagan amach go mbeidh 4,500 mac léinn Erasmus sa bhliain ann faoi 2020 (+50%)<br>▪ Sprioc an AE maidir leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil de 15% a bhaint amach faoi 2020<br>▪ Cláir Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann le haghaidh oiliúna agus breisoiliúna<br>▪ Gairmeacha nua ar phrintíseachtaí agus ar chúrsaí oiliúna in 2015. | |
| 3.6 Breisoiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn | 7.9% de dhaoine fásta páirteach | 8.2% de dhaoine fásta páirteach | | |
| 3.7 Infheistíocht ionchuideachta in oiliúint agus in oideachas | €132 mhilliún | €149 milliún | | |
| 3.8 Clárúcháin nua ar phrintíseachtaí | 1,307 in 2011. 656 i gceirdeanna nach mbaineann leis an bhfoirgníocht. | 1,687 measta in 2013. 917 i gceirdeanna nach mbaineann leis an bhfoirgníocht | | |

**4. Gníomhachtú daoine dífhostaithe a mhéadú**

| Cuspóir | Bonnlíne (2011) | Feidhmíocht reatha | Spriocanna 2015 | Rannáin ábhartha den Phlean Gníomhaíochta do Phoist |
|---|---|---|---|---|
| 4.1 Méadú ar an líon daoine atá ag fágáil an Bheochláir chun dul i mbun fostaíochta gach bliain | Laghdú glan ar bith | D'fhág glanmhéid 100,000 duine an Beochlár go dtí R3 2014 | ▪ 100,000 duine sa bhreis ag obair faoi 2016<br>▪ 2.1 milliún duine ag obair in 2018<br>▪ *Bealaí chun na hoibre 2015* agus an mhéadracht atá ann a fhorfheidhmiú<br>▪ Tús a chur le sraith nua JobsPlus le haghaidh daoine óga faoin Ráthaíocht don Aos Óg | 2.1 - An Feachtas Náisiúnta Tallainne<br>5 - Gníomhachtú daoine dífhostaithe a mhéadú |
| 4.2 Rátaí dífhostaíochta fadtéarmacha agus i measc na n-óg a laghdú | Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí 8.9% in R1 2012 agus 60% de líon iomlán na ndaoine dífhostaíochta.<br>Ba é 39% an ráta dífhostaíochta i measc na n-óg in Aibreán 2011. | Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí 7.9% in R3 2014 agus 56.7% de líon iomlán na ndaoine dífhostaíochta.<br>Ba é 23.2% an ráta dífhostaíochta i measc na n-óg in R3 2014. | | |

| 5. Leibhéil Fiontraíochta a Mhéadú | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir** | **Bonnlíne (2011)** | **Feidhmíocht reatha** | **Spriocanna 2015** | **Rannáin ábhartha den Phlean Gníomhaíochta do Phoist** |
| 5.1 Rangú AE ar an líon daoine fásta ag gabháil do ghníomhaíocht fiontraíochta | 1 duine amháin i measc 13.69 (7.3%) in 2011 | 1 duine amháin i measc 11 in 2013 | ▪ Líon na ngnólachtaí nuathionscanta a mhéadú faoi 25%<br>▪ Méadú 25% a chur ar an ráta marthanais sna chéad chúig bliana<br>▪ Méadú 25% a chur ar acmhainneacht gnólachtaí nuathionscanta fás de réir scála<br>▪ Tacaíochtaí forbartha gnó agus airgeadais a sholáthar do 185 ghnólacht nuathionscanta ardacmhainne agus óga.<br>▪ Tacú le 130 Fiontraí nua tríd an gClár 'New Frontiers'<br>▪ Bunú 15 mhac-chuideachta atá ar chaighdeán gnólachta ardacmhainne Fhiontraíocht Éireann a spreagadh<br>▪ 6 Chiste Tosaithe Iomaíocha a sheoladh chun tacú le 85 ghnólacht nuathionscanta | 3.6 - Oifigí Fiontair Áitiúil<br>8 - Fiontraíocht<br>11 - Foinsí nua fáis |
| 5.2 Gnólachtaí nuathionscanta ardacmhainne Fhiontraíocht Éireann ceadaithe | 93 | 101 | | |
| 5.3 Gnólachtaí nuathionscanta - an Phríomh-Oifig Staidrimh | 11,237 in 2010 | 12,551 in 2012 | | |
| 5.4 Líon na ndaoine atá fostaithe i ngnólachtaí nuathionscanta - an Phríomh-Oifig Staidrimh | 10,475 in 2010 | 11,207 in 2012 | | |
| 5.5 Corprú cuideachtaí nua - an Phríomh-Oifig Staidrimh | 1,093 sa mhí ar an meán in 2012 | 1,443 sa mhí ar an meán in 2014 | | |
| 5.6. Rannpháirtíocht i gCláir Fiontraíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann a mhéadú | | 485 (2013) | | |
| 5.7. Tacaíocht 'New Frontiers' le haghaidh fiontraithe atá ag teacht i gcrann | N/B | Cabhraíodh le 144 ábhar fiontraí in 2013 | | |

| 6. Táirgiúlacht ar leibhéal na gnólachta a fheabhsú | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir** | **Bonnlíne (2011)** | **Feidhmíocht reatha** | **Spriocanna 2015** | **Rannáin ábhartha den Phlean Gníomhaíochta do Phoist** |
| 6.1 Méadú ar an luach breise in aghaidh an fhostaí<br>Gnólachtaí de chuid Fhiontraíocht Éireann | Laghdú -3% in 2011 | Méadú +2.5% in 2013 | ▪ Tacú le 945 rannpháirtí ar Chláir Forbartha Bainistíochta. Tacaíodh le 190 cuideachta bia trí Dhéantúsaíocht Bharainneach agus 120 cliant bia sa L4G<br>▪ GFT Éireann/Tacú le claochlú agus le feabhsú táirgiúlachta trí chistiú €1.5 milliún<br>▪ Tacú le líon iomlán de 115 ghnólacht i measc gach leibhéil agus gníomhaíochta, trí na cláir LeanStart, LeanPlus agus LeanTransform<br>▪ Deontas do Threalamh Caipitil Déantúsaíochta a sheoladh chun suas le €250,000 a chur ar fáil<br>▪ An clár ar líne 'Platform 4 Growth' | 8 - Iomaíochas |
| 6.2 Rannpháirtíocht ar chúrsaí forbartha bainistíochta a mhéadú | 1,084 in 2011 | 1,093 bhainisteoir in 2013 | | |
| 6.3 Líon na ngnólachtaí a ghlacann páirt i gcláir Dhéantúsaíochta Barainní a mhéadú | Ghlac 150 cuideachta páirt i gcláir dhéantúsaíochta barainní agus 23 chuideachta i gcláir ghlasa in 2011 | In 2013:<br>143 thionscadal bharainneacha i gcuideachtaí<br>20 cuideachta shuntasach Lean Transform in 2013.<br>Sprioc de 130 cuideachta dhúchasach in 2014 | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | a dhéanamh ar bhonn píolótach le 100 gnólacht<br>▪ An clár 'Innovation 4 Growth' a sholáthar do 15 chuideachta | |
| 6.4. Rannpháirtíocht chuideachtaí GFT Éireann i gCláir Claochlaithe a mhéadú | | Sprioc de 70 cuideachta rannpháirteach in 2014. | Tacaíocht bhreise €1.5 milliún do chlár Claochlaithe Déantúsaíochta GFT Éireann | |

**7. Leibhéil mhéadaitheacha taighde, forbartha agus nuálaíochta (TF&N)**

| Cuspóir | Bonnlíne (2011) | Feidhmíocht reatha | Spriocanna 2015 | Rannáin ábhartha den Phlean Gníomhaíochta do Phoist |
|---|---|---|---|---|
| 7.1 Caiteachas Gnó ar Thaighde, Forbairt agus Nuálaíochta a mhéadú | Gnólachtaí eachtracha €1.8 billiún.<br>Gnólachtaí dúchasacha €0.7 billiún | Gnólachtaí eachtracha €2.1 billiún (+17%)<br>Gnólachtaí dúchasacha €0.8 billiún (+16%) | ▪ Cistiú taighde €150 milliún a bhaint amach d'Éirinn faoi chlár Fhís 2020 an AE in 2015<br>▪ Líon na ngnólachtaí le hinfheistíocht TF&N > €100,000 (1,016) i measc cuideachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta (2017)<br>▪ Líon na ngnólachtaí le hinfheistíocht TF&N > €2,000,000 (169) i measc cuideachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta | 2.3 - Mol Nuálaíochta Fuinnimh na hEorpa<br>2.6 Maoin Intleachtúil san Fhiontraíocht<br>3.3 – Creat Iomaíoch d'Olltiomsú Sonraí<br>10 - Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht (TF&N)<br>11 - Foinsí nua fáis |
| 7.2 Líon na dtaighdeoirí atá fostaithe sa tionsclaíocht a mhéadú | Gnólachtaí eachtracha 10,460.<br>Gnólachtaí dúchasacha 8,174 | Gnólachtaí eachtracha 11,980 (+15%)<br>Gnólachtaí dúchasacha 9,650 (+18%) | | |
| 7.3 Gnólachtaí dúchasacha ag gabháil do leibhéal suntasach T&F | 743 ghnólacht > €100K 2011<br>129 ngnólacht > €1 mhilliún | 860 gnólacht > €100,000 (+16%)<br>140 gnólacht > €1 mhilliún | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 2011 | (+9%)<br>Iarratais maidir le paitinní in aghaidh an bhilliúin euro d'OTI, 53 (Éire) v 98 (AE)<br>Trádmharcanna comhphobail in aghaidh an bhilliúin euro d'OTI, 5.46 (Éire) v 5.9 (AE) – Fás bliantúil 5% agus 6.9% faoi seach<br>Dearaí comhphobail, 1.28 (Éire) v 4.75 (AE) | (2017)<br>▪ Líon na dtaighdeoirí san fhiontraíocht a mhéadú de réir tagarmharcanna idirnáisiúnta<br>▪ Sprioc de phaitinní, de thrádmharcanna agus d'fheidhmíocht dearaidh a mhéadú faoi dhó | |
| 7.4 Cur leis an rath maidir le cistiú AE/Fhís 2020 a fháil | Cistiú €93 mhilliún faighte faoi FP7 | Cistiú €108 milliún bainte amach (+16% idir 2011 agus 2013) | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 7.5 Páipéir ó thaighdeoirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a scríobhtar i gcomhar leis an tionscal iad | | 8% | | |
| 7.6 Idirghníomhuithe comhoibríocha idir an tionsclaíocht agus HE le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann | 139 in 2011 | 839 in 2013 | | |
| 7.7 Comhoibrithe leis an tionsclaíocht le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann | 583 in 2011 (246 chuideachta ilnáisiúnta | 900 in 2013 (460 cuideachta ilnáisiúnta agus 441 FBM) | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | agus 337 FBM) | | | |

| 8. A éasca atá sé dul i mbun gnó a mhéadú | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir** | **Bonnlíne (2011)** | **Feidhmíocht reatha** | **Spriocanna 2015** | **Rannáin ábhartha den Phlean Gníomhaíochta do Phoist** |
| 8.1 Cur lenár rangú idirnáisiúnta maidir lena éasca atá sé dul i mbun gnó | 25ú háit | 15ú háit | Bearta ar fud earnálacha éagsúla chun an rómhaorlathas a laghdú le haghaidh breis agus leathmhilliún beart gnó | 8 - Iomaíochas |
| 8.2 Bacainní roimh ghnó a chur ar bun a laghdú | 9ú háit (2008) | 22 háit | | |
| 8.3 Tréimhse feithimh roimh éisteacht sa Bhinse Achomhairc Fostaíochta | 76 seachtaine in 2011 | 63 seachtaine in 2014 | | |
| 8.4 Tréimhse feithimh roimh éisteacht sa Chúirt Oibreachais | 13 seachtaine in 2011 | 10 seachtaine in 2014 | | |
| 8.5 Meán-am próiseála le haghaidh Ceadanna Oibre | 32 lá in 2011 | 18 lá in 2014 | | |

| 9. Costas ar dhul i mbun gnó a laghdú | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir** | **Bonnlíne (2011)** | **Feidhmíocht reatha** | **Spriocanna 2015** | **Rannáin ábhartha den Phlean Gníomhaíochta do Phoist** |
| Áit a bhaint amach mar cheann de na 5 thír is iomaíche | 25ú háit | 15ú háit | Tacaíochtaí Státchiste €39 milliún chun gníomhaíocht spárála fuinnimh a spreagadh a thuilleadh<br>An Plean Gníomhaíochta maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a chur i bhfeidhm | 8 - Iomaíochas |
| Dramhaíl | Táillí geata ag láithreáin líonta talún 2010 = €93 in aghaidh an tonna | Táillí geata ag láithreáin líonta talún 2014 = €113 in aghaidh an tonna (+22%) | | |
| Innéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí (TCPT) | 2011=100 | R3 2014=103.1 | | |
| Leictreachas | 2010=100 | Deireadh Fómhair 2014=132.4 | | |
| Agraibhreoslaí | 2010=100 | Deireadh Fómhair 2014=118.1 | | |
| Ábhair thógála | 2010=100 | Samhain 2014=108.2 | | |
| Iompar lastais<br>Iompar mara<br>Aeriompar | 2011=100<br>2011=100<br>2011=100 | R3 2014=103.3<br>R3 2014=110.7<br>R3 2014=126.0 | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ollstóráil<br>Seirbhísí ríomhaireachta<br>Seirbhísí Dlí agus Cuntasóireachta<br>Seirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta<br>Seirbhísí Fógraíochta | 2011=100<br>2011=100<br>2011=100<br>2011=100<br>2011=100 | R3 2014=89.4<br>R3 2014=106.3<br>R3 2014=98.5<br>R3 2014=97.6<br>R3 2014=102.5 | | |
| Costas an tsaothair in aghaidh na huaire<br><br>Meánchostais iomlána an tsaothair in aghaidh na huaire | | R2 2011 - R2 2014 mar seo a leanas –<br>Limistéar an Euro = +4.6%,<br>Éire = +1.2%,<br>An Ríocht Aontaithe = +1.8%,<br>An Ghearmáin = +6.8%.<br><br>Éire de réir earnála bliain ar bhliain R3 2014<br>Tionsclaíocht +2.9%<br>An earnáil phríobháideach -0.7%<br>Miondíol +2.5% | | |

| 10. Cuirtear feabhas ar infhaighteacht meicníochtaí cistithe le haghaidh Fiontar Beag agus Meánmhéide | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cuspóir** | **Bonnlíne (2011)** | **Feidhmíocht reatha** | **Spriocanna 2015** | **Rannáin ábhartha den Phlean Gníomhaíochta do Phoist** |
| 10.1 Méadú ar an infheistíocht de réir fiontar | R1-R3 2011 Infheistíocht Chaipitiúil Déantúsaíochta €1.06 billiún | R1-R3 2014 Infheistíocht Chaipitiúil Déantúsaíochta €2.8 billiún (+163%) | ▪ An uirlis ar líne a thaispeáint ag 10 gcinn d'imeachtaí ar fud na tíre in 2015<br>▪ Cur leis an líon carnach d'úsáideoirí uathúla na huirlise ar líne do FBManna<br>▪ Méadú ar fheasacht ar an uirlis ar líne do FBManna a bhaint amach (mar a thuairiscítear sa suirbhé ar an éileamh ar chreidmheas)<br>▪ Os cionn €800 milliún i gcistiú breise a chur ar fáil thar 2 bhliain trí CBSÉ (Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann)<br>▪ An Scéim Ráthaíochta Creidmheasa agus an Scéim Micreamhaoiniúcháin le haghaidh FBManna le hathchóiriú agus le cur chun cinn | 2.4 - CBSÉ (Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann)<br>4 – Fás a Mhaoiniú |
| 10.2 Úsáid na huirlise ar líne do FBManna a mhéadú | N/B | 30,228 úsáideoir uathúla i rith 2014 | | |
| 10.3 An ráta glactha ar an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa nua a mhéadú | 4 | | | |
| 10.4 An ráta glactha ar Microfinance Ireland a mhéadú | 149 (Seoladh an scéim an 1 Deireadh Fómhair 2012) | 119 (R3 2014) | | |
| 10.7 Infheistíochtaí i bhfeithiclí earraí | Líon feithiclí earraí a cláraíodh in 2011: 17,415 | Líon feithiclí earraí a cláraíodh in 2014: 25,328 (+45%) | | |

# Gluais na dTéarmaí

| | |
|---|---|
| ACC | Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas |
| AIB | Bainc-Aontas Éireann |
| BCO | Bealaí chun na hOibre |
| BEI | An Banc Eorpach Infheistíochta |
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| BPFI | Banking & Payments Federation Ireland |
| BRIC | An Bhrasaíl, an Rúis, an India agus an tSín |
| BTS | An Bord Taighde Sláinte |
| CAD | Comhchuingigh antasubstainte-druga |
| CBCC | Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach |
| CBL | Cáin bhreisluacha |
| CBSÉ | Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann |
| CCNP | Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean |
| CDCÉ | Comhairle Dhearaidh & Cheardaíochta na hÉireann |
| CeADAR | Centre for Applied Data Analytics Research |
| CEI | An Ciste Eorpach Infheistíochta |
| CEMI | Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh |
| CFF | Conraitheoireacht um Fheidhmíocht Fuinnimh |
| CFT | Clár Forbartha Tuaithe |
| CI | Corparáidí Ilnáisiúnta |
| CIB | An Ciste um Iomaíochas Bia |
| CÍP | Cód Íocaíochtaí Prasa |
| CISÉ | Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann |
| Clár FPÁ | Clár Forbartha Pobail Áitiúil |
| CNI | An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais |
| CNSF | An Creat Náisiúnta um Sheirbhísí Fuinnimh |
| Coiste FPÁ | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| CSF | Cuideachtaí Seirbhísí Fuinnimh |
| CTÉ | An Chomhairle um Thaighde in Éirinn |
| DCCÉ | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| ECFE | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| EDT | Eagraíocht Déanta Taighde |

| | |
|---|---|
| ESRI | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta |
| ETIM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Matamaitic |
| FBM | Fiontar Beag agus Meánmhéide |
| FBSA | Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin |
| FÉ | Fiontraíocht Éireann |
| FED | An Fóram Eacnamaíoch Domhanda |
| FEÉ | Fondúireacht Eolaíochta Éireann |
| FH2020 | Fómhar Bia 2020 |
| Fís 2020 | Fís 2020 |
| FNT | An Feachtas Náisiúnta Tallainne |
| FSC | Freagracht Shóisialta Chorparáideach |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| FTN | Foireann Tionscadail Náisiúnta |
| FW | Food Works |
| GBRÁ | Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil |
| GCC | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| GCM | An Grúpa Comhordaithe Muirí |
| GCS | Grúpa Comhlachtaí Stáit |
| GEDI | Global Entrepreneurship Development Index |
| GEM | Global Entrepreneurship Monitor |
| GFT | An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail |
| GNÉ | Gailearaí Náisiúnta na hÉireann |
| HAP | Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta |
| IAO | Institiúidí Ard-Oideachais |
| IBEC | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| ICMR | Irish centre for Manufacturing Research |
| IDC | Infheistíocht Dhíreach Choigríche |
| IICM | Irish Institute of Credit Management |
| INTTB | An Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Teagasc sa Bhithphróiseáil |
| IoT | Idirlíon na nEarraí |
| ISME | Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann |
| ISO | Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán |
| IT | Iarraidh ar thairiscint |
| ITÉ | Idir-Thrádáil Éireann |

| | |
|---|---|
| KfW | Kreditanstalt fur Wiederaufbau |
| KTI | Knowledge Transfer Ireland |
| LEADER | Liaisons entre actions de developpement de l'économie rurale |
| LRT | Leibhéil Réidhe Teicneolaíochta |
| MFI | Ciste Micreamhaoiniúcháin na hÉireann |
| MI | Maoin Intleachtúil |
| MNNS | An Mol Náisiúnta Nuálaíochta Sláinte |
| NF | Clár 'New Frontiers' |
| NSAI | An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann |
| OAC | An Oifig um Athbhreithniú Creidmheasa |
| OCCS | Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí |
| OFA | Oifigí Fiontair Áitiúil |
| OOB | Oideachas agus Oiliúint Bhreise |
| OPAT | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit |
| OSR | An Oifig um Sholáthar Rialtais |
| OTI | Olltáirgeacht Intíre |
| OTN | Olltáirgeacht Náisiúnta |
| PF | Príomhtháscairí Feidhmíochta |
| PMC | Plean Muirí Comhtháite |
| PMTC | Pharmaceutical Manufacturing Technology Centre |
| POS | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| PTSB | Permanent TSB |
| R/Airgeadais | An Roinn Airgeadais |
| R/Cosanta | An Roinn Cosanta |
| R/Dlí | An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| R/Sláinte | An Roinn Sláinte agus Leanaí |
| R/Taoisigh | Roinn an Taoisigh |
| RBL | Rátaí Bliantúla ar an Luacháil |
| RCFAN | An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha |
| RCPA | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| RCPRÁ | An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil |
| RCS | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| REOG | An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| RGET | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála |

| | |
|---|---|
| RITS | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt |
| RLGÓ | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige |
| ROS | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| RPFN | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta |
| RTBM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| SAI | Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta |
| SATF | Scéim Aisíocaíochtaí Tionscanta d'Fhiontraithe |
| SBIR | Taighde Nuála do Ghnóthais Bheaga |
| SCSF | Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair |
| SDFI | Scéim Dreasachta Fostaíochta agus Infheistíochta |
| SEAI | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| SEIÉ | Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann |
| SFA | Comhlachas na nGnólachtaí Beaga |
| SFF | Samhaltú Faisnéise Foirgnimh |
| SGMT | Straitéis Gheilleagrach sa Mheán-Téarma |
| SND | An Straitéis Náisiúnta maidir le Cúrsaí Digiteacha |
| SNS | An Straitéis Náisiúnta Scileanna |
| SNTR | Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil |
| SOLAS | An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna |
| SRST | An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí |
| SS | Scéim Síolchaipitil |
| SSPC | Synthesis & Solid State Pharmaceutical Centre |
| STC | Saoráidí Taighde Chliniciúil |
| TA | Tosuithe Ardacmhainne |
| TF&N | Taighde, forbairt agus nuálaíocht |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| ÚÁ | Údaráis Áitiúla |
| ÚAO | An tÚdarás um Ard-Oideachas |
| ÚnaG | Údarás na Gaeltachta |

# Nótaí